Plean Gníomhaíochta Náisiúnta in agaidh Bochtaineachta agus Eisiamh Sóisialta

An Oifig um Chuimsiú Sóisialta

An Chéad Tuarascáil Bhliantúil

Cur i Bhfeidhm an Phlean 2003-2004

Office for Social Inclusion
An Oifig um Chuimsiú Sóisialta

Plean Gníomhaíochta Náisiúnta in agaidh Bochtaineachta agus Eisiamh Sóisialta — An Oifig um Chuimsiú Sóisialta — An Chéad Tuarascáil Bhliantúil

RÉAMHRÁ

Le blianta beaga anuas, d'éirigh go maith le hÉire ag baint amach dul chun cinn eacnamaíoch agus ag feabhsú an caighdeán beatha d'ár saoránaigh.

Tá sé seo léirithe leis na méadaithe móra i meán ioncaim agus fostaíocht, na laghdaithe móra i dífhostaíocht agus eisimirce éadoilteanach agus ar líon na ndaoine atá ag fulaingt i mbochtaineacht (seasmhach) bhunúsach.

Ach ní raibh an méid atá bainte amach cothrom. Cé gur chuaigh sé chun tairbhe do gach duine, níor bhain mionlach leas as agus tá siad fágtha ar lár go sóisialta ón gcaighdeán beatha atá feabhsaithe go mór agus na deiseanna atá an mórchuid in ann sult a bhaint astu.

Gheall Éire ag Liospóin sa bhliain 2000 "tionchar cinntitheach a dhéanamh ar bhochtaineacht" faoi 2010. Tá sé seo ar fad laistigh den chomhthéacs den sprioc straitéiseach iomlán a bheartaigh gach Ball Stáit den AE ag an am, chun eacnamaíocht an AE a bheith mar "an eacnamaíocht bunaithe ar eolas is iomaíche agus is bríomhaire ar domhain, le cumas fáis eacnamaíochta marthanach le níos mó poist agus poist níos fearr agus comhtháthú sóisialta níos mó". Is páirt an-thábhachtach don phróiseas seo ná ullmhúcháin agus cur i bhfeidhm Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta chun teacht i dtír ar bhochtaineacht agus eisiamh sóisialta. Bhí ár gcéad Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta curtha go dtí an AE i mí an Mheithimh 2001 agus bhí an dara Plean, a bhaineann leis an dtréimhse 2003-2005, curtha chucu i mí Lúil 2003. Baineann an Plean seo leis an gcur chuige straitéiseach chun déileáil le bochtaineacht mar atá leagtha amach sa Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaineachta (SNF) agus na comhaontaithe Comhpháirtíochta Sóisialta freisin.

Léiríonn an tuarascáil seo an dul chun cinn atá déanta go dtí seo san obair atá ar bun chun tionchar cinntitheach a bheith ar bhochtaineacht faoi 2010. Beidh measúnú den dul chun cinn atá déanta faoin bplean seo curtha chuig Coimisiún an AE faoi Mheitheamh na bliana seo chugainn. Beidh an measúnú déanta ar bhonn na tuarascála seo. Tugaim cuireadh do gach páirtí le suim ann cabhrú leis an measúnú.

Mar atá mínithe sa Tuarascáil, tá an próiseas stiúrtha ag an leibhéal is airde ag Coiste Comh-aireachta, ina raibh an Taoiseach ina chathaoirleach aige, agus tá sé comhordaithe ag An Oifig um Chuimsiú Sóisialta atá i mo Roinn féin. Léiríonn sé seo ilghnéitheacht na bochtaineachta, agus tá freagraí comhordaithe ilpholasaí ag teastáil uaidh.

Caithfidh an tsochaí go léir cabhrú chun deireadh a chur le bochtaineacht. Tá seo á bhaint amach trí phróiseas comhpháirtíochta sóisialta, leis na comhpháirtithe sóisialta, an pobal agus an earnáil dheonach. Téitear i gcomhairle le daoine atá ag braith na bochtaineachta chomh maith. Tá a fhios acu siúd óna dtaithí féin, cad iad na cúiseanna atá le bochtaineacht, cad a chabhróidh chun deireadh a chur leis, agus cad gur chóir tosaíocht a thabhairt do. Tá sé ar intinn agam go gcinnteoidh an próiseas seo thar aon ní eile, go dtabharfar éisteacht dóibh siúd.

Le tuilleadh domhanda, ba cheart don phróiseas an t-eolas, an taithí agus an cleachtas is fearr de thíortha eile a thabhairt faoi deara. Léiríonn rannóg speisialta sa tuarascáil, cén chaoi a d'oibrigh Éireann, le linn a hUachtaránacht den AE níos luaithe i mbliana, ar an méid machnaimh déanta go hidirnáisiúnta mar gheall ar líon ceisteanna tábhachtacha sóisialta agus dífhostaíochta.

Tá an-chuid mhíchinnteacht ag baint le cén chaoi a thomhaistear bochtaineacht agus ar an leibhéal agus nádúr caiteachas ar chosaint shóisialta. Tá dhá airteagal sa tuarascáil a chabhraíonn le níos mó soiléireacht a chur ar na limistéir seo.

Is é m'aidhm ná a chinntiú go n-oibreoimid chun cur leis an méid atá bainte amach againn, atá léirithe sa tuarascáil, ionsparáid a thógaint ón méid atá bainte amach cheana féin agus bheith dírithe ar aon áit nach bhfuil ag éirí linn ag cur cuimsitheacht shóisialta chun cinn i gcaighdeán beatha agus deiseanna na ndaoine óir is féidir leis an mórchuid againn sult a bhaint astu seo inár dtír féin.

Ar dheireadh, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach duine a raibh baint acu leis an dtuarascáil seo a chur le chéile agus dóibh siúd a bheidh á thabhairt suas chun dáta sna míonna agus sna blianta atá romhainn amach.



Séamus Brennan TD

Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

CLÁR ÁBHAIR

Cuid I

Réamhrá **5**

Rannóg 1 – Próiseas Straitéiseach **6**
1.1 Traitéisí do chomhrac na bochtaineachta agus eisiamh sóisialta: á chur i bhfeidhm 6
1.2 An próiseas Comhpháirtíochta Sóisialta agus comhrac na bochtaineachta 9
1.3 Cuimsitheacht shóisialta sa Phlean Forbartha Náisiúnta/Creatlach Tacaíochta Pobail 11
1.4 Modh Oscailte Comhordaithe an AE - chun tionchar cinntitheach a bheith ar bhochtaineacht 12

Rannóg 2 – Príomh Threochtaí agus Thorthaí **16**
2.1 Bochtaineacht a Thomhas 16
2.2 Caiteachas Éireannach ar Chosaint Shóisialta 20
2.3 Sliocht as Tuarascáil Chuimsitheachta Chomhpháirteach 2003 - Measúnú achomair de PGN/Cuimsitheacht na hÉireann 23
2.4 Ag Féachaint ar Aghaidh go dtí 2010 25

Rannóg 3 – Príomh Fhorbairtí 2003-2004 **28**
3.1 Réamhrá 28
3.2 An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta 29
3.3 An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe, agus Gaeltachta 29
3.4 An Roinn Oideachais agus Eolaíochta 31
3.5 An Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta 32
3.6 An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil 35
3.7 An Roinn Airgeadais 37
3.8 An Roinn Sláinte agus Leanaí 38
3.9 An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí 41
3.10 An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh 43
3.11 Roinn an Taoisigh 46
3.12 An Roinn Iompair 48

Rannóg 4 – Clár Uachtaránachta an AE Éireann ar Cheisteanna Sóisialta **50**
Sonraí de thorthaí an Chláir Uachtaránachta Éireannach

Aguisíní
Aguisín 1 – Socruithe Institiúide 59
Aguisín 2 – Gluais de théarmaí úsáidte 61
Aguisín 3 – Foireann na hOifige Cuimsitheachta Sóisialta (OCS) 64
Aguisín 4 – Oifigigh Tadhaill na Roinne Cuimsitheachta Sóisialta Rannógacha 65
Aguisín 5 – Ballraíocht den Ghrúpa Comhairleach Theicniúil (GCT) 66
Aguisín 6 – Ballraíocht den Ghrúpa Comhairleach ar Chuimsitheacht Shóisialta (GCCS) 67
Aguisín 7 – Ballraíocht de Ghrúpa Bainistíochta na Rúnaithe Cúnta (BGBRC) 68
Aguisín 8 – Ballraíocht de Ghrúpa Oifigigh Shinsearacha ar Chuimsitheacht Shóisialta 69
Aguisín 9 – Ballraíocht den Choiste Comh-aireachta ar Chuimsitheacht Shóisialta 70

Cuid II

Réamhrá **73**

Rannóg 1 – Chun rannpháirtíocht i bhfostaíocht a éascú **75**

1.1 Spriocanna an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta 2003-2005 75
1.2 Polasaí fostaíochta 75
1.3 Treochtaí fostaíochta déanacha 75
1.4 Plean Gníomhaíochta Fostaíochta —Próiseas Cosc agus Gníomhú 76
1.5 Cláir Ghníomhaíochta an Mhargaidh Saothair 77
1.6 An tSeirbhís Fhostaíochta Áitiúil 78
1.7 Forbhealaí 78
1.8 Próiseas Ard Tacaíochta 78
1.9 Scéimeanna Liúntais chun filleadh ar an Obair/ar ais chun Oideachais 79
1.10 Ciste Tionscadal Speisialta 79
1.11 Traenáil agus forbairt 80
1.12 Cúram Leanaí do Fhostaithe/Foghlaimeoirí 81
1.13 Bearna pá de réir inscne 84
1.14 Cothromaíocht Saoil-Oibre 84
1.15 Athbhreithniú ar Fhorais faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998 86
1.16 Aonad Staidéir ar Chomhionannas 87

Rannóg 2 – Teacht ar acmhainn, chearta, earraí agus sheirbhísí a éascú do gach duine **88**

2.1 Spriocanna an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta 2003-2005 88
2.2 Tionscnaimh Speisialta *Sustaining Progress* 88
2.3 Teacht ar Sheirbhísí den Scoth 89
2.4 Bonneagar Comhionannais 93
2.5 Tacaíocht Ioncaim 97
2.6 Tithíocht agus Lóistín 99
2.7 Daingniú Cuimsitheacht Shóisialta sa Rialtas Áitiúil 102
2.8 Sláinte 103
2.9 Oideachas 111

Rannóg 3 – Chun cosc a chur ar an mbaol d'eisiamh **117**

3.1 An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta 2003-2005 spriocanna 117
3.2 Mí-úsáid Drugaí agus Alcól 117
3.3 Ealaíona, Cultúr, Caitheamh Aimsire 119
3.4 Foréigean Teaghlaigh 120
3.5 Easpa dídine 120
3.6 E-cuimsitheacht 124
3.7 Féichiúnas 127
3.8 Dlúthpháirtíocht Teaghlaigh a Chaomhnú 128

Rannóg 4 – Chun cabhrú leo siúd is leochailí **129**
4.1 Réamhrá 129
4.2 Plean Gníomhaíochta Náisiúnta 2003-2005 spriocanna 129
4.3 Grúpaí Leochaileacha agus Fostaíocht 130
4.4 Mná 131
4.5 Leanaí agus daoine óga 133
4.6 Seandaoine 137
4.7 Daoine le Míchumais 138
4.8 An Lucht Siúil 147
4.9 Príosúnaigh agus iar-Phríosúnaigh 150
4.10 Áiteanna buailte ag Eisiamh – Bochtaineacht Cathrach agus Míbhuntáistí Tuaithe 152
4.11 Imircigh agus Mionlaigh Eitneacha 158

Rannóg 5 – Measúnú de nPGN/Cuimsitheacht na hÉireann **163**
5.1 Sliocht as an dTuarascáil Comh-Chuimsitheachta 2003 163

RÉAMHRÁ

Cuireadh an dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta in aghaidh bochtaineachta agus eisiamh sóisialta (PGN/Cuimsitheacht) a chlúdaigh an tréimhse 2003-2005 faoi bhráid Coimisiún an AE ar an 31ú lúil 2003. Comhshnaidhmeann an plean na geallta déanta sa Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaineachta (SNF) athbhreithnithe – *Sochaí Chuimsitheach a Thógáil 2002 go 2007*, agus an comhaontú comhpháirtíochta sóisialta, *Sustaining Progress*.

Is í an Oifig Chuimsitheachta Sóisialta (OCS) an Oifig Rialtas atá freagracht iomlán aici as forbairt, comhardú agus stiúradh an phróisis PGN/Cuimsitheacht. Is í seo an chéad tuarascáil ar chur i bhfeidhm na straitéise frithbhochtaineachta a rinne an Oifig.

Déileálann an tuarascáil seo le cur i bhfeidhm an phlean i rith a chéad bhliain ón 1 Lúnasa 2003. Chomh maith le sin tá eolas inti ar an ndul chun cinn déanta go dtí seo ar an SNF athbhreithnithe. Tá an tuarascáil roinnte ina dhá chuid. I gCuid I tá achoimre den phróiseas cur i bhfeidhm agus na príomh thorthaí atá bainte amach i rith na céad bliana. Soláthraíonn Cuid II cuntas sonraithe ar an gcur i bhfeidhm thar na limistéir polasaithe feiliúnacha, chomh maith le measúnú iomlán an phlean ag an AE tógtha óna Thuarascáil Chuimsitheachta Chomhpháirteach[1].

Is iad seo a leanas na príomh ghnéithe de Chuid I.

Rannóg 1: Soláthraíonn **Próiseas Straitéiseach** cur síos agus anailís ar an bpróiseas do ullmhúcháin, mhonatóireacht, mheastóireacht agus thuilleadh forbartha den straitéis. Déileálann sé go speisialta le ról agus feidhmeanna na hOifige Cuimsitheachta Sóisialta, na Coistí a thuairiscíonn sé chucu ar chur i bhfeidhm na straitéise agus ar conas a chabhraíonn sé i gcomhordú an phróisis. Déileáiltear le ceist an ardaithe meabhraíochta faoin straitéis agus cuimsitheacht na n-aisteoirí go léir. Déileálann fo-rannóga ar leith leis an bpróiseas comhpháirtíochta sóisialta maidir le comhrac na bochtaineachta, cuimsitheacht shóisialta ins an PFN agus Modh Oscailte Comhardaithe an AE ar chuimsitheacht shóisialta ina bhfuil Éire páirteach.

Rannóg 2: Tugann na **Príomh Threochtaí** agus Thorthaí achoimre agus anailís ar threochtaí maidir le bochtaineacht; conas a déantar é a thomhas; agus scála agus nádúr chaiteachas cosanta sóisialta na hÉireann. Atáirgeann sé an measúnú achomair ag an AE de PGN/Cuimsitheacht na hÉireann. Féachann sé chun cinn go dtí tuilleadh forbartha ar an bpróiseas suas go dtí 2010, deireadh na tréimhse a gheall Comhairle na hEorpa, ag Liospóin i 2000, go mbeadh tionchar cinntitheach ag Baill Stáit ar bhochtaineacht.

Rannóg 3: Soláthraíonn **Príomh Fhorbairtí 2003-2004**, achoimre ar an ndul chun cinn atá déanta ag na ranna Rialtais feiliúnacha i gcur i bhfeidhm na straitéisí.

Rannóg 4: Déanann **Clár Uachtaránachta an AE Éireannach ar Cheisteanna Sóisialta**, achoimriú ar na príomh thorthaí a tháinig as, maidir le cuimsitheacht shóisialta, clár Uachtaránachta an AE Éireannach (ó Eanáir go Meitheamh 2004) ar cheisteanna sóisialta, dar teideal, More and Better Jobs and Greater Social Cohesion in an Enlarged Union. Bhí baint díreach ag an OCS le heagraíocht méid áirithe comhdhálacha uachtaránachta.

1 http://eurpoa.eu.int/comm/employment_social/soc-prot/soc-incl/joint_rep_en.htm

1.1 STRAITÉISÍ DO CHOMHRAC NA BOCHTAINEACHTA AGUS EISIAMH SÓISIALTA: Á CHUR I BHFEIDHM

Is é cuspóir iomlán na Straitéise Náisiúnta Frithbhochtaineachta (SNF) ná "chun bochtaineacht a laghdú go maith, agus go hidéalach, chun deireadh a chur leis in Éirinn agus sochaí cuimsitheach go sóisialta a thógáil". Chomh maith le sin gheall Éire, lena comhpháirtithe ón AE, i gClár Oibre Liospóin, "tionchar cinntitheach a dhéanamh ar bhochtaineacht" faoi 2010.

Straitéis do chomhrac na bochtaineachta agus eisiamh sóisialta

Leagann an SNF athbhreithnithe, foilsithe an Rialtas i 2002, amach cuspóirí, spriocanna laistigh de na príomh limistéir polasaithe, agus na bearta a chaithfear a thógaint chun teacht leo seo don tréimhse 5 bliana ó 2002 go dtí 2007. Bhí tuilleadh forbartha déanta ar an straitéis seo sa dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta in aghaidh Bochtaineacht agus Eisiamh Sóisialta (PGN/Cuimsitheacht) do 2003 go 2005 atá mar chuid de phróiseas comhbheartaithe, "comhardú oscailte" ag an AE chun cuspóir Chlár Oibre Liospóin ar bhochtaineacht a bhaint amach. Clúdaíonn an PGN/Cuimsitheacht an straitéis SNF athbhreithnithe agus tuilleadh geallta polasaí déanta ó shin, iad siúd a bhí sa chomhaontú comhpháirtíochta *Sustaining Progress* a cinntíodh in Aibreán 2003 san áireamh.

Bochtaineacht – cur chuige ilpholasaí

Tá bochtaineacht ilghnéitheach agus mar sin tá cur chuige ilpholasaí ag teastáil. Caithfear cur chuige straitéiseach a bheith ag daoine ionas an aidhm choitianta, chun deireadh a chur le bochtaineacht de réir a chéile, a bhaint amach. Tá iarracht comhbheartaithe ag teastáil do seo thar na limistéir polasaithe éagsúla ag an Rialtas, le tacaíocht ó na comhpháirtithe sóisialta, an earnáil phobail agus dheonach, agus teaghlaigh ag oibriú le chéile, laistigh de chomhthéacs níos leithne an AE.

Oifig Chuimsitheachta Sóisialta (OCS)

Tá comhordú a eilimintí éagsúla ag teastáil do chur i bhfeidhm éifeachtach an phróisis. Sholáthair an SNF athbhreithnithe do seo a bheith tiomnaithe don Oifig Chuimsitheachta Sóisialta, bunaithe sa Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, agus ag tuairisciú chuig an Aire. Thosaigh an OCS amach go héifeachtach i mí Eanáir 2003, ag tógaint áit an Aonaid SNF a bhí ag cleachtadh an ról comhordaithe roimhe sin. Déanann grúpa bainistíochta na Rúnaithe Cúnta tarraingthe ó Ranna feiliúnacha, Roinn an Taoisigh agus an Roinn Airgeadais san áireamh, maoirseacht ar obair an OCS.

Is iad seo a leanas príomh fheidhmeanna na hOifige:

1. Comhordú
Tá an méid seo a leanas ag teastáil ó phróiseas straitéiseach ionas teacht i dtír ar bhochtaineacht - pleananna a fhorbairt a aithníonn treochtaí agus dúshláin mhóra maidir le bochtaineacht agus eisiamh sóisialta, chun cuspóirí, spriocanna agus bearta chur i bhfeidhm chun iad seo a bhaint amach a leagadh amach thar na limistéir polasaithe feiliúnacha, chomh maith le táscairí a bheith ann chun an méid atá bainte amach de na torthaí a d'iarradh. Déanann an OCS comhordú ar an bpróiseas seo. Ba é an t-ullmhúchán don dara PGN/Cuimsitheacht 2003 go 2005, a cuireadh chuig an AE i mí Lúil 2003, an céad cheann a rinne an Oifig comhordú air. Tá tosach déanta cheana féin ar na hullmhúcháin don chéad phlean eile chun an tréimhse 2006-2009 a chlúdach.

San áireamh i gcomhordú tá obair le Ranna chun na nithe is tábhachtaí a aithint agus an fhorbairt leanúnach de bhearta i ngach limistéar polasaithe do chomhrac na bochtaineachta, go mór, mór leis

na treochtaí agus dúshláin nua atá ag teacht chun cinn. D'fhéadfadh go mbeadh cur chuige comhordaithe, comhtháite, a chur chun cinn thar líon limistéir polasaithe i gceist chomh maith chun tacaíocht do ghrúpaí níos laige a sholáthar.

2. Monatóireacht agus Meastóireacht
Is eilimint fíor-thábhachtach é cur i bhfeidhm éifeachtach na straitéise, na cuspóirí a bhaint amach san áireamh. Tá monatóireacht den chur i bhfeidhm, mar sin, mar chuid lárnach d'obair an OCS le Ranna. Soláthraíonn an dara cuid den tuarascáil seo cur síos sonraithe ar an gcur i bhfeidhm tar éis na céad bliana den PGN/Cuimsitheacht

Baineann meastóireacht le fáil amach an bhfuil cur i bhfeidhm bearta an pholasaí ag baint amach na cuspóirí, mar atá tomhaiste ag na táscairí. Déanfaidh an OCS comhordú ar mheastóireacht iomlán den PGN/Cuimsitheacht i 2005. Soláthróidh an meastóireacht seo an bunús don chéad phlean straitéiseach eile a fhorbairt.

3. Feidhmeanna Tacaíochta
Tá freagracht ag an OCS trí fheidhm tacaíochta a fhorbairt chun cabhrú leis an bpróiseas:

a. *Straitéis eolais*, deartha chun a chinntiú go bhfuil an t-eolas atá riachtanach ar fáil i gcóir monatóireacht, meastóireacht, tosaíocht a thabhairt do pholasaithe, spriocanna a dhéanamh agus forbairt polasaí go ginearálta. Tá an próiseas meastóireachta reatha tar éis roinnt bhearnaí a aithint. Chomh maith le sin, tá sé mar fhreagracht ag gach Roinn a chinntiú go bhfuil an t-eolas atá ag teastáil chun tuairisciú ar a spriocanna SNF clúdaithe ina straitéisí sonraí, atá á cheapadh faoi láthair.

b. *Díonacht ar bhochtaineacht*, deartha chun meastóireacht a dhéanamh ar pholasaithe i gcóir a dtionchar ar bhochtaineacht a laghdú agus deireadh a chur leis. Tá an obair sa limistéar seo ag leanúint ar aghaidh, méadú ar chomhordú le próisis chosúla san áireamh, mar shampla, díonacht ar inscne agus chomhionannas i gcomhairle leis an Údarás Comhionannais, an Ghníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine agus comhairlí eile le suim ann. Beidh na treoirlínte do dhíonacht ar bhochtaineacht athbhreithnithe i 2005.

c. *Taighde* ar nádúr agus na cúiseanna atá le bochtaineacht agus eisiamh sóisialta i sochaí an lae inniu, agus ar éifeachtacht na bpolasaithe agus na gclár deartha chun teacht leis na dúshláin seo. Tá líon eagraíochtaí chun tosaigh i dtaighde sa limistéar seo. Leanfaidh an OCS air ag cinntiú go bhfuil taighde feiliúnach coimisiúnaithe agus craobhscaoilte agus go gcuirfidh sé eolas chuig cinnte a dhéanamh i leith polasaithe.

   Oibríonn an OCS i ngar do ghníomhaireachtaí éagsúla, leis an nGníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine agus an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta, an Phríomh-Oifig Staidrimh, an Gníomhaireacht Tacaíochta do Theaghlaigh, an Oifig Náisiúnta Leanaí agus an t-Údarás Comhionannais san áireamh, chun na feidhmeanna tacaíochta seo a fhorbairt.

4. Cur i bhfeidhm Réigiúnach agus Áitiúil
Tá an-chuid de na bearta chun teach i dtír ar bhochtaineacht curtha i bhfeidhm ar bhonn réigiúnach agus áitiúil. Bíonn comhordú maith ag teastáil i gcóir cur i bhfeidhm éifeachtach. Bíonn sé seo ag teastáil ionas a chinntiú go bhfuiltear ag tógaint na héagsúlachtaí áitiúla atá le fáil ar nádúr, fhairsinge agus cúiseanna na bochtaineachta san áireamh i ndearadh pholasaí agus an cur i bhfeidhm. Tá an OCS ag obair leis an Roinn Comhshaoil, Tithíochta agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Sláinte agus Leanaí agus Ranna eile le struchtúir réigiúnacha agus áitiúla, agus leis an nGníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine, chun forbairt a dhéanamh

ar fhócas éifeachtach ar an gcur i bhfeidhm réigiúnach agus áitiúil den PGN/Cuimsitheacht.

5. Cumarsáid agus Comhairliú
Ní cúram an Stáit amháin é an dul i ngleic le bochtaineacht ach cúram an sochaí iomláin é. Tá gá ar an gcéad dul síos le cumarsáid éifeachtach ar na treochtaí agus dúshláin maidir le bochtaineacht, agus an próiseas leanúnach chun déileáil leis. Caithfidh páirt sa chumarsáid seo a bheith acu siúd go léir atá laistigh de chóras an Rialtais, na Comhpháirtithe Sóisialta, an earnáil phobail agus dheonach, na pobail acadúla agus taighde, na meáin, an pobal forleathan agus go speisialta, na daoine atá bocht iad féin. Tá straitéis cumarsáide chun teacht leis an ngá seo ag staid déanach dá chuid forbartha.

Tá gá comhchosúil i gcóir comhairliú éifeachtach ar gach gné den phróiseas leis na príomh gheallsealbhóirí. Tá socruithe institiúide in áit chun cabhrú le agus chun na comhairlí i dteannta a chéile a chur chun cinn.

6. Scála Idirnáisiúnta
Tá tosaíocht mhór tugtha do dheireadh a chur le bochtaineacht ar leibhéal idirnáisiúnta. Tá an-chuid le foghlaim ó thíortha eile le taithí acu ar dhéileáil leis an dúshlán coitianta seo, ón anailís polasaithe agus torthaí an taighde a dhéanann eagraíochtaí idirnáisiúnta. Tógann oifigigh den OCS páirt in obair Coistí feiliúnacha an AE, Comhairle na hEorpa, an Eagraíocht um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) agus an NA. Tógann an OCS páirt chomh maith i gClár Gníomhaíochta Pobail an AE chun dul i gcomhrac eisiamh sóisialta 2002-2006.

Á Chur i bhFeidhm

Tá baint díreach ag gréasán d'aonáin éagsúla laistigh de chóras an Rialtais agus an Oireachtais leis an PGN/Cuimsitheacht a dhéanamh agus a fhorbairt. Déanann aguisín 1 cur síos ar na socruithe institiúide ina oibríonn an OSC laistigh dóibh.

Ag Méadú Meabhraíochta faoi Chuimsitheacht Shóisialta agus gach Aisteoir San Áireamh.

Tá méid áirithe oibre faoi lán seoil agus is í an aidhm atá acu ná chun méadú a dhéanamh ar mheabhraíocht faoi agus baint le SNF agus an neadú de chuimsitheacht shóisialta ar leibhéal lárnach, réigiúnach agus áitiúil. Tá rannpháirtíocht gach aisteoir feiliúnach i bhforbairt leanúnach an SNF riachtanach. Tá sonraí de na tionscnaimh seo le teacht. Tá tuilleadh eolais ar na tionscnaimh seo go léir le fáil i gCuid II den tuarascáil seo.

Gréasán Foghlama Frithbhochtaineachta an Rialtais Áitiúil
Go déanach i 2000, bhunaigh an Ghníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine, i gcomhréir leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus an OCS, Gréasán Foghlama Frithbhochtaineachta an Rialtais Áitiúil. Is í aidhm iomlán an Ghréasáin ná chun forbairt an fhócais frithbhochtaineachta láidir laistigh de chóras athbhreithnithe rialtais áitiúil a chur chun cinn agus a thacú.

Soláthraíonn an Gréasán fóram inar féidir le húdaráis áitiúla a dtaithí, agus an cleachtas is fearr, a roinnt agus cuimhneamh ar conas cur leis na polasaithe chun teacht i dtír ar bhochtaineacht agus eisiamh sóisialta. Tugann sé tacaíocht d'údaráis áitiúla chomh maith i gcomhshnaidhmeadh fócas frithbhochtaineachta láidir ina gcuid oibre.

Obair Frithbhochtaineachta sna seirbhísí sláinte
Tá obair a thugann tacaíocht d'fhoireann na seirbhíse sláinte chun gníomhartha a chur i bhfeidhm a chabhraíonn chun príomh spriocanna sláinte an SNF a bhaint amach. Tá sé seo á dhéanamh ag Foireann Pleanála an Tionscadail Sláinte agus an SNF le hionadaithe ón Roinn Sláinte agus Leanaí, ó na Boird Sláinte, ó Fheidhmeannach an Bhoird Sláinte (FBS), ón Institiúid Sláinte Phoiblí, ón Oifig um Chuimsiú Sóisialta, agus ón nGníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine.

Is í an aidhm atá ag an obair seo na chun meabhraíocht a ardú maidir le spriocanna an SNF agus ceisteanna cuimsitheachta sa tseirbhís sláinte go forleathan agus bunús a chur le gréasán foghlama ionas a chinntiú, inter alia, go mbeadh aird níos fearr á thabhairt do cheisteanna cuimsitheachta i dtraenáil foireann na seirbhíse sláinte; agus go mbeadh gníomhartha chun teacht le spriocanna sláinte an SNF i gcomhthéacs cur i bhfeidhm gach príomh pholasaí, láraithe i meoin na ndaoine.

Tá an céad pháirt den obair seo nach mór críochnaithe. Baineann sé seo le heolas a bhailiú agus cláir oibre a leagadh amach, agus féachaint ar an méid oibre atá á dhéanamh maidir le frithbhochtaineacht sna boird sláinte san áireamh; suirbhé den fhoireann shinsearach chun ceisteanna straitéiseacha a aithint; agus bun-shuirbhé d'fhoireann na mbord sláinte chun tomhas a dhéanamh ar mheabhraíocht maidir le obair frithbhochtaineachta.

Príomhshruthú Inscne

Tugann Aonad Comhionannais Inscne an PGN, bunaithe sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus comh-mhaoinithe ag Ciste Sóisialta na hEorpa, tacaíocht do dhéantóirí polasaí i Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais chun príomhshruthú inscne a chur i bhfeidhm i polasaithe agus cláir atá maoinithe ag an PGN. In san áireamh in obair an Aonaid tá traenáil, forbairt staidrimh agus táscairí nach bhfuil chomhbhailithe de réir inscne, agus taighde i gceisteanna comhionannais inscne. Tugann an t-Aonad comhairle ar an dtionchar atá ag an PFN ar mhná le míbhuntáiste, aon áit atá sé feiliúnach, agus téann sé i dteagmháil leis An Oifig um Chuimsiú Sóisialta agus leis an nGníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine maidir leo seo.

Fóram Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialta (FNES)

Is é ról an Fhóraim ná monatóireacht agus anailís a dhéanamh ar chur i bhfeidhm bearta áirithe agus cláir aitheanta i gcomhthéacs socruithe chomhpháirtíochta sóisialta, go mór mhór iad siúd atá bainteach le comhionannas agus cuimsitheacht shóisialta a bhaint amach. Mar chuid dá shainordú, tá ról ag an FNES chomh maith i gcabhrú le comhairliú poiblí ar ábhair pholasaí a bhíonn faoi bhráid an Rialtas ó am go chéile.

Fóram Cuimsitheachta Shóisialta

Bíonn Fóram Cuimsitheachta Sóisialta ag an FNES chun deis a thabhairt do bhaill aonair de na heagraíochtaí comhpháirtíochta sóisialta, na hearnálacha pobail agus deonacha agus eile agus na daoine bochta, rud éigin a thabhairt don phróiseas. Tá dul chun cinn an SNF tuairiscithe chuig an bhFóram agus le hullmhúcháin déanta do aiseolas ar an gcur i bhfeidhm agus tuilleadh forbartha. Feictear an Fóram mar chuid tábhachtach chun cabhrú le comhairliú leo siúd go léir a bhfuil geall acu sa phróiseas SNF. Beidh an chéad chruinniú eile ag an bhFóram i mí Eanáir 2005 agus beidh fócas ar leith ar na grúpaí is leochailí maidir le bochtaineacht agus eisiamh sóisialta.

Cuireadh le comhairliú tríd an bhFóram i 2003 trí shraith d'fhóraim réigiúnacha agus náisiúnta ar ábhair ar leith, a bhí eagraithe ag An Oifig um Chuimsiú Sóisialta agus an nGníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine, mar pháirt den dara PGN/Cuimsitheacht. Foilsíodh tuarascáil ar an bpróiseas comhairlithe mar imleabhar agus comrádaí luachmhar don PGN/Cuimsitheacht.[2]

1.2 AN PRÓISEAS COMHPHÁIRTÍOCHTA SÓISIALTA AGUS COMHRAC NA BOCHTAINEACHTA

Ní leor freagra a fháil ón Rialtas maidir le comhrac na bochtaineachta, tá freagra ag teastáil ón sochaí go forleathan maidir leis an ndúshlán seo. Tá baint mar sin ag comhpháirtithe sóisialta, fostóirí, ceardchumainn, feirmeoirí agus an earnáil phobail

2 Tuarascáil ar Chomhairliú don Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta in aghaidh Bochtaineachta agus Eisiamh Sóisialta 2003-2005.

agus dheonach, le forbairt agus cur i bhfeidhm na straitéisí. Tá an-thábhacht ag baint le forbairt leanúnach eacnamaíochta chun taca a chur faoin straitéis agus ath-dháileadh a dhéanamh ar na hacmhainní chucu siúd nach bhfuil chomh maith as. Is féidir é seo a bhaint amach trí chomhaontú tola i measc páirtithe sa phróiseas comhpháirtíochta.

Bhí an chéad SNF, *Sharing in Progress*, tarraingthe i 1997, tar éis comhairlithe forleathan agus as sin droimscríofa i gcomhaontú comhpháirtíochta sóisialta, *Programme for Prosperity and Fairness*. Rinneadh geall chun breis a chur le réimse an SNF agus athbhreithniú a dhéanamh ar na príomh ghnéithe. Ag leanúint ar aghaidh ó phróiseas comhairleach fairsing, seoladh an SNF athbhreithnithe, *Sochaí Chuimsitheach a Thógáil*, i mí Feabhra 2002.

I mí Aibreán 2003 d'aithin an chéad chomhaontú comhpháirtíochta eile, *Sustaining Progress*, gurb é an dúshlán a bhí ann ansin, in aeráid níos deacra ó thaobh na heacnamaíochta de, ná chun na spriocanna leagtha amach an bhliain roimhe sin, sa SNF athbhreithnithe, a bhaint amach. Leag an comhaontú seo amach píosa mór den chlár oibre i gcóir tuilleadh forbartha den SNF trí gheall aontaithe chun dul sa tóir ar shraith de thionscnaimh speisialta nua ar bhonn comhráite idir an Rialtas agus na comhpháirtithe sóisialta. Baineann an deich Thionscnamh Speisialta a roghnaíodh le bheith san áireamh sa chomhaontú náisiúnta, leis na ceisteanna móra fiarghearrtha go léir agus tá réimse acmhainne ag teastáil uatha gur féidir bogadh thar rannóga, eagraíochtaí agus daoine aonair agus ar leibhéil difriúla sa Rialtas. Is iad seo a leanas iad:

- Deireadh a chur le bochtaineacht leanaí (bhí an príomh-fhreagracht de chomhordú an tionscnaimh seo ag An Oifig um Chuimsiú Sóisialta);
- Ag ceansú míbhuntáistí in oideachas – litearthacht, uimhearthacht, agus daoine a fhágann an scoil go luath;
- Dífhostaíocht fadtéarmach, oibreoirí leochaileacha agus iad siúd a rinneadh iomarcach;
- Cúram – leanaí, daoine le míchumais agus daoine níos sine;
- Imirce agus idirchultúrthacht;
- Tithíocht agus lóistín;
- Alcól/mí-úsáid dhrugaí; agus
- Gach duine sa chumann eolais a chur san áireamh.

Bhí an díriú ar na comhpháirtithe sóisialta ag oibriú le chéile, aon tuairim amháin a thógáil agus cur chuige le bheith i ndán réitigh fadhbanna a aimsiú, ionas bheith in ann dul sa tóir ar na tionscnaimh seo. Tá sineirgíochta a feictear go soiléir idir líon tionscnaimh atá fíor-thábhachtach don Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta:

Grúpa Comhairleach ar Chuimsitheacht Shóisialta(GCCS)

Tá ionadaithe na gcomhpháirtithe sóisialta a dhaingnigh *Sustaining Progress* ionadaithe ag *Social Inclusion Consultative Group* a chuireann comhairle agus sonraí ar phróiseas an SNF mar a fhorbraíonn sé ar fáil. Tá soláthar do bhunú an Ghrúpa seo déanta sa SNF athbhreithnithe. Tá an cathaoir do ag dhá ghrúpa, Roinn an Taoisigh agus An Oifig um Chuimsiú Sóisialta. In san áireamh ar na hábhair measta go dtí seo tá: forbairt an dara PGN/Cuimsitheacht; monatóireacht ar chur i bhfeidhm an phlean seo i gcomhthéacs an chéad Tuarascáil Bhliantúil ar an bplean a tharraingt suas, agus an AE agus forbairtí idirnáisiúnta feiliúnacha eile.

In san áireamh ar na príomh ábhair ar a lorgófar comhairle i 2005 ná meastóireacht ar an gcur i bhfeidhm den PGN/Cuimsitheacht, an méid atá bainte amach, bunaithe ar an dtuarascáil bhliantúil seo, agus na tosaíochta sa chéad PGN/Cuimsitheacht eile a chlúdóidh an tréimhse 2006 - 2009.

Tionscnaimh Speisialta - Comhairliú

Tá ionadaithe na gcomhpháirtithe sóisialta bainteach le forbairt na dtionscnamh speisialta agus monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar a ndul chun cinn, próiseas atá comhordaithe ag Roinn an Taoisigh. Soláthraítear tuarascálacha rialta ar dhul chun cinn na dtionscnamh, a bhfuil baint acu le gníomhartha reatha, agus le tionscnaimh agus tosaíochta a aithint d'fhorbairt pholasaithe don todhchaí.

Mar chuid den athbhreithniú lár-téarma de *Sustaining Progress*, foilsíodh tuarascáil ar dhul chun cinn na dtionscnamh speisialta. Léirigh taithí ón gcéad pháirt den obair ar na tionscnaimh, cé chomh casta is atá siad agus an ilghnéitheacht a bhaineann leo. Ciallaíonn an próiseas go bhfuil níos mó soiléireacht tugtha agus fócas curtha ar cheisteanna casta agus léirigh sé an gá atá le modhanna difriúla oibre nó imeachta i gcomhréir le dreamanna eile chun an obair a dhéanamh.

1.3 CUIMSITHEACHT SHÓISIALTA SA PHLEAN FORBARTHA NÁISIÚNTA/CREATLACH TACAÍOCHTA POBAIL

Tá baint ag an bPlean Forbartha Náisiúnta/ Creatlach Tacaíochta Pobail (PFN/CTP) le hinfheistíocht de bhreis agus €52 billiún de chistí Poiblí, Príobháideacha agus an AE (i bpraghsanna 1999) thar an dtréimhse 2000-2006. Tá baint ag an bplean le hinfheistíocht éifeachtach i seirbhísí sláinte, tithíocht shóisialta, oideachas, bóithre, córais iompair phoiblí, forbairt tuaithe, tionsclaíocht, seirbhísí uisce agus dramhaíola.

Ceann de na ceithre príomh aidhmeanna a chuireann tacaíocht don PFN/CTP, is ea cur chun cinn cuimsitheacht shóisialta. Tá baint aige seo le cur chuige ilghnéitheach do chuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn. In san áireamh tá idirghabhála príomhshruthaithe agus idirghabhála atá mar spriocanna agus tá siad dírithe ar limistéir agus grúpaí a bhfuil an bhochtaineacht agus eisiamh sóisialta in éifeacht tríd an bpobal ar fad. Príomh eilimint den straitéis iomláin ná an leanúnachas atá le fás eacnamaíochta marthanach ionas poist a chur chun cinn. Chomh maith le sin tá infheistíocht éifeachtach in oideachas agus traenáil, cúram leanaí agus bonneagar sultmhar agus infheistíocht i ndaoine trí fhoghlaim fad-saoil agus forbairt scileanna, forbairt phobail agus seirbhísí teaghlaigh. Is í an aidhm ná go n-osclófar fostaíocht go dtí gach earnáil den tsochaí mar feictear gurb é seo an bealach is fearr chun teacht i dtír ar bhochtaineacht agus eisiamh sóisialta. Aithníonn an plean, áfach, nach leor an timpeallacht eacnamaíochta cheart a chinntiú chun poist, a chruthú, chun deireadh a chur le bochtaineacht i limistéir agus grúpaí tríd an bpobal ar fad. Soláthraítear mar sin do idirghabhála sprice sna Cláir Fheidhmithe Réigiúnacha go príomha, chun teacht i dtír ar na fadhbanna seo. Tá €19 billiún soláthartha sa Phlean chun Cuimsitheacht Shóisialta a chur chun cinn go díreach.

Léirigh meastóireacht lár-téarmach de gach clár fheidhmithe den PFN/CTP agus an mheastóireacht de shlite chun monatóireacht a dhéanamh ar bhearta cuimsitheachta sóisialta, an gá atá le tuilleadh forbartha éifeachtach de na slite seo chun dul chun cinn a thomhas. Léirigh na tuarascálacha seo fadhbanna móra timpeall ar an gcomhtháthú don chuspóir fiarghearrtha de chuimsitheacht shóisialta sna Cláir Fheidhmithe.

I ndiaidh na meastóireachta seo, stiúir an t-Aonad Meastóireachta PFN/CTP sa Roinn Airgeadais, athbhreithniú dár teideal, "Review of the Relevance of NDP/CSF Horizontal Principals to NDP Operational Programme Measures" i 2003, agus as sin tugadh tairiscintí chun tosaíocht a thabhairt do bhearta áirithe le haghaidh cuimsitheacht shóisialta a thuairisciú agus limistéir fheiliúnacha eile. Teastaíonn uatha comh-thuairim a thógáil ar an bprionsabal cuimsitheachta sóisialta a dhaingniú do bhearta roghnaithe ionas go mbeifear in ann an monatóireacht ina dhiaidh sin a thabhairt chun cinn don chuid eile de thréimhse an chláir (is é sin go dtí deireadh 2006). Glacadh leis na tairiscintí seo ag Coistí Monatóireachta Cláir Fheidhmithe. De bharr seo, buaileann An Oifig um Chuimsiú Sóisialta agus an Ghníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine le Ranna agus gníomhaireachtaí feiliúnacha ionas cabhrú leo fócas níos dírithe de Phrionsabail Chothrománacha Chuimsitheachta Shóisialta a bhaint amach. Táthar ag súil gur fócas soiléir ar Phrionsabail a thiocfaidh as an bpróiseas atáthar á stiúradh chomh maith maidir le Comhionannas, Comhshaoil agus Prionsabail Chothrománacha Fhorbartha Tuaithe comhshnaidhmthe i gComhlánuithe Cláir athbhreithnithe, agus iarracht monatóireachta atá níos dírithe don tréimhse go deireadh-2006.

Cuid d'iarracht An Oifig um Chuimsiú Sóisialta ná a chinntiú gurb é an cuspóir is mó ná teacht le cuimsitheacht shóisialta sa PFN/CTP. Suífidh an Oifig ar Choistí Monatóireachta feiliúnacha chun cabhrú le dul chun cinn próiseas Prionsabail Chothrománaigh an PFN/CTP agus méadú ginearálta a dhéanamh ar fhócas cuimsitheachta sóisialta an PFN. Chomh maith le sin leanfaidh an OCS le haird a tharraingt ar na naisc atá idir an próiseas PGN/Cuimsitheacht agus an PFN/CTP.

1.4 MODH OSCAILTE COMHORDAITHE AN AE– CHUN TIONCHAR CINNTITHEACH A BHEITH AR BHOCHTAINEACHT

Sa bhliain 2000 thug an Chomhairle Eorpach de Cheannairí Stáit agus Rialtais ó na 15 Baill Stáit, a bhí ann an uair sin, gealltanas i Liospóin *chun tionchar cinntitheach a dhéanamh ar bhochtaineacht* faoi 2010. Tá sé seo le baint amach i gcomhthéacs na sprice straitéisigh iomláin i gcóir an tréimhse 10 mbliana de dhéantús an Aontais Eorpaigh.

"an eacnamaíocht bunaithe ar eolas is iomaíche agus is bríomhaire ar domhain, le cumas fáis eacnamaíochta marthanach le níos mó poist agus poist níos fearr agus comhtháthú sóisialta níos mó".

Modh Oscailte Comhardaithe – aidhmeanna iomlána

Forbraíodh *Modh Oscailte Comhordaithe* (MOC) mar phróiseas chun tacaíocht agus cabhair a thabhairt do Bhaill Stáit chun teacht leis an sprioc chun deireadh a chur le bochtaineacht agus spriocanna a bhfuil baint acu leis i bhfostaíocht agus limistéir sóisialta eile ar nós, pinsin, cúram sláinte, agus obair a chur ag íoc. Aithníonn an próiseas an neach ar a glaoitear an *triantán polasaí* idir-nasctha agus idir-spleáchais, d'eacnamaíocht, fostaíocht agus polasaithe sóisialta. Tá forbairt eacnamaíochta riachtanach, gan dabht, i gcóir dul chun cinn i réimsí na heacnamaíochta agus sóisialta. An méid sin ráite, ní i gcónaí a aithnítear i gceart go bhfuil forbairt eacnamaíochta spleách ar fhostaíocht agus fhorbairt shóisialta.

Ní hamhlaidh gurb é an scéal é bheith díreach ag cruthú fostaíochta trí fhorbairt eacnamaíochta amháin ach ba chóir a chinntiú go bhfuil an oideachas, traenáil, scileanna agus muinín cuí ag oibreoirí chun a bheith tarraingteach do phoist in

eacnamaíocht atá bunaithe ar an eolas agus bríomhar a bhíonn ag lorg caomhnú na hiomaíochta. Tuigtear ní amháin gur foinse mór an bhochtaineacht d'fhulaingt daonna ach go gcuireann sé moill ar iomaíocht eacnamaíochta anois agus i gcás bochtaineacht leanaí, sa todhchaí chomh maith. Is féidir leis bac a chur orthu siúd atá bocht agus a dteaghlaigh an méid atá i ndán dóibh a bhaint amach agus ní féidir leo siúd cur go dearfach le forbairt eacnamaíochta agus sóisialta. Is féidir leis moill a chur ar *níos mó comhtháthú sóisialta* chomh maith agus is príomh eilimint é seo d'fhorbairt shóisialta agus eacnamaíochta.

Is dúshlán mór é bheith in ann spriocanna fostaíochta agus sóisialta Straitéis Liospóin a bhaint amach faid agus atáthar ag triail ag an am céanna a bheith mar an *eacnamaíocht bunaithe ar eolas is iomaíche agus is bríomhaire ar domhain*. Bíonn dúshláin choitianta ag Baill Stáit eile sa limistéar sóisialta, cé go mbíonn cuid acu níos mó agus cuid eile níos lú, san áireamh iontu seo tá:

- Aosú an daonra;
- Pátrúin fhostaíochta ag athrú, dífhostaíocht san áireamh, dífhostaíocht fadtéarmach go mór mhór;
- Costais chúraim sláinte ag méadú;
- Méadú ar uilíocht teaghlaigh agus teaghlaigh ag briseadh suas;
- Bochtaineacht agus eisiamh sóisialta.

Roinneann siad an sprioc coitianta de shampla na hEorpa a chaomhnú agus a fheabhsú, ina bhfuil ról mór ag an Stáit, i spiorad dlúthpháirtíochta, i soláthar cosaint shóisialta agus comhtháthú sóisialta níos mó a chur chun cinn.

An Próiseas

Toisc na réaltachta seo, tuigtear go mór an chabhair cur chuige comhordaithe i mbaint amach na spriocanna sóisialta. Leis an bpróiseas seo tá bailiúchán d'eolas, agus na cleachtais is fearr ó na Baill Stáit éagsúla in éagsúlacht a dtraidisiúin, fealsúnachtaí polaitíochta, leibhéil fhorbartha eacnamaíochta, staid a stáid, an baint atá ag teaghlaigh agus an earnáil phríobháideach i gcomhrac na bochtaineachta agus i dtorthaí dearfacha sóisialta eile a bhaint amach. Is próiseas *oscailte* í chomh maith a ligin do Bhaill Stáit an meascán de pholasaithe agus tosaíochta a cheapann siad féin is oiriúnaí dóibh fhéin a roghnú chun na cuspóirí coitianta a bhaint amach. Níl aon treoracha ann do *chomhordú oscailte* a chaithfidh Baill Stáit a leanúint, ach trí pháirt a ghlacadh sa phróiseas seo is féidir leo foghlaim go sonrach mar gheall ar conas atá Baill Stáit eile ag déileáil leis na dúshláin choitianta agus bíonn meastóireacht déanta ar an gcur chuige atá acu ag an gCoimisiún agus Baill Stáit eile.

Cuspóirí Coitianta

D'aontaigh Baill Stáit ar chuspóirí coitianta chun bochtaineacht agus eisiamh sóisialta a cheansú i mí na Nollag 2000. Bhí siad seo athbhreithnithe i mí na Nollag 2002 agus tá siad anois mar seo a leanas:

1. Chun glacadh páirt i bhfostaíocht agus an teacht atá ag daoine ar acmhainn, chearta, earraí agus sheirbhísí a éascú.

- Rochtain a chur chun cinn ar fhostaíocht chomhsheasmhach de chaighdeán maith do mhná agus d'fhir atá in ann oibriú;
- Bac a chur ar eisiamh daoine ó dhomhain na hoibre trí fheabhas a chur ar infhostaíocht, trí bhainistíocht acmhainne daonna, eagraíocht oibre agus fhoghlaim fad-saoil;

- Córais chosanta shóisialta a eagrú sa tslí go gcabhraíonn siad go háirithe le: ráthaíocht a thabhairt, go bhfuil na hacmhainní riachtanacha ag gach duine chun maireachtáil le maorgacht daonna; teacht i dtír ar chonstaicí ar fhostaíocht trí chinntiú go mbeidh méadú ar ioncam nuair a chuirfear tús le fostaíocht; agus trí infhostaíocht a chur chun cinn.;

- Chun polasaithe a chur i bhfeidhm leis an aidhm chun teacht a bheith ag gach duine ar thithíocht mhaith go leor agus sláintiúil chomh maith leis na bun-seirbhísí atá ag teastáil chun maireachtáil mar is gnáth, i leith cúinsí áitiúla (leictreachas, uisce, teas agus araile.);

- Chun polasaithe a chur i bhfeidhm leis an aidhm chun teacht a bheith ag gach duine ar chúram sláinte feiliúnach dá staid, staid spleácha san áireamh;

- Seirbhísí agus bearta eile a ghabhann leis a fhorbairt agus a bheith mar bhuntáiste do dhaoine leochaileacha atá i mbaol eisiamh. Tabharfaidh sé seo an cumas dóibh teacht a bheith acu ar oideachas, cheartas agus sheirbhísí eile poiblí agus príobháideacha ar nós cultúr, spóirt agus fóillíocht.

2. Chun cosc a chur ar an mbaol d'eisiamh

- Sochar a bhaint as féidearthacht na sochaí atá bunaithe ar eolas agus eolais nua agus teicneolaíochtaí cumarsáide agus a chinntiú nach bhfuil aon duine fágtha ar lár, agus daoine le míchumais a chur san áireamh ach go háirithe;

- Polasaithe a chur i bhfeidhm a iarann bac a chur ar gábh saoil ar a mbíonn eisiamh sóisialta mar thoradh, ar nós fiacha, eisiamh ar scoil agus a bheith gan dídean;

- Chun gníomhaíocht a chur i bhfeidhm chun dlúthpháirtíocht teaghlaigh a chaomhnú ina foirmeacha go léir.

3. Chun cabhrú leo siúd is leochailí

- Meascadh sóisialta idir mná agus fir atá i mbaol bochtaineacht dianseasmhach a chur chun cinn, mar shampla toisc go bhfuil míchumas acu nó má bhaineann siad le grúpa atá ag braith fadhbanna meascadh ar nós na fadhbanna úd atá ag inimircigh;

- Gluaiseacht i dtreo deireadh chur le heisiamh sóisialta i measc leanaí agus gach deis a thabhairt dóibh do chomhtháthú sóisialta;

- Gníomhartha cuimsitheacha a fhorbairt atá báúil do limistéir atá marcáilte ag eisiamh.

4. Comhlachais feiliúnacha a shlógadh

- Deis a thabhairt do dhaoine atá ag fulaingt eisiamh chun páirt a ghlacadh agus a scéal a insint agus an cleachtas sin a chur chun cinn, de réir an cleachtas náisiúnta, go mór mhór maidir lena staid agus na polasaithe agus bearta a bhfuil tionchar acu orthu;

- An troid i gcoinne eisiamh a phríomhshruthú i bpolasaí go hiomlán, go mór mhór: trí na húdaráis phoiblí a shlógadh ar gach leibhéal, náisiúnta, réigiúnach agus áitiúil ag braith ar a limistéir inniúlachta; trí mhodhanna agus struchtúir comhordaithe oiriúnacha a fhorbairt; trí sheirbhísí riaracháin agus sóisialta a chur in oiriúint do riachtanais na ndaoine atá ag fulaingt de bharr eisiamh agus a chinntiú go mbeidh an fhoireann a bheidh i dteagmháil leo goilliúnach do na riachtanais seo;

- Comhráite agus comhpháirtíocht a chur chun cinn idir na comhlachais feiliúnacha, poiblí agus príobháideacha.

Tá treoirleabhar bunaithe ar na cuspóirí seo ullmhaithe chun cabhrú la Baill Stáit i dtarraingt suas a bPleananna Gníomhaíochta Náisiúnta. D'aontaíodh ar líon táscairí coitianta ionas torthaí an phróisis a thomhas (féach ar Rannóg 2.1 ar bhochtaineacht a thomhas).

Bhí an chéad Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta curtha faoi bhráid an Choimisiúin ar an 1 Meitheamh 2001 agus é i bhfeidhm do thréimhse dhá bhliana. Bhí an dara plean curtha isteach ar an 31 Iúil 2003, agus le bheith i bhfeidhm don tréimhse suas go 31 Iúil 2005. Tá an t-amchlár do dhéantús Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta sa todhchaí léirithe i Rannóg 2.4 den tuarascáil seo.

Socraíonn an Coimisiún go mbíonn mion-anailís déanta ar gach Plean. Mar pháirt den phróiseas seo, buaileann ionadaithe de gach Ball Stáit le hoifigigh an Choimisiúin chun labhairt mar gheall ar an bPlean. Tá na Pleananna scrúdaithe ag na Baill Stáit chomh maith i bpróiseas athbhreithnithe a dhiongbhála atá eagraithe ag an gCoiste Cosanta Sóisialta (CCS). Déantar dréacht anailís Coimisiún de na Pleananna Gníomhaíochta ansin agus déanann an CCS é a phlé. Bíonn sé seo mar bhunús de Thuarascáil Chuimsitheachta Chomhpháirteach ar na Pleananna Gníomhaíochta go léir atá aontaithe ag an CCS. Cuirtear an tuarascáil seo ansin go dtí Comhairle na n-Airí ag féachaint an nglacfar leis sula cuirtear chuig an gComhairle Eorpach é.

Cabhraíonn comhordú oscailte go mór le malartáin idir Baill Stáit ar na príomh ghnéithe chun bochtaineacht agus eisiamh sóisialta a cheansú. Feabhsaíonn sé tuiscint ar na cúiseanna agus leagain nua den bhochtaineacht atá ag teacht ar an saol, agus an modh is fearr a aimsiú chun iad a cheansú agus iomaíocht eacnamaíochta a chaomhnú agus leanúint le leibhéil arda fostaíochta a bhaint amach.

2.1 BOCHTAINEACHT A THOMHAS

Tá bochtaineacht sainmhínithe i gcóir an Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaineachta (SNF) in Éirinn mar seo a leanas:

"Tá daoine ag maireachtáil i mbochtaineacht má tá a n-ioncam agus n-acmhainní (ábhartha, cultúrtha agus sóisialta) chomh easpach sin go gcoimeádtar siar iad ó chaighdeán maireachtála a ghlacann sochaí na hÉireann go ginearálta leis mar maith go leor. De thoradh ar easpa ioncaim agus acmhainne, d'fhéadfadh daoine a bheith eisiata agus fágtha ar an imeall nuair a thagann sé chomh fada le gníomhartha a ghlacann daoine eile leo mar an gnáth-rud sa tsochaí."

Is é an cuspóir lárnach atá ag an SNF, i gcomhréir le cuspóir an AE a fhreagraíonn do, ná *bochtaineacht a laghdú go mór agus go hidéalach, deireadh a chur leis in Éirinn agus sochaí chuimsitheach go sóisialta a thógáil*. Mar a léiríonn an sainmhíniú thuas baineann bochtaineacht le heaspa ioncaim agus easpa rochtana ag daoine ar acmhainní agus sheirbhísí riachtanacha chun na riachtanais daonna bunúsacha, ar nós cúram sláinte, oideachas agus tithíocht a chomhlíonadh. Éiríonn sé go príomha ó easpa fostaíochta a d'fhéadadh soláthar a dhéanamh ar a leithéid d'ioncam agus acmhainn, nó gan an cumas a bheith ag an nduine chun oibriú toisc, mar shampla, aois, míchumas nó freagrachtaí teaghlaigh.

Tá an SNF deartha chun réimse polasaithe agus cláir a sholáthar agus a fhorbairt ar nós tacaíocht ioncaim, sláinte, oideachas nó tithíocht, a bhíonn ag teastáil chun bochtaineacht a laghdú agus, le himeacht ama, chun deireadh a chur leis.

Torthaí agus Táscairí

Ceann de na príomh pháirteanna de mhonatóireacht agus mheastóireacht an dul chun cinn atá déanta faoin straitéis ná torthaí na bpolasaithe agus na gclár a thomhas agus na hacmhainní caite agus infheistithe a thomhas chomh maith. Níl sé seo simplí. Tá líon polasaithe ag teastáil chun teacht le gnéithe difriúla do chomhrac na bochtaineachta go héifeachtach - ioncam, tacaíocht fostaíochta, sláinte, cúram agus araile. B'fhéidir go mbeadh gá na polasaithe seo a athrú ag braith ar staid na ngrúpaí éagsúla atá bocht, ar nós, daoine aosta, daoine le míchumais, daoine dífhostaithe, tuismitheoirí aonair, agus teaghlaigh móra.

Tá na torthaí tomhaiste ag táscairí a chlúdaíonn príomh ghnéithe na bochtaineachta. D'aontaigh Baill Stáit an AE ar 10 dtáscairí príomhúla agus 8 dtáscairí tánaisteacha chun cabhrú leo seo (tagraítear dóibh seo mar tháscairí Laeken go coitianta). D'fhéadadh Baill Stáit aonair táscairí eile a roghnú chun tomhas a dhéanamh ar ghnéithe ar leith a bhraitear atá tábhachtach i gcomhthéacs a straitéis i gcoinne bochtaineachta. Ceann de na táscairí seo a forbraíodh in Éirinn ná *bochtaineacht chomhsheasmhach.*

Bochtaineacht Chomhsheasmhach

Tá tosaíocht tugtha ag an Rialtas chun líon na ndaoine atá bocht a laghdú. Chun na daoine atá sa staid sin a aithint, tá forbairt déanta ag an ITES ar tháscaire ar a ghlaoitear *bochtaineacht chomhsheasmhach*. Chun úsáid a bhaint as an dtáscaire seo caithfear úsáid a bhaint as ioncam coibhneasta (sa chás seo *meán ioncam* atá mar mheán na n-ioncam go léir) chun iad siúd atá i mbaol bochtaineacht a aithint. Ansin aithnítear iad siúd atá á fhulaingt ag baint úsáid as táscairí easpacha atá bunaithe ar shuirbhéanna ar cad a cheapann Éirnigh atá riachtanach le haghaidh caighdeán maireachtála feiliúnach.

Is é bochtaineacht chomhsheasmhach an beart aontaithe don phríomh sprioc sa SNF agus is é, *"líon na ndaoine atá 'bocht go comhsheasmhach' a*

laghdú go faoi bhun 2 faoin gcéad agus deireadh a chur le bochtaineacht chomhsheasmhach, faoin sainmhíniú reatha atá ag bochtaineacht chomhsheasmhach" faoi 2007.

Ta toradh faighte cheana féin maidir le deireadh a chur le *bochtaineacht chomhsheasmhach*. Tá laghdú tagtha ar an líon teaghlaigh san earnáil seo – ag titim ó 15.1 faoin gcéad i 1994, go 9.7 faoin gcéad i 1997, agus go 5.2 faoin gcéad i 2001. Tá laghdú tagtha ar *Bochtaineacht Chomhsheasmhach* idir leanaí chomh maith ó 15.3 faoin gcéad i 1997 go 6.5 faoin gcéad i 2001.

An méid sin ráite, cé go bhfuil feabhas tagtha ar líon na ndaoine atá i mbochtaineacht chomhsheasmhach, tá méadú tagtha ar líon na ndaoine atá, *measta le bheith i mbaol bochtaineacht*, ó 15.6 faoin gcéad i 1994 go 18.2 faoin gcéad i 1997, agus go 21.9 faoin gcéad i 2001. Tá na céatadáin léirithe sa tábla thíos ionas go mbeifí in ann comparáid a dhéanamh:

idirnáisiúnta. Aithníonn an táscaire iad siúd atá i mbaol na bochtaineachta mar dhaoine a bhfuil ioncam aonair coibhéiseach acu, atá faoi thairseach áirithe ioncaim. Don AE is é an tairseach ná 60 faoin gcéad den ioncam meánach. (Is é an meánach ná an figiúir a roinneann an dáileadh ioncam i sochaí i dhá chuid, leath le hioncaim níos mó ná an meánach agus leath le hioncaim níos lú ná an meánach.)

Ba chóir a thabhairt faoi deara nach gá go mbeadh siad siúd le hioncam níos lú ná an tairseach i mbochtaineacht. Tagraíonn an AE dóibh mar dhaoine atá i mbaol na bochtaineachta. Braithfidh an bhochtaineacht ar líon fachtóirí. In san áireamh orthu seo tá:

- Cé chomh mór faoi na tairseacha feiliúnacha is atá an t-ioncam;

TÁBLA 1: "Bochtaineacht Chomhsheasmhach" and "I mBaol na Bochtaineachta" rátaí (%, 1994–2001)



Foinse: ITES, Monitoring Poverty Trends in Ireland 2001

I mBaol na Bochtaineachta

Tá an táscaire "i mbaol na bochtaineachta" bunaithe ar ioncaim choibhneasta agus is é an príomh tháscaire a úsáidtear do chomparáidí

- An fad ama is atá siad ar an ioncam íseal seo – is féidir le fíor-dhíothacht teacht as tréimhse fada dá leithéid, toisc go n-éiríonn sócmhainní an duine íseal agus ansin ní féidir iad a chaomhnú nó a chur thar n-ais sa staid ina raibh siad;

- Seilbh agus úsáid sócmhainní eile, go speisialta teach le duine.

Mar shampla, tá ráta ard úinéireachta tí in Éirinn, go mór mhór i measc daoine aosta. Mar thoradh ar sin níl go leor caiteachas ar thithíocht a chiallaíonn go bhfuilid níos lú i mbaol na bochtaineachta ná iad siúd atá ag íoc cíos agus costais tí eile. D'Éireann chomh maith, ní áirítear liúntais teaghlaigh do leictreachas, breosla, cíos gutháin, agus iompar iníoctha chuig an gcuid is mó de phinsinéirí, d'fheidhmeanna an táscaire *i mbaol na bochtaineachta* ach an oiread, ach laghdaíonn siad siúd baol na bochtaineachta dóibh siúd atá ina dteideal.

Aistrithe Sóisialta– Tionchar ar Bhochtaineacht

Ceann de na príomh slite chun teacht i dtír ar bhochtaineacht dóibh siúd nach féidir leo oibriú ná trí aistrithe sóisialta – sochair agus pinsin go príomha. In san tréimhse 10 mbliana ó 1994, tá ardú tagtha ar rátaí leasa shóisialaigh i dtéarmaí réadacha agus tá siad tar éis méadú ag ráta níos airde ná meán tuillimh comhlán tionsclaíocha, mar atá léirithe sna samplaí seo a leanas:

An méid sin ráite, d'ardaigh ioncaim níos substaintiúil sa tréimhse 10 mbliana céanna de thoradh leibhéil fáis eacnamaíochta ard agus athleasaithe cánach sa deich mbliana seo caite. Tá sé seo le feiceáil le dúblaí nach mór den 60 faoin gcéad de thairseach ioncam meánach ó dhíreach €83 i 1994 go €164.28 go seachtainiúil nó €8,542.56 go bliantúil i 2001. De réir sin mheasfaí go raibh daoine i dteaghlaigh le hioncam duine aonair, atá faoin méid seo, mar dhaoine atá i *mbaol na bochtaineachta*. Tá ioncam teaghlaigh le níos mó ná ball amháin réitithe nó aonraithe ag baint úsáid as scálaí coibhéise, chun cuntas a dhéanamh ar thoirt teaghlaigh dhifriúla agus comhdhéanamh teaghlaigh. Mar shampla, i 2001 bheadh baill teaghlaigh le duine fásta amháin agus leanbh amháin le hioncam iomlán teaghlaigh de níos lú ná €218 in aghaidh na seachtaine (€11,361 in aghaidh na bliana) rangaithe mar dhaoine atá i *mbaol na bochtaineachta*. I gcás teaghlach le beirt duine fásta agus beirt leanbh, is é an méid coibhéiseach ná €381 in aghaidh na seachtaine (€19,819 in aghaidh na bliana). Cé go bhfuil na méadaithe móra seo ann i dtéarmaí réadacha i rátaí leasa shóisialaigh, bhí fás ag teacht ar líon na ndaoine a bhí rangaithe mar dhaoine a bhí i mbaol

TÁBLA 2: Íocaíochtaí Leasa Shóisialaigh Samhlachúla agus Meán Tuillimh Comhlán Tionsclaíoch – comparáidí idir 1994 agus 2004

Íocaíocht LS/Meán Tuillimh Comhlán Tionsclaíoch	Ráta 1994 Euro	Ráta 2004 Euro	Méadú (%)	Méadú CPI 1994-2004 (%)	Méadú Fíor (%)
Pinsean seanaoise ranníocach (duine amháin)	90.15	167.30	85.6%	34.9%	37.6%
Cúnamh Dífhostaíochta (duine amháin)	74.79	134.80	80.2%	34.9%	33.6%
Sochar Linbh (an chead leanbh)	25.39	131.60	418.2%	34.9%	284.1%
Meán Tuillimh Comhlán Tionsclaíoch	342.60	560.60	63.6%	34.9%	21.3%

Athbhunaithe ó eolas ón bPríomh-Oifig Staidrimh. 2004 GAIE – dara ráithe. réamh-mheastachán

na bochtaineachta toisc go raibh an méadú ina n-ioncaim níos lú ná an fás a bhí ar ioncaim go ginearálta.

Iad siúd atá i mbaol na bochtaineachta

Tá toradh ar an méadú atá tagtha ar fhostaíocht agus an laghdú ar dífhostaíocht, go bhfuil athrú sna catagóirí i mbaol na bochtaineachta is mó ó dhaonra gníomhach (is é sin fostaithe nó dífhostaithe) go daonra neamhghníomhach.

Is fachtóir mór an laghdú atá tagtha ar dífhostaíocht, go mór mhór dífhostaíocht fadtéarmach, i dtáirgeadh an toraidh seo. I gach ceann de na táscairí fostaíochta agus dífhostaíochta, tá scór níos fearr ag Éire ná meán an AE.

I 1994, bhí 41 faoin gcéad dóibh siúd i mbaol dífhostaithe i gcomparáid le 7 faoin gcéad i 2001, ach, mar shampla, bhí díreach duine as fiche de dhaoine aosta faoin líne bochtaineachta coibhneasta i 1994 i gcomparáid le nach mór duine as beirt faoi 2001.

Is iad na príomh chatagóirí atá i mbaol na bochtaineachta anois ná iad siúd le ceann amháin nó níos mó de na tréithe seo a leanas:

- Níl siad i bhfostaíocht toisc aois, neamhábaltacht, freagrachtaí teaghlaigh, agus spleách go hiomlán ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh;
- Ag maireachtáil leo féin, daoine aosta go príomha, mná go háirithe;
- Teaghlaigh le leanaí, go speisialta mura bhfuil tuismitheoir nó tuismitheoirí fostaithe, nó má tá siad fostaithe ach pá íseal á thuilleamh acu.

Freagra Straitéiseach

San áireamh ar an bhfreagra straitéiseach, mar atá léirithe sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta, tá tosaíocht tugtha do phinsinéirí, a bhfuil méadaithe faighte acu de €32.71 in aghaidh na seachtaine thar an dtréimhse 2002-2004. Tá geall sa *Chlár Aontaithe don Rialtas* chun pinsin a mhéadú do €200 faoi 2007. Tá geallta ann chomh maith chun dul chun cinn a dhéanamh i dtreo cur i bhfeidhm feabhais do phinsin baintrí (/fir) agus leibhéal liúntais dhaoine fásta do chéilí pinsinéirí a ardú chuig leibhéal an phinsin seanaoise (neamh-ranníocach).

Clúdaithe i straitéis an SNF tá geallta chun na rátaí is ísle d'íocaíocht leasa shóisialaigh a ardú chuig €150 in aghaidh na seachtaine i dtéarmaí 2002 faoi 2007. Tá méadaithe substaintiúla i sochar linbh beartaithe chomh maith, agus tá fócas ar leith ar cheist na bochtaineachta leanaí, faoi cheann de na tionscnaimh speisialta i *Sustaining Progress*. Dóibh siúd in aois ghrúpaí gníomhach, tá fócas níos mó ar fheabhas a chur ar an gcumas chun post a fháil trí oideachas agus thraenáil, agus ag baint constaic fostaíochta trí, mar shampla, an soláthar do chúram leanaí a shíneadh.

Tugtar tosaíocht chomh maith do chaomhnú na leibhéil arda fostaíochta. Chun é seo a dhéanamh tá sé riachtanach iomaíocht eacnamaíochta a chaomhnú. Chomh maith le sin, is cuspóir tábhachtach é chinntiú go bhfuil deis acu siúd ar phá íseal, dul chun cinn a dhéanamh chuig fostaíocht le pá níos fearr agus níos mó scileanna i gceist inti.

Is féidir le táscairí, mar sin, cabhrú go mór le déanamh amach cad ba chóir tosaíocht a thabhairt dó maidir le aistrithe sóisialta agus idirghabhála sóisialta eile. An méid sin ráite, tá sé tábhachtach chomh maith a chinntiú ná laghdóidh tomhais bhochtaineachta a dhíríonn ar ioncam amháin, an seans chun tosaíocht a thabhairt d'fheabhais i seirbhísí riachtanacha eile ar nós oideachas, sláinte, cúram, tithíocht agus araile.

Ar dheireadh, thug an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES) faoi deara, nach cosúil leis an tomhas bochtaineachta ioncam

coibhneasta atá an tomhas bochtaineachta chomhsheasmhach toisc nach léiríonn an tomhas bochtaineachta chomhsheasmhach na hathruithe coibhneasta i leibhéil ioncaim agus mar sin léirítear treochtaí eisréimneacha idir an dá thomhas. Tugann siad faoi deara chomh maith, go soláthraíonn an dá thomhas, tógtha le chéile, líon comhtháite de threochtaí atá faoi a léiríonn gnéithe difriúla de na réaltachta coimpléascacha a bhaineann le tréimhse athruithe eacnamaíochta agus sóisialta na hÉireann nach rabhthas ag súil le. Beidh an méid a thiocfaidh as an dtuarascáil a tháinig amach le déanaí ón Institiúid ar bhochtaineacht ioncam coibhneasta in Éirinn, a bhí coimisiúnaithe ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, úsáideach nuair a chuimhneofar ar an gceist.[3]

2.2 CAITEACHAS ÉIREANNACH AR CHOSAINT SHÓISIALTA I GCOMHTHÉACS IDIRNÁISIÚNTA

Féachann leibhéal an chaiteachais ar chosaint shóisialta íseal i gcomparáid le caighdeán an AE. Is féidir an difríocht a mhíniú, áfach, trí dhifríochtaí déimeagrafaíochta agus tá córas cosanta sóisialta na hÉireann tar éis éabhlóide agus tá sé reachtaithe i láthair na huaire. Tá soiléireacht nádúr agus méid na ndifríochtaí tábhachtach i gcóir díospóireachtaí maithe ar cad é an leibhéal iomlán gur chóir a bheith ag an gcaiteachais.

Cad is cosaint shóisialta ann?

Úsáidtear an téarma *cosaint shóisialta* ag leibhéal an AE agus úsáidtear é níos mó ar leibhéal náisiúnta in san cuid is mó de thíortha na hEorpa chun caiteachas a chlúdach ar na príomh scéimeanna sóisialta. Tá sé sainmhínithe sa lámhleabhar dár teideal *European System of Integrated Social Protection Statistics* (ESSPROS) mar:

"Clúdaíonn cosaint shóisialta idirghabhála ó comhlachais príobháideacha nó poiblí a bhfuil ar intinn acu ualach de líon sainmhínithe baoil nó riachtanais a bhaint ó theaghlaigh, chomh fada agus nach bhfuil comhmhalairt ar aon uain nó socrúchán aonair bainteach leis. Tá an liosta baoil nó riachtanais a d'fhéadfadh cosaint shóisialta bheith mar thoradh air, socruithe ag coinbhinsiún mar seo a leanas: cúram tinneas/sláinte, míchumas, seanaois, marthanóirí, clann/leanaí, dífhostaíocht, tithíocht agus eisiamh sóisialta nach bhfuil rangaithe in aon áit eile."

D'fhéadfadh an téarma idirghabhála íocaíochtaí seachtainiúla a chlúdach, ar nós pinsin, nó seirbhísí ar nós cúram sláinte. Ní chlúdaíonn idirghabhála socruithe idir daoine aonair ar bhonn cómhalartach nó socruithe déanta ag daoine aonair iad féin a d'fhéadfadh cosaint a sholáthair, ach nach cosaint *shóisialta é*. Ciallaíonn an téarma *míchumas* an neamhábaltacht níos fadtéarmach ar a glaoitear easláinte faoi chód an leasa shóisialaigh in Éirinn agus tagraíonn *marthanóirí* do phinsin agus sochair eile do bhaintreacha agus bhaintreacha fir.

Caiteachas cosanta sóisialta a thomhas

Tá dhá phríomh tháscaire do chaiteachas sóisialta gur féidir a úsáid i dtaighde comparáideach; scair caiteachas sóisialta le hOlltáirgeacht Intíre (OTI) nó Olltáirgeacht Náisiúnta (OTN) thír agus an méid caiteachais sóisialta i *gCaighdeáin Cheannacháin Chumhachta* (CCC). Úsáidtear go coitianta comparáidí ar bhonn céatadáin OTI i staidéir idirnáisiúnta.

Tá deacrachtaí ag cur tíortha i gcomparáid le chéile bunaithe ar na leibhéil caiteachais sóisialta. Tá tionchar ag nádúr caiteachas sóisialta ar na dtorthaí agus méid na mbaol atá clúdaithe, agus athruithe i saibhreas na tíre. Tá Éireann difriúil ó thíortha eile i líon áirithe príomh ghnéithe maidir le líon na seandaoine, leibhéal forbartha dá chóras

3 Why is Relative Income Poverty so High in Ireland? ITES, Baile Átha Cliath, Meán Fómhair 2004.

sábháilteachta sóisialta agus an slí a bhraitheann sí ar sholáthar pinsean gairme agus príobháideach. Le blianta beaga anuas, tá ardú láidir tagtha ar chaiteachas sóisialta ach bhí fás níos láidre ag an OTI i rith na 1990í. B'fhéidir go bhfuil an treocht ag dul i mhalairt de threo le blianta beaga anuas.

Tá fadhbanna ag baint le húsáid na bhfigiúirí OTI i gcóir comparáidí i gcás na hÉireann. Tá OTN na hÉireann níos ísle ná OTI, toisc go bhfuil an méid a thugtar thar n-ais go dtí na tíre as brabúis ó chomhlachtaí ilnáisiúnta níos tábhachtaí in Éirinn ná mar atá i dtíortha eile toisc go mbraithimid ar infheistíocht díreach ó thar lear agus an líon íseal coibhneasta de chomhlachtaí ilnáisiúnta Éireannacha atá ag tabhairt a mbrabúis thar n-ais chuig na tíre. Mar sin glactar níos fearr le OTN chun scrúduithe a dhéanamh ar acmhainní atá ar fáil don Rialtas in Éirinn chun caiteachas cosanta sóisialta a mhaoiniú ach ní úsáidtear de ghnáth é i comparáidí idirnáisiúnta.

Caighdeáin Cheannacháin Chumhachta (CCC) *in aghaidh an duine*

Sáinníonn comparáidí bunaithe ar CCC in aghaidh an duine na fadhbanna, a thagann nuair a táthar ag baint úsáid as comparáidí OTI, toisc gurb é an bhunús ná líon na ndaoine atá sa tír. Léiríonn Tábla 1 thíos conas a dhéanann caiteachas na hÉireann i gcomparáid leis an AE – 15 meán agus tíortha roghnaithe an AE i 2001.

Miondealú Caiteachais

Tá Éire go mór faoi mheán an AE maidir le trí fheidhm, seanaois, míchumas agus, de mhéid níos lú, dífhostaíocht.

TÁBLA 3: Caiteachas sóisialta de réir feidhme, Éire, AE – 15 meán agus tíortha roghnaithe, 2001, CCC de réir an duine sa daonra

	Caiteachas iomlán	Cúram tinnis sláinte	Míchumas	Sean aois	Teaghlach, leanaí	Dífhostaithe	Tithíocht
15-AE	6404.9	1730.3	493	2536.1	491.2	381.4	126.6
Éire	3875.2	1609.6	192.7	708.2	461.4	307.6	127.1
Cait an hÉireann mar chátadán den 15-AE	**61**	**93**	**39**	**28**	**94**	**81**	**100.4**
An Danmhairg	7805.1	1536.5	946.8	2877.1	1004.5	758.8	176.1
An Ghearmáin	7328.6	2029.7	546.5	2883.6	730.2	577.5	48.3
An Spáinn	3866.6	1131.3	285.2	1600.7	96.8	487.6	34.2
An Ísiltír	7391.8	2098.2	797.1	2495.8	303.9	344.5	97.8
An R.A.	6180.7	1673.9	561.5	2542.2	403.8	171.9	333.7

Foinse: European social statistics – Social protection expenditure and receipts, Eurostat, 2004

Nuair a fhágtar ar lár feidhm na seanaoise ón anailís thuas, tá caiteachas na hÉireann ar chosaint shóisialta in aghaidh an duine, i CCC ag 82 faoin gcéad de mheán 15 an AE, i gcomparáid le 61 faoin gcéad le caiteachas seanaoise san áireamh. Ba chóir

na ceisteanna ar leith le comparáidí idirnáisiúnta faoi chaiteachas faoin bhfeidhm seo a thabhairt faoi deara:

I gcás na seanaoise, bhí daonra na hÉireann d'aois 65 agus os a chionn i 2001 trian níos lú ná meán an AE - 11.2 faoin gcéad in Éirinn i gcomparáid le 16.6 faoin gcéad i 15 an AE. Leathnaíodh clúdach árachais sóisialta do phinsin seanaoise agus bhaintreacha go dtí gach oibreoir go déanach in Éirinn i gcoibhneas tíortha eile an AE – 1974 chuig gach fostaí, seachas seirbhísigh phoiblí (pinsin bhaintreacha amháin), 1988 chuig na féin-fhostaithe, 1991 chuig oibrithe páirt-aimseartha agus 1995 chuig daoine nua a tháinig isteach sa tseirbhís phoiblí. Mar thoradh ar seo tá líon níos airde, ach líon atá ag crapadh, de phinsinéirí i dteideal pinsin sóisialta de réir tástála acmhainne amháin.

Níl Éire cosúil leis an gcuid is mó de 15 an AE toisc nár sholáthraíonn Éire clúdach do phinsin breise bainteach le tuillimh faoi árachas sóisialta. Tá clúdach na bpinsean gairme agus príobháideacha curtha agus á chuir chun cinn go príomha trí chóras láimhseála cánach mórchroíoch, agus tá forálacha déanta do rialú a leithéid de scéime in Acht na bPinsean ionas an méid atáthar i dteideal a chosaint. Clúdaítear díreach thar 50 faoin gcéad den fhórsa oibre, áfach, agus tá an líon de phinsinéirí reatha le clúdach mar a chéile níos ísle fiú. Pé scéal é, ní áirítear caiteachas ar phinsin ghairme i staidrimh ESSPROS na hÉireann toisc go bhfuil easpa eolais ar fáil. Tá caiteachas pinsean príobháideach, áfach, clúdaithe in eolas do thíortha eile ina bhfuil na pinsin seo forbartha go maith (go mór mhór an Ísiltír agus an R.A.).

Míchumas

Baineann an fheidhm seo leis an neamhábaltacht fadtéarmach agus go minic buan, chun oibre agus úsáidtear an téarma easláinte faoi chóras árachais shóisialta na hÉireann. Tá cuid mhaith dóibh siúd atá i dteideal pinsin easláinte in éifeacht ag imeacht ar scor go luath. Tá aois scoir ard ag Éire i gcomparáid leis an gcuid eile don AE (62.4 bliain i gcomparáid le 60.8 years do 15 an AE i 2002, *Táscairí Struchtúrtha*). Ní chlúdaíonn pinsin easláinte daoine féin-fhostaithe agus tá siad siúd a chuaigh isteach sa tseirbhís phoiblí roimh 1995 clúdaithe don dteagmhas seo faoi scéimeanna gairme amháin.

Is ualach daor é an scor luath do an-chuid tíortha, go mór mhór i gcomhthéacs daonra atá ag dul in aois agus tá ardú an meán aois den bealach amach as an bhfórsa oibre mar phríomh chuspóir faoi Clár Oibre Liospóin. Leag Comhairle Liospóin amach sprioc chun meán de ráta fostaíochta an AE i measc mná níos sine (55-64) a mhéadú go dtí 50 faoin gcéad faoi 2010. Leagann an tábla a leanas amach ráta fostaíochta an ghrúpa bainteach le seo ó 1993 ar aghaidh d'Éire agus tíortha eile an AE.

TÁBLA 4 Ráta fostaíochta, aois 55-64 (%)

	1993	1995	1997	1999	2001	2003
Éire	38.4	39.2	40.4	43.7	46.5	49.0
AE 15	35.8	36.0	36.4	37.1	38.8	41.7
Éire Fireann	59.4	59.7	58.8	61.7	64.2	64.7
Éire Baineann	17.7	18.6	21.6	25.5	28.5	33.1

Foinse: Employment in Europe 2004 – Recent Trends and Prospects (Coimisiún an AE 2004)

Dífhostaíocht

Tá an ráta dífhostaíochta in Éirinn ar cheann de na cinn is ísle san AE, le Dífhostaíocht Fadtéarmach ag titim ó 8.9 faoin gcéad i 1993 go dtí 1.2 faoin gcéad i 2002. Mhíneodh sé seo an chúis go bhfuil caiteachas ar dífhostaíocht níos ísle ná meán an AE. In aimsir dífhostaíochta aird, is féidir minicíocht níos airde tarlaithe d'éilimh i gcóir pinsin easláinte, áit a roghnaíonn daoine le cruth ainsealach gan aon dóchas ar fhostaíocht a fháil, scor a roghnú ar bhunús a sláinte.

Láimhseáil Cánach

Déantar taifead i láthair na huaire ar chaiteachas sóisialta ar bhonn comhlán i modh ESSPROS. Chaithfeadh faoisimh cánach i gcóir feidhmeanna sóisialta agus asbhaint cáin a ghearrtar ar shochair shóisialta a bheith san áireamh i dtaifeadadh caiteachais ar bhonn glan. Tá faoisimh cánach tábhachtach in Éirinn, go mór mhór faoi theidil na bpinsean agus an árachais sláinte. Don bhliain 2000/2001, (an bhliain chánach is déanaí ar fáil) meastar gurb é an luach iomlán d'fhaoisimh cánach ar scéimeanna pinsean gairme agus príobháideacha ná €2,615 milliún (2000/2001 meastachán)[4].

Measfaí gur caiteachas cosanta sóisialta é ranníocaíocht bhliantúil de 1 faoin gcéad den OTI chuig an gCúlchiste Pinsean Náisiúnta, ach níl sé san áireamh.

Treochtaí Caiteachais sa Todhchaí

Beidh ardú cothrom sna blianta atá amach romhainn ar chosaint shóisialta, go mór mhór ar phinsin agus sláinte, toisc go bhfuil an daonra ag fáil níos sine agus toisc go bhfuil níos mó dóibh siúd atá ag scor ag cáiliú do phinsin árachais sóisialta. Os rud é go bhfuil méadú ag teacht ar an líon mná atá ag obair, beidh méadú ag teacht ar líon na mná a bheidh i dteideal pinsin iad féin.

Ba chóir do phictiúr níos soiléire do leibhéil chaiteachais in Éirinn a theacht amach nuair atáthar ag fáil slite chun comhshnaidhmeadh a dhéanamh ar chaiteachas ar phinsin gairme agus príobháideacha, costais faoisimh chánach san áireamh, i leibhéal iomlán méid an chaiteachais sóisialta.

Is é an príomh chuspóir a bheidh ag dul chun cinn d'Éireann ná chun leanúint ar aghaidh le forbairt ar a chóras cosanta sóisialta do shochaí atá ag éirí níos sine, i slite a chinnteoidh marthanacht airgeadais. Beidh taithí na dtíortha eile, atá cheana féin ag déileáil le daonra le líon mór daoine thar aois a 65, treorach maidir le seo.

2.3 SLIOCHT AS TUARASCÁIL CHUIMSITHEACHTA CHOMHPHÁIRTEACH 2003 – MEASÚNÚ ACHOMAIR DE PGN/CUIMSITHEACHT NA HÉIREANN

Is tráchtaireacht é an measúnú ón dTuarascáil Chuimsitheachta Chomhpháirteach ar an PGN/Cuimsitheacht Éireannach 2003-2005, a tugadh don AE i mí Iúil 2003. Dá bhrí sin ní thógann sé san áireamh an dul chun cinn déanta thar limistéir pholasaí ón am sin. (An Oifig um Chuimsiú Sóisialta)

ÉIRE

Príomh threochtaí agus suíomh: *Tá baint ag an moilliú san eacnamaíocht domhanda le luas fáis na heacnamaíochta agus de thoradh ar sin tá ardú tagtha ar dífhostaíocht agus tá brú níos mó ar airgeadais an Státchiste. Léiríonn anailís treochtaí bochtaineachta go bhfuil an tomhas náisiúnta 'comhsheasmhacht' na bochtaineachta ag titim ó 8.2 % i 1998 go 5.2 % i 2001. An méid sin ráite, tá ardú ó 19% go 21% tagtha ar an 60 faoin gcéad táscaire de bhaol na bochtaineachta thar an*

4 Triallann an ECFE chomh maith ar cháin indíreach a ghearradh atá íoctha ag faighteoirí sochair shóisialta i dteacht le caiteachais ghlana

dtréimhse chéanna ag léiriú difríochtaí ioncaim leanúnacha, le tionchar aige ar sheandaoine, theaghlaigh mhóra agus thuismitheoirí aonair.

Dul chun cinn déanta i 2001-2003: *Bhí athbhreithniú ar an straitéis náisiúnta frithbhochtaineachta agus bunaíodh spriocanna nua uaillmhianacha agus socruithe institiúide. Éiríonn le bheith gníomhach le daoine dífhostaithe ag staid moch agus tá dul chun cinn déanta i leith fágáil na scoile go luath agus litearthacht daoine fásta. Tá méadú tagtha ar íocaíochtaí leasa sóisialaigh i dtéarmaí réada agus leanann infheistíocht ar bhonneagar a bheith níos airde ná meán an AE. An méid sin ráite, tá tnúthán saoil fós íseal i gcomparáid le stáit AE eile, agus is fadhb fós costais tithíochta agus an líon daoine atá gan dídean.*

Cur chuige straitéiseach: *Cuireann an PGN seo i láthair cur chuige straitéiseach feabhsaithe atá bunaithe ar thuiscint níos doimhne ar na cúiseanna le heisiamh sóisialta agus déileálann sé níos fearr leis na cuspóirí coitianta. Tá líon mór spriocanna atá tomhaiste agus fócas acu ar am. Bunaíodh creatlach nua chun eisiamh sóisialta a cheansú, le freagracht agus comhordú iomlán tiomnaithe go Oifig um Chuimsiú Sóisialta nua. Chaithfeadh duine a cheistiú cibé an bhfuil go leor acmhainne tugtha don oifig seo do na cláir oibre uaillmhianacha atá leagtha amach. Tá méadú ar chuimsitheacht na sochaí sibhialta toisc próiseas comhairlithe ilghnéitheach agus bunú an Fhóraim Cuimsitheachta Sóisialta. Is é an príomh chuspóir ná rath na heacnamaíochta atá ann le blianta beaga anuas a neartú ionas a chinntiú go mbeidh leibhéil ard fostaíochta aimsithe agus go mbeidh sochaí níos ionann bainte amach.*

Príomh bhearta polasaí: *Tá Éireann gníomhach ag teacht le gach ceann de na ceithre cuspóirí, le díriú ar an dteacht atá ag daoine ar fhostaíocht agus ardú caighdeán oideachais. Cé go bhféachtar ar fhostaíocht mar bhealach mór amach as bochtaineacht, aithníonn an Plean nach féidir le gach duine an margadh oibre a úsáid mar bhealach amach as bochtaineacht. Mar sin tá líon cuspóirí, leagtha amach de réir socruithe tacaíochta ioncaim oiriúnacha. Tá cláir speisialta dírithe ar ghrúpaí le deacrachtaí ar leith, ar nós daoine le míchumas, inimircigh, an lucht siúil agus daoine a bhí i bpríosúin. Tá grúpaí eile ar nós daoine gan dídean agus mionlaigh eitneach aitheanta mar ghrúpaí atá thar a bheith leochaileach. Táthar ag tabhairt aird agus aitheantas ar leith do réimse fadhbanna sóisialta mar shampla foréigin teaghlaigh, fiacha agus mí-úsáid alcól agus drugaí. Déileáiltear chomh maith le tábhacht córais chúraim agus chaomhnú dlúthpháirtíocht teaghlaigh.*

Na dúshláin atá romhainn: *An dúshlán is mó a bheidh ann ná a chinntiú go mbeidh acmhainní ar fáil chun na cuspóirí aontaithe a chur i bhfeidhm, go mór mhór má leanann an eacnamaíocht ag fáil níos laige. Tabharfar tosaíocht do láidriú bonneagair agus an teacht atá ag daoine ar sheirbhísí, go háirithe dóibh siúd atá ag maireachtáil amuigh faoin dtuath. Caithfear leanúint ar aghaidh le hiarrachtaí chun teacht i dtír ar mhíbhuntáiste oideachais agus comhtháthú dídeanaithe agus inimircigh. Tá níos mó fócas ag teastáil ó neamhionannas ioncaim agus bheadh cuspóir sa limistéar seo úsáideach. Tá fáilte roimh thaighde ar fhadhb na bochtaineachta ioncaim ard. Cé go n-aithníonn an Plean ceisteanna tábhachtacha neamhionannais inscne, tá sé lag maidir le haimsiú cuspóirí agus freagraí polasaithe a fhorbairt. Ní mhór tuilleadh soiléiriú maidir le meastóireacht agus monatóireacht an PGN Tá sé thar a bheith tábhachtach chomh maith, cuimsitheacht shóisialta a chomhordú ag leibhéal áitiúil agus réigiúnach ionas a chinntiú go bhfuil cur chuige comhtháite aige.*

2.4 AG FÉACHAINT AR AGHAIDH GO DTÍ 2010

Gheall AN Chomhairle Eorpach ag an gcruinniú i Liospóin sa bhliain 2000 *chun tionchar cinntitheach ar dheireadh a chur le bochtaineacht* faoi 2010. Is í an bhliain seo chugainn (2005) an lárphointe sa thréimhse sin ina cheart an sprioc sin a bhaint amach. Tá próiseas sruthlíneach comhordaithe-oscailte ag leibhéal an AE forbartha agus formheasta ag Comhairle na n-Airí. Má leanann an próiseas comhpháirtíochta sóisialta ag leibhéal náisiúnta ag cur ceisteanna cuimsitheachta sóisialta i bhfeidhm, beidh ról mór aige i bhforbairt na straitéisí sa todhchaí do chomhrac na bochtaineachta a cheansú. Dá bhrí sin tá sé tábhachtach, féachaint chun cinn chuig tuilleadh forbartha den phróiseas. Tá cuid de na príomh buaic phointí as seo go 2010, ag glacadh leis go bhfuil comhpháirtíocht shóisialta leanúnach ann, leagtha amach sa fráma ama thíos

Fráma ama

Dáta	Buaic Phointe
Nollaig 2004	An chéad Tuarascáil Bhliantúil ón OCS ar chur i bhfeidhm an dara PGN/Cuimsitheacht 2003-2005, agus eolas 'éadrom' chun Coimisiún an AE a thabhairt suas chun dáta
Meitheamh 2005	Tuarascáil ar chur i bhfeidhm an dara PGN/Cuimsitheacht agus meastóireacht don AE
Nollaig 2005	An dara Tuarascáil Bhliantúil ón OCS ag déileáil leis an dara PGN/Cuimsitheacht
Go Luath i 2006	Deireadh le socruithe ar chomharba do *Sustaining Progress*
Deireadh Fómhair 2006	An tríú Plean Gníomhaíochta Náisiúnta in aghaidh Bochtaineachta agus Eisiamh Sóisialta le bheith curtha faoi bhráid Choimisiún an AE – chun an tréimhse 2006-2009 a chlúdach. Is é seo an Plean Gníomhaíochta mór dheireanach do thionchar cinntitheach a dhéanamh ar bhochtaineacht faoin sprioc de 2010
Nollaig 2006	An tríú Tuarascáil Bhliantúil ón OCS – a bhaineann go príomha leis an dtríú PGN/Cuimsitheacht
Eanáir 2007	Tosach, b'fhéidir leis an Plean Forbartha Nua
Feabhra 2007	Deireadh tréimhse iarratais an Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaineachta athbhreithnithe (SNF) "Sochaí Chuimsitheach a Thógáil"
Nollaig 2007	An ceathrú Tuarascáil Bhliantúil ón OCS – a bheidh ag déileáil leis an dtríú PGN/Cuimsitheacht agus dhul chun cinn an SNF athbhreithnithe á thabhairt san áireamh
Nollaig 2008	An cúigiú Tuarascáil Bhliantúil ón OCS – a bheidh ag déileáil le cur i bhfeidhm an Tríú PGN/Cuimsitheacht
Feabhra 2009	Socruithe do Chomhaontú Comhpháirtíochta eile, b'fhéidir go mbeadh sé ag druidim i dtreo deiridh
Iúil 2009	An ceathrú PGN/Cuimsitheacht dlite don tréimhse 2009-2012

Clár Oibre Liospóin a Leanúint

Ciallaíonn úsáid na bhfocail *tionchar cinntitheach* i ngealltanas Liospóin ar dheireadh a chur le bochtaineacht, ní amháin feabhas a chur ar scéal na bochtaineachta, ach ar a laghad cuid de na bunchúiseanna a cheansú agus a bhaint amach. In san áireamh ar an méid a tugadh tosaíocht dó, beidh siad siúd a d'aithin an AE faoin dteideal "na dúshláin atá romhainn" ina Thuarascáil Chuimsitheachta Chomhpháirteach (féach rannóg 2.3), go mór mhór maidir le bonneagar agus seirbhísí ar nós sláinte agus oideachas, agus neamhionannais ioncaim.

Tá sé seo le baint amach laistigh de chomhthéacs sprioc straitéiseach Liospóin a dhéanfaidh an t-Aontas Eorpach faoi 2010:

"an eacnamaíocht bunaithe ar eolas is iomaíche agus is bríomhaire ar domhain, le cumas fáis eacnamaíochta marthanach le níos mó poist agus poist níos fearr agus comhtháthú sóisialta níos mó".

Tugtar cabhair d'fhorbairt an cur chuige straitéiseach náisiúnta chun bochtaineacht agus cuimsitheacht shóisialta a cheansú, trí scrúdú a dhéanamh ar sprioc Liospóin ó thaobh cosanta sóisialta/comhtháthú sóisialta de agus ó thaobh na heacnamaíochta de. Tá sé seo ar aon líne leis an cur chuige dár teideal an *triantán polasaí*, de eacnamaíocht, fostaíocht, agus gnéithe cosanta sóisialta a chur i bhfeidhm i bhforbairt polasaí i slí chomhtháite, ag aithint go bhfuil siad ag tabhairt tacaíocht ceachtartha agus ag athneartú go ceachtartha

Féachtar ar pholasaí sóisialta, mar shampla, mar "fachtóir tháirgiúlachta" tábhachtach agus ní mar sos i gníomhaíocht eacnamaíochta. Tá sé aitheanta níos mó anois, go mór mhór i measc Baill Stáit an AE, go gcuireann polasaithe sóisialta, a sholáthraíonn do infheistíochtaí i gcaipiteal daonna agus sóisialta (i réimsí tacaíochta fostaíochta, oideachas, tithíocht, sláinte agus tacaíocht ioncaim) le héifeachtacht eacnamaíochta níos airde mar feabhsaíonn siad táirgiúlacht agus caighdeán an fhórsa oibre. Chomh maith leis sin, tá na comhaontaithe comhpháirtíochta sóisialta socruithe a thugann sochair shóisialta buana agus síocháin fhostaíochta, mar fhachtóirí tábhachtacha i spreagadh infheistíocht isteach agus táirgiúlacht níos mó. Nuair atáthar ag cur tionchar cinntitheach ar bhochtaineacht tríd an bpróiseas seo, ní amháin go gcuirfear le comhtháthú níos mó an phobail ach le fás eacnamaíochta marthanach agus poist níos fearr chomh maith.

Próiseas AE

Nuair a chuirfear sruthlíne ar "Próiseas Oscailte Comhordaithe" an AE, ciallóidh sé go gclúdóidh tuarascálacha ar Chosaint Shóisialta/Chuimsitheacht Shóisialta don Chomhairle Eorpach agus na foilseacháin a thagann astu, pinsin, cúram sláinte, agus b'fhéidir "obair a chur ag íoc", chomh maith le cuimsitheacht shóisialta, le hanailís don chuimsitheacht a dhéanamh níos leithne. Ba cheart go gceadódh sé seo cur chuige níos forbartha agus ginearálta a dhéileálann le líon limistéir polasaithe atá scartha ach gaolta sa réimse sóisialta. Ba chóir go gcabhródh an próiseas sruthlíneach le malartú eolais, taithí agus an cleachtas is fearr idir na 25 Baill Stáit thar na príomh réimsí polasaí sóisialta.

Próiseas Náisiúnta

Tógfaidh an PGN/Cuimsitheacht do 2006 go 2009 san áireamh an meastóireacht don mhéid atá bainte amach faoin bPlean reatha maidir le cuimsitheacht shóisialta. Ar an gcuid is lú réiteoidh sé chun teach leis na haidhmeanna agus

spriocanna do 2007 mar atá leagtha amach sa SNF athbhreithnithe, *Sochaí Chuimsitheach a Thógáil*. B'fhéidir go mbeadh na torthaí nithiúla atá tagtha as na *Tionscnaimh Speisialta* feiliúnacha snaidhmthe ann. B'fhéidir go mbeadh cur chuige "*Tionscnaimh Speisialta*" san áireamh ann chomh maith, ag aithint limistéir fiarghearrtha eile i gcóir forbairt polasaí atá bainteach le comhpháirtithe sóisialta, agus bheifeá ag súil le polasaithe aontaithe a bheith forbartha do na limistéir seo do chomhshnaidhmeadh, ag a dhéanaí, sa PGN/Cuimsitheacht don tréimhse 2009-2012. D'fhéadadh aon fhorbairtí cuimsitheachta sóisialta sa todhchaí a bhaineann leis an PFN/CTP a bheith mar pháirt den phróiseas chomh maith.

3.1 RÉAMHRÁ

Léiríonn an rannóg seo cuid de na príomh ghníomhartha a chur Ranna Rialtais chun cinn chun do chomhrac na bochtaineachta agus eisiamh sóisialta i rith na tréimhse clúdaithe ag an dTuarascáil Bhliantúil. (Tá mion-eolas le fáil ar na gníomhartha seo agus ar thionscnaimh eile i gCuid II den tuarascáil seo.) Chuaigh a lán de na gníomhartha seo chun cinn roimh fráma ama na tuarascála seo agus tá siad fós ag dul ar aghaidh. Tá gníomhartha áirithe breise san áireamh nach bhfuil tagairt díreach déanta dóibh sa PGN/Cuimsitheacht. Mar sin féin, creideann An Oifig um Chuimsiú Sóisialta (OCS) go bhfuil sé riachtanach na gníomhartha seo a bheith san áireamh chun pictiúr iomlán a thabhairt ar gach gníomh agus polasaí Rialtais a bhíonn tionchar acu ar chuimsitheacht shóisialta. San áit go bhfuil spriocanna polasaí sainiúla san PGN/Cuimsitheacht, tá siad seo léirithe i dtosach gach rannóg.

In a lán cásanna, os rud é go bhfuil na sonraí neamh–iomlán nó in easnamh, níl féidir tuairisciú ar thoradh na dtionscnamh éagsúlaSeo ceist a bheidh á phlé ag an OCS mar chuid d'fhorbairt Straitéis Sonraí. Tá nádúr tuairisciúil ag gnéithe áirithe agus níl siad dírithe an méid sin ar na torthaí. Is féidir tomhais na mbuntáistí agus na dtorthaí a bheith deacair toisc nádúr na hidirghabhála, na gnéithe difriúla a bhíonn tionchar acu ar bhochtaineacht agus chuimsitheacht shóisialta, agus toisc go bhféadfadh sé tarlú ná rabhadh sé i bhfeidhm sa ghearr-théarma. Tá sampla maith de seo le feiceáil i gcreatlach an chomhionannais, mar shampla, nach bhfuil sé simplí na costais agus na sochair a chur ag réiteach le chéile go héasca . Tá éifeacht maidir le seo measta ar bhonn chothromaíochta agus ar bhonn fabhraithe agus ní i dtéarmaí a luacha airgid. Sá chás seo, déanann nádúr daonnaí an pholasaí meastóireacht níos deacra, agus forbraítear é ar bhonn a thairbhe, de ghnáth. Ar an dtaobh eile den scéal tá áiteanna gur féidir díriú níos cruinne orthu, go háirithe i gcás ceist a chur an bhfuil costais agus cláir dírithe i gceart ar fhadhbanna sóisialta sainiúla, ar ghrúpaí leochaileacha faoi leith, nó ar cheantair faoi mhíbhuntáiste. Tá gá feabhas a chur ar scileanna agus ar thuairisciú sa limistéar seo chun a chinntiú go bhfuil forbairt ar pholasaí agus ar bhreitheanna sa todhchaí bunaithe ar eolas bailí agus fíor. Slí amháin chun tuiscint níos fearr a fháil ar na gnéithe seo ná polasaithe ar dhíonacht ar bhochtaineacht a leanúint. Beidh an OCS ag díriú ar na gnéithe seo i gcomhairle le Ranna agus leis an nGrúpa Comhairleach ar Chuimsitheacht Shóisialta chun tuiscint agus meabhraíocht níos fearr a bheith ag na daoine a bhfuil cúram polasaí acu sna gnéithe seo.

Tá sé soiléir chomh maith ón gcéad tuarascáil seo go bhféadfadh sé a bheith buntáisteach do ghnéithe fiarghearrtha áirithe aghaidh a thabhairt orthu trí níos mó comhoibriú seachas a bheith ag trasnú a chéile. Tá roinnt socruithe casta eagraithe agus freagraí straitéiseacha mínithe agus iad uaireanta dírithe ar an ngrúpa céanna. Féachann An Oifig um Chuimsiú Sóisialta ar an dtuarascáil bhliantúil seo mar chéim mór tosaigh chun an líon mhór gníomhartha atá ar siúl a aithint agus a mhíniú. Mar sin féin, tuigimid, chomh maith, go bhfuil laige ann agus beidh sé mar chuid dár gcuid oibre sa todhchaí an t-eolas atá ar fáil a úsáid chun na fadhbanna a aithint agus na naisc idir-gníomhaireachta a neartú.

Tuigtear, chomh maith, go bhfuil cuid den teanga beagán státúil. Seo limistéir eile faoina bhfuil an OCS ag súil le tuiscint níos fearr a fhorbairt agus ar chumarsáid níos fearr a chur chun cinn. Tá ról tábhachtach ag an OCS chun a chinntiú "go bhfuil tuiscint forleathan, agus eolas coibhneasach, laistigh agus lasmuigh den earnáil phoiblí ar cad chuige go bhfuil an SNF curtha le céile do. Is cabhair mhór í an tuarascáil maidir le seo.

Tá sé tábhachtach a chur in iúl go bhfuil an tuarascáil seo bainteach le gníomhartha Rialtais amháin agus go príomha ag leibhéal náisiúnta: tá údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí áitiúla, na Comhpháirtithe Sóisialta, an earnáil phobail agus dheonach bainteach le réimse mór gníomhartha tábhachtacha bainteach le cuimsitheacht shóisialta, agus tacaíocht ón bpobal ag roinnt acu. Soláthraíonn na gníomhartha seo, idir poiblí agus príobháideach, deiseanna foghlama, forbartha agus comhpháirtíochta dúinn go léir.

Aithníonn agus tá meas ag an OCS ar ionchur gach Roinne agus go háirithe an fhoireann atá ag obair sna hAonaid Chuimsitheachta Sóisialta tríd an Stáit Seirbhís, agus an fonn atá orthu cabhrú linn chun an próiseas a chur ar aghaidh. Tugann siad an t-aitheantas céanna agus tá an meas céanna acu ar ionchur an Ghrúpa Comhairleach ar Chuimsitheacht Shóisialta agus an chabhair a thugann siad don próiseas.

3.2 An Roinn Ealaíon, Spóirt, agus Turasóireachta

Chun cosc a chur ar an mbaol d'eisiamh

Clár Spóirt Caipitiúil

Cuireann an Clár Spóirt Caipitiúil atá á rith ag an Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta ciste ar fáil d'eagraíochtaí deonacha agus d'eagraíochtaí pobail ar bhonn bhliantúil chun cabhrú le háiseanna spóirt a bhunú. Is í an aidhm atá le seo ná chun leibhéal an rannpháirteachais a ardú agus feabhas a chur ar chaighdeáin fheidhmíochta. Tá geall le €331 milliún tugtha do 4,271 tionscadal ar fud na tíre i rith na tréimhse idir 1999 agus 2004.

Access 2001-2004

Soláthraíonn an Scéim Tacaíochta Forbartha Caipitiúil d'Ealaíon agus Chultúr (ACCESS 2001-2004) maoiniú do thionscadail Ealaíne agus Cultúrtha ar fud na tíre. I Lúnasa 2001 roghnaíodh 44 tionscadal le haghaidh maoiniú a tháinig go dtí €45.71 milliún De réir mar atá feabhas ag teacht ar theacht ar áiseanna ealaíne agus cultúrtha agus an méadú ar rannpháirteachas i ngníomhartha ealaíona agus cultúrtha táthar ag súil go mbeidh éifeacht dearfach acu ar ghrúpaí agus ar dhaoine le míbhuntáiste.

3.3 An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta

Chun Cosc a Chur ar an mBaol d'Eisiamh

Mí-úsáid Drugaí agus Alcól

Is tionscnamh speisialta é Mí-úsáid Alcól/Drugaí faoi *Sustaining Progress*.

Bunaíodh Straitéis Náisiúnta na nDrugaí 2001-2008 trí bhliana ó shin agus tá meastachán lár-théarma le déanamh air roimh dheireadh 2004. Tá 100 gníomh ar leith ann, faoi na treoirlínte maolú ar sholáthar, cosc, cóireáil agus taighde a bheidh á chur i bhfeidhm ag raon de Ranna agus Ghníomhaireachtaí. Ón am ar seoladh é tá dul chun cinn mór déanta i gcur i bhfeidhm na ngníomhartha agus, seachas méid bheag, tá na cinn eile ag dul ar aghaidh go breá.

Tá dul chun cinn áirithe déanta i leith méadú na n-áiteanna do chóireáil mhetadón Ba é líon na n-áiteanna ag deireadh Aibreáin 2004, an dáta is deireanaí go bhfuil figiúirí deimhneacha ann do, ná 6920 atá sa bhreis ar an sprioc a bhí leagtha amach sa Straitéis. An figiúir choibhéiseach d'Aibreán 2003 ná 6606, faid is a bhí sé 5032 ag deireadh na bliana 2002.

Clár Forbartha Pobail

An aidhm atá ag an gClár Forbartha Pobail ná bochtaineacht agus eisiamh sóisialta a ísliú trí thacaíocht a dhíriú ar phobail faoi mhí-bhuntáiste agus faoi eisiamh i dtreo is go mbainfidís buntáiste as forbairt eacnamaíoch agus shóisialta Tríd an gClár

tugtar airgead do thionscadail áitiúla agus go ginearálta clúdaíonn an t-airgead sin na costais bhunúsacha reatha maidir le hionad forbartha acmhainne pobail a stiúradh.

Ó Mheán Fhómhair 2003 amach tugadh airgead do 15 tionscadal forbartha pobail a bhí lonnaithe ar an mórchóir i gceantair ACPIF agus CLÁR rud a d'fhág gur tugadh tacaíocht do 175 tionscadal faoin gClár.

Chun cabhrú leo siúd is leochailí

CLÁR
Is é atá i gCLÁR ná clár athbheochana dírithe ar cheantair go bhfuil an daonra ag dul i léig ann. Cuireann an clár seo comheagar ar fhoinsí airgeadais poiblí agus príobháideach sean-bhunaithe agus soláthraíonn sé, agus tapaíonn sé, fondúireacht le haghaidh bonneagair eacnamaíochta sóisialta ar scála beag. Cabhraíonn sé seo le pobail tuaithe deacrachtaí áitiúla a réiteach agus go mbeadh teacht ar réimse seirbhísí tábhachtacha mar sholáthar uisce, cur de láimh séarachais, rochtain ar bhóithre, cumarsáid leathanbhanda agus ar bhonneagar cumarsáide agus eacnamaíochta. Léiríonn an clár seo gur féidir le maoiniú beag poiblí atá dírithe go speisialta a bheith buntáisteach do cheantair tuaithe le daonraí ísle no le daonraí ag dul i léig.

ACPIF (Athbheochan Ceantair trí Phleanáil, Infheistíocht agus Fhorbairt) Is tionscnamh dírithe ag an Rialtas ar na ceantair is mó míbhuntáiste sa tír é an Clár ACPIF.Iarann sé seo ar Ranna Rialtais agus ar Ghníomhaireachtaí Stáit comhordú níos fearr agus slánú níos fearr sna seirbhísí a sholáthar. Tá dhá shraith sa Chlár ACPIF-díríonn Sraith I ar cheantair uirbeacha agus díríonn Sraith II ar 20 baile cúige ar fud na tíre.

Tugadh €5 mhilliún de mhaoiniú do cheantair ACPIF chun tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt faichí imeartha agus d'oibreacha ar uasghrádú eastáit údaráis áitiúla. Tugadh thart ar €2 milliúin breise do chistí clubanna spóirt i gceantair ACPIF, gur éirigh leo faoi Chlár Spóirt Caipitiúil na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta. Chomh maith le sin bunaíodh ciste faoi leith de €4.5 milliún i 2004 chun breis forbartha ar scála beag a chur ar aghaidh. Leanfaidh Ranna Rialtais ag obair chun na moltaí ar scála níos mó ó phleananna ACPIF a chur chun cinn.

Clár fhorbartha cuimsitheachta sóisialta áitiúil
Is í an aidhm atá ag an gClár Forbartha Cuimsitheachta Sóisialta Áitiúil ná aghaidh a thabhairt ar mhí-bhuntáistí pleananna straitéiseacha atá dírithe ar na daoine is mó ar eisiamh, le leanaí leochaileacha san áireamh, a chur i gcríoch.

Tá an Clár faoi stiúir ag Bainistíocht Forbairt Limistéar (BFL) ar son na Roinne agus tá sé á sheachadadh ag 38 Comhpháirtíocht, 33 Grúpa Pobail agus ag 4 Conradh Fostaíochta Ceantair. Ullmhaíonn gach ceann de na grúpaí plean straitéiseach a leagann amach cuspóirí, gníomhartha agus spriocanna i leith trí fho-bhearta - *Seirbhísí do Dhaoine Dífhostaithe, Forbairt Phobail agus Tionscnaimh Óige ar Bhunús Pobail,* ceaptha chun díriú ar bhochtaineacht agus ar chuimsitheacht shóisialta ina gceantair.

I 2003 tugadh tacaíocht do 31,777 duine faoin mbeart Seirbhísí do Dhaoine Dífhostaithe agus ghlac 9351 duine páirt i gcláir thraenála agus oideachais. Thug an beart Forbartha Pobail den gClár tacaíocht do 1,654 tionscadal ar bhonn pobail agus do 184 tionscnamh bonneagair ar scála beag. I rith na bliana thug an fo-bheart Tionscnaimh Óige ar Bhonn Pobail cabhair do 40,521 duine óg agus do 13,806 duine fásta.

An Clár SÍOCHÁNA
Tá éifeacht na coimhlinte i dTuaisceart Éireann tar éis cur le bochtaineacht agus cuimsitheacht shóisialta sna contaetha teorainneacha. Tá na Cláir Shíochána agus Athmhuintearais a bhfuil a mhaoiniú ag an AE ag leanúint lena gcuid tacaíochta a thabhairt do phobail mhíbhuntáisteacha trí fhorbairt ar bhonneagar pobail, ar thionscnaimh thraenála agus oideachais agus trí thacaíocht a thabhairt do ghrúpaí leochaileacha agus ag an am gcéanna síocháin agus athmhuintearas a chruthú chomh maith.

3.4 An Roinn Oideachais agus Eolaíochta

Is tionscnaimh speisialta é Déileáil le Míbhuntáiste Oideachais faoi *Sustaining Progress*.

PGN/Cuimsitheacht Spriocanna:

- Líon na ndaltaí le deacrachtaí litearthachta móra a ghearradh síos de leath roimh 2006;
- **Líon na ndaoine d'aois ó 16-64 le leibhéal litearthachta íseal a laghdú go 10-20 faoin-gcéad faoi 2007; agus**
- **Líon na ndaoine óga a fhágann an córas scoile go luath a laghdú, chun go mbeadh céatadán na ndaoine a chríochnaíonn an dara leibhéal uachtarach, nó a choibhéiseach, ag 85 faoin gcéad faoi 2003 agus ag 90 faoin gcéad faoi 2006.**

Teacht ar acmhainn, chearta, earraí agus sheirbhísí a éascú do gach duine

Sonraí litearthachta
Tá easpa eolais bunúsaigh agus torthaí ach tá a lán gníomhartha nua bunaithe do thuairisciú níos fearr i limistéar na litearthachta. Baineann siad seo le bunú roinnt chórais chun faire ar leibhéil litearthachta agus ar leibhéil uimhearthachta leanaí agus daoine fásta agus go háirithe iad siúd atá míbhuntáisteach. Is í an aidhm ná na córais seo a bheith in áit roimh 2006.

Rinne an t-Ionad Taighde Oideachais (ITO) suirbhé i 2003 chun sonraí bunúsacha litearthachta a fháil ar ranganna a haon, a trí, agus a sé i mbunscoileanna míbhuntáisteacha. Bhí an tsuirbhé seo bunaithe ar líon mór samplaí forleathana de bhunscoileanna míbhuntáisteacha in Éirinn. Bhí tuarascáil na suirbhé foilsithe i mí Dheireadh Fómhair 2004.

Scoileanna agus Teicneolaíocht Fhaisnéise & Chumarsáide (TFC)
Tá an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ag ceapadh Creatlach Polasaí faoi láthair chun rudaí a chur chun cinn maidir le TFC i scoileanna don tréimhse go deireadh 2007, agus tabharfar tosaíocht d'fhorbairtí tacaíochta i scoileanna míbhuntáisteacha agus cúram faoi leith a chur ar fáil do leanaí le riachtanais speisialta. Tá an earnáil teileachumarsáide mar aon leis an Rialtas tar éis €18 milliún a thabhairt chun cabhrú le leathanbhanda a sholáthar do 4,100 bunscoil agus meánscoil.

Gradaim do theacht ar oideachas
Sheol Údarás Náisiúnta um Cháilíochtaí na hÉireann creatlach náisiúnta de cháilíochtaí a shíneoidh ón ngrád oideachais/litearthachta is bunúsaí go dtí leibhéal an dochtúra i mí Dheireadh Fómhair 2003. I lár 2004 tá an creatlach tar éis gradaim do gach leibhéal a leagadh amach, cheana féin, agus an tslí a n-oibreoidh agus a fheidhmeoidh siad i dteannta a chéile sa mheán-théarma. Tá na socruithe déanta le haghaidh na slite a bhfeidhmeoidh an creatlach laistigh den ard-oideachais i 2004/5 agus tá pleanáil ar siúl dá chur i bhfeidhm i mbreis-oideachais agus i dtraenáil.

Daoine Fásta agus litearthacht
Tá méadú leanúnach ar mhaoiniú le haghaidh cláir litearthachta agus tá ardú mór ar líon na ndaoine a ghlacann páirt. Shocraigh an Plean Forbartha Náisiúnta ar sprioc go mbeadh 113,000 duine ag glacadh páirt i gcláir dá leithéid don tréimhse 2000-2006 agus bhí 100,000 duine ag glacadh páirt ag deireadh 2003.

Fágáil na scoile go luath agus freastal/tacaíocht scoile
Ag am chlóbhualadh na tuarascála seo tá athbhreithniú forleathan ar na cláir oideachais míbhuntáisteacha go léir ar siúl ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta.

Soláthraíonn an Bord Leasa Oideachais Náisiúnta, go príomha tríd a Oifigigh Leasa Oideachais, comhairle agus tacaíocht do thuismitheoirí, do chaomhnóirí agus do scoileanna agus cinntíonn siad go bhfreastalaíonn gach leanbh ar scoileanna aitheanta nó go bhfaigheann gach leanbh íosmhéid áirithe oideachais. Tá cur amach a sheirbhísí, leanúnach agus tugtar tosaíocht do phobail míbhuntáisteacha. Tá cúig fhoireann réigiúnacha bunaithe anois le bunús acu i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i nGaillimh agus i bPort Láirge agus tá foireann curtha i gceantair leis an míbhuntáiste is mó orthu agus i gceantair atá cheana féin ar an gclár ACPIF. Tá Oifigeach Leasa Oideachais anois chomh maith i dtrí gcinn déag de bhailte le daonraí arda ag freastal ar scoileanna iontu. D'eisigh an Bord bileog eolais do 330,000 clann agus do 4,100 scoil go luath i mí Márta. Chomh maith le sin tá uimhir ghuthain Glao-Áitiúil ann anois chun an t-eolas a thabhairt do thuismitheoirí ar a bhfreagrachtaí agus a ról dlíthiúil faoin Acht (Leasa) Oideachais 2000.

Chun cabhrú leo siúd is leochailí

Oideachas le haghaidh riachtanais speisialta
Bhunaigh an t-Aire Oideachais agus Eolaíochta an chéad Chomhairle Náisiúnta Oideachais Speisialta ar an 24 Nollaig 2003. Bhí an t-Acht um Oideachais do Dhaoine a bhfuil Riachtanais Oideachais Speisialta acu curtha i bhfeidhm i mí Iúil 2004.

Tá 350 post múinteoireachta breise le haghaidh daltaí le riachtanais speisialta ceadaithe agus córas nua ceadaithe le haghaidh leagadh amach acmhainne le haghaidh *riachtanais speisialta* i mbunscoileanna.

An Lucht Siúil
Thosaigh obair i bhFómhar 2003 ar Straitéis Oideachais don Lucht Siúil cúig bliana ar fhorbairt. Tá an tuarascáil ar an Straitéis le bheith críochnaithe go luath i 2005. Tá saineolaí ón dtaobh amuigh ceaptha chun an próiseas a threorú le comh-ghrúpa oibre ón gCoiste Míbhuntáiste Oideachais agus ón gCoiste Comhairleach ar Oideachas don Lucht Siúil.

3.5 An Roinn Fiontar Trádála agus Fostaíochta

Is iad Daoine Dífhostaithe go Fadtéarmach, Oibrithe Leochaileacha agus daoine a rinneadh iomarcach mar ábhar do thionscnamh speisialta faoi *Sustaining Progress*.

PGN/Cuimsitheacht Spriocanna:

- **Chun deireadh a chur le dífhostaíocht fhadtéarmach chomh luath agus is féidir ach roimh 2007 ar aon chuma;**
- **Chun an leibhéal dífhostaíochta i ngrúpaí leochaileacha a laghdú go dtí an meán náisiúnta roimh 2007;**
- **Chun ráta fostaíochta na mban a ardú go meán de níos mó ná 60 faoin gcéad i 2010 mar atá i gceist sa Phlean Gníomhaíochta Fostaíochta Náisiúnta;**

- **Cuspóirí an Phlean Gníomhaíochta Oideachais a bhaint amach chun rátaí fostaíochta a ardú;**

- **Tá Pá Íosta Náisiúnta le bheith athraithe go €7 in aghaidh na huaire ón 1 Feabhra 2004.**

Chun cabhrú le rannpháirteachas sa bhfostaíocht

An Próiseas Cosc agus Gníomhú

Is í aidhm an Phróisis Cosc agus Gníomhú ná chun laghdú ar dífhostaíocht agus chun cabhrú le daoine dífhostaithe filleadh ar obair chun dífhostaíocht fhadtéarmach a sheachaint trí ghníomhú leis na daoine seo. Bhí an Próiseas leagtha amach ar bhonn réigiúnach de réir a chéile do dhaoine ar an gclár beo níos faide ná sé mhí nach raibh roghnaithe le haghaidh cuimsitheacht sa phróiseas cheana. Tá sonraí le fáil i gCuid II, Rannóg 1.

Cláir Ghníomhacha an Mhargaidh Saothair (CGMS)

In ainneoin an laghdú mór dífhostaíochta, le dífhostaíocht fadtéarmach san áireamh (DFT) tá réimse mór de chláir ghníomhacha traenála agus don mhargadh saothair i bhfeidhm thar líon de Ranna Rialtais leis an aidhm chun cabhrú le daoine dífhostaithe agus le daoine neamhghníomhacha teacht ar an margadh saothair.

I láthair na huaire tá thart ar 67,000 duine ar chláir dá leithéid agus is ionann é seo, nach mór, agus áit amháin do gach duine dífhostaithe.

Scéimeanna FÁS

Is iad na cláir a chuireann FÁS i bhfeidhm faoi choimirce na Roinne seo ná Clár Eacnamaíochta Sóisialta (ES), Fostaíocht Pobail (FP) agus Tionscnaimh Fostaíochta (TF), agus cláir Thraenála FÁS agus tá thart ar 37,000 áit iontu go léir le céile. As seo tá timpeall 25,000 áit cruthaithe tríd an FP (20,000), TF (2,200) agus ES (2,300). Ar bhonn leanúnach laistigh de FÁS cuirtear béim sa chéad áit ar chláir ghníomhacha an mhargaidh saothair a sholáthair ins na háiteanna ainmnithe ag an Rialtas mar cheantair míbhuntáisteacha (ACPIF agus CLÁR). Tá méid iomlán an mhaoinithe le haghaidh na trí scéim fostaíochta i 2004 socraithe ag €351 milliún . Tá méid na n-áiteanna ag fáil maoiniú i 2004 mar an gcéanna le líon na ndaoine a ghlac páirt ag deireadh na bliana 2003.

Tá gnéithe áirithe den fhócas agus téarmaí rannpháirtíochta FP an TF agus an ES faoi scrúdú leanúnach agus tuilleadh comhairlithe ar siúl leis na Comhpháirtithe Sóisialta. Mar thoradh ar an bpróiseas seo beidh eolas ar fáil faoi aon athruithe sa struchtúr agus i dtéarmaí agus i gcoinníollacha rannpháirtíochta na gclár seo sa dtodhchaí.

Próiseas Ard Tacaíochta (PAT)

Thug FÁS PAT isteach do dhaoine le deacrachtaí pearsanta fostaíochta atá ag lorg post . Tosaíodh é i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i nGaillimh, i gCill Chainnigh, i Luimneach, i nDún Dealgan, i Sligeach, agus i bPort Láirge le buiséad de €1.2 milliún. Faoin gclár, tá na daoine a ghlacann páirt dáilte faoi Oifigigh Sheirbhíse Fostaíochta FÁS agus/nó chuig Idirghabhálaithe Seirbhíse Fostaíochta Áitiúla chun cabhrú leo a ndeacrachtaí fostaíochta a aithint agus a réiteach. Eagraíonn grúpa ilghníomhaireachta seachadadh na seirbhísí riachtanacha agus teacht ar na seirbhísí seo a bhíonn á lorg ag an nduine aonair.

Bhain 39 duine sa Thionscnamh Fostaíochta agus 297 cliant "Neamh-Ullamh chun dul ar Aghaidh" úsáid as an dtacaíocht bhreise i 2003. Bhí an Próiseas Ard Tacaíochta ar fáil timpeall na tíre go léir i 2004 agus ceaptar go mbainfidh 320 cliant "Neamh-Ullamh chun dul ar Aghaidh" agus 230 cliant úsáid as an bpróiseas roimh dheireadh na bliana sin.

Ciste Traenála Náisiúnta

Tá traenáil agus ardú scileanna an fhórsa saothair riachtanach chun a chinntiú gur féidir le daoine teacht ar dheiseanna oibre agus ar phoist de chaighdeán níos fearr agus le pá níos fearr. Tá an Ciste Traenála Náisiúnta á mhaoiniú maidir le fostaithe i bhfostaíocht de Ghrád A agus Grád H trí cháin bhreise de 0.7 faoin gcéad a bhailiú ó fhostóirí. Seasann sé seo do timpeall 75 faoin gcéad de na fostóirí go léir clúdaithe faoi árachas. Fuarthas ciste de €250 milliún le linn 2003. Nuair a chuirtear an barrachas (sealadach) de €65 milliún a tógadh ar aghaidh ó 2002 leis an bhfigiúr sin, is é méid iomlán an mhaoinithe ar fáil le haghaidh cuspóirí an Chiste i rith 2003 ná €317.5 milliún. I 2003, thug An Chiste Traenála Náisiúnta tacaíocht do scéimeanna stiúrtha ag FÁS, Fiontraíocht Éireann, IDA na hÉireann, Comhlacht Saor Forbartha na Sionainne, Skillnets Ltd., FORFAS, Institiúid Innealtóirí na hÉireann agus an t-Údarás um Ard-Oideachas. Is é an caiteachas measta ón gCiste a bhí pleanáilte i 2004 ná €293 milliún agus tá an barrachas sa Chiste le tabhairt ar aghaidh go 2005 measta ag €66 milliún.

Teacht ar acmhainn, chearta, earraí agus sheirbhísí a éascú do gach duine

Pá Íosta Náisiúnta

Bhí leibhéal an phá íosta méadaithe go €7.00 in aghaidh na huaire ón 1 Feabhra 2004 faoin Acht um Pá Íosta Náisiúnta.

Chun cabhrú leo siúd is leochailí

Daoine le Míchumas – Tionscnamh Slí Chun Oibre

Tosaíodh an plean seo faoin gComhaontú Comhpháirtíochta Sóisialta deireanach, *an Clár Rathúnais agus Córa* chun fostóirí, daoine le míchumas, ceardchumainn agus grúpaí eile a sheasann do leas na ndaoine le míchumas, i ngréasáin bunaithe faoin dtionscnamh chun feabhas a chur ar a ndeiseanna fostaíochta. Is é an chéad tionscnamh páirtíochta dá leithéid san Eoraip, leis an aidhm chun na leibhéil dífhostaíochta arda i measc daoine óga le míchumas sa rannóg príobháideach a phlé. Baineann Ré I de seo le meabhraíocht a ardú agus le heolas a chur le chéile, a chríochnaigh san Earrach 2004 agus rinneadh athbhreithniú air ina dhiaidh (tá an Tuarascáil le bheith críochnaithe sa bhFómhar). Baineann Ré II le teimpléad a fhorbairt chun na rudaí atá in easnamh sa chéim réamh-fhostaíochta a aithint agus a phlé, le comh-Threoirlínte IBEC/ICTU a bhunú agus le forbairt suíomh idirlín fostaíochta agus eolais 'aon-staid' (le bheith críochnaithe faoi dheireadh mí Márta 2005).

An Lucht Siúil – Clár EQUAL

Tá FÁS mar cheann de na comhpháirtithe le Pointe Pavee (páirtíocht déanta suas den Lucht Siúil agus dhaoine socraithe in éirínn ag oibriú le chéile chun feabhas a chur ar shaolta an Luchta Siúil trí oibriú chun cearta sóisialta, dlúthpháirtíocht, forbairt socheacnamaíocha agus cearta daoine a thabhairt chun cinn) ar Thionscadal Cothrom a fhéachann ar dheiseanna fostaíochta a chruthú in Eacnamaíocht an Luchta Siúil. Seo tionscnamh nua atá á thosú ag Pointe Pavee (Baile Átha Cliath), sa Ghaillimh ag i gCluain Dolcáin. Is é atá i gceist leis an gclár ná oibriú le fir ón Lucht Siúil go dteastaíonn uatha gnó nua a bhunú nó a fhoirmiú. Tá an Clár ar siúl ó 2002 agus tá sé le bheith críochnaithe i 2005. Tá deichniúr páirteach i ngach clár.

Iar-phríosúnaigh agus ógánaigh i mbaol

Comhoibríonn FÁS agus an tSeirbhís Phromhaidh agus Leasa ar a lán tionscadail a nglaoitear Ceardlanna Ceartais orthu a chuireann an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí maoiniú mór ar fáil do tríd an Seirbhís Phromhaidh & Leasa agus díolann FÁS as na Liúntais Traenála. Bunaíodh na Ceardlanna seo, atá á bainistithe agus riartha ag Coistí Bainistíochta i gcomhlachas leis an Seirbhís Phromhaidh agus Leasa, le haghaidh ógánaigh i mbaol, ciontóirí agus iar-chiontóirí. Tá an

41 Ionad Traenála Pobail ag FÁS oscailte chun iar-phríosúnaigh agus ógánaigh a ghlacadh atá curtha chucu ón Seirbhís Phromhaidh agus Leasa.

3.6 An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

Is é Tithíocht agus Lóistín ná tionscnamh speisialta faoi *Sustaining Progress*.

PGN/Cuimsitheacht Spriocanna:

- **Chun ráta soláthair na tithíochta a thabhairt níos cóngaraí don ráta éilimh i dtreo is go mbeadh an t-éileamh tithíochta, a leagadh amach sa PGN (500,000 aonad nua idir 2000-2010) bainte amach i slí phleanáilte, chiallmhar.**
- **Chun 41.500 tosú do thithe údaráis áitiúla a sholáthar (éadálacha san áireamh) idir 2000 agus 2006;**
- **Chun coibhneas ceart de bhearta do thithíocht shóisialta agus inacmhainne a sholáthar chun go réiteodh siad le riachtanais na dteaghlach difriúla; agus**
- **Go mbeadh tithe éigeandála ar fáil do dhaoine a chónaíonn ar na sráideanna agus go mbeidís in ann teacht ar sheirbhísí a chabhróidh leo teacht ar an dtithíocht. Bainfidh an sprioc seo le gach ceantar faoi údarás áitiúil agus an bhord sláinte. Beidh athbhreithniú ar dhul chun cinn na sprice ag deireadh 2003, agus, má's gá, roinnt athruithe a chur in áit chun é a bhaint amach.**
- **Faoi dheireadh 2007 beidh córais teasa fónta ar fáil i ngach foirgneamh ar chíos os na húdaráis áitiúla le haghaidh seandaoine.**
- **Beidh lóistín oiriúnach ag gach clann de chuid an Luchta Siúil aitheanta, de réir plean lóistín don Lucht Siúil cúig bhliana an údaráis áitiúil, mar bheith in éagmais roimh dheireadh 2004.**

Teacht ar acmhainn, chearta, earraí agus sheirbhísí a éascú do gach duine

Soláthar Tithíochta

Críochnaíodh 228,928 aonad tithíochta idir Eanáir 2000 agus deireadh 2003. D'iarradh ar údaráis áitiúla, sonraí ar thalamh atá le fáil le haghaidh tithíochta, a thabhairt don Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ag deireadh mí an Mheithimh agus táthar ag súil go mbeidh torthaí an tsuirbhé foilsithe i Ráiteas Staitisticí Tithíochta na Roinne (Ráithe Mheáin Fómhair 2004).

Tá sé beartaithe ag an Rialtas an earnáil cíosaithe príobháideach a thabhairt suas chun dáta agus a fhorbairt toisc go dtuigeann sé a ról tábhachtach i lóistín inacmhainne a sholáthar. Mar aon leis an ngeall seo bhí an t-Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004, a sholáthraíonn d'athrú mór a dhéanamh ar an dlí do thiarna/thionónta, curtha i bhfeidhm i mí Lúil 2004. San áireamh in ngnéithe an Achta a tháinig i bhfeidhm ó mhí Mheán Fómhair 2004 tá urrús tionachta feabhsaithe, modhanna nua fhoirceannadh tionóntachta agus bunú Bord um Thionóntachtaí Príobháideacha Cónaithe (féach ar Chuid II do shonraí iomlána

Tosaithe Tithíochta

Tosaíodh ar 20,622 (nó 50.3 faoin gcéad den sprioc) tigh a thógáil de chuid an údaráis áitiúil faoi dheireadh 2003. Chríochnaigh nó fuair na húdaráis áitiúla tuairim is 5,000 aonad sa bhliain 2003 agus táthar ag súil leis an méid chéanna sa bhliain 2004.Tá an t-aschur ó na údaráis áitiúla le trí bhliain anuas trian sa bhreis ar na trí bhliain roimhe sin.

Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainne

Tá cláir láidre tithíochta sóisialta agus tithíochta inacmhainne á choimeád i bhfeidhm chun riachtanais na ndaoine nach féidir leo díol as a

riachtanais tithíochta fhéin. Clúdóidh an maoiniú atá a sholáthar i 2004 riachtanais 13,000 teaghlach i gcomparáid le geall le 8,500 i 1998.

Bhí geall sa thionscnamh speisialta tithíochta agus lóistín faoi *Sustaining Progress* chun féachaint ar éifeachtach ná gclár seo atá déanta chun cabhrú le grúpaí le hioncam íseal, san áireamh iontu seo tá; daoine le riachtanais tithíochta sóisialta agus daoine le riachtanais tithíochta speisialta ar nós seandaoine, daoine le míchumas, daoine gan dídean agus an Lucht Siúl. I dtaca leis an ngeall sin tá an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil (RCORA) agus an Fóram Tithíochta (feithicil chun deis a thabhairt do na comhpháirtithe sóisialta ionchur a bheith acu i bhforbairt polasaí) tar éis aontú faoi chlár oibre d'athbhreithniú an tsoláthair de thithíocht shóisialta agus inacmhainne. Tá staidéar cuimsitheach á dhéanamh ag an gComhairle Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialta faoi láthair ar thithíocht agus ar thalamh.

Tugadh pleananna ilbhliantúla isteach le haghaidh tithíocht sóisialta agus tithíocht inacmhainne chun a chinntiú go dtéann na foinsí atá ar fáil agus an chinnteacht ag éirí as plean ilbhliantúla 5 bhliana an Rialtais, fógartha sa Bhuiséad i 2004 i bhfeidhm go hiomlán. Chomh maith leis sin teastóidh ó na pleananna gníomhaíochta, atá le cur i bhfeidhm ag na húdaráis áitiúla sa thréimhse 2004-2008, go léireoidh an creatlach pleanála do thithíocht shóisialta agus inacmhainne cur chuige lán aontaithe imeasctha i leith tithíocht a chuir ar fáil chun a chinntiú go mbainfear amach an luach don airgead agus an éifeachtacht is fearr.

Chun cosc a chur ar an mbaol d'eisiamh

Easpa Dídine

Is í an sprioc ná go mbeadh na seirbhísí do dhaoine gan dídean ar fáil dóibh roimh dheireadh 2004 agus baineann sé seo le gach ceantar ina bhfuil údarás áitiúil nó bord sláinte. Ag deireadh 2003 bhí athbhreithniú le bheith ann ar an ndul chun cinn i leith an sprioc a bhaint amach agus, má's gá, athrófar cúrsaí chun é a bhaint amach.

Tá réimse mór seirbhísí agus lóistín soláthartha do dhaoine gan dídean ó ar tugadh an Straitéis Easpa Dídine isteach. Tá aird mhór tugtha do dhaoine a chodlaíonn go garbh. Tá seirbhísí bunaithe i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus i Luimneach chun go mbeadh teagmháil le daoine a chodlaíonn go garbh. Tá iostas fliuch tar éis oscailt i mBaile Átha Cliath agus i Luimneach le haghaidh daoine a ólann ar na sráideanna. Seoladh an dara Plean Gníomhaíochta ar Easpa Dídine de chuid Bhaile Átha Cliath 2004-2006 ar an 28 Iúil 2004, *Ie Making it Home* mar theideal air. D'ullmhaigh an Ghníomhaireacht le haghaidh Easpa Dídine ar son na ceithre údaráis áitiúla i mBaile Átha Cliath agus i gcomhlachas leis na boird sláinte agus eagraíochtaí reachtúla agus deonacha eile. Tá socruithe á dhéanamh ar leibhéal lárnach d'athbhreithniú ar Straitéis Easpa Dídine an Rialtais agus ar na pleananna gníomhaíochta a bhaineann leis. Lorgófar tairiscintí faoi dheireadh Mheáin Fómhair agus beidh comhairleoirí ceaptha agus athbhreithniú tosaithe roimh dheireadh mí na Nollag 2004.

Chun cabhrú leo siúd is leochailí

Daoine Aosta

PGN/Cuimsitheacht Sprioc: Beidh córais teasa fónta ar fáil i ngach lóistín de chuid údaráis áitiúil atá ar cíos le haghaidh seandaoine.

Chun cabhrú le dul chun cinn na sprice 2007 agus chun soláthar acmhainní teasa lárnacha a bhrostú thug an RCORA clár teasa lárnach isteach i mí Iúil 2004 do lóistíní an údaráis áitiúil atá ar cíos. Is é méid iomlán an mhaoinithe don chlár seo i 2004 ná

€15m. Cuireann an RCORA €12 milliún de seo ar fáil agus cuireann na húdaráis áitiúla €3miliún eile ar fáil.

An Lucht Siúil
PGN/Cuimsitheacht Sprioc: Beidh lóistín oiriúnach ag gach clann de chuid an Luchta Siúil aitheanta, de réir plean lóistín don Lucht Siúil cúig bhliana an údaráis áitiúil, mar bheith in éagmais roimh dheireadh 2004.

Tá dul chun cinn déanta i seachadadh na lóistíní breise le haghaidh an Lucht Siúil. Tá 1,369 clann breise i lóistín ó thosaigh na cláir cúig bhliana Tá laghdú de 419 clann i suímh neamhúdaraithe de bharr seo. Tá méid na gclann ar shuímh neamhúdaraithe tar éis laghdú ó 1207 go 788.

Daingniú Cuimsitheacht Shóisialta sa Rialtas Áitiúil

Bhunaigh an Ghníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus an OCS Gréasán Foghlamtha Frithbhochtaineachta an Rialtais Áitiúil i ndeireadh 2000. Bunaíodh é seo chun tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm SNF ag leibhéal áitiúil agus chun cuimsitheacht shóisialta a dhaingniú sa rialtas áitiúil.

Is í aidhm an Ghréasáin ná chun díriú ar frithbhochtaineacht a fhorbairt agus tacaíocht a thabhairt dó laistigh de chóras leasaithe an rialtais áitiúil. Tá sé stiúrtha ag an nGníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine le cabhair ó Choiste Comhairleach agus ó Ghrúpa Treorach.

3.7 An Roinn Airgeadais

PGN/Cuimsitheacht Spriocanna:

- **Sa mhéid is go bhfuil aon scóip ar laghdú cánach pearsanta déanfar iarracht ar dhaoine atá ar an bpá íosta náisiúnta a thógaint ón líonra cánach chun go sroichimid ár sprioc go mbeidh 80% de lucht íoctá cánach nach bhfuil thar an gnáth ráta cánach.**

Teacht ar acmhainn, chearta, earraí agus sheirbhísí a éascú do gach duine

Polasaí Cánachais
Tá roinnt tionscnaimh ar siúl nó curtha chun cinn i gcás polasaí cánachais agus mar thoradh orthu seo bhí buntáiste á thabhairt dóibh siúd ar ioncam íseal. Tá 668,700 duine ar ioncam bainte ón líon cánach le seacht mbliain anuas (seo 35 faoin gcéad de gach duine a thuilleann ioncam) de bharr an ghill a rinne an Rialtas go mbeadh gach duine atá ar an bpá íosta náisiúnta bainte as an líon cánach. Is é an figiúr roimh an mBuiséad i 1998 ná 380,000 (25 faoin gcéad de dhaoine a thuilleann ioncam).

Sa Bhuiséad do 2004 ba é an pointe iontrála don chóras cánach a choimeádadh ná 90 faoin gcéad den phá íosta go bliantúil an fhad is ar ardaíodh ráta an phá íosta féin go dtí €7 in aghaidh na huaire ón 1 Feabhra 2004. Nuair a tugadh isteach an pá íosta i mí Aibreáin 2000 bhí níos lú ná 64 faoin gcéad den phá íosta go bliantúil saor ó cháin.

Tá an Buiséad 2004 tar éis na teorainneacha Aoise Díolúine do cháin ioncaim a ardú don tríú bhliain as a chéile. Tá na teorainneacha méadaithe geall leis 44 faoin gcéad i dtrí bhliain agus ag an am céanna ceaptar go dtiocfaidh méadú ar an ráta boilscithe de bheagán níos lú ná 11 faoin gcéad. Faoin gcóras ní gá do dhaoine d'aois a 65 nó níos mó cáin a íoc suas go dtí pointe áirithe-tá na teorainneacha i gcás duine singil nó baintreach mar €15,500 agus €31,000 i gcás lánú pósta le duine nó an bheirt in aois a 65 nó níos aosta. Tá 81,300 seanduine bainte as an líon cánach thar na 7 mbuiséid dheireanacha.

Díonacht ar Bhochtaineacht sa Bhuiséad
Is é díonacht ar bhochtaineacht an polasaí agus an príomh ghné le haghaidh béim a chur ar

chuimsitheacht shóisialta ag leibhéal an Rialtais lárnaigh ó dheireadh 1998. Díonacht ar bhochtaineacht sa bhuiséad is ea cúram iomlán na Roinne Airgeadais. Baineann an próiseas seo le hathbhreithniú a dhéanann an Roinn ar an slí a théann pacáiste an Bhuiséid i bhfeidhm. Baineann siad úsáid as treoirlínte na Straitéise Náisiúnta Frithbhochtaineachta do dhíonacht ar bhochtaineacht. Mar thoradh ar scrúdú ar bhuiséad na bliana 2004 , mar ar chuaigh sé i bhfeidhm do dhíonacht ar bhochtaineacht thángthas ar an dtuairim i dtaobh daoine go bhfuil síor–bhochtaineacht bainteach leo, agus atá sa líon cánach, go rachadh bearta cáin ioncam an Bhuiséid i bhfeidhm go tairbheach ar sprioc iomlán an SNF chun bochtaineacht a laghdú sa chuid sin den dhaonra.

3.8 An Roinn Sláinte agus Leanaí

PGN/Cuimsitheacht Spriocanna:

- An difríocht mortlaíocht anabaí idir na grúpaí socheacnamaíochta is ísle agus is airde a laghdú ar a laghad 10 faoin gcéad do ghalair imshruthú na fola, ailse, gortaithe agus nimhiú roimh 2007; agus Laghdú 10 faoin gcéad sa dhifríocht idir rátaí breithe meáchain ísle idir na grúpaí socheacnamaíochta is ísle agus is airde ón leibhéal a bhí ann i 2001, roimh 2007.

Teacht ar acmhainn, chearta, earraí agus sheirbhísí a éascú do gach duine

Tionscnaimh chun obair fhrithbh ochtaineachta sna seirbhísí sláinte a chun i bhfeidhm

Tá Foireann Pleanála an Tionscadail Sláinte agus an SNF ag tabhairt tacaíocht d'fhoireann na seirbhíse sláinte i leith gníomhartha a chur i bhfeidhm chun príomh-spriocanna sláinte an SNF a bhaint amach. Is í aidhm na hoibre seo ná chun meabhraíocht faoi spriocanna an SNF agus faoi cheisteanna cuimsitheachta sóisialta a ardú sa seirbhís sláinte níos leithne, bunsraith a leagadh síos do ghréasán foghlama agus gníomhartha príomhshrutha eile a chur chun tosaigh chun rathúlacht an SNF i leith sláinte a phlé i gcomhthéacs polasaithe móra a chur i bhfeidhm. Tá an chéad ré, a bhaineann le bailiú eolais agus le leagadh amach cláir, nach mór curtha i gcríoch.

Sprioc do mhonatóireacht ar mhortlaíocht anabaí

D'iarr an Roinn Sláinte agus Leanaí ar an Institiúid Sláinte Poiblí mionscrúdú a dhéanamh ar shonraí mortlaíochta agus daonra an CSO do 2002 (an ceann is déanaí ar fáil). Léiríonn na sonraí seo go bhfuil difríochtaí móra idir na grúpaí socheacnamaíocha is ísle agus is airde ó thaobh rátaí báis ó ghalair imshruthú fola, ailse, gortaithe agus ó nimhiú. Cabhróidh an t-eolas seo le breitheanna a dhéanamh sa dtodhchaí.

Measúnú Iarmharta Sláinte (MIS) a chur i bhfeidhm

Tá dul chun cinn i gceist an MIS i gcomhthéacs atheagrú na Roinne Sláinte agus Leanaí agus obair Feidhmeannaigh Eatramhaigh na Seirbhíse Sláinte. Idir an dá linn beidh cruinnithe déthaobhacha ag an Roinn Sláinte agus Leanaí le roinnt Ranna Rialtais i dtaobh an MIS roimh dheireadh 2004. Cuirfidh an obair seo le hobair seimineár a bhí ar siúl le haghaidh banaisteoirí sinsearacha agus le seoladh treoirlínte modheolaíochta an MIS agus le hionstraim scagtha le haghaidh an MIS, i mí Iúil 2003. Tá an Institiúid Sláinte Poiblí, a sholáthraíonn tacaíocht teicniúil don MIS, tar éis fógairt le haghaidh breis foirne sa limisteir seo chomh maith.

Cur i bhfeidhm na Straitéise Cúraim Príomha

Leagann an Straitéis Cúraim Príomha amach fís do sheirbhís chúraim príomha atá comhtháite, ard-chaighdeánach, ilsmachtúil agus cabhrach a fhorbairt chun riachtanais sláinte agus sóisialta na ndaoine a chomhlíonadh. Tá na deich dtionscadal píolóta ag dul ar aghaidh go maith i bhforbairt foirne cúraim príomha ilsmachtúla. Tá méid áirithe de na

suímh ainmnithe sna Cláir ACPIF agus CLÁR mar cheantair dhíobhála. Tá tionscadail eile suite i gceantair le díobháil ard ann agus éileamh ceadaithe le haghaidh Seirbhísí Leighis Ginearálta. Tá na seirbhísí sláinte ag déanamh scrúdú faoi láthair ar an slí is fearr chun na hacmhainní cúraim príomha/pobail atá ann faoi láthair a eagrú chun úsáid a bhaint as obair-mheithle ar bhonn níos leithne (ná na 10 dtionscadal) . Tugadh maoiniú i 2003 do thionscnaimh a thugann tacaíocht do leathnú an chuspóra ilsmachtúla de chúram príomha.

Cur i bhfeidhm na Straitéise Sláinte Cardashoithíoch

Ó seoladh an Straitéis Sláinte Cardashoithíoch i mí lúil 1999 tá €54 milliún infheistithe chun é a chur i bhfeidhm. Is iad na príomh struchtúir náisiúnta chun tacaíocht a thabhairt don phróiseas a chur i bhfeidhm agus chun comhairle shainiúil a sholáthar ná an Tascfhórsa Sláinte Croí agus an Fóram Comhairleach ar Shláinte Cardashoithíoch. Tá meastóireacht den chlár "Heartwatch" ar siúl faoi láthair agus tá tuarascáil le bheith críochnaithe i ndeireadh 2004. Tabharfar stádas socheacnamaíocha na n-othar faoi deara sa mheastóireacht. I measc na n-ábhar a bpléifear tá cothromas fála, laistigh den daonra i gceist, agus baic ar othair atá ag glacadh páirt sa chlár "Heartwatch".

Ar an 29ú Márta 2004 cuireadh cosc ar thobac a caitheamh in san chuid is mó de na háiteanna oibre dúnta le tithe tábhairne san áireamh. An phríomh chúis leis an mbeart seo ná chun sláinte na n-oibreoirí agus an phobail a chosaint ó dhamáiste an deataigh ó thobac. Tá toradh dearfach go dtí seo i ngach earnáil agus tá an leibhéal géilleadh an-ard.

Tá Plean Gníomhaíochta Náisiúnta do Bhac ar Thobac forbartha le Teiripe Ionadú Nicitín le haghaidh othair le Cárta Liachta acu agus feachtas teilifíse éifeachtach '*Tá Gach Toitín ag Déanamh Damáiste Duit*' san áireamh ann. Tá Líne Náisiúnta Éirí As mar thacaíocht ar an bhfeachtas.

Tá an Tascfhórsa Náisiúnta ar Fhoircheasacht ag forbairt straitéis náisiúnta chun déileáil le foircheasacht agus bheith ró-throm. Díreoidh an Straitéis seo ar ghrúpaí socheacnamaíochta níos ísle. "Tugann gach céim cabhair, déanann athruithe beaga an difríocht" seoladh feachtas náisiúnta ar aithne pobail ar 2 Meán Fómhair a dhíríonn ar fhoircheasacht agus ar dhaoine ró-throm.

Bhí an tsláinte cardashoithíoch mar ghné an-thábhachtach i rith Uachtaránacht na hÉireann ar an AE agus bhí an t-Aire mar óstach ar dhá chomhdháil mhóra.

Ailse

D'fhoilsíodh an Tuarascáil ar fhorbairt Sheirbhísí Radaíochta Ailse in Éirinn i mí Dheireadh Fómhair 2003. Do ghlac an Rialtas leis an moladh go raibh clár mór riachtanach chun fhorbairt mhear a dhéanamh ar sheirbhísí cliniciúla radaíochta ailse a leigheas ar chaighdeáin nua-aimsire. D'fhógair an t-Aire Sláinte agus Leanaí le déanaí go raibh sé ag ceadú foireann bhreise de 130 agus maoiniú iomlán-bliana de €15 milliún chun Roinn Radaíochta Ailse nua a oscailt in Ospidéal na hOllscoile sa Ghaillimh agus chun an ceann in Ospidéal na hOllscoile i gCorcaigh a mhéadú. Tá ocht luasairí líneacha in Éirinn faoi láthair agus cruthóidh na forbairtí seo cúig cinn eile.

Mhol an Tuarascáil gur chóir go mbeadh dhá ionad leighis sa réigiún Oirthearach. Cuireadh ceist ar an bPríomh Oifigeach Leighis comhairle a thabhairt ar an suíomh is fearr le haghaidh áiseanna leighis radaíochta i mBaile Átha Cliath a roghnú . Déanfaidh sé é seo le cabhair ó shaineolaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ceaptar go mbeidh an próiseas roghnaithe críochnaithe roimh dheireadh 2004.

Sprioc i leith meáchain breithe íseal
Bailítear sonraí ar mheáchain breithe íseal de réir an ghrúpa socheacnamaíochta tríd an gCóras Tuairiscithe Náisiúnta Imill-bhreith atá bainistithe ag an ITES ar son na Roinne Sláinte agus Leanaí. Tá roinnt deacrachtaí tar éis teacht isteach sa scéal de bharr briseadh suas clainne (m.sh. de bharr a lán easpa eolais nó de bharr cé acu stádas socheacnamaíochta an athar nó na máthar gur chóir a úsáid). Tá scrúdú á dhéanamh ar na deacrachtaí seo agus déanfar anailís orthu roimh dheireadh 2004. Tá an Institiúid Sláinte Poiblí ag cur críoch le hathbhreithniú ar éifeacht idirghabhála chun meáchain leanaí sna grúpaí íseal-aicme a fheabhsú. Beidh sé seo críochnaithe faoi dheireadh na bliana 2004

Forbairt Phobail mar ghné i neamh-ionannais a laghdú i gcúrsaí sláinte
I mí na Bealtaine 2003 sheol an Roinn Sláinte agus Leanaí agus an Ghníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine le chéile Clár chun Pobail Sláintiúla a Thógáil de chuid na gníomhaireachta a bhíonn dírithe ar fhorbairt phobail chun neamhionannais i gcúrsaí sláinte a laghdú. I 2003 thug an Roinn €15,000 do dhá thionscadal forbartha pobail faoin gclár seo agus tá an Roinn ag tabhairt maoiniú do thrí thionscadal i 2004.

Sláinte Mheabhrach
Bunaíodh Grúpa Saineolaí ar Pholasaí Sláinte Meabhrach i mí Lúnasa 2003 chun creatlach polasaí náisiúnta a ullmhú chun na seirbhísí sláinte meabhrach a thabhairt suas chun dáta. Ceaptar go gcríochnóidh an Grúpa seo a chuid oibre i 2005.

Chun cosc a chur ar an mbaol d'eisiamh

Easpa Dídine d'Ógánaigh
Faoin Straitéis Easpa Dídine d'Ógánaigh tá a chomhionann de 141.5 post lánaimseartha cruthaithe agus líonta thar na 10 réigiún de na mBord Sláinte suas go deireadh 2003 (le Foireann Bhainistíochta, Oibreoirí Tionscadail, Oibreoirí Sóisialta, Oibreoirí Tacú Clainne, Oibreoirí Iarchúraim agus Banaltraí Sláinte Poiblí san áireamh).

Chun cabhrú leo siúd is leochailí

Mná
Fógraíodh leathnú den Chlár Náisiúnta Cíoch-scrúdaithe anuraidh go dtí Ceatharlach, Cill Chainnigh agus Loch Garman agus go mbeadh sé ag leathnú go dtí na réigiúin san iarthar agus sa dheisceart. Tosaíodh air i Loch Garman i mí Márta na bliana seo. Tugadh cead le déanaí chun Foireann Deartha a fhostú chun chabhrú leis an gclár "BreastCheck" a chur i bhfeidhm i gCorcaigh agus i nGaillimh le déanaí. Oibreoidh an Fhoireann Deartha ar phleananna sonracha do thógáil an dá aonad cliniciúla "Breastcheck". Tá maoiniú caipitiúil de thart ar €20 milliún curtha i leataoibh mar chuid den chlár Infheistíochta Caipitiúil 2004-2008.

Seirbhísí sláinte do sheandaoine
Bhí maoiniú breise de níos mó ná €10.7 milliún soláthartha do Sheirbhísí do Sheandaoine i 2004. Chuaigh timpeall €3.75 milliún de seo don Seirbhís Chabhrach Bhaile. Tá an Grúpa Náisiúnta Cur i bhFeidhm do bhainistíocht ar mholtaí a thabhairt isteach ón dTuarascáil Elder faoi Mhí-iompair i bhfeidhm. Tá Athbhreithniú tosaithe ar Scéim Dheonú Thithe Altranais. Tugadh maoiniú i 2004 chun modúil dea-chleachtais i gcúram sheandaoine sa phobal agus tá roinnt Bhoird Sláinte tar éis tionscadail phíolóta a bhunú.

Lucht Siúil
Tá an Roinn Sláinte agus Leanaí le comhairle Coiste Comhairleach an Luchta Siúil tar éis réimse gníomhartha sonraithe sa Straitéis, a thosú agus/nó a chríochnú ar nós: Comhordaitheoirí Réigiúnacha Sláinte a cheapadh don Lucht Siúil; traenáil faoi chultúr a sholáthar d'fhoireann an bhoird sláinte; Cúram Sláinte Príomha a thabhairt isteach do thionscadail an Luchta Siúil; agus Pleananna

Gníomhaíochta Réigiúnacha a fhorbairt. Tá na cinn ag an deireadh críochnaithe agus tá tosaíochta aitheanta do 2004.

Mhionlaigh Eitneacha
Seoladh Straitéis Sláinte Réigiúnach le haghaidh Mionlaigh Eitneacha do cheantar Údarás Réigiúnda Sláinte an Oirthir ar an 23ú Meán Fómhar 2004.

3.9 An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí

PGN/Cuimsitheacht Sprioc:

- Chun ráta fostaíochta na mban a ardú go meán de níos mó ná 60 faoin gcéad i 2010 mar atá i gceist sa Phlean Gníomhaíochta Fostaíochta Náisiúnta 2001.

Páirtíocht i fhostaíocht a éascú (déileáil comhionann)

Acht um Chosaint Mháithreachais (Leasú) 2004
Neartaíonn an t-Acht um Chosaint Mháithreachais (Leasú) 2004, a leasaigh a t-Acht um Chosaint Mháithreachais 1994, forálacha an saoire máithreachais atá ann faoi láthair, agus tá sé le tosú go luath.

An Bille um Shaoire Uchtaíoch 2004
Cuireann an Bille um Shaoire Uchtaíoch 2004 moltaí athbhreithnithe i leith reachtaíocht máithreachais agus uchtaíoch i bhfeidhm agus neartaíonn sé agus cuireann sé leis na forálacha atá ann faoi láthair, tá súil go mbeidh sé i fheidhm faoi 2004.

Cúram Leanaí
An Clár Comhdheiseanna um Chúram Leanaí (CCCL)
D'aithin an t-athbhreithniú Mean-Téarmach den PFN/CTP agus na Cláir Oibríochta Réigiúnacha tábhacht an chláir seo agus mhéadaíodar maoiniú ó €436.7 milliún go dtí €449.3 milliún.

Leanfaidh an maoiniú de €263 milliún atá geallta go deireadh mí Lúil 2004 ag cruthú 29,639 áit chúraim leanaí nua agus tacaíocht do 27,418 áit eile, mar sin ag dul thar an sprioc d'áiteanna nua do leanaí, do 28,403 roimh deireadh 2007. Ag deireadh mí na Nollag 2003, bhí 18,320 áit (8,109 lánaimseartha agus 10,211 áit pháirtaimseartha) do na háiteanna nua críochnaithe. Tá tacaíocht leanúnach á thabhairt do 19,058 áit chúraim leanaí.

Go deireadh mí Lúil 2004, tá €45 milliún curtha ar fáil le maoiniú do sheirbhísí cúraim leanaí i gceantair ACPI agus €23 milliún curtha ar fáil do seirbhísí cúraim leanaí i gceantair CLÁR, ag tacú le hathnuachan cathrach agus tuatha i gceantair faoi mhíbhuntáiste.

Beidh páirt éifeachtach don mhaoiniú riachtanach do ról tacú deontais foirne á chur ar fáil, le freastal ar theaghlaigh le míbhuntáiste agus ar thacú leanúnach do Choistí Cúraim Leanaí Cathrach/Contae agus Eagraíochtaí Cúraim Leanaí Deonacha Náisiúnta.

I mí na Nollag 2003, sheol an t-Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí feachtas don lucht cúraim leanaí le seachadadh ag na Coistí Cúraim Leanaí Cathrach/Contae. Tá an tionscnamh seo á chur ar fáil trí Chlár Meabhraíochta Cáilíochta de léachtaí gearra do lucht cúraim leanaí ar ghnéithe de chúram leanaí cáiliúil agus scéimeanna deontais beaga suas go dtí €630 ar mhaithe le trealamh de chaighdeán maith a cheannach. Sa chéad sé mhí den scéim, bhain thart ar 1,200 do lucht cúraim leanaí tairbhe as an srath leachta.

I mí an Mheithimh 2004, d'fhoilsigh an Roinn *Developing Childcare in Ireland*, athbhreithniú cuimsitheach don dul chun cinn go deireadh 2003.

Teacht ar acmhainn, chearta, earraí agus sheirbhísí a éascú do gach duine

Ag aistriú treoracha AE maidir le cine, gairm agus gnéas

Cuireann an tAcht Comhionannais 2004 trí threorach AE i bhfeidhm, gurb é a bhfeidhm ná a chur do dhualgas ar Bhaill Stáit cosc a chur le idirdhealú díreach, idirdhealú indíreach agus ciapadh ar bhonn gnéis, ciníochais, creidimh, míchumais, aoise nó treoshuíomh gnéasach maidir le fostaíocht, féin-fhostaíocht nó oideachas gairmiúil agus traenáil. Tá íospairt coisithe chomh maith. Déanann siad cosc ar idirdhealú chomh maith ar bhonn cine nó bunús eitneach i gcosaint shóisialta ag tabhairt san áireamh leasa sóisialta agus cúram sláinte, buntáistí sóisialta, oideachas agus teacht ar agus soláthar earraí agus seirbhísí, le tithíocht san áireamh.

Chun cabhrú leo siúd is leochailí

PFN Beart Comhionannais do Mhná

Tá moltaí le cur i bhfeidhm Ré II den Bheart Comhionannais do Mhná ceadaithe ag an Aire le déanaí. Beidh an príomh fhócas do Ré II ar mhná a braitheann míbhuntáiste eacnamaíochta. Do beagnach €11 milliún curtha ar leataoibh do Ré II don mBeart, tá €7 milliún curtha ar leataoibh le maoiniú a dhéanamh ar thionscadail i gceantair RAPID. Beidh fócas chomh maith ar phríomhshruthú na foghlama ó Ré I. Cuirfear maoiniú ar fáil chun tacú le mná chun forbairt agus chun gairmeacha a leanúint san eolaíocht agus sa theicneolaíocht.

Daoine le Míchumas – Straitéis Náisiúnta Míchumais

Ar an 21 Meán Fómhair 2004, sheol an Rialtas Straitéis Náisiúnta Míchumais le taca a chur faoi pháirtíocht daoine le míchumas sa bpobal. Tá ceithre eilimint sa straitéis –

- An Bille Míchumais 2004
- Bille *Comhairle* (Leasú) 2004
- Sé Phlean Imlíneach Teascógach, agus
- Clár Infheistíochta bliantúil a chur ar fáil ar son seirbhísí tacaíochta do dhaoine le míchumas.

Tógann an Straitéis ar pholasaí atá ann faoi láthair agus reachtaíocht leis an Acht um Chomhionannais Fostaíochta 1998; an Acht um Stádas Comhionann 2000; an Acht um Chomhionannais 2004; an Acht Oideachais do Dhaoine le Riachtanais Speisialta 2004; agus an polasaí le príomhshruthú a dhéanamh ar fhoráil seirbhísí do dhaoine le míchumas i ngníomhaireachtaí Stáit a fhorálann ar son saoránaigh go ginearálta.

Iarrthóirí Tearmainn – Próiseáil Éilimh Tearmainn

Le blianta beaga anuas, tá acmhainní éifeachtacha curtha ar fáil ag an Rialtas leis an bpróiseas cinniúna tearmainn. Leanann an leibhéal ard infheistíochta seo le torthaí dearfacha ó thaobh luas de agus ó thaobh an méid iarratais a phróiseáiltear agus atá ag fanacht leis an gcinneadh deiridh.

Lean próiseáil ar aghaidh go láidir sna gníomhaireachtaí próiseála tearmainn, is iad siúd Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe (OCID) agus an Binse um Achomhairc Dídeanaithe (BAD) le 8,641 cás críochnaithe ag an OCID agus 5,031 cinneadh déanta ag an BAD. Chomh maith leis sin, ag deireadh mí na Nollag 2003, bhí 2,896 cás ar siúl sa dá gníomhaireacht i gcomparáid le 6,500 cás thar sé mhí ag deireadh mhí Mheán Fómhair 2001.

Maidir le ham próiseála, faigheann iarratais le tosaíocht, sin timpeall 50 faoin gcéad do na cásanna láithreacha, cinneadh díreach san OCID laistigh do sé sheachtain tar éis an iarratais a chur isteach agus déileálann an BAD leo go tapa chomh maith.

Cuireann Rannóg 4 den tuarascáil seo sonraí do chomhdháil a tionóladh le linn uachtaránacht na hÉireann don AE ar an ábhar de ghluaisteacht agus

cuimsiú sóisialta a réiteach. Rinne an chomhdháil plé ar na dúshláin a chuireann gluaisteacht daoine san AE agus an gá le tacú agus cosaint a chur ar fáil d'imircigh agus go ginearálta laghdú a dhéanamh ar baol na bochtaineachta agus eisiamh sóisialta.

Príosúnaigh agus iar-phríosúnaigh – Bainistíocht Pianbhreithe Dearfach
Bhí tionchar ag an nGrúpa Comhordaithe ar Chomhtháthú Ciontóirí i roinnt tionscnaimh a chur churn cinn go mór mhór maidir leith lóistín do phríosúnaigh tar éis scaoileadh amach agus sruthlíniú a dhéanamh ar an bpróiseas a leanann iar-phríosúnaigh chun sochair leasa a fháil. Is iad na hathruithe dearfa is mó acu seo ná mar leanas:

Aontaíonn an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil:

- go mbeidh príosúnaigh i dteideal iarraidh a bheith curtha ar liosta tithíochta an rialtais áitiúil naoi mí roimh a bpianbhreith a chríochnú nó roimh an dáta gur dóichí go scaoilfear amach iad;

- beidh sé riachtanach do rialtais áitiúil féachaint chuige go ndéileáiltear le riachtanais tithíochta phríosúnaigh ina n-athbhreithnithe dá straitéisí tithíochta; agus

- ag braith ar bhreathnú bainistíochta eastáit, is féidir le príosúnaigh gearr-théarmacha nó príosúnaigh ar athchur a dtionóntacht leis an rialtas áitiúil a choimeád an fhad agus atá siad sa phríosún.

Faoi rialacha nua, tugtha isteach ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, a tháinig i bhfeidhm ar an 31 Eanáir 2004, is féidir le príosúnaigh gearr-théarmacha agus príosúnaigh ar athchur leanúint le forlíon cíosa a fháil ar feadh suas go dtí 13 seachtain. Cabhróidh an t-athrú seo le lóistín príobháideach ar cíos do phríosúnaigh a choimeád an fhad agus atá siad sa phríosún i dtreo is ná bhfágfaí gan dídean iad. Is féidir leis na Rialacha nua an t-am faoi choimeád a áireamh chun cáiliú chun teacht ar fhorlíon cíosa.

An tSeirbhís Phromhaidh agus Leasa – Forálacha Comhdhála Teaghlaigh an Achta Leanaí 2001
Cuireadh forálacha Comhdhála Teaghlaigh an Achta Leanaí 2001 ar bhonn reachtúil ar an 29 lúil, 2004. Tionólann an tSeirbhís Phromhaidh agus Leasa an Chomhdháil Teaghlaigh. Tá tionóladh na Comhdhála faoi stiúir na cúirte san áit go nglacann an leanbh freagracht as a iompar coiriúil agus san áit go bhfeictear don chúirt go mbeadh sé inmhianaithe plean gníomhaíochta a dhéanamh sa chás áirithe. Má ghéilltear don phlean gníomhaíochta, beidh an duine in ann ciontú a sheachaint. Beidh Oifigeach Promhaidh, an ciontóir, tuismitheoirí an chiontóra, an t-íospartach agus daoine eile bainteach ar nós na Gardaí áitiúla, páirteach sa Chomhdháil Teaghlaigh.

3.10 An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh

PGN/Cuimsitheacht Spriocanna:

- Ráta de €150 in aghaidh na seachtaine a bhaint amach i dtéarmaí 2002 do na rátaí íocaíochta leasa sóisialaigh is ísle faoi 2007. I rith tréimhse an Phlean (2003-2005) déanfar ardú ar na rátaí chun an sprioc seo a bhaint amach;

- Déanfar feabhsú ar phinsin Leasa Sóisialaigh chun an leibhéal sprice de €200 a bhaint amach faoi 2007;

- Dul chun cinn a déanamh ar fheabhsú pinsin Bhaintrí (/fir) agus méadú le déanamh ar chéille cáilithe do chéillí pinsinéirí go dtí leibhéal an pinsean seanaoise (neamh-ranníocach);

- Liúntais Sochair Linbh agus Liúntais Linbh Cleithiúnaigh le bheith socraithe ag 33 faoin gcéad-35 faoin gcéad don íocaíocht íosta leasa sóisialaigh do dhuine fásta faoi 2007. An ré deireanach de na méadaithe ilbhliantúla beartaithe i rátaí Liúntais Linbh a bheith críochnaithe i 2004 agus 2005; agus

- An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh le hathbhreithniú a dhéanamh ar ranníocaíocht an chórais tacaíochta ioncaim na Roinne le daoine ag réiteach obair agus saol teaghlaigh, an t-athbhreithniú le bheith críochnaithe roimh dheireadh 2005.

Teacht ar acmhainní, chearta, earraí agus sheirbhísí a éascú do gach duine

Rátaí Íocaíochtaí Leasa Sóisialaigh
Cuireadh méadú do €10.00 in aghaidh na seachtaine ar fáil sa Bhuiséad i 2004 do gach íocaíocht leasa sóisialaigh seachtainiúil iad siúd ar na rátaí is ísle san áireamh. Bhain iomlán do 942,700 faighteoir agus 126,200 daoine fásta cáilithe tairbhe as na rátaí íocaíochta méadaithe. Tá an íocaíocht leasa sóisialaigh is lú anois ag €134.80 in aghaidh na seachtaine. Fuair pinsinéirí le Pinsin Baintrí (/fir) agus daoine a fhaigheann Sochar Mná Céile Tréigthe, in aois 66 agus ós a chionn ardú do €11.50 in aghaidh na seachtain, ag méadú leibhéal na n-íocaíochtaí seo go leibhéal an Pinsean Seanaoise Ranníocach. Críochnaíonn an t-ardú seo an cuspóir de na híocaíochtaí seo a chur ar aon leibhéal leis an bPinsean Seanaoise Ranníocach. Déanann an ráta a bPinsean Ranníocacha ionadaíocht ar timpeall 31 faoin gcéad don mheán tuarastal tionsclaíochta.

Liúntais do Dhaoine Fásta Cáilithe do Phinsin
Seasann na rátaí do dhaoine ós cionn 66 bliana Liúntas do Dhaoine Fásta Cáilithe (LDFC) ar idir 66 faoin gcéad agus 77 faoin gcéad don uasmhéid de rátaí pearsanta, suas ó timpeall 60 faoin gcéad agus 67 faoin gcéad i 2000. Chuir Buiséad 2004 méadú do €7.70 (6.3 faoin gcéad) ar fáil sna rátaí LDFC do Phinsean Seanaoise (Ranníocacha) agus Phinsean Scoir, ag cinntiú go gcoimeádfaí leibhéil na bpinsean seo comhionann leis na rátaí íocaíochta pearsanta. Chomh maith leis sin, san áit go raibh an duine cáilithe 66 no ós a chionn, méadaíodh rataí LDFC do Phinsean Easláinte faoi €16.10 (14.2 faoin gcéad). Déanann an méadú speisialta seo an leibhéal íocaíochtaí a thabhairt go dtí leibhéal ráta LDFC pinsinéara ranníocacha eile agus déanann sé dul chun cinn dáiríre í dtreo geall ráta QAA an phinsinéara.

Sochar Linbh
Méadaíodh Sochar Linbh go dtí €131.60 in aghaidh na míosa do na chéad dhá leanbh agus go dtí €165.30 in aghaidh na míosa don tríú leanbh agus aon leanbh eile ina dhiaidh sin. Marcálann na méadaithe seo tosach an ré deiridh den phacáiste infheistíochta Sochair Linbh a tosaíodh i mBuiséad 2001, agus nuair a chríochnófaí é i 2005, feicfear infheistíocht an Rialtais sa scéim ag méadú faoi €1.27 billiún breise. Tar éis Buiséad 2004, is é an leibhéal coibhéise do thacaíocht ioncaim do leanaí ná 35 faoin gcéad don rataí leasa sóisialta íosta, ciallaíonn sé sin go bhfuil an go bhfuil an sprioc PGN/Cuimsitheacht bainte amach anois.

Liúntais ar ais chun Oideachais agus Liúntais chun filleadh ar an Obair
Rinneadh leasú eile ar an Liúntas ar ais chun Oideachais agus ar an Liúntas chun filleadh ar an Obair i 2003 chun a bhfócais leanúnach ar na grúpaí is soghonta sa phobal a chinntiú. Tar éis a thuilleadh athbhreithnithe, íslíodh an tréimhse cháilíochta do Liúntas chun filleadh ar an Obair

Fiontair ó 5 bhliana go dtí 3 bhliana do dhaoine ar shochair/cabhair dífhostaíochta, le héifeacht ó Mhárta 2004.

Ciste Tionscadal Speisialta
D'fhorbraíodh na tionscnaimh a thóg an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ar lámh trí Chiste Tionscadal Speisialta 2004. Tacaíonn an Ciste le mórán tionscnaimh le traenáil dhian, comhairliúchán agus cláir do lorg fostaíochta/sochrúcháin do dhaoine dífhostaithe agus tuismitheoirí aonair.

Saol Oibre agus Teaghlaigh a Réiteach
Tá an Roinn ag iniúchadh an próiseas le conas is féidir cabhrú le daoine chun a saolta oibre agus teaghlaigh a réiteach i slí níos éifeachtaí. Ionchur tábhachtach don tionscadal seo ná an tuarascáil ECFE 2003 *Babies and Bosses: Reconciling Work and Family Life, Austria, Ireland and Japan, Volume 2*. Tá an Roinn ag ullmhú straitéis chomh maith le comheagar a chur ar pholasaí maidir le teaghlaigh agus saol teaghlaigh, a dhéanfaidh breithniú ar an gceist i slí níos leithne, agus slí fiarghearrtha. Tá an straitéis seo le bheith críochnaithe go luath i 2004, le foilsiú go luath i 2005.

Chun cosc a chur ar an mbaol d'eisiamh

Féichiúnas
Is seirbhís eolais agus chomhairle, atá saor agus neamhspleách, í an tSeirbhís Bhuiséadadh agus Comhairle Airgid (SBCA), le buiséad do €11.4 milliún, maoinithe ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Oibríonn SBCA trí 52 soláthraí seirbhíse áitithe i 65 oifig ar fud na tíre. Tacóidh SBCA An Forbairt Náisiúnta Teoranta a bunaíodh i mí Mheán Fómhair 2004, le seirbhísí SBCA a chur chun cinn agus a fhorbairt. Tá sé thosaíocht straitéiseacha déanta amach ag an gcomhlacht nua agus tá foireann Fhorbartha Náisiúnta fostaithe acu le iad a chun i gcríoch:

- Chun caighdeán náisiúnta a bhunú leis an gcleachtas is fearr i leith comhairle airgid a sholáthar;
- Oibríocht éifeachtúil a chinntiú;
- Oideachas pobail a fhorbairt maidir le cosc ar fhiach, bainistíocht airgeadais agus buiséadadh;
- Déantóirí polasaí a aithint agus a chur ar eolas ar nithe a chuireann isteach ar fhéichiúnas;
- Margaíocht agus cur chun cinn a dhéanamh ar sheirbhísí SBCA; agus
- Comhpháirtíochta straitéiseacha a fhorbairt le haidhmeanna straitéiseacha SBCA a chur chun cinn a thuilleadh.

Dlúthpháirtíocht Teaghlaigh a Chothú
D'óstaigh an t-Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh sraith d'fhóraim chomhairleacha poiblí ar an dteaghlach ar fud na tíre sa dara leath do 2003. Sheol an t-Aire tuarascáil le téama, dár teideal 'Families and Family Life in Ireland – Challenges for the Future' faoi imeachtaí na bhfóram comhairleacha náisiúnta, ar an 25ú Feabhra 2004. Tá tuarascálacha ar gach fóram comhairleach ar fáil chomh maith. Déanfar lán dearcadh ar thorthaí an phróisis i bhforbairt na Straitéise Teaghlaigh ar theaghlaigh agus an saol teaghlaigh, atá á ullmhú faoi láthair i gcóir an 10ú bliain do Bhliain Idirnáisiúnta an Teaghlaigh

Chun cabhrú leo siúd is leochailí

Leanaí

Is Tionscnamh Speisialta é Deireadh a chur le Bochtaineacht Leanaí faoi *Sustaining Progress*.

Tá an príomh fhreagracht as comhordú an tionscnaimh seo ag An Oifig um Chuimsiú Sóisialta. Tá an oifig ag obair go dlúth leis an Oifig Náisiúnta Leanaí, Ranna Rialtais bainteacha, an

Gníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine agus na Comhpháirtithe Sóisialta i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm freagra polasaí iltoiseach.

Tá roinnt phointí polasaí agus cuspóirí aitheanta, a chaithfidh dul chun cinn a dhéanamh orthu chun an cuspóir seo a bhaint amach. Tá sé aontaithe chun an Chomhairle Eacnamaíochta agus Sóisialta Náisiúnta a choimisiúnú chun scrúdú a dhéanamh ar socruithe tacaíochta ioncaim leanaí agus éifeachtacht an Liúntais Linbh Cleithiúnaigh agus an Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh san áireamh. Tá téarmaí tagartha don Staidéar seo críochnaithe, tar éis comhairlithe leis na Comhpháirtithe Sóisialta, tá téarmaí tagartha críochnaithe.

Beidh obair ar an dtionscnamh Deireadh a chur le Bochtaineacht Leanaí ailínithe go docht le Tionscnaimh Speisialta eile a bhaineann le Cúram, Míbhuntáiste Oideachais agus Dífhostaíocht Fadtéarmach agus Oibrithe Leochaileacha agus an Straitéis atá á ullmhú ar theaghlaigh agus saol teaghlaigh, le chinntiú go bhfuil tura na bochtaineachta linbh de gach ceann déileáilte le go hiomlán. Tá obair ar bun chun na naisc atá idir Ranna agus Gníomhaireachtaí le freagracht as leanaí, a léarscáiliú. Cuirfidh an obair seo le bearnaí agus forluí a aithint i bhforbairt polasaí maidir le leanaí agus le seachadadh seirbhíse.

3.11 Roinn an Taoisigh

Is Tionscnamh Speisialta faoi *Sustaining Progress* é Gach duine a Chuimsiú sa tSochaí Eolais.

Teacht ar acmhainn, chearta, earraí agus sheirbhísí a éascú do gach duine

Cuireann an Chairt Chustaiméara a sheol an Taoiseach i mí na Nollag 2002, do dhualgas ar Ranna agus Oifigí, a ngeallta le soláthar agus seachadadh seirbhísí a dhéanamh foirmiúil tríd an leibhéal seirbhíse ar féidir le custaiméir a bheith ag súil le ó Roinn nó Oifig Rialtais a thuarascáil i gCairt foilsithe. Aithníonn an tionscnamh seo ar chaighdeáin seirbhíse, trí chabhrú le forbairt ráiteachais teidil thar raon de sheirbhísí poiblí, go teann cearta saoránaigh thar cearta sibhialta agus polaitiúla agus san áireamh in oibleagáid, tá cearta eacnamaíochta agus cultúrtha.

Mar thacaíocht do Ranna agus Oifigí chun a gCairteacha a ullmhú, cheadaigh an Rialtas srath treoirlínte sonracha i Meán Fómhair 2003. Cuireann na Treoirlínte creatlach ar fáil do Ranna agus Oifigí le haghaidh a gCairteacha a ullmhú agus a thuairisciú. Tá na Cairteacha bunaithe ar thimthriall ceithre-céime de chomhairliú, gheall, mheastóireacht, agus thuairisciú. Molann na Treoirlínte, ina ré comhairlithe, gur chóir do Ranna agus Oifigí dul i gcomhairle le grúpaí custaiméirí, agus iad seo san áireamh:

"Ionadaithe do ghrúpaí ag braith, nó éislinneach do, bhochtaineacht agus eisiamh sóisialta mar atá aitheanta ag an Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaineachta agus leo siúd faoi chlúdach reachtaíochta comhionannais –gnéas, stádas pósta, stádas clainne, aois, míchumas, treoshuíomh gnéasach, cine, creideamh, agus ballraíocht do Phobal an Lucht Siúil."

Tá 19 Cairt Chustaiméara foilsithe go dtí seo (Deireadh Fómhair 2004) agus foilseofar an chuid eile roimh dheireadh 2004. Déanfaidh Ranna agus Oifigí tuairisciú ar chur i bhfeidhm na gcaighdeán seirbhíse atá san áireamh ina gCairteacha ina dTuarascálacha Bliantúla do 2004.

Chun cosc a chur ar an mbaol d'eisiamh

Straitéis Cur i bhfeidhm E-Cuimsitheacht Náisiúnta

Tá Straitéis Cur i bhfeidhm E-Cuimsitheacht Náisiúnta athbhreithnithe forbartha bunaithe ar

thorthaí agus mholtaí athbhreithniú cuimsitheach don pholasaí Cur i bhfeidhm E-Cuimsitheacht Náisiúnta a bhí tógtha ar lámh ag Roinn an Taoisigh i gcomhairle leis na Ranna feiliúnacha, gníomhaireachtaí, eagraíochtaí agus comhlachtaí bainteacha.

Molann an straitéis athbhreithnithe seo gníomhaíocht i gcúig áit tábhachtach: Rochtain TFC, foghlaim agus scileanna; tógáil ar chumas TFC na hearnála Pobail agus Deonaigh; forbairt na Sochaí Eolais Cuimsithigh a thomhas; meabhraíocht a ardú agus príomhshruthú de cheisteanna Sochaí Eolais.

Litearthacht na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)
Leanfar leis an dtosaíocht seo laistigh den chomhthéacs d'Fhoghlaim Fad-saoil agus an geall faoin bPlean Gníomhaíochta e-Eoraip 2005 a chuirfidh Straitéis Foghlama Fad-saoil ar fáil faoi 2006.

Ina chóir seo, tá scrúdú tionscanta ag Roinn an Taoisigh de pháirt an rialtais áitiúil in uchtú chomhpháirtíochta cuí idir an phobal gnó, an earnáil oideachais/traenála agus grúpaí forbartha pobail chun freagairt do thraenáil TFC áitiúil agus riachtanais litearthachta.

Ag Tógáil Cumais TFC na hEarnála Pobail agus Deonaigh
I mí Aibreáin 2004, seoladh an Tionscadal Seirbhísí Deonacha agus Pobail Mobhaile agus thionscain Ollscoil na hÉireann Má Nuad anailís de riachtanais TFC agus chumas TFC na hearnála Pobail agus Deonaigh.

Cabhróidh an tionscadal, atá ag tosú i mBaile Átha Cliath Theas, i Maigh Eo, sa Mhí, in Uíbh Fhailí, i dTiobraid Árann Thuaigh, i dTiobraid Árann Theas agus san Iarmhí, le cumas TFC na hearnála Pobail & Deonaigh trí láithreacht a bhunú ar líne agus a chur ar a gcumas cumarsáid a dhéanamh le baill, páirtithe le suim agus saoránaigh trí shuímh idirlín, inlíon ósta, ríomh-phost slán agus geataí SMS.

Cuirfear torthaí anailís Ollscoil Náisiúnta na hÉireann isteach i rolla amach na dTionscadal Píolótacha Seirbhísí D&P Mobhaile. Tógfaidh sé ar an obair déanta cheana féin le teacht le modh tógála ó bhonn suas go dtí cumas tógála na hEarnála a chur i bhfeidhm. Déanfaidh an anailís seo meastóireacht ar conas an teicneolaíocht seo a úsáid chun cumas is fearr na n-eagraíochtaí seo a aimsiú do leas a dtoghthóirí agus an tsochaí níos leithne.

I Samhain 2003, thosaigh an CSO ag foilsiú staitisticí ar conas atá TFC á úsáid in Éirinn inniu; sa bhaile agus i ngnó.

Teacht ar Theicneolaíocht Leathanbhanda (An Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha)
Tá an Scéim Grúpa Leathanbhanda de €25 milliún, oibrithe ag an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, comh-mhaoinithe ag an bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006. Tá an Scéim, le cur i bhfeidhm thar trí bliana, chun féachaint chuig riachtanais leathanbhanda i gceantair bheaga thuatha nó pobail iargúlta trí a chur ar a gcumas a bpleananna féin a dhéanamh i gcomhpháirtíocht le soláthraithe seirbhíse leathanbhanda,

Rinneadh na chéad ghlaoch le moltaí i mí Márta 2004 le glaonna breise le déanamh gach sé mhí. Tá an scéim oscailte do gach ceantar beag agus pobal tuatha de níos lú ná 1,500 duine. Tá an rialtas chun 55 faoin gcéad de mhaoiniú caipitiúil a chur ar fáil – an méid is mó a cheadófaí faoi rialacha an AE - le leath den mhaoiniú iníoctha ag seoladh tráchtála na seirbhíse leathanbhanda do ghnóthaí agus chónaitheoirí áitiúla. Íocfar iarmhéid an mhaoinithe nuair a bhaineann an scéim amach na sprioc íosta a bhí leagtha síos do na tionscadail.

3.12 An Roinn Iompair

Teacht ar acmhainn, chearta, earraí agus sheirbhísí a éascú do gach duine

Teacht ar Iompar Poiblí

Is é an príomh fhorbairt sa pholasaí iompaí so-aimsithe le blianta beaga anuas ná an cineadh, ón mbliain 2000 ar aghaidh, go dtabharfaidh aon tionscadal athnuachana mór ag stáisiún traenach nó bus aird do riachtanais daoine le míchumas gluaisteachta nó céadfacha. Faoi an bpolasaí seo beidh gach bus nua a cheannóidh Bus Éireann agus Bus Átha Cliath do sheirbhís chathrach le hurlár íseal agus oiriúnach do chathaoireacha rotha. Mar an gcéanna leis an iarnród tá na carráistí nua go léir i gcomhréir le caighdeáin rochtana. Chomh maith leis sin faigheann foireann bhus agus thraein faoi úinéireacht stáit traenáil maidir le meabhraíocht faoi mhíchumas. Tá an Luas deartha agus ag obair mar sheirbhís lán so-aimsithe.

Thar an dtréimhse ó Lúnasa 2003 go lúil 2004 lean an obair seo ar siúl go mear agus is é mar a bhí sé ag deireadh mí lúil 2004 ná mar leanas:

Seirbhísí bus

- Ta an méid busanna le rochtain do chuid *Bus Átha Cliath* leathnaithe go dtí 486 le hurláir ísle (atá mar 45 faoin gcéad don iomlán) agus tá 50 bealach athruithe go dtí lán so-aimsithe.Chomh maith leis sin, tá foirgnimh nua an chomhlachta le háiseanna custaiméara lán so-aimsithe.
- Tá na gnáth busanna cathracha ag Bus Éireann i bPort Láirge, i nGaillimh, i Luimneach agus i gCorcaigh go léir le hurláir ísle. Chomh maith leis sin, tá roinnt bhusanna le hurláir ísle ag Bus Éireann ar bhealaí tuatha agus ar chuid de na bealaí iomalartacha i Mór-Limistéar Bhaile Átha Cliath a bhí roimhe seo gan busanna so-aimsithe.
- Tá feabhsú déanta ar roinnt stáisiúin bus agus tá clár oibre mór ar siúl maidir le seo.

Seirbhísí iarnróid

- Tá na seirbhísí iarnróid i mBaile Átha Cliath agus máguaird le rochtain do chathaoir rotha thar an gcuid is mó don ghréasán.
- Tá traenacha Fiontair Baile Áth Cliath-Beal Feirste lán so-aimsithe.
- Tá carráistí tram Luas lán so-aimsithe agus tá áiseanna clos/amhairc cosúil le carranna iarnróid cathrach nua (aibhléis)/Arrow (díosal) an DART.

Tá dul chun cinn suntasach déanta go dtí seo le stáisiúin traenach a uasghrádú le rochtain do dhaoine le míchumais gluaisteachta nó céadfacha agus tá a thuilleadh oibre ar siúl.

Chun cabhrú leo siúd is leochailí

Tionscnamh Iompair Tuatha (TIT)

Tá an Tionscnamh Iompair Tuatha (TIT) ag obair ó 2002 le maoiniú a chur ar fáil, ar bhonn píolótach, d'eagraíochtaí pobail tuatha agus do chomhpháirtíochta tuatha le féachaint ar na riachtanais iompair áirithe atá ina gceantar trí sheirbhísí iompair áitiúla a chur ar fáil. Tá Bainistíocht Forbairt Limistéir (BFL) ag bainistiú an TIT ar son an Roinn Iompair.

Tá 34 grúpa iompair tuatha á mhaoiniú faoin TIT ag deireadh mí lúil 2004, timpeall 2,500 seirbhís iompair á chur ar fáil ar timpeall 380 bealach nua tuatha agus bhí 20,000 duine ag baint úsáid as seirbhísí iompair TIT gach mí.

Cé go raibh €4.4 milliún curtha ar leataoibh do TIT i dtosach sa Phlean Náisiúnta Forbartha, chuir an Roinn Iompair €6 milliún ar fáil don tionscnamh sa thréimhse dhá bhliana suas go dtí Nollaig 2003 agus tá maoiniú eile do €3.0 milliún á chur ar fáil do i 2004. Chomh maith leis sin, tá an Scéim Saor-Thaisteal oibrithe ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh leathnaithe go dtí an TIT i mí Iúil 2003.

Bhí an TIT le críochnú ar dtúis i 2003 ach cuireadh siní leis go dtí 2004 le breis ama a thabhairt le taithí praiticiúil a fháil i seirbhísí iompair tuatha a sholáthar. Ag leanúint ar na moltaí tar éis meastóireacht chuimsitheach ar an dtionscnamh, d'fhógair an t-Aire Iompair le déanaí go raibh TIT le leanúint go dtí 2006.

SONRAÍ DE THORTHAÍ AN CHLÁIR UACHTARÁNACHTA ÉIREANNACH

Tá sé de dhualgas ag an Ball Stáit atá faoi réim in Uachtaránacht an AE gnóthaí Comhairle na n-Airí agus a gcoistí éagsúla a stiúradh, agus oibriú ar son an Chomhairle le Parlaimint na hEorpa agus an Coimisiún. Tá sé de dhualgas orthu chomh maith brú ar aghaidh leis an gclár oibre polasaí agus obair fháistineach an AE. Roghnaigh Éire mar a téama Uachtaránachta san earnáil sóisialta agus fostaíochta *"Fostaíocht níos fearr agus níos mó, agus comhtháthú sóisialta níos mó san Aontas méadaithe"*. Tá an chéad pháirt don téama tógtha ó sprioc curtha roimhe ag an gComhairle Eorpach i Liospóin i 2000 leis an Aontas Eorpach a dhéanamh faoi 2010 *"an eacnamaíocht bunaithe ar eolas is iomaíche agus is bríomhaire ar domhain, le cumas fáis eacnamaíochta marthanach le níos mó poist agus poist níos fearr agus comhtháthú sóisialta níos mó"*. Léirigh an téama chomh maith go dtarlódh Méadú an AE i réim Uachtaránacht na hÉireann agus go mbainfeadh Sprioc Liospóin leis na Baill Stáit nua seo.

Cruinniú Comhairle Neamh-fhoirmiúil – *Obair a Chur ag Íoc*

Ceann de na céad imeachtaí don Uachtaránacht ná an cruinniú neamh-fhoirmiúil i mí Eanáir de na hAirí Fostaíochta agus Gnóthaí Sóisialacha sa Ghaillimh. Ba é téama an chruinnithe ná *"Obair a Chur ag Íoc ag taiscéalaíocht an chomhoibriú idir cosaint shóisialta agus obair"*. Rinne na hAirí díospóireacht ar an dtábhacht a bhaineann le comhoibriú idir córais sochair agus cuspóirí fostaíochta, ag tógaint trí thréith sainiúil faoi deara: bearta coisc agus gníomhachtaithe; fostaíocht agus saol teaghlaigh a réiteach; agus saol oibre a dhéanamh níos faide.

Cruinniú na Comhairle Eorpaigh

Rinneadh a thuilleadh díospóireachta faoin gceist ar *Obair a Chur ag Íoc* le Ceannairí Stáit agus Rialtais Eorpacha ag cruinniú Earraigh na Comhairle Eorpaigh i mí Márta 2004 áit a d'aontaigh Baill Stáit ar an ngá le hiarrachtaí eile chun na spriocanna fostaíochta a leagadh síos ag Comhairle Eorpach Liospóin i 2000 a bhaint amach, agus chuireadar síos arís ar an gcomhchoibhneas idir dífhostaíocht agus eisiamh sóisialta. D'aontaigh Comhairle Eorpach an Earraigh chomh maith gur cheart straitéisí a bhíonn tionchar cinntitheach acu ar bhochtaineacht agus ar eisiamh sóisialta a neartú agus gur páirt lárnach do Chlár Oibre Liospóin é na baill is leochailí den sochaí a chosaint.

Comhdhálacha

D'óstaigh an Uachtaránacht, le tacú ó Choimisiún an AE, roinnt Chomhdhálacha deartha le héascú a dhéanamh ar chomhrá idir ionadaithe do na Baill Stáit go léir d'eolas, taithí agus torthaí taighde ar na príomh dhúshláin a bhaineann le bochtaineacht agus eisiamh sóisialta. Rinneadar scrúdú chomh maith ar conas gur féidir a thuilleadh comhrá a fhorbairt ar leibhéal an AE. Thug saineolaithe ar théamaí na Comhdhála páipéir ar thréithe éagsúla, a chuaigh ar aghaidh go dtí díospóireachtaí i gCeardlanna agus díospóireachta painéil. Tá achoimre do phríomh thorthaí na comhdhála mar seo a leanas. Is féidir a thuilleadh sonraí, cóipeanna san áireamh do thuarascálacha agus chríocha na comhdhála, a fháil ar shuíomh idirlinn Uachtaránachta na hÉireann den AE, www.eu2004.ie, agus ar phríomh shuíomh idirlín an AE www.europa.eu.int.

Comhdhálacha ar a raibh an Roinn Gnóthaí Sóisialach agus Teaghlaigh mar ósta

Comhdháil: *Gluaisteacht agus cuimsitheacht shóisialta a réiteach – ról an pholasaí sóisialta agus eacnamaíochta*

Áit: *Bun Dobhráin, Co Dún na nGall*

Dáta: *1 & 2 Aibreán 2004*

Rinne an Chomhdháil staidéar ar na dúshláin a bhaineann le gluaisteacht daoine san AE agus an gá le go leor cosaint agus tacaíocht a sholáthar d'imircigh chun an baol go mbraithfeadh siad an bhochtaineacht agus cuimsitheacht shóisialta a laghdú a thabhairt san áireamh. Cuireadh béim ar an dtábhacht a bhaineann le teacht ar na dúshláin seo ar mhodh comhlán, ag tógaint san aireamh iltréitheacht na bhfadhbanna. Bheadh iad seo a leanas san áireamh:

(a) Forbairt a dhéanamh ar straitéisí glana cuimsitheacha ar leibhéal náisiúnta chun fostaíocht agus cuimsitheacht shóisialta imircigh, bainteach le hinimirce, fostaíocht agus polasaí sóisialta, a chur chun cinn;

(b) An pobal a choimeád ar an eolas maidir le na tairbhí agus réaltacha a bhaineann le hinimirce, le tosaíocht a thabhairt d'eolas agus chomhairle éifeachtach a sholáthar;

(c) Ba cheart do shocruithe institiúideacha ar leibhéal náisiúnta comhpháirtíocht idir Aireachtaí le freagracht as inimirce, fostaíocht, agus gnóthaí sóisialacha, agus páirt ghníomhach na bpáirtithe sóisialta, an tsochaí sibhialta, go háirithe, eagraíochtaí neamh-rialtais ó na pobail imirceacha; agus

(d) Ba cheart comhoibriú le tíortha bunaidh a fhorbairt a d'fhéadfaí a thosú maidir le daoine a thaistealaíonn idir tíortha an AE, de bhrí go mbraitheann saoránaigh a imirceann go tíortha AE eile na rioscaí céanna maidir le fostaíocht agus eisiamh sóisialta.

Rinne an Uachtaránacht amach go bhfeadfaí na próiseas straitéiseach seo a mholadh agus a chur mhún cinn ar leibhéal an AE trí éascú malartú eolais, taithí, trí oilteacht agus cleachta maith. do fheadfaí é seo a dhéanamh tríd na Coistí Fostaíochta agus Cosanta Sóisialta, go mór mhór ag fáil ullamh do phleananna gníomhaíochta sa todhchaí maidir le fostaíocht agus cuimsitheacht sóisialta.

Comhdháil: *Teaghlaigh, Athrú agus Polasaí Sóisialta san Eoraip*

Áit: *Caisleán Bhaile Átha Cliath*

Dáta: *13 agus 14 Bealtaine 2004*

Mharcáil an Chomhdháil seo, ar leibhéal an AE, an deichiú bliain de Bhliain Idirnáisiúnta an Teaghlaigh leis na Náisiúin Aontaithe trí dul leis an bhfócas domhanda ar athruithe do theaghlaigh agus don saol teaghlaigh, chomh fada leis an dtionchar atá acu ar Pholasaí Sóisialta na hEorpa. D'aithin an Chomhdháil na dúshláin a thagann ó éilimh iomaíochta a thagann ó obair agus ó theaghlach, chomh maith le haitheantas a fháil ar na teaghlaigh atá i mbaol eisiamh sóisialta. Rinneadh plé ar shlite chun na dúshláin seo a fhreagairt le cleachtais oibre níos cairdiúla don teaghlach, forbairt a dhéanamh ar an meascán ceart tacaíochta ioncaim agus seirbhísí cúraim, agus bearta speisialta dírithe ar theaghlaigh leochaileacha do bhochtaineacht agus eisiamh sóisialta. Chun dúshláin de bharr athruithe a chuireann isteach ar theaghlaigh a fhreagairt ní foláir, ar leibhéal náisiúnta, cur chuige straitéiseach comhtháite, ag cur san áireamh fostaíocht, cosaint shóisialta agus b'fhéidir polasaithe eile, ar nós oideachas, sláinte agus tithíocht. D'fheadfadh

iarrachtaí ar leibhéal náisiúnta a bheith tacaithe le hanailís níos doimhne don gcomhoibriú idir teaghlach agus polasaí tríd an Aontas Eorpach ar fad.

Comhdháil: *3ú Cruinniú de Dhaoine ag Braith na Bochtaineachta ó Thíortha an AE*

Áit: *An Bruiséil*

Dáta: *28 agus 29 Bealtaine 2004*

Ag leanúint ó chomhdháil a bhí ar siúl i rith Uachtaránacht AE na Gréige agus na Beilge, d'óstaigh uachtaránacht na hÉireann an tríú cruinniú do Dhaoine ag Braith na Bochtaineachta ó thíortha AE. Bhí an Chomhdháil ag lorg slí chun a thuilleadh forbartha le cur chun cinn páirtíocht ar gach leibhéal do dhaoine ag braith na bochtaineachta agus na gréasáin struchtúrtha chun é seo a éascú. Cuspóir amháin ab ea a mbaint le forbairt pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta do chuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn.

Fuair an Chomhdháil go bhfuil páirt éifeachtach ag baint amach comhtháthú sóisialta ag daoine atá ag braith na bochtaineachta, i leith comhtháthú sóisialta níos fearr, ag tarlú. Is é an tosaíocht anois ná an próiseas a leathnú agus a dhoimhniú. Lé páirtíocht a bheith éifeachtach, caithfidh sé a bheith eagraithe go maith le hacmhainní mhaithe. Tá gá le guthanna agus imní na ngrúpaí éagsúla atá ag braith na bochtaineachta a chloisteáil, agus tá gá le freagraí áirithe a dhéanamh ina thaobh maidir le polasaí, cláir agus acmhainní chun torthaí éifeachtacha a bhaint amach ina gcás. In san áireamh sna grúpaí a d'aithníodh ag an gComhdháil i ngá le tacaíocht speisialta, tá mionlaigh eitneach, íospartaigh gáinneáil drugaí, go mór or leanaí, iad siúd i lóistín de chaighdeán íseal, daoine gan dídean, daoine le míchumas agus tuismitheoirí aonair.

Bhí cainteanna ar éascú agus chur chun cinn páirtíocht i bhfostaíocht an-thorthúil ar leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an AE. Dhéanfadh cainteanna rialta le daoine ag braith na bochtaineachta ranníocaíocht suntasach limistéir pholasaí ar nós cúram sláinte a sholáthar, oideachas agus traenáil scileanna, agus ar bhearta chun déileáil le handúileach alcóil agus drugaí, easpa dídine agus féichiúnas. Is foinse bochtaineachta mór do dhaoine é idirdhealú. Tá daoine ag braith na bochtaineachta in áit mhaith chun foinsí idirdhealaithe agus slite chun deireadh a chur leis a aithint. Ba cheart a bpáirtíocht i mbearta do chomhrac an idirdhealaithe a chur chun cinn agus a mholadh.

Comhdháil ar a raibh an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta mar ósta

Comhdháil: *Infheistíocht in Acmhainní Daonna*

Áit: *Caisleán Bhaile Átha Cliath*

Dáta: *21 Meitheamh 2004*

Is aitheantas cúlra na comhdhála seo don tábhacht a bhain le cuspóirí Liospóin a bhaint amach i bhforbairt acmhainne daonna. Aontaíodh ag an gcomhdháil le hinfheistíocht in acmhainní daonna, trí leibhéal oideachais agus traenála níos airde, go dtéann sé le leibhéal fostaíochta níos airde, méadú táirgiúlacht agus dífhostaíochta. Bhí sé aitheanta go ndéanadh a leithéid d'infheistíocht toradh beacht maidir le comhtháthú agus cuimsitheacht sóisialta a chur chun cinn.

Comhdhálacha ar a raibh an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí mar ósta

Comhdháil: *Straitéis an AE ar Dhrugaí – an Slí Chun Cinn.*

Áit: *Caisleán Bhaile Átha Cliath*

Dáta: *10ú agus 11ú Bealtaine 2004*

Leag an chomhdháil bonn maith faoi fhorbairtí nua AE 2005 go dtí 2012 agus forbairt ina dhiaidh sin de Phleananna Gníomhaíochta AE ar Dhrugaí chun an Straitéis a chur i bhfeidhm. Ba é príomh aidhm na Comhdhála ná cur le comhoibriú ar leibhéal an AE agus thairis i fhorbairt Straitéise nua. Droimscríobh 25 Ball Stáit breitheanna agus moltaí na Comhdhála ar na príomh eilimintí den Straitéis AE nua ar Dhrugaí.

Comhdháil: *Foréigean i gCoinne Mná– ó coilleadh go dtí comhlíonadh cearta daonna.*

Áit: *Caisleán Bhaile Átha Cliath*

Dáta: *24ú agus 25ú Bealtaine 2004*

Rinne an Chomhdháil fócas ar shaghsanna foréigin i gcoinne mná – foréigean teaghlaigh, éigniú agus ionsaí gnéis, striapachas agus gáinneáil – ó thaobh Cearta Daonna de. San áireamh chomh maith bhí pornagrafaíocht agus bearta reachtúla gur féidir a dhéanamh maidir le gach saghas foréigin i gcoinne mná.

Rinne an Chomhdháil iniúchadh ar bhonneagar Chearta Daonna in Éirinn/AE/domhanda cuireann sé creatlach ar fáil inar féidir le baill stáit oibriú le dul i ngleic leis an ngéarchéim de fhoréigin i gcoinne mná.

Go mór mhór d'fhéach an chomhdháil ar conas gur féidir le hIonstraim AE maidir le Foréigean i gcoinne Mná (mar a rinneadh maidir le Comhionannas Fostaíocht, an Timpeallacht agus araile) tacaíocht le dlithe agus ionstraimí níos láidre le dul i ngleic le foréigean i gcoinne mná ar leibhéal AE ball stáit.

Tá Cinneadh/Moltaí na Comhdhála leagtha amach thíos:

1. Iarann an chomhdháil ar Rialtas na hÉireann tosach a thógaint, ach do Rialtas gach Ball Stáit den AE, moladh a chur ar fáil gan mhoill do bhunús reachtúil ar fhoréigean i gcoinne mná, i dtreo is gur féidir é a dréachtú agus a chur i bhfeidhm go práinneach.

2. Iarann an Chomhdháil tacaíocht d'íospartaigh foréigin i gcoinne mná agus cur i bhfeidhm caighdeáin íosta do thacaíochtaí i ngach ball stáit le sábháilteacht an íospartaigh a chinntiú agus smacht a chur ar an gciontóir.

3. De barr go n-admhaíonn an Chomhdháil gur drochíde ar chearta daonna mná é striapachas, iarann an chomhdháil ar leathnú an samhail Sualannach do reachtaíocht, a déanann cóir do cheannach gnéis, go hÉireann agus trasna an AE.

4. Chuir an Chomhdháil fáilte roimh na hábhar de striapachas, phornagrafaíocht agus gháinneáil ar chlár oibre na Comhdhála Uachtaránachta i mBaile Átha Cliath agus iarann siad go mbeadh na téamaí seo ar gach comhdháil d'Uachtaránacht an AE ar Fhoréigean i gcoinne mná as seo amach.

5. Iarann an chomhdháil go mbeadh foréigean i gcoinne mná feicthe agus déileáilte le mar choilleadh do chearta daonna mná Iarann siad ar na Baill Stáit go léir den AE chomh maith chun cosaint a chur i bhfeidhm do mhná trí ionstraimí AE agus NA cur i bhfeidhm atá ar fáil faoi láthair (san áireamh tá Coinbhinsiún NA ar Gáinneáil 1949, Comhghnás NA ar Chosc air Gáinneáil Mhná, Tuarascálacha

Chomhairle na hEorpa, Comhaontú Creatlaí ar Íospartaigh agus araile) agus monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm agus a thaispeáint go bhfuil an AE mar bhloc, ag cosaint cearta mhná chun maireachtáil saor ó gach sórt foréigin.

Comhdháil: *'Tipping the Scales' – Ag Cur Cothromaíocht Saoil/Oibre i bhFeidhm*

Ait: *Leitir Ceannainn, Co Dún na nGall*

Dáta: *6ú Feabhra 2004*

Ba é seo deireadh na comhdhála ar pholasaithe cairdiúla don teaghlaigh agus cothromaíocht leis an saol oibre. Bhí an tionscnamh faoi stiúir na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannas agus Athchóirithe Dlí i gcomhoibriú le Bord Sláinte an Iar-Thuaiscirt. Bhí príomh ról ag an gComhdháil seo i gcleachtais láithreacha a léiriú maidir le hobair chothromais saoil agus cabhair baile i réigiúin imeallach an AE. Chuir sé béim ar na dúshláin a bhaineann le cleachtais cothromaíochta an tsaoil oibre agus na himpleachtaí atá ag dul leis na dúshláin seo do chomhionannas gnéis sa réigiúin. Chomh maith leis sin, rinne an tionscadal 'Tipping the Scales' naisc le tionscadal eile maoinithe ag an AE dár teideal 'The Work/Life Balance Network' atá maoinithe tríd an gClár EQUAL. Déanfaidh gaolta agus gréasáin leis an dtionscadal seo síniú thar saol an tionscadail 'Tipping the Scales' .

Comhdháil: *Ag Dúnadh na Bearna – Cur Chuige Córasach agus Pleanáilte do Pholasaí Forbairt.*

Áit: *Luimneach*

Dáta: *27ú agus 28ú Bealtaine 2004*

Rinne an Chomhdháil fócas ar thaithí idirnáisiúnta thar thrí théama roghnaithe: Comhionannas agus Éagsúlacht san Áit Oibre, Eagrais le Déileáil Chomhionann agus Éagsúlacht i Soláthar Seirbhísí Poiblí a Chur Chun Cinn.Trí tharraingt ar raon leathan cleachtadh do chabhraigh an chomhdháil chun meabhraíocht a ardú agus cabhrú le hiarrachtaí chun troid i gcoinne idirdhealú, le comhionannas gnéis san áireamh.

Comhdháil: *Gréasán Coisc Coiriúlachta Eorpach – An Óige agus Coiriúlacht*

Áit: *Cill Chainnigh*

Dáta: *13 Bealtaine 2004*

Cruthaíodh an Gréasán Coisc Coiriúlachta Eorpach le héascú a dhéanamh ar chomhoibriú, mhalartú faisnéise agus thaighde ar chosc coiriúlachta ar leibhéal Aontais, náisiúnta agus áitiúil, le béim ar leith ar choiriúlacht óige, chathrach agus bainteach le drugaí. Sa chomhthéacs seo lean an cruinniú seo ag cur áis ar fáil inar féidir sonraí tionscnaimh coisc coiriúlachta tógtha ar lámh ag Baill Stáit amháin a chur ar fáil do Bhaill Stáit eile. Bíonn an teagmháil leanúnach idir toscairí áisiúil chomh maith chun ceangail a choimeád leis na daoine seo le taithí agus saineolas sna limistéir ábhartha.

<u>Imeachtaí Uachtaránachta ar a raibh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta mar ósta</u>

Ba é téama na hUachtaránachta Oideachais ná *"Eoraip Cuimsitheach agus Iomaíoch a Thógáil"*. Roghnaíodh an téama seo toisc go mbeidh ranníocaíocht mór ó oideachas agus traenáil mar príomh fachtóirí i bhfás eacnamaíochta, nuálaíocht, méadú fostaíochta agus comhtháthú sóisialta, riachtanach chun spriocanna Liospóin, chun an Eorpa a dhéanamh mar an eacnamaíocht bunaithe ar eolas is iomaíche agus is bríomhaire ar domhain faoi 2010, a bhaint amach. Déanann an téama léiriú ar an idir-cheangal idir tréithe sóisialta agus eacnamaíochta an oideachais.

Bhí fócas ar chuimsitheach shóisialta i roinnt chomhdhálacha eagraithe ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i rith Uachtaránachta na hÉireann.

- *Seoladh Bliain Oideachais trí Spórt na hEorpa (29/30 Eanáir)*
  Téama: Cur chun cinn feidhmiú luacha trí sport i fhorbairt eolais agus scileanna agus ról an spóirt sna córais oideachais agus i gcur chun cinn comhtháthú sóisialta

- *EFCE Comhdháil na n-Airí (18/19 Márta)*
  Téama: Feabhsú cáilíocht sna córais oideachais, polasaithe oideachais na múinteoirí agus comhtháthú oideachais agus sóisialta.

Thosaigh cruinniú na n-Airí Oideachais le Fóram ar Oideachas agus Comhtháthú Sóisialta. Thaispeáin an Fóram conas a thacaíonn na cuspóirí níos leithne d'oideachas ceangailte le gréasáin sóisialta, agus conas atá ról eacnamaíochta an oideachais ceangailte lena sochair shóisialta níos leithne, comhtháthú sóisialta san áireamh.

- *Comhdháil ar Riachtanais Speisialta agus Cruinniú Gníomhaireachta an AE (24 – 27 Márta)*
  Téama: Riachtanais Speisialta Oideachais san Aontas Eorpach

Seimineár ar 27 Márta dírithe ar fhoráil do dhaoine le Mí-ordú Speictrim Autistic.

- *Comhairle na n-Airí Neamh-fhoirmiúil ar Chomhairliú Threorú (28/29 Aibreán)*
  Téama: Polasaithe Treoraithe agus Comhairlithe; go mór mhór i gcomhthéacs Foghlaim Fad-saoil agus ag moladh rochtain go treorú fad-saoil.

D'aontaigh na hAirí go raibh ról lárnach le plé ag treorú chun cur ar chumas daoine óga agus daoine fásta teacht ar eolas cuí agus leanúint lena bhfoghlaim agus lena scileanna féin-meastóireachta agus a scileanna féin-bhainistíochta atá riachtanach i saol an lae inniu a fhorbairt, mar a bhfuil aistriú idir gairmeacha agus earnálacha síorghnách. Dá bhrí sin tá polasaithe treoraithe lárnach le haghaidh cuimsitheacht shóisialta, cothromas sóisialta, comhionannas inscne agus saoránacht gníomhach trí spreagadh agus tacú do dhaoine páirtíocht a glacadh ina rogha oideachais agus traenála agus ina rogha gairme éifeachtúil agus réadúil

- *Cruinniú do Ghrúpa Oibre Táscairí an AE(17/18 Meitheamh)*
  Téama: Forbairt uirlisí tomhais le meastachán ar dhul chun cinn cuspóirí Liospóin a bhaint amach

Ba é príomh fhócas an chruinnithe saineolaithe AE seo ná chun na táscairí do chothromas/cuimsitheacht shóisialta in oideachas a fhorbairt ar leibhéal an AE.

Comhdháil ar a raibh an Roinn Sláinte agus Leanaí mar ósta

I rith an Uachtaránachta ba é sláinte cardashoithíoch an téama ba mhó agus d'óstaíodh dhá chomhdháil:

- IECCCS (Iniúchadh Eolaíochta Croí agus Caighdeáin Chláraithe Sonraí): tionscnamh tábhachtach le feabhsú a dhéanamh ar cháilíocht chúraim d'othair le galar corónach croí tríd an AE. Is céim riachtanach é an comhaontú a rinneach le cáilíocht chúraim d'othair croí trí uchtú cur chuige leanúnach chun eolas a bhailiú i ngach tír den AE.

- Sláinte Croí a Chur Chun Cinn – Comhaontú Eorpach. Is é iarbheart na comhdhála ná cur air na Baill Stáit agus ar an gCoimisiún sláinte cardashoithíoch laistigh de chomhthéacs na straitéisí sláinte poiblí agus i gcreatlach Chlár Gníomhaíochta Sláinte Poiblí an AE. Cuirfidh na hiarbhirt seo bunús ar fáil chun a thuilleadh dul chun cinn le sláinte saoránaigh uile an Aontais Eorpaigh a fheabhsú

AUGISÍNÍ

AUGISÍN 1
SOCRUITHE INSTITIÚIDE

Coiste Comh-aireachta ar Chuimsitheacha Shóisialta, Dhrugaí agus Fhorbairt Tuatha: tugann an Coiste seo, leis an dTaoiseach mar chathaoir air agus déanta suas de na hAirí bainteacha, treo straitéiseach d'fhorbairt pholasaithe do chomhrac na bochtaineachta agus cuimsitheacht shóisialta agus cinntíonn sé go ndéanfar monatóireacht ar a gcur i bhfeidhm. Tá sé tacaithe ina obair ag na hOifigigh Shinsearacha agus Grúpaí Bainistíochta tagartha le *infra*.

Grúpaí Bainistíochta na Rúnaithe Cúnta: Tá OSI mar chathaoir ar an ngrúpa seo, tá sé déanta suas d'ionadaithe ard-leibhéil do na príomh Ranna bainteach le comhrac na bochtaineachta agus cuimsitheacht shóisialta. Tá sé freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar obair an OCN agus cur i bhfeidhm na straitéise SNF go ginearálta.

Grúpa Oifigigh Shinsearacha ar Chuimsitheacht Shóisialta: Tá Roinn an Taoisigh mar chathaoir ag an ngrúpa seo. Coimeádann sé léargas leathan ar cheisteanna cuimsitheacha sóisialta agus tugann sé aird an Choiste Chomh-aireachta ar Chuimsitheacht Shóisialta ar théamaí a thagann suas. Déileálann sé chomh maith le forbairtí maidir le cuspóirí straitéisí cuimsitheachta sóisialta, agus go háirithe leis na tionscnaimh speisialta faoin gcomhaontú comhpháirtíochta, *Sustaining Progress*.

An t-Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus Coiste Comhairleach Bainistíochta na Roinne: Déanann an OCS tuairisciú go rialta ar fhorbairtí chuig an Aire, a bhfuil dualgais dearfa air maidir leis an OCN agus tuairisciú ar a gníomhartha chuig an *Oireachtas* (Féach thíos chomh maith). Tuairiscíonn an Stiúrthóir sa slí chéanna chuig Coiste Comhairleach na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, a bhfuil sé ina bhall do.

Coistí Oireachtais: D'fhéadfadh an t-Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh a bheith glaoite chun tuarascálacha reatha rialta a chur ar fáil ar chur i bhfeidhm an Phlean do na Comh-Coistí Oireachtais ar Ghnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, agus ar Ghnóthaí Eorpacha.

Grúpa Comhairleach Teicniúil: Tá obair ar siúl go leanúnach ar fhorbairt Straitéis Sonraí chun taca a chur faoin SNF. Tá an Oifig Chuimsitheacha Shóisialta á thacú maidir leis seo ag Grúpa Comhairleach Teicniúil déanta suas d'ionadaithe do phríomh Ranna Rialtais, den Phríomh-Oifig Staidrimh, den Ghníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine, den Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta agus den Údarás Comhionannais.

Coistí Monatóireachta don Phlean Forbartha Náisiúnta (PFN)/Chreatlach Tacaíochta Pobail (CTP): Tá dualgas ar an OCN tacaíocht a thabhairt do phrionsabal cothrománach na cuimsitheachta sóisialta laistigh don PFN/CTF. Chun tacú le dul chun cinn an phróisis seo agus le fócas ar chuimsitheacht shóisialta an PFN a mhéadú, tógfaidh an OCN páirt i ngach Coiste Monatóireachta PFN agus oibreoidh siad leis an nGníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine, ag cur cabhair teicniúil ar fáil.

Comhpháirtíocht Shóisialta – Grúpa Comhairleach ar Cuimsitheacht Sóisialta: Feithicil tábhachtach é an grúpa seo do na comhpháirtithe sóisialta a chuimsiú sa phróiseas PGN/Cuimsitheacht. Tá sé comh-chathaoiraithe ag Roinn an Taoisigh agus ag OCN agus déanta suas d'ionadaithe de na Ranna Rialtais bainteacha, na comhpháirtithe sóisialta, an earnáil phobail agus dheonach agus gníomhaireachtaí reachtúla áirithe, m.sh. an Ghníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine, an tÚdarás Comhionannais agus an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta. Bailíonn an Grúpa ar a laghad dhá uair sa bhliain le haghaidh breathnú agus comhairliú.

Aonaid Chuimsitheachta Sóisialta: Tá siad seo bunaithe sna príomh Ranna Rialtais agus oibríonn siad chun ranníocaíocht a Roinn don phróiseas a chomhordú i gceangal leis an OCS.

Gníomhaireachtaí ag obair ar son cuimsitheacht:

Gníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine (GCB): Is comhlacht reachtúil é an GCB ag obair ar son cosc ar agus cur as do bhochtaineacht agus cuimsitheacht shóisialta trí chomhairle don Rialtas, ag forbairt bearta frithbhochtaineacht nuálacha, an nádúir, na cúiseanna agus méid na bochtaineachta in Éirinn a scrúdú agus ag cur breis tuiscint pobail do bhochtaineacht agus chuimsitheacht shóisialta. Oibríonn an OCN go dlúth leis an ngníomhaireacht, go mór mhór maidir le taighde bochtaineachta, ag cur chun cinn páirtíocht rialtais áitiúil agus réigiúnach sa phróiseas, tionscadail chuimsitheachta sóisialta an AE agus comhairliú poiblí. Tá roinnt tionscnaimh ar siúl idir an OCS agus an GCB, mar shampla, an forbairt agus tacaíocht do Ghréasán Foghlama Frithbhochtaineachta Rialtais Áitiúil, an clár do Pobail Sláintiúla a Thógáil agus gníomhartha faoin bPlean Forbartha Náisiúnta.

Gníomhaireachtaí reachtúla eile le tarchuir a bhaineann le cuimsitheacht shóisialta agus lena n-oibríonn an OCN go dlúth leo, san áireamh tá: an Oifig Náisiúnta Leanaí, freagrach as monatóireacht agus meastóireacht cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta Leanaí; an tÚdarás Comhionannais; agus an Ghníomhaireacht Tacaíochta Teaghlaigh.

AUGISÍN 2
GLUAIS DE THEARMAÍ ÚSÁIDTE

ACCESS	Scéim Tacaíochta Forbartha Caipitiúil d'Ealaíon agus Chultúr
ACIP	Clár Athbheochana Ceantair trí Infheistíocht Phleanála agus Forbairt
AE	Aontas Eorpach
AHEAD	An Ghníomhaíocht um Teach ar Ard Oideachais agus Míchumas
BAD	An Binse um Achomhairc Dídeanaithe
BCM	Beart Comhionannas do Mhná
BEDM	Bliain na hEorpa do Dhaoine le Míchumas
BFC	Boird Fhorbartha Chontae/Chathrach
BFL	Bainistíocht Forbairt Limistéir Teo.
BMIN	Bunachar-sonraí Míchumais Intleachtach Náisiúnta
BPD	Bainistíocht Pianbhreithe Dearfach
BTPC	Bord um Thionóntachtaí Príobháideacha Cónaithe
CAO	Clár Abhcóide Óige
CES	Clár Eacnamaíochta Sóisialta
CCC	Caighdeáin Cheannaithe Chumhachta
CCCL	An Clár Comhdheiseanna um Chúram Leanaí
CCCN	Ciste Ceannaithe Cóireála Náisiúnta
CCLC	Coistí Cúraim Leanaí Cathrach/Contae
CCPN	Coiste Comhairleach Printíseach Náisiúnta
CCS	Coiste Cosanta Sóisialta
CCSP	Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta
CFNDF.	Comhairle Foghlama Náisiúnta do Dhaoine Fásta
CFRE	Ciste Forbartha Réigiúnaigh Eorpach
CG	Cleachtas Ginearálta
CGMS	Clár Gníomhach an Mhargaidh Saothair
CLÁR	Ceantair Laga Árd-Riachtanais
CLNDF	An Ghníomhaireacht Litearthachta Náisiúnta do Dhaoine-Fásta
CMDI	Clár Measúnú Daltaí Idirnáisiúnta
CMC	Cóimheasa Mortlaíochta Caighdeánaithe
CNCCL	Coiste Náisiúnta Comhordaithe Cúraim Leanaí
CNES	Comhairle Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialta
CNOS	An Chomhairle Náisiúnta Oideachais Speisialta
COCC	Grúpa Comhordaithe ar Chomhtháthu Ciontóra
COFFAD	Clár Oibríochta Fostaíochta agus Forbartha Acmhainní Daonna
CSE	Ciste Sóisialta na hEorpa

CSFS	Comhlacht Saor Forbartha na Sionainne
CSO	An Phríomh-Oifig Staidrimh
CTP	Creatlach Tacaíochta Pobail
CTT	Cónaidhm an Tionscail Tógála
Cuiditheoirí	Seirbhís Tacaíochta Curaclaim Bunscoile
D&P	Deonach agus Pobail
DF	Dífhostaíocht Fhadtéarmach
ECLDN	Eagraíochtaí Cúraim Leanaí Deonacha Náisiúnta
EFCE	Eagraíocht do Fhorbairt agus Chomhoibriú Eacnamaíochta
ERSO	Eagarthóirí Riachtanais Speisialta Oideachais
ESSPROS	European System of Integrated Social Protection Statistics
FÁS	Forás Áiseanna Saothair
FBS	Feidhmeannach na mBord Sláinte
FCL	Foireann Cur i bhFeidhm Limistéir
FFS	Foghlaim Fad-Saoil
FNES	Fóram Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialta
FP	Fostaíocht Phobail
FSCD	Foireann Straitéiseach na gCiontóirí gan Dídean
GBRC	Grúpa Bainistíochta na Rúnaithe Cúnta
GCCS	Grúpa Comhairleach ar Chuimsitheacht Shóisialta
GCT	Grúpa Comhairleach Teicniúil
IBEC	Cónaidhm Gnólachtaí agus Fostóirí Éireann
ICTU	Comhdháil na gCeardchumann
IDA	Gníomhaireacht Fhorbartha Tionsclaíochta
IECCCS	Iniúchadh Eolaíochta Croí agus Caighdeáin Chláraithe Sonraí
ISP	Institiúid Sláinte Poiblí
ITES	Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta
ITO	An t-Ionad Taighde Oideachais
ITP	Ionaid Traenála Phobail
Know Racism	Clár Náisiúnta Meabhraíochta Fríth-Chiníochais
LDFC	Liúntas do Dhaoine Fásta Cáilithe
MOC	Modh Oscailte Comhordaithe
MTS	Measúnú Tuinseamh Sláinte
NCCA	An Chomhairle Náisiúnta do Churaclam agus Mheasúnú
OCID	Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe

OCS	An Oifig um Chuimsiú Sóisialta
PAT	Próiseas Ard-Tacaíochta
PFN	Plean Forbartha Náisiúnta
PFN/CTP	Plean Forbartha Náisiúnta/Creatlach Tacaíochta Pobail
PGF	Plean Gníomhaíochta Fostaíochta
PGFN	Plean Gníomhaíochta Fostaíochta Náisiúnta
PGN/ Cuimsitheacht	An dara Plean Gníomhaíochta Náisiúnta do Chomhrac na Bochtaineachta agus Eisiamh Sóisialta
SCAB	Seirbhís Chomhairle Airgid & Bhuiséadadh
SDD	Seirbhís Dlí Dídeanaithe
SEDO	Straitéis Easpa Dídine na n-Óg
SESN	Straitéis Eolais Sláinte Náisiúnta
SLDI	Suirbhé Litearthachta Idirnáisiúnta de Dhaoine Fásta
SFA	Seirbhís Fhostaíochta Áitiúil
SFE	Straitéis Fhostaíochta Eorpach
SNF	Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaineachta
SPL	Seirbhís Phromhaidh agus Leasa
TAACO	Tionscnamh Ar Ais Chun Oideachas
TF	Tionscnamh Fostaíochta
TFC	Teicneolaíocht Fhaisnéise & Chumarsáide
TFDA	Tascfhórsaí Drugaí Áitiúla
TFP	Tionscnamh Fostaíochta Pobail
TIT	Tionscnamh Iompair Tuatha
TLI	Teorainn, Lár-tire agus Iarthar
TTI	Tionscnamh do Thithíochta Inacmhainne
UCES	Údarás Cáilíochta agus Eolais Sláinte
URSO	Údarás Réigiúnda Sláinte an Oirthir

AUGISÍN 3
FOIREANN NA HOIFIGE CUIMSITHEACHTA SÓISIALTA (OCS)

Tá comhordú dá eilimintí éagsúla riachtanach do chur I bhfeidhm éifeachtach don SNF agus PGN/Cuimsitheacht. Chuir an SNF athbhreithnithe freagracht do seo chuig an Oifig Chuimsitheachta Sóisialta (OCS) bunaithe sa Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus ag tuairisciú don Aire Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Thosaigh an Oifig ag feidhmiú go héifeachtach i mí Eanáir 2003, ag tógaint ón Aonad SNF a bhí i bhfeighil an ról comhordaithe roimhe sin. Tá obair na hOifige faoi mhaoirseacht Ghrúpa Bainistíochta na Rúnaithe Cúnta.

Foireann na hOifige Cuimsitheachta Sóisialta (OCS)

Gerry Mangan, Stiúrthóir
Orlaigh Quinn, Príomh Oifigeach
Cathy Barron, Príomh Oifigeach Cúnta
Eamonn Moran, Príomh Oifigeach Cúnta
Peter Duffy, Ard Oifigeach Feidhmeannach
Lynda Finneran, Oifigeach Riaracháin*
Ciaran Diamond, Oifigeach Riaracháin**
Pat McDonnell, Oifigeach Riaracháin*
Lorcán O'Malley, Ard Oifigeach Riaracháin
Colin Byrne, Oifigeach Riaracháin**
Ann Murphy, Oifigeach Cléireachais

Sonraí teagmhála:
An Oifig um Chuimsiú Sóisialta,
An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh,
Áras Mhic Dhiarmuda,
Sráid an Stórais ,
Baile Átha Cliath 1.
Guthán: (+) 353 (0) 1 704 3851
Rphoist: osi@welfare.ie
Facs: (+) 353 (0) 1 704 3032
www.socialinclusion.ie

* D'fhág Lynda Finneran agus Pat McDonnell an Oifig i mí na Samhna, 2004
** Tháinig Ciaran Diamond agus Colin Byrne go dtí an Oifig i mí na Samhna 2004.

AUGISÍN 4
OIFIGIGH TADHAILL CHUIMSITHEACHTA SÓISIALTA RANNÓGACHA

Tá ról tábhachtach ag na hOifigigh Tadhaill Chuimsitheachta Sóisialta laistigh don Roinn comhordú cumarsáide a chur ar imeachtaí cuimsithe sóisialta mar chéad phointe teagmhála don OCN.

An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta:	Nora Heron agus Gary McGuinn
An Roinn Pobail, Gnóthaí Tuatha agus Gaeltachta:	Denise Grogan
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta:	Jim O'Donovan
An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil:	Colette Davis
An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta:	Brendan O'Leary
An Roinn Airgeadais:	John Fitzpatrick
An Roinn Sláinte agus Leanaí:	Anna-May Harkin
An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí:	Paula Connolly
Roinn an Taoisigh:	Andrew Nugent
An Roinn Iompair:	Noel Singleton

AUGISÍN 5
BALLRIOCHT DEN GHRÚPA COMHAIRLEACH TEICNÍOCHTA (GCT)

Tá obair ar siúl le forbairt Straitéis Sonraí chun tacú le SNF. Tá tacú ag an Oifigeach ar son Cuimsitheacht Sóisialta maidir leis seo ó Grúpa Comhairleach Teicníochta déanta suas d'ionadaithe ó phríomh Ranna Rialtais, an Phríomh-Oifig Staidrimh, an Ghníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaineachta, an Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta agus an tÚdarás Comhionannais.

Ballraíocht

Orlaigh Quinn *Cathaoirleach*	An Oifig um Chuimsiú Sóisialta
Gerry Mangan	An Oifig um Chuimsiú Sóisialta
Laurence Bond	An tÚdarás Comhionannais
Evan Breen	An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Pádraig Dalton	An Phríomh-Oifig Staidrimh
Anna-May Harkin	An Roinn Sláinte agus Leanaí
Andrew Nugent	Roinn an Taoisigh
Paul Morrin	An Roinn Sláinte agus Leanaí
Brian Nolan	An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta
John O'Callaghan	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
Jim O'Donovan	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Mary O'Donoghue	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
Jim Walsh	An Gníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine

AUGISÍN 6: BALLRIOCHT DEN GHRÚPA COMHAIRLEACH AR CHUIMSITHEACHT SHÓISIALTA (GCCS)

Tá córas tábhachtach sa ghrúpa seo leis na comhpháirtithe sóisialta a ghníomhú sa phróiseas PGN/Cuimsitheacht. Tá sé comh-chathaoirithe ag Roinn an Taoisigh agus an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus déanta suas d'ionadaithe de na Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais, na Comhpháirtithe Sóisialta agus an earnáil phobail agus dheonach. Bíonn cruinniú ag an nGrúpa dhá uair sa bhliain ar a laghad le haghaidh breathnú agus comhairliú.

Baill

Mary Doyle Chomh-Chathaoir	Roinn an Taoisigh
Gerry Mangan Chomh-Chathaoir	An Oifig um Chuimsiú Sóisialta
Orlaigh Quinn	An Oifig um Chuimsiú Sóisialta
David Brennan	An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Michael Cunniffe	An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta
Charlie Hardy	An Roinn Sláinte agus Leanaí
Eileen Kehoe	Roinn an Taoisigh
Séamus McLoughlin	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Paula Connolly	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
Mary O'Donoghue	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
Dermot Quigley	An Roinn Airgeadais
Michael Scanlan	An Roinn Airgeadais
Séamus Boland	An Nasc Tuatha Éireannach
Laurence Bond	An tÚdarás Comhionannais
Rosheen Calendar	SIPTU
Paula Carey	ICTU
Niall Crowley	An tÚdarás Comhionannais
Ciaran Dolan	ICMSA
Jackie Harrison	IBEC
Helen Johnston	An Ghníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine
Joan O'Flynn	An Ghníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine
Con Lucey	CFE
Michael O'Halloran	Parlaimint Shaoránaigh Sinsearacha na hÉireann
David Stratton	Gníomhaíocht Aoise Éireann
Professor Chris Whelan	An Institiúid Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta

AUGISÍN 7: BALLRAÍOCHT DE GHRÚPA BAINISTIOCHTA NA RÚNAITHE CÚNTA (BGBRC)

San áireamh sa ghrúpa seo tá ionadaithe ard-leibhéil do na príomh Ranna atá bainteach le comhrac na bochtaineachta agus eisiamh sóisialta. Déanann sé monatóireacht ar chur i bhfeidhm SNF agus GPN/cuimsitheacht agus tá príomh ról aige in eagrú oibre i Ranna éagsúla á chur i bhfeidhm agus á fhorbairt.

Ballraíocht

Gerry Mangan Cathaoirleach	An Oifig um Chuimsiú Sóisialta
Orlaigh Quinn	Oifig Chuimsitheachts Shóisialta
Deirdre Carroll	An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Des Dowling	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
Mary Doyle	Roinn an Taoisigh
Sean Gorman	An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta
Charlie Hardy	An Roinn Sláinte agus Leanaí
Sylda Langford	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
Paddy McDonagh	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Michael Scanlan	An Roinn Airgeadais

AUGISÍN 8: BALLRIOCHT DE GHRÚPA OIFIGIGH SHINSEARACHA AR CHUIMSITHEACH SHÓISIALTA

Tá Roinn an Taoisigh sa chathaoir ag an nGrúpa seo Mar pháirt den a tarchuir leathan, déileálann sé le forbairt polasaí maidir le cuspóirí agus straitéisí a bhaint amach, agus go mór mhór le tionscnaimh speisialta faoin gcomhaontú comhpháirtíochta, *Sustaining Progress*.

Ballraíocht

Mary Doyle Chathaoirleach	Roinn an Taoisigh
Gerry Mangan	An Oifig um Chuimsiú Sóisialta
Orlaigh Quinn	An Oifig um Chuimsiú Sóisialta
Deirdre Carroll	An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Des Dowling	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
Sean Gorman	An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta
Charlie Hardy	An Roinn Sláinte agus Leanaí
Eileen Kehoe	Roinn an Taoisigh
Sylda Langford	An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
Paddy McDonagh	An Roinn Oideachais agus Eolaíochta
Mary O'Donoghue	An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
Gerry O'Hanlon	An Phríomh-Oifig Staidrimh
Dermot Quigley	An Roinn Airgeadais
Michael Scanlan	An Roinn Airgeadais
Frances Spillane	Oifig Náisiúnta Leanaí

AUGISÍN 9 : BALLRAÍOCHT DEN CHOISTE COMH-AIREACHTA AR CHUIMSITHEACHT SHOISIALTA, DHRUGAÍ AGUS FHORBAIRT TUATHA

Bíonn cruinniú ag an gCoiste Comh-aireachta, an Taoiseach sa chathaoir agus Airí ó Ranna bainteacha san áireamh, ar bhonn míosúil. Cuireann sé bun slán le gníomhaíocht an Rialtais maidir le cuimsitheacht shóisialta go ginearálta, ag cinntiú go bhfuil tosaíochtaí straitéiseach á leanúint agus go bhfuil comhordú éifeachtach ar siúl.

Ballraíocht

Bertie Ahern TD Cathaoirleach	Taoiseach
Mary Harney TD	An Tánaiste agus Aire Sláinte agus Leanaí
Éamon Ó Cuív TD	Aire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta
Mary Hanafin TD	Aire Oideachais agus Eolaíochta
Micheál Martin TD	Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta
Dick Roche TD	Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil
Brian Cowen TD	Aire Airgeadais
Michael McDowell TD	Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí
Séamus Brennan TD	Aire Sóisialta agus Gnóthaí Teaghlaigh
Michael Ahern TD	Aire Stáit leis an Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, faoi chúram speisialta do chúrsaí Saothair.
Noel Ahern TD	Aire Stáit leis an Roinn Fiontair agus Rialtais Áitiúil, le cúram speisialta do Thithíocht Athnuachan Cathrach, leis an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, le cúram speisialta do Straitéis Drugaí agus Gnóthaí Pobail.
Frank Fahey TD	Aire Stáit leis an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, le cúram speisialta do cheisteanna Comhionannais le ceisteanna Míchumais san áireamh.
Brian Lenihan TD	Aire Stáit leis an Roinn Sláinte agus Leanaí, ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, le cúram speisialta do Leanaí.

Cuid II

CUID II
REAMHRÁ

Soláthraíonn an chuid seo den tuarascáil mionchuntas ar an gcur i bhfeidhm den PGN/Cuimsitheacht thar na limistéir polasaí feiliúnacha, in éineacht leis an measúnú iomlán de Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann déanta ag an AE, tógtha óna Thuarascáil Chuimsitheachta Chomhpháirteach. Tá an t-ábhar leagtha amach sa chruth atá aontaithe ag na Baill Stáit le haghaidh na Pleananna Gníomhaíochta Náisiúnta:

- Chun rannpháirtíocht i bhfostaíocht a éascú;
- Teacht ar acmhainn, chearta, earraí agus sheirbhísí a éascú do gach duine;
- Chun cosc a chur ar an mbaol d'eisiamh;
- Chun cabhrú leo siúd is leochailí.

Tá an t-ábhar atá á sholáthar ag na Ranna ar leith briste síos thar na ceithre cuspóirí coitianta seo.

Is mionsaothrú é an chuid seo den tuarascáil ar an eolas atá léirithe i gCuid 1, Rannóg 3. Cé go bhfuil cuid den eolas á thabhairt arís le haghaidh cúiseanna iomláine, tá roinnt ábhair eile nua nó is leathnú é ar ábhar atá léirithe cheana. Tá an téacs thíos tabhartha arís ó Cuid 1, do na daoine a léifidh an cuid seo amháin den tuarascáil.

Tá sonraí ar na gníomhartha go léir a chur Ranna Rialtais chun cinn chun do chomhrac na bochtaineachta agus eisiamh sóisialta i rith na tréimhse clúdaithe ag an dTuarascáil Bhliantúil. Chuaigh a lán de na gníomhartha seo chun cinn roimh fráma ama na tuarascála seo agus tá siad fós ag dul ar aghaidh. Tá gníomhartha áirithe breise san áireamh nach bhfuil tagairt díreach déanta dóibh sa PGN/Cuimsitheacht. Mar sin féin, creideann An Oifig um Chuimsiú Sóisialta (OCS) go bhfuil sé riachtanach na gníomhartha seo a bheith san áireamh chun pictiúr iomlán a thabhairt ar gach gníomh agus polasaí Rialtais a bhíonn tionchar acu ar chuimsitheacht shóisialta. San áit go bhfuil spriocanna polasaí sainiúla san PGN/Cuimsitheacht, tá siad seo léirithe i dtosach gach rannóg.

Tá réimse leathan de ghníomhaíochtaí agus straitéisí leagtha amach sna rannóga seo a leanas. Taispeánann siad an réimse agus an leithead de chláir dírithe ar dul i ngléic ar eisiamh sóisialta. I gcásanna áirithe, áfach, tá sé soiléir go bhfuil na sonraí neamh–iomlán nó in easnamh, chun tuairisciú ar thoradh na dtionscnamh éagsúla. Seo ceist a bheidh á phlé ag an OCS mar chuid d'fhorbairt Straitéis Sonraí. Tá nádúr tuairisciúil ag gnéithe áirithe agus níl siad dírithe an méid sin ar na torthaí. Is féidir tomhais na mbuntáistí agus na dtorthaí a bheith deacair toisc nádúr na hidirghabhála, na gnéithe difriúla a bhíonn tionchar acu ar bhochtaineacht agus chuimsitheacht shóisialta, agus toisc go bhféadfadh sé tarlú ná rabhadh sé i bhfeidhm sa ghearr-théarma. Tá sampla maith de seo le feiceáil i gcreatlach an chomhionannais, mar shampla, nach bhfuil sé simplí na costais agus na sochair a chur ag réiteach le chéile go héasca. Tá éifeacht maidir le seo measta ar bhonn chothromaíochta agus ar bhonn fabhraithe agus ní i dtéarmaí a luacha airgid. Sá chás seo, déanann nádúr daonnaí an pholasaí meastóireacht níos deacra, agus forbraítear é ar bhonn a thairbhe, de ghnáth. Ar an dtaobh eile den scéal tá áiteanna gur féidir díriú níos cruinne orthu, go háirithe i gcás ceist a chur an bhfuil costais agus cláir dírithe i gceart ar fhadhbanna sóisialta sainiúla, ar ghrúpaí leochaileacha faoi leith, nó ar cheantair faoi mhíbhuntáiste. Tá gá feabhas a chur ar scileanna agus ar thuairisciú sa limistéar seo chun a chinntiú go bhfuil forbairt ar pholasaí agus ar bhreitheanna sa todhchaí bunaithe ar eolas bailí agus fíor. Slí amháin chun tuiscint níos fearr a fháil ar na gnéithe seo ná polasaithe ar dhíonacht ar bhochtaineacht a leanúint. Beidh an OCS ag díriú ar na gnéithe seo i gcomhairle le Ranna agus leis an nGrúpa Comhairleach ar Chuimsitheacht Shóisialta

chun tuiscint agus meabhraíocht níos fearr a bheith ag na daoine a bhfuil cúram polasaí acu sna gnéithe seo.

Tá sé soiléir chomh maith ón gcéad tuarascáil seo go bhféadfadh sé a bheith buntáisteach do ghnéithe fiarghearrtha áirithe aghaidh a thabhairt orthu trí níos mó comhoibriú seachas a bheith ag trasnú a chéile. Tá roinnt socruithe casta eagraithe agus freagraí straitéiseacha mínithe agus iad uaireanta dírithe ar an ngrúpa céanna. Féachann an OCS ar an dtuarascáil bhliantúil seo mar chéim mór tosaigh chun an líon mhór gníomhartha atá ar siúl a aithint agus a mhíniú. Mar sin féin, tuigimid, chomh maith, go bhfuil laige ann agus beidh sé mar chuid dár gcuid oibre sa todhchaí an t-eolas atá ar fáil a úsáid chun na fadhbanna a aithint agus na naisc idir-gníomhaireachta a neartú.

Tuigtear, chomh maith, go bhfuil cuid den teanga beagán státúil. Seo limistéir eile faoina bhfuil an OCS ag súil le tuiscint níos fearr a fhorbairt agus ar chumarsáid níos fearr a chur chun cinn. Tá ról tábhachtach ag an OCS chun a chinntiú "go bhfuil tuiscint forleathan, agus eolas coibhneasach, laistigh agus lasmuigh den earnáil phoiblí ar cad chuige go bhfuil an SNF curtha le céile do". Is cabhair mhór í an tuarascáil maidir le seo.

Tá sé tábhachtach a chur in iúl go bhfuil an tuarascáil seo bainteach le gníomhartha Rialtais amháin agus go príomha ag leibhéal náisiúnta: tá údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí áitiúla, na Comhpháirtithe Sóisialta, an earnáil phobail agus dheonach bainteach le réimse mór gníomhartha tábhachtacha bainteach le cuimsitheacht shóisialta, agus tacaíocht ón bpobal ag roinnt acu. Soláthraíonn na gníomhartha seo, idir poiblí agus príobháideach, deiseanna foghlama, forbartha agus comhpháirtíochta dúinn go léir. Leanfaidh an OCS ag cur ar aghaidh foghlama atá forbartha ag na daoine le taithí agus réitigh le tairiscint.

Aithníonn agus tá meas ag an OCS ar ionchur gach Roinne agus go háirithe an fhoireann atá ag obair sna hAonaid Chuimsitheachta Sóisialta tríd an Stáit Seirbhís, agus an fonn atá orthu cabhrú linn chun an próiseas a chur ar aghaidh. Tugann an OCS an t-aitheantas céanna agus tá an meas céanna acu ar ionchur an Ghrúpa Comhairleach ar Chuimsitheacht Shóisialta (GCCS) agus an chabhair mhór a thug siad don phróiseas.

Is iad Daoine Dífhostaithe go Fadtéarmach, Oibrithe Leochaileacha agus daoine a rinneadh iomarcach mar ábhar do thionscnamh speisialta faoi *Sustaining Progress*.

1.1 Spriocanna an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta 2003 – 2005

Tá ceithre príomh spriocanna fostaíochta ann:

- Chun deireadh a chur le dífhostaíocht fhadtéarmach chomh luath agus is féidir ach roimh 2007 ar aon chuma;
- Chun an leibhéal dífhostaíochta i ngrúpaí leochaileacha a laghdú go dtí an meán náisiúnta roimh 2007;
- Chun ráta fostaíochta na mban a ardú go meán de níos mó ná 60 faoin gcéad i 2010 mar atá i gceist sa Phlean Gníomhaíochta Fostaíochta Náisiúnta; agus
- Cuspóirí an Phlean Gníomhaíochta Oideachais a bhaint amach chun rátaí fostaíochta a ardú.

Is féidir tuairisciú a léamh i Rannóg 4 ar Ghrúpaí Leochaileacha ar ghníomhartha ag baint leis na spriocanna ar (i) leibhéil rannpháirtíochta (ráta fostaíochta) mná; agus (ii) laghdú ar an leibhéal dífhostaíochta i measc grúpaí leochaileacha.

1.2 Polasaí fostaíochta

Do dhaoine gur féidir leo obair, is é fostaíocht íoctha an bealach is fearr do chomhrac na bochtaineachta agus eisiamh sóisialta. Soláthraíonn an Plean Gníomhaíochta Fostaíochta Náisiúnta (PGFN) 2003-2005 na cuspóirí straitéiseacha don bhliain seo chugainn agus don todhchaí, laistigh de chomhthéacs Straitéis Fostaíochta na hEorpa (SFE), a leagann amach 3 chuspóir fhairsing agus 10 dTreoirlíne sainiúil.

Is iad na cuspóirí fairsinge atá leagtha amach sa SFE ná:

- Fostaíocht iomlán
- Cáilíocht agus Táirgiúlacht d'Obair
- Comhtháthú Sóisialta agus Cuimsitheach Shóisialta

Is iad príomh chuspóirí an pholasaí ná chun dífhostaíocht a choimeád ag na leibhéil ísle reatha agus má's féidir, í a laghdú níos mó trí phoist níos mó agus níos fearr a chruthú, chun na constaicí ar fhostaíocht páirtaimseartha agus lánaimseartha a chur as an tslí, go háirithe i gcás mná, agus chun feabhas a chur ar chumas fostaíochta.

1.3 Treochtaí fostaíochta déanacha

TÁBLA 1 Rátaí iarbhír agus sprioc rátaí fostaíochta Éireannach agus AE,

Ráta Fostaíochta	Iarbhír AE 2003	Éire Iarbhír 2003	AE Sprioc 2005	AE Sprioc 2010
FORIOMLÁN	64.3%	66.4%	67%	70%
Baineann	55.6%	56.7%	57%	60%
Aosta	40.1%	48.0%	n/a	50%

Foinse: Suirbhé Teaghlaigh Náisiúnta Ráithiúil – CSO and Eurostat

Nóta: Is é an ráta fostaíochta an líon de dhaoine fostaithe mar chomhréir den daonra iomlán idir na haoiseanna 15 go 64.

Is é an fhorbairt is suntasaí in Éirinn le linn na deich mbliana seo chaite ná an méadú i bhfostaíocht. Mar atá le feiceáil sa Tábla thuas, téann feidhmíocht Éireann thar an meán AE maidir le Táscairí Fostaíochta an AE. Cé go raibh moilliú eacnamaíochta le feiceáil in Éirinn sa thréimhse 2000 go 2003, lean an fhostaíocht ag fás ar an meán de 2.2 faoin gcéad in aghaidh na bliana. Go hiomlán, bhí méadú de 6.8 faoin gcéad sa thréimhse sin.

Ba é toradh an mhéadaithe fostaíochta ná laghdú i leibhéil dífhostaíochta go meán de 4.6 faoin gcéad i 2003, agus de réir dífhostaíochta fadtéarmach go mheán de 1.4 faoin gcéad sa thréimhse chéanna. Is dul chun cinn suntasach é an méadú i rátaí fostaíochta na mban freisin, go háirithe nuair atá riosca bhochtaineachta níos airde ag mná. Mhéadaigh rátaí rannpháirtíochta do mhná faoi 11.5 faoin gcéad idir 1998 agus 2003.

Tá Éire geallta le polasaí dul in aois gníomhach. Mhéadaigh an ráta rannpháirtíochta d'oibrithe aosta céim ar chéim go níos mó ná 49 faoin gcéad, méadú de 1 faoin gcéad in aghaidh na bliana.

1.4 Plean Gníomhaíochta Fostaíochta – Próiseas Cosc agus Gníomhú

Is í an aidhm atá ag an Próiseas Cosc agus Gníomhú ná chun dífhostaíocht a laghdú agus an sleamhnú isteach go dífhostaíocht fadtéarmach a sheachaint trí chabhair ghníomhach a thabhairt do dhaoine dífhostaithe chun iad a chur ar bhóthar na fostaíochta arís. Faoin bPróiseas chuireann an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (RGST) gach duine a shroicheann tairseach áirithe de dhífhostaíocht faoi agallaimh ag FÁS (an tseirbhís fhostaíochta phoiblí). Laghdaíodh an tairseach tagartha do dhaoine ó aois 25-54 ó 9 mí go 6 mhí i mí Márta 2003. Ag deireadh mí Dheireadh Fómhair 2003, chuir an RGST 36,627 custaiméir go FÁS (ó mhí Eanáir 2003). As na custaiméirí a chuireadh go FÁS, d'fhág 55 faoin gcéad an clár beo faoi dheireadh mí na Samhna 2003.

As na daoine a chuireadh go FÁS níor fhreastal 10,399 (28 faoin gcéad) ar an agallamh agus as an líon sin bhí 75 faoin gcéad (7,811) an imithe ón gclár beo ag deireadh mí na Samhna 2003. As na 23,757 custaiméir a cuireadh faoi agallaimh ag FÁS, d'fhág 13,179 (55 faoin gcéad) an clár beo ag deireadh mí na Samhna, cláraíodh 7,067 (30 faoin gcéad) dóibh mar dhaoine a d'fhág chun fostaíocht nó oideachas a bhaint amach. D'fhág níos mó ná 6,399 (17 faoin gcéad) den dhream a cuireadh faoi agallamh gan faisnéis ar a gceann scríbe a thabhairt. Cuireadh na daoine eile a cuireadh faoi agallamh faoi bhráid áit i gclár ach a bhí fós ar an gclár beo, ag fáil tacaíocht leanúnacha nó ag feitheamh do a thuilleamh gníomhartha.

Tá an Próiseas á leathnú amach ar bhonn céime do gach duine atá ar an gclár beo le níos mó ná sé mhí agus nach raibh roghnaithe chun cur san áireamh sa phróiseas cheana féin. Thosaigh an próiseas i mBaile Átha Cliath i mí na Bealtaine 2003, lean an t-Iarthar, an t-Iarthuaisceart agus Lár na Tíre i mí Dheireadh Fómhair 2003. Thosaigh an t-Iardheisceart agus an Meán-Iarthar ag baint le custaiméirí a leathnaigh amach i mí na Samhna agus ansin lean an t-Oirthuaisceart agus an t-Oirdheisceart i mí na Nollag 2003. Tá sé measta go mbeidh 40,000 daoine tar éis tairbhe a bhaint as an bpróiseas seo faoi dheireadh 2005. I 2003, cuireadh 4,177 faoi bhráid, as an líon sin tá 30 faoin gcéad imithe ón gclár beo Tá gach aon dealramh go gcuirfí ionann agus 20,000 faoi bhráid i 2004 agus go gcuirfí an t-iarmhéid de 16,000 (thart ar) faoi bhráid i 2005. Tá na tarchuir seo (daoine níos mó ná 6 mhí ach níos lú ná 9 mí ar an gclár beo) sa bhreis ar an ngnáth sreabhadh seachtainiúil (na cliaint atá ar an gclár beo níos mó ná 9 mí) de chliaint PGF a bheidh curtha go FÁS mar chuid den straitéis cosc.

Ba é an líon na dtarchur ón RGST go FÁS ó Eanáir 2004 go deireadh mí na Bealtaine 2004, feicthe ag deireadh mí Mheithimh 2004, ná 25,124 (méadú de 65 faoin gcéad ar an dtréimhse chéanna i 2003). (Tá tuarascálacha míosúla PGF le fáil ar suíomh idirlín na Roinne – *www.entemp.ie)*

Tá meastóireacht den Phróiseas á chur ar bun faoi láthair agus beidh sé le críochnú san Earrach 2005.

1.5 Cláir Ghníomhacha an Mhargaidh Saothair

D'ainneoin an laghdú fiúntach i ndífhostaíocht, ag cur san áireamh dífhostaíocht fadtéarmach, tá réimse fairsing de chláir ghníomhacha an mhargaidh saothair agus de chláir thraenála, ag feidhmiú thar líon de Ranna Rialtais, atá faoin aidhm an bealach don mhargadh saothair a chur chun cinn i measc na daoine dífhostaithe agus neamh-ghníomhacha.

Faoi láthair tá níos mó ná 67,000 daoine ar chláir dá leithéid, beagnach ceann le haghaidh gach duine dífhostaithe.

(i) Scéimeanna FÁS

Is iad na Cláir atá á fheidhmiú ag FÁS faoi choimirce na Roinne Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (R/FT&F) ná Fostaíocht Phobail (FP), Tionscnamh Fostaíochta (TF), Clár Eacnamaíochta Sóisialta (CES) agus cláir Thraenála FÁS a dhéanann suas níos mó ná 37,000 áiteanna eatarthu go léir. As an líon sin tá thart ar 25,000 áiteanna á sholáthar tríd an FP (20,000), TF (2,200) agus ES (2,300). Ar bhonn leanúnach laistigh de FÁS, tugtar an tosaíocht do chláir ghníomhacha an mhargaidh saothair a sholáthar sa limistéar faoi mhíbhuntáiste atá ceaptha ag an Rialtas (RAPID and CLÁR). Tá an méid mhaoiniú iomlán dáilte do thrí scéim fostaíochta i 2004 socraithe ag €351 milliún. Tá an líon d'áiteanna á mhaoiniú i 2004 cosúil leis an líon de rannpháirtithe ag deireadh na bliana 2003.

Bhí an ráta rannpháirtíochta ar an FP ag deireadh na bliana 2003 ná 19,848. Coimeádfaidh an ráta rannpháirtíochta ar an FP le haghaidh 2004 ag an leibhéal sin. Bhí an ráta rannpháirtíochta ar an TF ag deireadh na bliana 2003 ná 2,200. Beidh an ráta rannpháirtíochta ar an TF i 2004 timpeall ar 2,100.

Tugadh solúbthacht bainistíochta áirithe do FÁS i leith dáileadh airgeadais ar na scéimeanna fostaíochta do FÁS d'fhonn is an dul chun cinn don mhargadh saothair a uasmhéadú fad is tacaíocht a chur ar aghaidh do sheirbhísí pobail.

(ii) Clár Eacnamaíochta Sóisialta

Sprioc an chláir – Chun 2,500 deiseanna fostaíochta a chruthú faoi dheireadh 2003.

Cuireadh an clár seo ar bun i mí Mheán Fómhair 2000 chun forbairt na bhfiontair eacnamaíochta sóisialta a chabhraíonn leis an athghiniúint de limistéar áitiúil atá faoi bhuntáiste a thacú agus chun deiseanna fostaíochta a sholáthar do dhaoine atá dífhostaithe go fadtéarmach agus daoine eile atá faoi mhíbhuntáiste. Ag deireadh mí na Nollag 2003 bhí iomlán de 334 Fiontar Eacnamaíochta Sóisialta ag feidhmiú, ag fostú 2,370 fostaí. Léiríonn sé sin go raibh dul chun cinn fiúntach déanta chun an sprioc a shroicheadh.

I 2003 ba é an caiteachas don Chlár seo ná €36.025 milliún. Tá an dáileadh le haghaidh 2004 níos mó ná €40 milliún. Ba leor an buiséad 2004 chun na tionscnaimh a bhí ann cheana féin a mhaoiniú do 2004 agus ní glacadh le haon fhiontar nua le haghaidh maoiniú faoin gClár.

An Todhchaí do Chláir Ghníomhacha an Mhargaidh Saothair
Tá gnéithe áirithe den bhfócas agus téarmaí rannpháirtíochta ar an FP/TF agus ES faoi scrúdú leanúnach. Bhí athbhreithniú den Chlár Eacnamaíochta Sóisialta á ghlacadh agus á mheas ag FÁS agus an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

D'eisíodh páipéar comhairliú do na Comhpháirtithe Sóisialta maidir leis an dtodhchaí do Chláir Ghníomhacha an Mhargaidh Saothair agus an Clár Eacnamaíochta Sóisialta. Cuirfidh torthaí an phróisis in iúl aon shocraithe sa thodhchaí ar an struchtúr agus na téarmaí agus coinníollacha rannpháirtíochta do na cláir sin.

1.6 An tSeirbhís Fhostaíochta Áitiúil

Is sraith amháin é an tSeirbhís Fhostaíochta Áitiúil (SFÁ) den Sheirbhís Fostaíochta Náisiúnta, le sraith dúbailte, an ceann eile is ea an tseirbhís fhostaíochta ag FÁS.

Tá sé mar aidhm ag an SFÁ an leibhéal rannpháirtíochta sa mhargadh saothair agus rátaí dul chun cinn poist i measc mná agus grúpaí eisiata agus ar an imeall a mhéadú. Ó Eanáir go Nollaig 2003, bhí an t-iomlán de 6,892 daoine cláraithe leis an SFÁ go náisiúnta. Lean an tSeirbhís ar aghaidh ag clárú daoine dífhostaithe agus aon duine eile a bhí ag lorg post chun chabhrú leis na daoine a bhí faoin míbhuntáiste is mó chun fostaíocht a fháil de bharr soláthar d'ard-tacaíocht speisialta agus seirbhís a fhreagraíonn go háitiúil. Thug an SFÁ tagairtí do dhaoine a raibh suim acu go folúntas poist, traenáil, oideachas agus cláir fhostaíochta. I 2004, lean an SFÁ ag obair sa tslí chéanna mar a d'oibrigh sé sna blianta roimhe sin.

Críochnaíodh athbhreithniú den SFÁ agus tá na moltaí á mheas faoi láthair.

1.7 Forbhealaí

D'fhorbraíodh an Clár Forbhealaí (clár traenála 2 sheachtaine) ag FÁS chun riachtanais chustaiméirí an PGFN a chomhlíonadh san áit inar aithníodh nach bhfuil traenáil chomhairleach duine ar dhuine nó roghanna fostaíochta oiriúnach don chustaiméir, san áit nach bhfuil an custaiméir cinnte faoi bhealach a shaol ghairme nó san áit ina mbeadh clár comhairleach grúpa oiriúnach. Tá sé mar aidhm ag an gclár an bealach forbartha is oiriúnaí do gach rannpháirtí a aithint chun fostaíocht a fháil agus a choimeád.

Tá an clár leagtha amach le bheith mar thaithí dearfach agus spreagúil. Baineann sé úsáid as bhealach réasúnach feasa, ag leagadh béime ar athrú dearcadh agus gníomhartha de rannpháirtithe i leith fostaíochta. Baineann spriocanna an chláir le custaiméirí atá níos mó ná sé mhí ar an gClár Beo agus atá tagartha faoin PGFN. Tugtar tosaíocht do chustaiméirí dífhostaithe go fadtéarmach mar chuid den chlár géir a leathnaigh amach go náisiúnta i 2003.

Bhí an chlár Forbhealaí píolótach i Sligeach in mí Lúil 2003 agus i gceithre suímh i mBaile Átha Cliath chomh maith. D'fhreastal níos mó ná 220 custaiméir ar na cláir píolótacha i 2003. Leathnaigh an clár amach níos mó i 2004 le beagnach 500 custaiméir ag freastal ar 30 clár ar leith sa chéad sé mhí den bhliain. Tá meastóireacht den Chlár á iarraidh agus beidh sé críochnaithe roimh dheireadh 2004.

1.8 Próiseas Ard Tacaíochta

Thug FÁS Próiseas Ard Tacaíochta (PAT) isteach i mí Eanáir 2003 do dhaoine atá ag lorg poist ach atá ag fulaingt ó chonstaicí pearsanta chun fostaíocht a bhaint amach. Leagadh buiséad de €1.2 milliún amach don chéad chleachtadh den PAT i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, Leitir Ceannainn, i nGaillimh, i gCill Chainnigh, i nDún Dealgan, i Sligeach agus i bPort Láirge. Faoin gclár seo, soláthraítear tacaíochtaí do rannpháirtithe, ag cur san áireamh rannpháirtithe fadtéarmacha ar an gClár Tionscnaimh Fostaíochta, agus daoine atá ag lorg poist a chuireadh faoi bhráid FÁS faoin PGF agus iad atá sainmhínithe mar "Neamh-Ullamh chun dul ar Aghaidh" faoin straitéis cosc.

Bíonn rannpháirtithe a bhaineann úsáid as an PAT á dháileadh go hOifigigh Sheirbhíse Fostaíochta FÁS agus/nó Oibrithe Idirghabhála na Seirbhíse Fostaíochta Áitiúil faoi chóras bainistíochta de réir cásanna, chun chabhrú leo chun na constaicí ar fhostaíocht a aithint. Soláthraítear tacaíocht ar bhonn duine ar dhuine, nó ar bhonn ghrúpa, má's cuí. Léireofar na constaicí ar fhostaíocht atá aitheanta go grúpa cáis comhdhála íl-gníomhach, a shocraíonn seachadadh de agus bealach go seirbhísí oiriúnacha a bheidh riachtanach chun na constaicí a thuiscint, le haontú an rannpháirtí. Tá buiséad iomlán de €2,200 (an t-uasmhéid) in aghaidh an duine le fáil nuair a bheidh an t-eolas oiriúnach ar fháil. Bhain 39 rannpháirtí an Tionscnaimh Fostaíochta úsáid as and tacaíocht bhreise i 2003 chomh maith le 297 custaiméir "Neamh-Ullamh chun dul ar Aghaidh".

Cuireadh an PAT ar fáil ar fud na tíre i 2004 agus leanann sé ag feidhmiú mar a bhí i 2003. Cuireadh buiséad do ionann agus €1.2 milliún ar fáil dó. Tá sé beartaithe, faoi dheireadh 2004, go mbainfidh 320 custaiméir "Neamh-Ullamh chun dul ar Aghaidh" agus 230 rannpháirtí den Tionscnaimh Fostaíochta úsáid as an bpróiseas i rith na bliana sin.

Tosaíodh ar mheastóireacht den PAT i lár 2004, faoi cheapachán moltaí a thabhairt conas an próiseas a úsáid i slí níos fearr.

1.9 Scéimeanna Liúntais chun filleadh ar an Obair/ar ais chun Oideachas

Tá monatóireacht á dhéanamh ar an réim de sheirbhís tacaíochta fostaíochta atá á riaradh ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh chun a chinntiú go bhfuil siad bainteach leis an margadh saothair reatha agus coinníollacha eacnamaíochta. Bhí an Liúntas chun filleadh ar an Obair agus an Liúntas ar ais chun Oideachas leasaithe níos mó i 2003 chun a chinntiú go leanann an béim ar na grúpaí is leochailí i sochaí an lae inniu. Laghdaíodh an tréimhse cháilíochta don Liúntas chun filleadh ar an Obair ó 5 bhliana go 3 bhliana do dhaoine ar shochar dífhostaíochta/chúnamh dífhostaíochta, le héifeacht ó mí Márta 2004, ag leanúint ó tuilleadh athbhreithnithe.

Bhí 17,069 rannpháirtí ar an scéim Liúntas chun filleadh ar an Obair, 9,872 ar an sraith féin-fhostaithe agus 7,197 ar an sraith fostaithe roimh Nollaig 2003. Bhí 7,648 rannpháirtí ar an scéim Liúntas ar ais chun Oideachas sa bhliain acadúil 2003/2004.

Mhéadaigh an tréimhse cháilithe ó 6 mhí go 15 mhí le haghaidh an Liúntas ar ais chun Oideachas, Rogha Tríú Leibhéal. Níor athraíodh an tréimhse cháilithe don Rogha Dara Leibhéal chun a chinntiú go gcoimeádann an sraith seo den scéim béim ar na grúpaí faoin míbhuntáiste is mó sa tsochaí nach mbíonn cáilíocht an dara leibhéal acu agus atá faoi chontúirt a bheith ag brath ar íocaíochtaí leasa shóisialaigh ar bhonn fadtéarmach.. Tá an t-athrú sin á chur ar bun ó mí Mheán Fhómhair 2004. Tá gach aon dealramh go gcríochnódh an t-Athbhreithniú ar an gCaiteachas don Liúntas ar ais chun Oideachas i mí na Nollag 2004.

1.10 Ciste Tionscadal Speisialta

Bhain daoine a bhí as an margadh saothair, go háirithe tuismitheoirí aonair agus daoine le míchumais, úsáid as an traenáil fhorbartha phearsanta agus réamh-fhostaíochta tríd an chiste Tionscadal Speisialta atá á riaradh ag an bhfoireann Réigiúnach den Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Bunaíodh an Ciste Tionscadal Speisialta chun traenáil agus tacaíocht a chur ar fáil do na grúpaí a bhíonn deacair a shroich agus atá i bhfad ón margadh saothair. Méadaíodh an buiséad le haghaidh Tionscadail Speisialta do 2004 go €2.45 milliún.

Ní féidir na torthaí ó na tionscadail seo a thomhas thar thréimhse ghearr ach tá sonraí dearfacha agus faisnéiseach ag teacht chun cinn maidir leis an gcás tréan de nádúr bainistíochta na n-idirghabhála, agus an bealach folaigh chun tionchar a leagadh ar chuimsitheacht shóisialta agus an chumas fostaíochta a spreagadh. Léiríonn an tionscnaimh Tionscadal Speisialta na torthaí dearfacha den pháirtíocht idir an Roinn, na hearnálacha deonacha agus pobail agus príobháideacha, chomh maith le páirtithe eile a thaispeánann suim ag leibhéal áitiúil, chun riachtanais a aithint agus a thuiscint de réir cúrsaí traenála agus forbartha. Leanann an ról nua, méadaithe, ag Éascaitheoirí na Roinne ag leagadh béime ar an dtraenáil, bhforbairt agus riachtanais eile a bhíonn ag an gcustaiméir agus a gcuid clainne ar bhonn bainisteoireachta cáis i rith na bliana 2004.

1.11 Traenáil agus forbairt

Is cuspóir tábhachtach den Phlean Gníomhaíochta Fostaíochta é "a chinntiú go mbíonn deis acu siúd ar phá íseal, dul chun cinn a dhéanamh chuig fostaíocht le pá níos fearr agus níos mó scileanna i gceist inti". Tá an soláthair de thraenáil mar chuid riachtanach den aidhm seo a bhaint amach.

(i) Ciste Traenála Náisiúnta

Tá an Ciste Traenála Náisiúnta ag fáil airgid ó thobhach ar fhostóirí de 0.7 faoin gcéad de thuilleamh ceaptha maidir le fostaithe i bhfostaíocht i Rang A agus Rang H. Léiríonn sé ionann agus 75 faoin gcéad de gach fostaí atá faoi árachais.

Tá ciste iomlán de €317.5 milliún le fáil le haghaidh cuspóirí an Chiste i rith na bliana 2003. I 2003, thacaigh an Ciste Traenála Náisiúnta scéimeanna atá á fheidhmiú ag FÁS, *Fiontraíocht Éireann*, IDA Éireann, Comhlacht Saor Forbartha na Sionainne (CSFS), *Skillnets Ltd., FORFAS, Institiúid Innealtóirí na hÉireann agus an tÚdarás um Ard-Oideachas*.

Tá meastachán de €293 milliún ar chaiteachas beartaithe ón gCiste i 2004, agus tá barrachas measta don chiste le tabhairt ar aghaidh go 2005 mar €66 milliún.

(ii) Clár Gréasáin Traenála

Is comhlacht neamhspleách é Skillnets Ltd, le bord trí-thaobhach, a fheidhmíonn an Clár Gréasáin Traenála, agus atá á mhaoiniú go príomha ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, tríd an gCiste Traenála Náisiúnta.

Bíonn spriocanna na scéime seo dírithe ar dhaoine i bhfostaíocht agus tá maoiniú Skillnets le fáil do gach earnáil ghnó, gan bacadh ar mhéid an chomhlachta. Tá ciste de €16.4 milliún curtha ar fáil do Skillnets le haghaidh na tréimhse 2002-2005.

Tá €12.8 milliún geallta san iomlán ag bord Skillnets go gréasáin de mhaoiniú faoin gclár. Forbraíodh 58 tionscadal gréasáin. I rith na tréimhse 2003-2005 tá sé faoi mheas go nglacfaidh 2,700 comhlacht agus 18,000 fostaí cur chuige an gréasáin traenála. I rith na tréimhse níos luaithe – 1999-2002 – bhain 3,800 comhlacht agus 12,800 fostaí úsáid as an gClár.

(iii) Printíseacht

Bunaíodh Bord FÁS an Coiste Comhairleora Printíseachta Náisiúnta (CCPN) arís ag a chruinniú ar an 8ú Márta 2001 mar an t-aon choiste le freagracht as chomhairle a thabhairt dóibh ar chúrsaí a bhaineann le printíseacht. Tá an Coiste déanta suas de bhaill den pháirtí sóisialta san earnáil tionsclaíochta, oideachais agus na ranna rialtais atá bainteach.

Stiúir FÁS faoi choimirce an CCPN athbhreithniú ar gach clár printíseachta i rith na bliana 2003. Léirigh Grúpaí Saineolaithe ar an Ábhar Trádála áirithe, déanta suas de chomhpháirtithe sóisialta, ionadaithe oideachais agus FÁS, a leasanna teicniúla agus a moltaí fairsinge don CCPN a mheas.

Bhí an cur i láthair deireanach den Grúpaí Saineolaithe ar an Ábhar déanta don CCPN ar an 18ú Nollaig 2003.

Beidh córas printíseach níos éifeachtaí agus níos leithne de thoradh ar an athbhreithniú a gcomhlíonfaidh riachtanais Tionscail Éireannach sa todhchaí.

(iv) Foghlaim na Beatha Lán

Tá gá le heolas, scileanna agus inniúlachta a shaibhriú agus a fheabhsú go leanúnach chun dul ar aghaidh a chinntiú. Is é atá i gceist le Foghlaim Fad-saoil (FFS) ná deiseanna níos mó agus níos fearr a chruthú, a bheidh le fáil do gach saoránaigh. Is gá athruithe cultúrtha agus dearcaidh a dhéanamh chun foghlaim fad-saoil a dhéanamh mar réaltacht. Is mar chuid den athrú ó thaobh dearcadh ná foghlama a thuiscint mar infheistíocht riachtanach ina bhfuil torthaí aischur eacnamaíochta, pearsanta, agus ó thaobh an tsochaí inláimhsithe ná costas.

Déanann an Tuarascáil ón dTascfhórsa ar Fhoghlaim Fad-saoil, in éineacht leis an bPáipéar Bán ar Oideachas do Dhaoine Fásta, an chreatlach straitéiseach le haghaidh dul chun cinn na foghlama fad-saoil.

Tá an tasc chun na moltaí den Tuarascáil ón dTascfhórsa a chomhordú, a athbhreithniú, agus chun cur i bhfeidhm na moltaí a tuairisciú faoi chúram na Comhairle Foghlama Náisiúnta do Dhaoine Fásta (CFNDF). Go dtí bunú an CFNDF ar bhonn reachtúil, agus fad is atá áiseanna airgeadais agus foirne ann á chur ar fáil, tá Grúpa Stiúrtha na CFNDF/Tras-Rannach i bhfeighil ar an dul chun cinn maidir le moltaí na Tuarascála a chur i bhfeidhm. Tá dul chun cinn á dhéanamh thar réimse de mholtaí na Tuarascála Foghlama Fad-saoil laistigh de na háiseanna atá ann faoi láthair do na dá príomh Roinn (Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus Oideachais agus Eolaíochta) agus na heagraíochtaí a fheidhmíonn faoina gcoimirce. Beidh tuarascáil ar an dul chun cinn le fáil i mí Dheireadh Fómhair. Tá an rochtain do thraenáil méadaithe níos mó agus deiseanna chun scileanna na ndaoine fostaithe a fheabhsú nasctha leis an gceist de cheart "saoire foghlama" atá riachtanach a fhreagairt.

(v) Clár Forbartha Inniúlachta

Tá an tionscnamh seo ag iarraidh eolais agus scileanna atá riachtanach chun feidhmiú i dtimpeallacht atá ag athrú go tapa agus ina bhfuil eacnamaíocht iomaíocha i gcónaí a chur ar chumas daoine atá fostaithe sna hearnáil eacnamaíochta leochaileacha is mó. Tá na cláir aitheanta de réir riachtanais áitiúla agus náisiúnta, agus le chomhairle ó na heagraíochtaí tionscail agus na heagraíochtaí forbartha fiontraíochta. Tá buiséad de €2.5 milliún á sholáthar le haghaidh 2004. Faoi láthair, tá cláir thraenála á chur ar fáil d'oibreoirí le scileanna agus cáilíochtaí ísle, le tionscnaimh phíolótacha (m.sh Clár Iomaíocha Fostaithe) a bhunú i líon d'earnáil (Éadach, Innealtóireacht, Teicstílí agus Miondíol) i Réigiún an Iarthuaiscirt.

1.12 Cúram Leanaí do Fhostaithe/Fhoghlaimeoirí

(i) Rannpháirtíocht i bhFostaíocht agus Cúram Leanaí

Ag uair ina bhfuil cúrsaí eacnamaíochta bríomhar tá gá ann rannpháirtíocht sa lucht saothair a mhéadú. D'fhás an líon de mhná i bhfostaíocht ó 483,000 i 1995 go 771,000 i 2004, méadú ionann agus 60 faoin gcéad. Tá dúshlán tábhachtach ó thaobh sholáthar cúraim leanaí de go háirithe de bharr an méadú i rannpháirtíocht na mban sa saol oibre. Baineann sé leis na tuismitheoirí, an lucht cúraim, agus iad siúd ag fáil an chúraim.

Téann an soláthar de chúram leanaí den chéad scoth agus atá iníoctha ag daoine i bhfeidhm go

mór ar rátaí rannpháirtíocht san fhostaíocht go háirithe tuismitheoirí aonair agus b'fhéidir go mbeadh tionchar le feiceáil ar rátaí breithe. Tá tábhacht an chúraim leanaí chun bochtaineacht agus eisiamh sóisialta a dhíbirt le tuiscint de réir na béime a leagadh i dtagairtí éagsúla sa Phlean Gníomhaíochtaí Náisiúnta in aghaidh na Bochtaineachta agus Eisiamh Sóisialta.

(ii) Cur i bhfeidhm an Chláir Comhdheiseanna um Chúram Leanaí (CCCL) 2000 – 2006

Tá freagracht iomlán ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais, agus Athchóirithe Dlí (R/DCC&AD) as polasaí náisiúnta ar chúram leanaí a chur in eagar agus seirbhís chúram leanaí a chur i bhfeidhm d'fhonn riachtanas cúraim leanaí na dtuismitheoirí a chomhlíonadh. Is cuid den aidhm ag an CCCL ná soláthar d'áiseanna agus áiteanna cúraim leanaí a choimeád agus a mhéadú agus bealach comhordaithe a bhunú ó thaobh seirbhísí cúraim leanaí a sheachadadh.

Tá maoiniú don CCCL á sheachadadh tríd an dá Clár Feidhmithe Réigiúnacha den Phlean Forbartha Náisiúnta/Creatlach Tacaíochta Pobail 2000-2006 (PFN/CTP), mar chuid de Fo-Chlár Tosaíochta Cúraim Leanaí agus Cuimsitheach Shóisialta. Tagraíonn an dá Clár Feidhmithe don easpa cúraim leanaí mar chuiditheoir tábhachtach d'eisiamh ón oideachas, traenáil agus deiseanna fostaíochta atá ar fáil. Tugann siad faoi deara go mbíonn an tionchar is mó ar mhná, go háirithe mná atá faoi mhíbhuntáiste agus teaghlaigh le tuismitheoir aonair.

Feidhmíonn an CCCL faoi thrí fo bheartanna chun na haidhmeanna a bhaint amach:

- *Scéimeanna Deontais Caipitiúla*; a sholáthraíonn tacaíocht deontais i leith tógáil, deisiú, athnuachan agus áiseanna cúraim leanaí a sholáthar chun áiteanna cúraim leanaí a mhéadú;
- *Scéim Deontais Foirne;* a sholáthraíonn tacaíocht i leith costais foirne in aghaidh cúraim leanaí bunaithe sa phobal sna limistéir faoi mhíbhuntáiste; agus
- *Tá sé mar aidhm ag an Beart do Cháilíocht a Fheabhsú;* an cáil a shaibhriú agus mianach d'áiseanna cúraim leanaí a fheabhsú trí thraenáil cúraim leanaí, ghréasáin agus thionscnaimh eile a fhorbairt.

Is léir ón Suirbhé Bhliantúil de Thairbhithe Deontais go bhfuil na sochair a bhaineann leis an CCCL chun fostaíocht, oideachas agus traenáil a thacú. Léiríonn an tSuirbhé 2003 go bhfuil beagnach 90 faoin gcéad d'aithreacha agus 70 faoin gcéad de mháithreacha fostaithe go gníomhach i bhfostaíocht, oideachas agus traenáil i measc 37,730 tuismitheoir ina mbíonn a leanbh/leanaí ag freastal ar sheirbhís chúraim leanaí, príomh aidhm an Chláir.

Maoiniú

Tá iomlán de €263 milliún as iomlán de bhuiséad an Chláir de €449.3 milliún curtha faoi chúram agus tá sé á mheas go cruthóidh sé 29,639 áit cúraim leanaí nua agus tacú do níos mó ná 27,418 áit atá ann anois.

Faoi dheireadh mí na Nollag 2003, críochnaíodh 18,320 de na háiteanna nua seo (8,109 lánaimseartha agus 10,211 páirtaimseartha). Tá níos mó ná 19,058 áit cúraim leanaí atá ann anois ag fáil tacaíochta leanúnach faoi CCCL. Tá cuid thábhachtach den mhaoiniú atá fágtha riachtanach chun tacaíochtaí deontais na foirne a bheidh ar fáil d'áiseanna cúraim leanaí a fhreastalaíonn ar theaghlaigh atá faoin míbhuntáiste is mó agus tacaíocht leanúnach do na Cóistí Cúraim Leanaí Cathrach/Contae (CCLC) agus an Eagraíocht Cúraim Leanaí Deonacha Náisiúnta (ECLDN) a leathnú amach.

Tá na táscairí den CCCL á athbhreithniú faoi mholtaí a leanann ón Athbhreithniú Lár-Téarma den PFN.

Soláthróidh siad mion-eolais ar thionchar an chláir ar chuimsitheacht shóisialta.

As an €263 milliún atá curtha ar fáil faoin CCCL, baineann, €219.8 milliún le maoiniú caipitiúil le haghaidh áiseanna cúraim leanaí atá bunaithe sa phobal/gan béim ar bharrachas agus áiseanna cúraim leanaí príobháideacha agus maoiniú foirne le haghaidh grúpaí bunaithe sa phobal/gan béim ar bharrachas. Cuirtear €43.2 milliún ar fáil do bhearta Feabhsaithe Cáilíochta.

Tá an maoiniú atá curtha ar fáil do gach Fo-bheart athcheartaithe ag leanadh na hAthbhreithnithe seo a leanas:

- as an €154.5 milliún de mhaoiniú curtha ar fáil le haghaidh Forbairt Chaipitiúil, cuirtear €119.0 milliún ar fáil go deireadh mhí an Mheithimh 2004
- as an €193.5 milliún den mhaoiniú curtha ar fáil le haghaidh cúnamh deontais na foirne, cuirtear €100.8 milliún ar fáil go deireadh mhí an Mheithimh 2004
- as an €83.3 milliún den mhaoiniú curtha ar fáil le haghaidh saibhriú cáilíochta, cuirtear €43.2 milliún ar fáil go deireadh mhí an Mheithimh 2004.

Go deireadh mhí an Mheithimh 2004, cuirtear €45 milliún faoi chúram chun seirbhísí cúraim leanaí a fheidhmíonn sna limistéar RAPID a mhaoiniú. Cuirtear níos mó ná €23 milliún faoi chúram chun seirbhísí cúraim leanaí sa limistéar CLÁR a mhaoiniú.

Ba chúis é an Athbhreithniú Meán-Téarma den Phlean Forbartha Náisiúnta agus na Cláir Fheidhmithe Réigiúnacha méadú sa mhaoiniú a sholáthraíonn cúram leanaí in Éirinn ó Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) sna réigiúin araon agus Ciste Forbartha Réigiúnach na hEorpa (CFRE) sa Réigiúin Teorainn, Lár na Tíre agus an t-Iarthair (TLTI). Thug sé seo buiséad an Chláir ina iomláin suas go €449.3 milliún (ó €436.7 milliún).

(iii) Dul chun cinn i dtreo feabhas i soláthar cúraim leanaí

I rith na tréimhse den Tuarascáil Bhliantúil, bhí na ranganna seo a leanas á shoiléiriú ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais, agus Athchóirithe Dlí mar ranganna ina bhfuil dul chun cinn déanta i dtreo feabhas i soláthar cúraim leanaí

- Fuair 33 Coiste Cúraim Leanaí Cathrach/Contae (CCLC) maoiniú níos mó ná €6.7 milliún le haghaidh cur i bhfeidhm na bPleananna Gníomhaíochta 2004 atá nasctha leis a gcuid straitéisí cúig bliana. Is cuid de na haidhmeanna ag na CCLC ná forbairt cúraim leanaí a chothú chun riachtanais a gcathair nó a gcontae a chomhlíonadh. Ba iad na gníomhartha a chuirtear san áireamh le haghaidh 2004 ná: eolas, gréasán, cothú cumas do sholáthraithe, bearta cuimsitheachta sóisialta, bearta comhionannais agus éagsúlachta, traenáil údarásach agus bearta saibhriú cáilíochta eile a ullmhú.
- Faigheann na CCLC maoiniú ar leith le haghaidh an tionscnamh cúraim leanaí a sholáthraíonn traenáil, eolas, agus gréasán don lucht aire linbh agus Clár Meabhraíochta Cáilíochta de leachtanna gearra do lucht aire linbh. Soláthraíonn an Scéim Deontais Forbartha deontais suas go €630 (ach suas go uasmhéid de 90 faoin gcéad den chaiteachas iomlán) do lucht aire linbh chun saibhriú cáilíochta a chlúdach. Sa chéad sé mhí den scéim seo, bhain 1,200 lucht aire linbh úsáid as na sraitheanna léachta
- Cuireadh maoiniú de €2.56 milliún le haghaidh na gníomhartha 2004 atá nasctha leis na

straitéisí trí bliana go seacht Eagraíocht Cúraim Leanaí Deonacha (ECLD) atá tacaithe faoin CCCL. Ba iad na gníomhartha a chuirtear san áireamh le haghaidh 2004 ná: cinnteacht cáilíochta, cleachtas is fearr a chur chun cinn agus a fhorbairt, eolas a ullmhú, gréasán a chur ar fáil, traenáil agus forbairt phroifisiúnta, agus meabhraíocht cáilíochta a chur ar aghaidh i measc Tairbhithe CCCL, agus an earnáil chúraim leanaí.

- Spreagann an R/DCC&AD comhoibriú den chéad scoth i measc CCLC, i measc ECLD, agus idir CCLC agus ECLD, chun bealach chomhtháite do sheachadadh cúraim leanaí a chothú.

- Tá an R/DCC&AD i gceannas ar an gCoiste Náisiúnta Comhordaithe Cúraim Leanaí (CNCCL), atá i bhfeighil ar an bhforbairt bonneagair comhtháite cúraim leanaí ar fud na tíre agus a chuimsíonn baill ón earnáil reachtúla agus neamh-reachtúla ag cur san áireamh na Comhpháirtithe Sóisialta agus na ECLD.

- I mí an Mheithimh 2004, d'fhoilsigh an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais, agus Athchóirithe Dlí "Cúram Leanaí a Fhorbairt in Éirinn: Athbhreithniú ar an Dul ar Aghaidh ar an Cur i bhfeidhm an Chláir Chúraim Leanaí le Deiseanna Cothrom 2000-2006" go dtí deireadh 2003. Léiríonn an tuarascáil an soláthair cúraim leanaí in Éirinn roimh an CCLDL 2000-2006 chomh maith. Tá liosta de na deontais formheasta curtha san áireamh san aguisín faoin gClár go deireadh mí na Nollag 2003. Foilseoidh an Roinn suas chun dáta gearr den tuarascáil ar bhonn leath-bhliantúil agus athbhreithniú níos leithne i 2006.

(iv) Foghlaimeoirí FÁS agus íocaíochtaí cúraim leanaí

Chuir FÁS an scéim liúntais cúraim leanaí píolótach i bhfeidhm i mí lúil i 2001 chun cabhrú le tuismitheoirí atá ina bpríomh-aire dá leanaí chun traenáil riachtanach chun téacht isteach nó filleadh ar an obair a fháil. Tá an íocaíocht déanta do lucht aire an linbh thar ceann an tuismitheora. Is íocaíocht é de €63.50 in aghaidh an linbh in aghaidh na seachtaine agus tá costas na scéime ionann agus €5 milliún in aghaidh na bliana.

I 2003 d'iarr FÁS dá tuarascáil ar éifeacht na hidirghabhála sin. Tá an aimsiú fíricí sin á mheas faoi láthair in éineacht leis an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

1.13 Bearna pá de réir inscne

Foilsíodh Tuarascáil an Ghrúpa Comhairleora don Rialtas ar na Difreálacha Pá Fireann/Baineann agus dáileadh go páirtithe lena raibh suim. Tá taighde ar a dtugtar coimisiúin ar an mbearna pá de réir inscne do chéimithe, dá bharr moltaí na Tuarascála, á dhéanamh anois. Tá gach aon dealramh go gcríochnófar an taighde seo faoi dheireadh 2004.

1.14 Cothromaíocht Oibre-saoil

(i) Saoire Tuismitheora

Tuarascáil an Ghrúpa Oibre ar an Athbhreithniú den Acht um Shaoire do Thuismitheoirí 1998

De réir na moltaí aontaithe sa Tuarascáil den Ghrúpa Oibre ar an Athbhreithniú agus Feabhsú de Reachtaíocht um Chosaint Mháithreachais, bhí an Scéim Ghinearálta den Bhille chun an t-Acht um Shaoire do Thuismitheoirí 1998 a leasú ceadaithe ag an Rialtas ar an 8ú Meán Fhómhair 2004, d'fhonn é a chur i bhfeidhm ag an dáta is luaithe. Is iad na príomh-forálacha den Scéim Ghinearálta seo a leanas:

- An ceart de shaoire tuismitheora a leathnú amach do dhaoine i loco parentis do leanbh i dteideal;
- Méadú ar an uasmhéid den teorainn aoise don leanbh i dteideal ó 5 bhliana go 8 mbliana;
- Gan an tréimhse den shaoire tuismitheora a chríochnú níos déanaí ná lá nuair a shroicheann leanbh atá faoi mhíchumas aois de 16 bliana d'aois
- Go soláthrófar fostaithe le cúnamh breise difriúil chun an saoire tuismitheora a thógáil i mbloc ar leith, gach bloc déanta suas d'íosmhéid de 6 sheachtain leanúnach: agus
- Go dtugtar cead don fhostaí saoire tuismitheora a chur siar ar feadh tréimhse tinnis á leanadh nuair a thosaíonn an saoire tuismitheora.

(ii) Saoire Mháithreachais

Acht um Chosaint Máithreachais (Leas) 2004

Leasaíonn an Acht um Chosaint Máithreachais (Leas) 2004 an Acht um Chosaint Mháithreachais 1994 chun éifeacht a thabhairt do na moltaí a sheasann ón *nGrúpa Oibre ar an Athbhreithniú agus Feabhsú den Reachtaíocht um Chosaint Mháithreachais*. Cuireadh na moltaí chun an tréimhse saoire mháithreachais a méadú i bhfeidhm i mí Márta, 2001, go gearr ina dhiaidh don Ghrúpa Oibre a dhíospóireachtaí a chríochnú. Soláthraíonn an Acht, a shíníodh mar dhlí ar an 19 Iúil 2004, le haghaidh líon de fheabhsúcháin, mar shampla:

- Soláthar nua a laghdaíonn an luí seoil éigeantach de shaoire máithreachais ó 4 sheachtain go 2 sheachtain;
- Deis a sholáthar do mhná ag iompar clainne sraith amháin de ranganna réamh-bheireatais a fhreastal gan pá a chailliúint (ach amháin an trí rang deireanach sa shraith). Cead d'uair amháin mar cheart le haghaidh am saor atá íoctha chun dhá rang réamh-bheireatais a fhreastal láithreach roimh an bhreith a sholáthar;
- Soláthar do mháthair á thugann cíoch do leanbh a bhreith linbh sa sé mhí roimhe sin cúnamh, gan caillteanas íocaíochta, uaireanta oibre a choigeartú no áiseanna don naíonán cíche a sholáthair ag an bhfostaí, sosanna le haghaidh an naíonán cíche;
- Soláthar le haghaidh deireadh na saoire mháithreachais breise (ach le haontú na bhfostóra) san áit ina tharlaíonn tinneas;
- Soláthar don fhostaí an tréimhse den shaoire mháithreachais/saoire mháithreachais breise a chur siar (ach le haontú na bhfostóra) san áit ina mbeadh an leanbh ag fanacht san ospidéal; agus
- Soláthar le haghaidh díláthair na bhfostaí ón ionad oibre ar chead mháithreachais breise a áireamh mar chearta fostaíochta a bhaineann leis an bhfostaíocht (ach amháin sochair luach saothair agus an ciste pinsin) mar shampla ceann sinsearacha nó saoire bliantúla.

Soláthróidh rialacha faoin Acht socruithe le mionchuntas maidir le na cúnaimh nua do:-

- am saor ón obair, gan caillteanas pá, le haghaidh cuspóirí na ranganna réamh-bheireatais a fhreastal;
- sosanna ón obair/laghdú d'uaireanta oibre, gan chaillteanais pá, le haghaidh cuspóirí an naíonáin cíche; agus
- an tréimhse don saoire mháithreachais nó saoire mháithreachais breise a chur siar (ach le haontú na bhfostóra) san áit ina mbeadh an leanbh ag fanacht san ospidéal.

Tosaíodh an Acht um Chosaint Mháithreachais (Leasú) 2004 ar an 18 Deireadh Fómhair, 2004.

(iii) Saoire Uchtaíoch

An Bille um Shaoire Uchtaíoch 2004

Ar an 27 Bealtaine, 2003 d'aontaigh an Rialtas chun an soláthar saoire uchtaíoch atá ann a chur chun cinn mar an soláthar saoire mháithreachais nua atá cuimsithe sa Bhille um Chosaint Mháithreachais (Leasú) 2003 (anois an Acht um Chosaint Mháithreachais (Leasú) 2004).

Tá an leasú an Acht um Shaoire Uchtaíoch 1995 á ardú suas de chinneadh ag an Rialtas chun na moltaí go léir de Thuarascáil an *Ghrúpa Oibre ar an Athbhreithniú agus Feabhsú den Reachtaíocht um Chosaint Mháithreachais* a chur i bhfeidhm a fhoilsíodh i Feabhra 2001, agus na moltaí cuí a chur le saoire uchtaíoch. Cuireadh an moladh chun an tréimhse de shaoire mháithreachais a mhéadú i bhfeidhm go gearr ina dhiaidh críochnú na díospóireachtaí ag an nGrúpa Oibre agus méadaithe mar a chéile a chur leis an gcúnamh saoire uchtaíoch. Ar an 14 Deireadh Fhómhair 2003, cheadaigh an Rialtas moladh chun an tréimhse den shaoire uchtaíoch a mhéadú de 2 sheachtain go 16 seachtaine, rud atá curtha isteach sa Bhille nua. Tá an méadú sa saoire uchtaíoch nasctha leis an laghdú sa thréimhse luí seoil éigeantach den saoire mháithreachais mar atá á sholáthair faoin Acht um Chosaint Mháithreachais (Leasú) 2004 agus ciallaíonn sé, ón uair atá se achtaithe, beidh deis ag an máthair thabhartha agus altrama an saoire de 16 seachtain a fháil ón uair a rugadh an leanbh nó fágtha faoina gcúram. Foilsíodh an Bille ar an 2 Aibreáin, 2004 agus críochnaíodh gach céim den Seanad ar an 15 Meitheamh, 2004. Tá gach aon dealramh go ndéanfadh sé dul chun cinn tríd an Dáil i suí an Fhómhair le bheith achtaithe chomh luath agus is féidir. Cuireadh an cúnamh den saoire mháithreachais i bhfeidhm de réir Ordú, a rinneadh ar an 22 Deireadh Fómhair 2004 agus a rachaidh i bhfeidhm ar an 19 Samhain 2004, roimh an mBille a bheith achtaithe, d'fhonn is go mbeidh an saoire méadaithe le fáil do thuismitheoirí atá á ghabhadh páiste ar uchtaíocht ag an am chéanna agus a bhaineann máithreacha tairbhe as an laghdú de shaoire mháithreachais luí seoil éigeantach.

Is iad na *príomh* fhorálacha den Bhille um Shaoire Uchtaíocht 2004 ná mar seo a leanas:-

- soláthar de mhéadú den thréimhse saoire uchtaíoch de 2 sheachtain go 16 seachtain;
- soláthar do tuismitheoirí a uchtaíonn páiste faoina gcúram ranganna ullmhúcháin atá riachtanach a fhreastal agus cruinnithe réamh-altrama le hoibrithe sóisialta agus oifigigh an bhoird sláinte i rith uaireanta oibre gan caillteanas pá;
- soláthar ar dheireadh an saoire uchtaíoch breise san áit ina mbíonn tinneas, ach le haontú an fhostóra;
- soláthar ar an tréimhse saoire uchtaíoch/saoire uchtaíoch breise a roinnt san áit ina beadh ar an leanbh fanacht san ospidéal, ach le haontú an fhostóra; agus
- soláthar díláthair na bhfostaí ón ionad oibre ar shaoire uchtaíoch breise á áireoidh mar chearta fostaíochta go léir (ach amháin sochair luach saothair, ciste pinsin) a bhaineann leis an bhfostaíocht.

1.15 Athbhreithniú ar Fhorais faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998

Tá obair idir lámha ar chúiseanna faoin Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998 a athbhreithniú, tugadh an coimisiúin don Roinn Dlí, Coláiste na hOllscoile Corcaigh, chun athbhreithniú ar reachtaíocht chomhionannais i ndlínsí eile, a sholáthraíonn cosc ar idirdhealú ar chúiseanna de

stádas eacnamaíochta/sóisialta agus/nó bunús sóisialta, ballraíocht de cheardchumainn, ciontaithe coirpigh/iar-príosúnach/iar-ciontóir. Is cuid den athbhreithniú seo chun na himpleachtaí praiticiúla chun an reachtaíocht ar fhostaíocht chomhionannais a leathnú a mheas ar na cúiseanna go léir nó cuid de na cúiseanna. Thosaigh an Roinn an próiseas athbhreithnithe i 2001 le Páipéar Díospóireachta agus Comhchomhairle. Foilsíodh an Tuarascáil Taighde d' UCC ar an 4 Meán Fómhair 2004 agus bhí dearcadh na ndaoine a bhí i láthair ag an Comhchomhairle á lorg.

1.16 Aonad Staidéir ar Chomhionannas

Tá an t-Aonad Staidéir ar Chomhionannas (ASC) den Údarás Comhionannais á mhaoiniú ag an gClár Oibríochta Fostaíochta agus Forbartha Acmhainní Daonna (COFFAD) den Phlean Forbartha Náisiúnta (PGN) 2000-2006. Is cúis den ASC neamh-chomhionannas den mhargadh saothair a scrúdú agus a n-impleachtaí le haghaidh polasaithe don mhargadh saothair maidir le ceithre dream de dhaoine: oibrithe sine; daoine atá faoi mhí-chumas, teifigh, agus baill an Lucht Siúil. Tá líon de tuarascálacha foilsithe ag an ASC a:

- aithníonn easpa sonraí atá ann agus a chomhairlíonn conas iad a réiteach chun teacht isteach agus rannpháirtíocht sa mhargadh saothair a leanúint agus a chur faoi anailís;
- tuiscint a chur ar aghaidh ar riachtanais áirithe a bhaineann leis an margadh saothair atá gan cosaint ó eisiamh sóisialta agus bulaíocht a dhéanamh agus cumas socraithe na riachtanais éagsúla sin a chaomhnú;
- taighde a dhéanamh ar thaithí an mhargaidh saothair de na dreamanna sin agus na fíricí a úsáid chun teacht isteach agus rannpháirtíocht a chur ar aghaidh; agus
- monatóireacht de choimeád na torthaí a le haghaidh na dreamanna sin trí ionchur do na coistí atá freagracht as agus fóraim eile.

Oibríonn an ASC freisin chun forbairt an chleachtais comhionannais a chur ar aghaidh agus a thacú laistigh de bhearta an COFFAD go háirithe maidir leis an bPrionsabail de Deiseanna Comhionann Níos Leithne ag baint leis na ceithre dreamanna luaite thuas. Cuireann sé san áireamh clár de staidéir ar chleachtas comhionannais de réir bearta áirithe, fíricí an taighde a leathadh agus ábhair áiseanna phraiticiúla do sholáthraithe agus uile a fhorbairt.

2.1 Spriocanna an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta 2003-2005

Ioncam Fónta:

- Ráta de €150 in aghaidh na seachtaine a bhaint amach i dtéarmaí 2002 do na rátaí íocaíochta leasa sóisialaigh is ísle faoi 2007. I rith tréimhse an Phlean (2003-2005) déanfar ardú ar na rátaí chun an sprioc seo a bhaint amach;
- Déanfar feabhsú ar phinsin Leasa Sóisialaigh chun an leibhéal sprice de €200 a bhaint amach faoi 2007;
- Dul chun cinn a déanamh ar fheabhsú pinsin Bhaintrí (/fir) agus méadú le déanamh ar chéille cáilithe do chéillí pinsinéirí go dtí leibhéal an pinsean seanaoise (neamh-ranníocach);
- Liúntais Sochair Linbh agus Liúntais Linbh Cleithiúnaigh le bheith socraithe ag 33 faoin gcéad-35 faoin gcéad don íocaíocht íosta leasa sóisialaigh do dhuine fásta faoi 2007. An ré deireanach de na méadaithe ilbhliantúla beartaithe i rátaí Liúntais Linbh a bheith críochnaithe i 2004 agus 2005; agusAn Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh le hathbhreithniú a dhéanamh ar ranníocaíocht an chórais tacaíochta ioncaim na Roinne le daoine ag réiteach obair agus saol teaghlaigh, an t-athbhreithniú le bheith críochnaithe roimh dheireadh 2005.

Tithíocht agus lóistín:

- Chun ráta soláthair na tithíochta a thabhairt níos cóngaraí don ráta éilimh i dtreo is go mbeadh an t-éileamh tithíochta, a leagadh amach sa PGN (500,000 aonad nua idir 2000-2010) bainte amach i slí phleanáilte, chiallmhar;
- Chun 41,500 tosú do thithe údaráis áitiúla a sholáthar (éadálacha san áireamh) idir 2000 agus 2006; agus
- Chun coibhneas ceart de bhearta do thithíocht shóisialta agus inacmhainne a sholáthar chun go réiteodh siad le riachtanais na dteaghlach difriúla.

Sláinte:

- An difríocht mortlaíocht anabaí idir na grúpaí socheacnamaíochta is ísle agus is airde a laghdú ar a laghad 10 faoin gcéad do ghalair imshruthú na fola, ailse, gortaithe agus nimhiú roimh 2007; agusLaghdú 10 faoin gcéad sa dhifríocht idir rátaí breithe meáchain ísle idir na grúpaí socheacnamaíochta is ísle agus is airde ón leibhéal a bhí ann i 2001, roimh 2007.

Oideachas:

- Líon na ndaltaí le deacrachtaí litearthachta móra a ghearradh síos de leath roimh 2006;
- Líon na ndaoine d'aois ó 16-64 le leibhéal litearthachta íseal a laghdú go 10-20 faoin-gcéad faoi 2007; agus
- Líon na ndaoine óga a fhágann an córas scoile go luath a laghdú, chun go mbeadh céatadán na ndaoine a chríochnaíonn an dara leibhéal uachtarach, nó a choibhéiseach, ag 85 faoin gcéad faoi 2003 agus ag 90 faoin gcéad faoi 2006.

Tuairisc ar na spriocanna sin á chur in iúl sna rannóga ábhartha thíos.

2.2 Tionscnaimh Speisialta *Sustaining Progress*

Tá cuid de na téamaí atá clúdaithe sa roinn seo mar ábhair sna Tionscnaimh Speisialta faoi *Sustaining Progress*. Sa chás seo, déantar suíomh an Tionscnaimh a thaispeáint ag an bpointe cuí sa rannóg.

2.3 Teacht ar Sheirbhísí den Scoth

Is iad na príomh chinntithigh de chuimsitheach shóisialta ná an forbairt bhreise de na seirbhísí poiblí, atá mar mhianach, feidhmíocht agus torthaí agus a thabhairt faoi deara nádúr ilghnéitheach ár sochaí. Leanfaidh an próiseas, de sheirbhísí sóisialta agus riaracháin a athrú in oiriúint do riachtanais na ndaoine atá in eisiamh sóisialta, agus ag déanamh deimhin de bhfuil an fhoireann a bheidh i dteagmháil leo goilliúnach do na riachtanais seo, thar tréimhse an phlean. Ina thaobh seo, beidh na Ranna agus Oifigí Rialtais go léir, dírithe ar Cairt ar Cháilíocht na Seirbhísí a ullmhú, le bheith in áit faoi dheireadh 2004.

Cuireann tionscnamh na Cairte Custaiméara a sheol an Taoiseach i mí na Nollag 2002, do dhualgas ar Ranna agus Oifigí, a ngeallta le soláthar agus seachadadh seirbhísí a dhéanamh foirmiúil tríd an leibhéal seirbhíse ar féidir le custaiméir a bheith ag súil le ó Roinn nó Oifig Rialtais a thuairisciú i gCairt foilsithe.

Mar thacaíocht do Ranna agus Oifigí chun a gCairteacha a ullmhú, cheadaigh an Rialtas srath treoirlínte sonracha i Meán Fómhair 2003. Cuireann na Treoirlínte creatlach ar fáil do Ranna agus Oifigí le haghaidh a gCairteacha a ullmhú agus a thuairisciú. Tá na Cairteacha bunaithe ar thimthriall ceithre-céime de chomhairliú, gheall, mheastóireacht, agus thuairisciú. Molann na Treoirlínte, ina ré comhairlithe, gur chóir do Ranna agus Oifigí dul i gcomhairle le grúpaí custaiméirí, agus iad seo san áireamh:

"Ionadaithe do ghrúpaí ag braith, nó éislinneach do, bhochtaineacht agus eisiamh sóisialta mar atá aitheanta ag an Straitéis Náisiúnta Frithbhochtaineachta agus leo siúd faoi chlúdach reachtaíochta comhionannais –gnéas, stádas pósta, stádas clainne, aois, míchumas, treoshuíomh gnéasach, cine, creideamh, agus ballraíocht do Phobal an Lucht Siúil".

Tá 19 Cairt Chustaiméara foilsithe go dtí seo (Deireadh Fómhair 2004) agus foilseofar an chuid eile roimh dheireadh 2004. Déanfaidh Ranna agus Oifigí tuairisciú ar chur i bhfeidhm na gcaighdeán seirbhíse atá san áireamh ina gCairteacha ina dTuarascálacha Bliantúla do 2004.

(i) Bróicéir na Seirbhísí Poiblí

Seolfar Ré 1 de Bhróicéir na Seirbhísí Phoiblí, atá á fhorbairt faoi láthair ag *Reach*, gníomhaireacht de chuid na Roinne Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, i 2004. Tabharfaidh sé seo deis do Ranna agus Ghníomhaireachtaí Rialtais a gcuid seirbhísí a chur ar fáil ar-líne i slí iontaofa agus diongbháilte. Tá *Reach* ag obair le réimse Ranna agus Gníomhaireachtaí éagsúla chun na seirbhísí a chur ar fáil ar-líne tríd an mBróicéir. I gcéimeanna níos déanaí, déanfar réimse na mbealaí agus na seirbhísí atá á chur a fáil tríd na mBróicéir, a leathnú amach níos mó fós. Chomh maith leis seo, tá tionscadal píolótach á fhorbairt chun seirbhísí poiblí comhtháite a chur ar fáil, eagraithe ar son riachtanais na gcustaiméirí, in ionad riachtanais na n-eagraíochtaí atá á sheachadadh. Is í a aidhm ná chun seirbhís phoiblí cáilíochta, a chur ar fáil do chustaiméirí agus do phobail éagsúla, trí rogha de bhealaí, siúl isteach (ionaid teagmhála) teileafón, agus idirlíon. Is iad na seirbhísí idir-eagraíochta atá beartaithe le teacht ó na hionaid teagmhála ná: cáin ghluaisteáin agus clárú feithiclí, sochar linbh, seirbhísí dífhostaíochta agus fostaíochta, cártaí leighis agus araile. Beidh toradh an tionscadail mar chabhair chun daoine a chur ar an eolas mar gheall ar seachadadh seirbhísí poiblí i slí chuimsitheach.

(ii) Teacht ar Sheirbhísí Eolais Leasa Sóisialaigh

Tá tionscnamh tógtha suas ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, go mbeidh Béarla simplí, i ngach bileog, foirm iarratais, agus i litir chaighdeánach, a eisítear dá gcustaiméirí. Rinneadh é seo mar fhreagra ar iarratais óna gcustaiméirí ag Painéil Custaiméara éagsúla ar fud na tíre, chun a

cuid foirmeacha agus bileoga a dhéanamh 'cairdiúil don chustaiméir' agus a bheith i dteanga shoiléir. Tá an Roinn ag chur maoiniú ar fáil, do fhostú oibrí breise, ag an nGníomhaireacht Litearthachta Náisiúnta do Dhaoine Fásta, chun athbhreithniú a dhéanamh ar na cáipéisí agus deimhniú a dhéanamh nach bhfuil iontu ach Béarla soiléir agus go bhfuil siad so-léite, roimh iad a chur i gcló.

(iii) Rochtain Isteach i Seirbhísí Fostaíochta an Stáit

Is é croílár ceann de na luacha léirithe i bPlean Straitéise Fás 2002-2005 ná díonacht ar chomhionannas. Rinne an tÚdarás Comhionannais díonacht ar chomhionannas píolótach. Cuirfear an tuarascáil faoi bhráid na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i bhFómhar 2004, agus go hinmheánach laistigh de Fás, áit a ndéanfar cinneadh aontaithe ar a gcuid moltaí a phríomhshruthú.

(iv)Teacht ar Cheartas

An tSeirbhís Chúirteanna

Tá sé riachtanach go gcuirtear eolas ar fáil, tuiscint ar phróisis chúirte agus cead a bheith páirteach in imeachtaí na cúirte, ar fáil in atmaisféar comhionann. D'fhéadfadh easpa scileanna litearthachta, mar shampla, a bheith mar chúis do choimhthiú ón tsochaí, agus d'fhadhbanna maireachtála inti. Tá an tSeirbhís Chúirteanna tar éis comhoibriú leis an nGníomhaireacht Litearthachta Náisiúnta do Dhaoine Fásta, chun meabhraíocht a ardú faoin ábhar seo, faoi na fadhbanna a bhíonn ag daoine le deacrachtaí léitheoireachta, agus iad ag déileáil leis an gcóras dlí.

I gcomhréir leis an ngeall atá i bPlean Gníomhaíochta Seirbhíse Custaiméara na Seirbhíse Cúirteanna, sheol an tSeirbhís Fóram Custaiméara Lárnach i mí Iúil 2004. Tugadh cuireadh do líon cuimsitheach de na geallsealbhóirí a bheith i láthair ag an gcéad chruinniú den Fhóram. I measc na ndaoine i láthair bhí ionadaí ó Victim Support (eagraíocht dheonach), Eagraíocht Idirghabhála Náisiúnta do Fhoréigean Teaghlaigh, agus an tSeirbhís Phromhaidh agus Leasa. Tosóidh an tSeirbhís Chúirteanna anois ar ghrúpaí dírithe gníomhacha a bhunú chun cabhrú leis chun riachtanais a gcustaiméirí a chinntiú agus a bhaint amach ina chuid sheirbhísí éagsúla. Tabharfaidh na grúpaí gníomhacha seo, aire ar leith, do riachtanais chustaiméirí, nach bhfuil eagraíocht phroifisiúnta á gcosaint nó iad siúd gur íobartaigh iad de bharr choiriúlacht.

Tá comhghnás bunaithe ag an Seirbhís Chúirteanna, chun dul i gcomhairle leo siúd a úsáideann na cúirteanna i leith foirgnimh chúirte agus áiseanna cúirte. Tá Mionteagasc Caighdeánach do Theach na Cúirte á ullmhú agus déanfar na héagsúlachtaí a oireann do choinníollacha áitiúla ar leith a chur san áireamh. I ngach uile tionscadal tógála amach anseo, beidh liosta de riachtanais chóiríochta agus aon ghné faoi leith eile, go mbeadh gá leo do ghrúpaí áirithe mar atá, áiseanna clos-amhairc, slí isteach do chathaoireacha rotha, áiseanna speisialta do chásanna dlí teaghlaigh, deasc eolais, seomraí cabhrach d'íobartaigh, rochtain do lucht míchumais agus araile. Déanfar tuairimí agus riachtanais lucht úsáidte na cúirte a chur san áireamh chomh fada in aon chor agus is féidir, laistigh de theorannacha costais an tionscadail.

Cúnamh Dlíthiúil Coiriúil:

Cuirtear cúnamh dlíthiúil coiriúil ar fáil faoin scéim Chúnaimh Dlíthiúil Coiriúil. Faoin Acht um Cheartas Choiriúil (Cúnamh Dlíthiúil) 1962, agus rialacháin déanta faoi, is ceadmhach cúnamh dlíthiúil saor in aisce a bhronnadh i gcásanna áirithe, chun daoine a chosaint (eachtrannaigh san áireamh), nach bhfuil dóthain maoine acu d'fhonn dul ar aghaidh le cásanna coiriúlachta. Nuair a cheadaíonn siad cúnamh dlíthiúil, bíonn an t-iarratasóir i dteideal seirbhísí dlíodóra a fháil, agus i gcásanna áirithe, comhairle, in ullmhú agus riaradh a c(h)osaint nó a (h)achomharc.

De réir an achta, tá dáileadh an chúnaimh dlíthiúil faoi chúram na gcúirteanna. Cuirtear iarratais le haghaidh cúnamh dlíthiúil os comhair na cúirte agus tá dualgas ar an iarratasóir a chruthú go sásúil don chúirt, nach bhfuil sé d'acmhainn aige/aice íoc as cúnamh dlíthiúil (b'fhéidir go mbeidh ar an gcúisí, ráiteas dá m(h)aoin, a chur ar fáil don chuspóir seo). Nuair a bhíonn cúnamh dlíthiúil á bhronnadh, caithfidh an chúirt a beith lán-sásta, go bhfuil sé riachtanach ó thaobh chearta an iarratasóra, go mbeadh cúnamh dlíthiúil aige/aice. De bharr "troime na cúise" nó i gcásanna eisceachtúla."

Cuirtear comhairle dlíthiúil ar fáil do dhaoine atá faoi choimeád i stáisiún na nGardaí, faoi Scéim Chomhairle Dlíthiúil Stáisiún na nGardaí. Soláthraíonn an scéim, atá ar fáil 24 uair sa lae, san áit go bhfuil:

- duine faoi choimeád, i stáisiún na nGardaí, chun fiosrúcháin a dhéanamh ar choir faoi fhorálacha an Achta um Chiontaí in aghaidh an Stáit, 1939, faoi mar atá sé leasaithe faoin Act um Chiontaí in aghaidh an Stáit (Leasú), 1998 nó faoin Acht um Cheartas Coiriúil, 1984 nó an Acht um Cheartas Coiriúil (Gáinneáil ar Dhrugaí), 1996, agus
- sé de cheart dleathach ag an duine dul i gcomhairle le haturnae, agus
- easpa acmhainne ag an duine sin, chun íoc as comhairlí, íocfaidh an Stáit as na costais dul i gcomhairle le haturnaetha.

Faoi Scéim Chomhairle Dlíthiúil Stáisiún na nGardaí, tá daoine atá ag fáil cúnamh/sochar leasa sóisialaigh nó daoine go bhfuil a dtuilleamh iomlán, níos lú ná 20,316 euro, in aghaidh na bliana, i dteideal cúnamh a fháil.

Cúnamh Dlíthiúil Sibhialta

Ceadaíonn an tAcht um Chúnamh Dlíthiúil Sibhialta, 1995, a sholáthraíonn do bhunú Bord Cúnaimh Dlíthiúil, do chúnamh dlíthiúil agus comhairle dlíthiúil a chur ar fáil i gcásanna sibhialta, do dhaoine a shásaíonn teastáil maoine agus na coinníollacha fiúntais leagtha síos san Acht agus sna Rialacháin. Tá cúnamh dlíthiúil le fáil, mar thacaíocht i gcásanna dlíthiúla, sa Chúirt Dúiche, sa Chúirt Chuarda, san Ard-Chúirt agus sna Cúirteanna Uachtaracha agus freisin d'imeachtaí faoi bhráid Cúirt Bhreithiúnais na hEorpa. Níl cúnamh dlíthiúil ar fáil, d'imeachtaí faoi bhráid binse riaracháin, ach amháin í gcás achomhairc i gcoinne diúltú stádas dídeanaí. Is féidir comhairle agus cúnamh dlíthiúil, a chur ar fáil, áfach, do dhaoine, atá sáite in imeachtaí os comhair aon bhinse.

Is í fheidhm an Bhoird Cúnaimh Dlíthiúil na chun seirbhísí aturnaetha agus, nuair is gá, seirbhísí abhcóidí, a chur ar fáil do dhaoine atá i dteideal na seirbhísí sin. Cuirtear cúnamh agus comhairle dlíthiúil ar fáil go príomha trí ionaid dlí, ina oibríonn aturnaetha atá fostaithe go lánaimseartha ag an mBord. Tá ionaid dlí ag an mBord ar fud na tíre, le 30 cinn dóibh lánaimseartha agus 12 páirtaimseartha. Cuirtear seirbhísí Abhcóidí ar fáil i gcomhréir le téarmaí aontas idir an mBord agus Comhairle Ginearálta Abhcóidí na hÉireann.

Fostaíonn an Bord aturnaetha, i gcleachtadh príobháideach chun seirbhís dlíthiúil comhlántach a chur ar fáil, lasmuigh den seirbhís a chuirtear ar fáil sna hionaid dlí, do chúrsaí dlí teaghlaigh áirithe sa Chúirt Dúiche, mar atá, foréigean teaghlaigh, cothú agus coinneáil/cead. Cabhraíonn sé seo leis an mBord chun seirbhís a sholáthar d'iarrthóirí laistigh de thréimhse ama réasúnta.

Oibríonn an Bord seirbhís ar leith, ar a dtugtar Seirbhís Dlíthiúil na nDídeanaithe (SDD) chun chomhairle agus cúnamh dlíthiúil a chur ar fáil d'iarrthóirí tearmainn, sna céimeanna go léir den phróiseas tearmainn, chomh maith le hionadaíocht os comhair an Binse um Achomhairc Dídeanaithe. Leanann an Bord ar aghaidh, ag reáchtáil Ionad

Doiciméadaithe Dídeanaí, a chuireann seirbhís taighde agus leabharlainne neamhspleách agus proifisiúnta ar fáil do na príomh grúpaí go léir atá páirteach sa phróiseas tearmainn.

(v) Teacht ar Sheirbhísí Sláinte

Is é cheann de na cuspóirí ag an Straitéis Náisiúnta Sláinte ná an geall do reachtaíocht nua a thabhairt isteach, chun soláthar do fhorálacha dleathacha soiléire chun a bheith in ainm agus i dteideal seirbhísí sláinte agus seirbhísí sóisialta pearsanta.

Mar sin féin, ag cur san áireamh, chomh práinneach is atá clár leasaithe na hearnála sláinte a chur i bhfeidhm, tá tosaíocht á thabhairt don reachtaíocht a thabharfaidh éifeacht dlí do na moltaí sna tuarascálacha Brennan agus an Réamheolaire i láthair na huaire. Idir an dá linn leanfaidh an Roinn Sláinte agus Leanaí orthu ag brú ar aghaidh le hullmhú na reachtaíochta maidir le bheith i dteideal seirbhísí sláinte agus pearsanta. Tá an Rialtas dírithe go hiomlán ar leathnú amach clúdach an chárta leighis, faoi mar atá sé leagtha amach ins an Straitéis Náisiúnta Sláinte. Beidh sé dírithe ar na daoine ar ioncam íseal, agus tabharfaidh sé tosaíocht do chlanna le leanaí. Déanfar am tosaithe an leathnú seo a chinneadh in am cuí, le cúrsaí buiséid na linn á chur san áireamh.

Bhí an scéim charta leighis mar ábhar d'athbhreithniú cuimsitheach ag Príomh Fheidhmeannaigh na mBord Sláinte agus formhuiníonn an Straitéis Sláinte na moltaí sa tuarascáil a tháinig as. Mar thoradh ar an athbhreithniú, bhunaigh na Príomh Fheidhmeannaigh Foireann Tionscadail, faoi choimirce Feidhmeannach na mBord Sláinte (FBS), chun moltaí a dhéanamh i leith cur i bhfeidhm na bhfeachtas is tábhachtaí. Tá tuarascáil an ghrúpa seo ag druidim chun deiridh agus, nuair a bheidh sé ullamh, cuirfear é faoi bhráid an FBS, d'fhonn a gcead a fháil, sula leantar ar aghaidh leis na moltaí a chur i bhfeidhm. Is iad seo a leanas na nithe a bheidh sa tuarascáil:

- Sraith de threoirlínte soiléire, chuimsitheacha do chur i bhfeidhm na reachtaíochta, do fhoireann iomlán na mbord sláinte atá ag déileáil le scéim an charta leighis
- Straitéis bainistíochta agus rialaithe do chlár an charta leighis.
- Sraith de phróisis riaracháin, caighdeánaithe don foireann atá ag déileáil le riarachán scéim an charta leighis.
- Doiciméid treorach faoi struchtúr na seirbhíse achomhairc, bun-prionsabail na seirbhíse achomhairc agus an próiseas inar cheart do gach bord déileáil le hachomhairc.
- Athbhreithniú ar an bhfoirm iarratais atá ann faoi láthair, foirm iarratais nua a cheapadh (dhearadh) agus píolóta den bhfoirm athbhreithnithe.
- Córas chun sástacht an chustaiméara a thomhas i dtaobh scéim an charta leighis.
- Sonraíocht i gcóir córas TF caighdeánaithe don charta leighis.
- Straitéis traenála don fhoireann go léir atá ag déileáil leis an scéim SSG agus
- Cúrsa traenála bunaithe ar an bprionsabal de dhea-cinneadh a dhéanamh.

Seasann an réamh-ráiteas do Ré 1 de phróiseas nuachóirithe de scéim an charta leighis. Déanfaidh Ré 2 den tionscadal, atá díreach tosaithe, nuachóiriú forleathan, ar na socruithe faoi feidhmiúla agus riaracháin den charta leighis agus scéimeanna coibhneasa eile m.sh. Íocaíochtaí Drugaí, Tinneas Fadtéarmach, agus an t-Acht Sláinte (Leasú) 1966 (Hepatitis C), iad á dhéanamh níos 'cairdiúla' do chustaiméirí, riarachán sruthlínithe, féaráilte, freagrach agus in-oibrithe sa Teicneolaíocht Faisnéise (T.F.)

(vi) Teacht ar Sheirbhísí Airgeadais

Ball ríthábhachtach de chuimsitheacht shóisialta is ea an chuimsitheacht airgeadais. Go minic ní bhíonn daoine aonair agus pobail go bhfuil an bhochtaineacht agus an easpa ag cur isteach orthu in ann teacht ar sheirbhísí agus ar tháirgí bunúsacha airgeadais. Tá ar chumas straitéisí cuimsitheacha airgeadais, ranníocaíocht ollmhór a dhéanamh d'ioncam an duine aonair agus an teaghlaigh go léir, chumas oibre, shláinte agus fholláine. Bunaíodh Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann (Rialtóir Seirbhísí Airgeadais), ar 1 Bealtaine, 2003. Tá riaracháin na gcomhlachtaí seirbhísí airgeadais go léir in Éirinn, faoi chúram an Riarthóra Seirbhísí Airgeadais. Nochtann an taighde margaidh, coimisiúnaithe ag an Rialtóir (scoilte i mí na Bealtaine, 2004) na rudaí seo leanas:

- Bíonn an t-eolas scríofa faoi tháirgí airgeadais, ró chasta agus ró dheachair le tuiscint do 75% de thomhaltóirí.
- Ní dhéanann 63% de thomhaltóirí, féachaint timpeall sna siopaí éagsúla, mar ní thuigeann siad i gceart ar fad, cad ba cheart dóibh a lorg i dtáirge nó seirbhís airgeadais.
- Téann sé dian ar 80% de thomhaltóirí, eolas fíor neamhspleách a fháil, i dtaobh táirgí agus seirbhísí airgeadais.
- Deireann 92% de thomhaltóirí go léifidís níos mó eolais, faoi tháirgí airgeadais, dá mbeadh sé scríofa i mBéarla simplí.

Léiríonn an taighde seo, gan dabht ar bith, an gá atá ann, d'eolas neamhspleách, i mBéarla simplí, chun cabhrú le tomhaltóirí, chun cinneadh a dhéanamh, faoi cad is fearr dóibh féin. Tá an tÚdarás ag déanamh a dhícheall, chun an t-eolas seo, a chur ar fáil, trí Ionad Eolais nua, i lár na cathrach, i mBaile Átha Cliath, líne chabhrach do thomhaltóirí agus suíomh idirlín ag www. itsyourmoney.ie. Níl costas ar bith ar aon cheann de na seirbhísí atá á chur ar fáil ag an Údarás.

Chomh maith leis sin, tá an Rialtóir ag obair d'fhonn cóid chosanta tomhaltóra a fheabhsú. Creideann an Rialtóir, gur cheart costais na dtáirgí, na fiontair agus sochair, a mhíniú go soiléir, agus gan a bheith folaithe i mion-chló, nó fite fuaite i measc téarmaíochta agus raiméise, a chuirfeadh mearbhall ar dhuine. Tá sé in aigne an Riarthóra, rialacha fógraíochta nua, a chur ar fáil, agus treoracha do sholáthraithe seirbhíse airgeadais agus, i dtaca lena fheachtais eolais féin, ba cheart go gcuirfeadh sé ar chumas na dtomhaltóirí, cinneadh feasach agus roghanna a dhéanamh faoi tháirgí airgeadais agus soláthraithe.

Ina Phlean Straitéiseach 2004 – 2006 tá Údarás Rialála Seirbhísí Airgeadais na hÉireann geallta le Plean Gníomhaíochta a fhorbairt faoi theacht ar sheirbhísí airgeadais, i gcomhoibriú le heagraíochtaí eile agus le Ranna Rialtais.

2.4 Bonneagar Comhionannais

(i) Príomhshruthú Inscne

Bunaíodh Príomhshruthú Inscne mar straitéis domhanda do chomhionannas inscne a chur chun chinn, tríd an *Ardán Gníomhaíochta*, ag an gCeathrú Comhthionól Domhanda na Náisiún Aontaithe ar Mhná i Beijing i mí Mheán Fómhair, 1995. Míníodh go soiléir sa doiciméid sin an riachtanas atá le deimhniú gur cuid bunúsach de gach idirghabháil, i ngach uile gné d'fhorbairt na sochaí, é aire a thabhairt do léargas inscne.

Do ghlac Éire, chomh maith leis na Baill Stáit go léir de na tíortha de na Náisiúin Aontaithe, leis an *Ardán Gníomhaíochta* i 1995. Roimhe seo, bhí polasaithe oideachais agus traenála agus forbairt áitiúil san áireamh i léargas inscne. Tar éis glacadh leis hArdán Gníomhaíochta Beijing, bhí tionchair

láidir ag an léargas inscne, ar ár bpolasaithe sláinte agus cúnamh idir náisiúnta. Nuair a glacadh leis an bPlean Forbartha Náisiúnta 2004 –2006, tugadh an tacaíocht do phríomhshruthú inscne, ar aghaidh, chuig gnéithe breise den pholasaí náisiúnta in Éirinn, ag cur gnéithe de pholasaí réigiúnach agus bonneagar san áireamh, ar nós tithíocht agus iompar.

Chun príomhshruthú inscne a chur chun chin, chuir an PFN na cailliúintí seo a leanas san áireamh:

- ag iarraidh go mbeadh deiseanna comhionanna mar chuid den chritéir ag roghnú tionscadail do mhaoiniú faoin PFN;
- ag iarraidh go gcuirfí táscairí ar fáil do gach inscne 'san áit a ligeann nádúr an chúnaimh do';
- líon cothrom d'fhir agus mhná ar Choistí Monatóireachta a chur chun cinn;
- go mbeadh ionadaí ar son deiseanna comhionanna ó Roinn Rialtais nó eagraíocht reachtúil feiliúnach, ar gach Coiste Monatóireachta;
- go mbunófaí aonad laistigh den Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, chun monatóireacht a dhéanamh ar phríomhshruthú inscne sa PFN, agus chun comhairle a thabhairt faoi tháscairí oiriúnacha chun é seo a thomhas,
- go mbunófaí Coiste Comhordaithe Cuimsitheachta Sóisialta agus Deiseanna Comhionanna agus chun maoirseacht a dhéanamh ar an ndul chun cinn i dtaobh deiseanna comhionanna i leith caiteachas sa PFN.

(ii) PFN/CTP Aonad Comhionannais Inscne

Tugann Aonad Comhionannais Inscne an PFN, bunaithe sa Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus comh-mhaoinithe ag Ciste Sóisialta na hEorpa, tacaíocht do dhéantóirí polasaí i Ranna agus Gníomhaireachtaí Rialtais chun príomhshruthú inscne a chur i bhfeidhm i polasaithe agus cláir atá maoinithe ag an PFN/CTP. In san áireamh in obair an Aonaid tá traenáil, forbairt staidrimh agus táscairí nach bhfuil chomhbhailithe de réir inscne, agus taighde i gceisteanna comhionannais inscne. Tugann an t-Aonad comhairle ar an dtionchar atá ag an PFN/CTP ar mhná faoi mhíbhuntáiste, aon áit atá sé feiliúnach, agus téann sé i dteagmháil leis an OCS agus leis an nGníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine maidir leo seo.

Ta roinnt thuarascálacha staitistiúla foilsithe ag an Roinn le déanaí: 'Women And Men in Ireland as Entrepreneurs and Business Managers'; 'Women and men in Ireland'; agus 'Geographic Gender Equality'. D'fhoilsigh an t-Aonad, chomh maith, 'Developing and Implementing a Gender Equality Policy: a guide for community and voluntary groups' agus sraith de 'Bhileoga Bainteach le Comhionannas Inscne' do Bhainisteoirí Tomhais PFN agus do Chomhlachtaí Cur i bhfeidhm. I mí Aibreáin 2004, d'eagraigh an t-Aonad comhdháil, do RA/Éire dár teideal: 'Gender Mainstreaming: Partnership in Practice', a bhí dírithe ar mhodhanna oibre comhpháirtíochta tras-earnála do phríomhshruthú inscne.

Tá líon áirithe gnéithe oibre breise, á chur i bhfeidhm thar an dtréimhse ó 2003-2005. Is iad seo a leanas iad:

- *Obair le Grúpaí Pobail agus Deonacha:* Tá clár d'obair chun tacú le grúpaí pobail agus deonacha i gcur i bhfeidhm príomhshrúthú inscne á chur i bhfeidhm faoi láthair. San áireamh sna dtacaí tá:
  - comhdháil ar pháirtíocht ag obair chun príomhshruthú inscne a chur chun cinn;
  - traenáil ar conas tacaíocht éifeachtach a bhaint amach agus ról na mban i gcinneadh a dhéanamh;

- lámhleabhar ar pholasaí comhionannais inscne a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm;
- bileog-fhírice ar fhir, bhuachaillí agus faoi chomhionannas inscne; agus
- sraith fís-téipeanna faoi mhná ag déanamh bolscaireachta do chomhionannas inscne.

- *Buiséadadh Inscne:* Rinneadh dhá thionscnamh buiséadadh inscne píolótacha i 2004, i gComhpháirtíocht Cheantair Áitiúil agus Bord Forbartha Contae faoi seach;
- *Staitisticí:* D'fhoilsíodh tuarascálacha staitistiúla ar mhná agus fhir i ngnóthas agus chomhionannas inscne trasna réigiúin na hÉireann agus scaipeadh go forleathan iad i 2004, chomh maith le leabhrán ag léiriú staitisticí faoi mhná agus fhir in Éirinn. Tá tuarascáil ar mhanaí i leith ról na mban ar an bhfeirm á chur le chéile freisin agus ba cheart go mbeadh sé críochnaithe i mí Lúnasa, 2004;
- *Measúnú Iarmharta Inscne:* Tá sé mar aidhm ag an Aonad chun measúnú iarmharta inscne ar pholasaithe agus chláir an PFN/CTP a fheabhsú, mar chuid de na torthaí ón Measúnú Lár-théarmach, ag súil go bhféadfaí geallta agus spriocanna níos láidre á fháil, chun déileáil le neamhionannais inscne; agus
- *Gréasán Oifigigh do Dheiseanna Comhionanna:* Tá an t-Aonad, i gcomhréir le Chwarae Teg sa Bhreatain Bheag, ar tabhairt maoiniú le haghaidh gréasán a fhorbairt dóibh siúd atá ag obair ar chomhionannas inscne agus cheisteanna comhionannais eile, i leith na Cistí Structúrtha san RA agus in Éirinn. Déanfaidh seo cur chun chin agus malartú den chleachtas is fearr i bpríomhshruthú inscne.

(iii) Príomhshruthú Inscne in Oideachas

Ó thaobh dul chun chin de i gcúrsaí oideachais, is iad na ceisteanna inscne is mó ná fágáil na scoile go luath i measc na mbuachaillí agus rogha ábhair i measc na gcailíní.

Tá an Roinn Oideachais agus Eolaíochta chun córas monatóireachta a fhorbairt, sonraí bun-líne, táscairí agus spriocanna sa limistéir seo.

Bunaíodh an t-Aonad Comhionannais Inscne, faoin mbearta Monatóireachta agus Cur Chun Cinn Deiseanna Comhionanna den PFN/CTP, sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta i mí an Mheithimh 2001. Tá an t-Aonad ag forbairt a straitéis a chuireann san áireamh suim agus eolas ar chomhionannas inscne a mhúscailt i measc na geallsealbhóirí go léir sa chóras oideachais. Chomh maith leis sin, cuireann an t-Aonad ar fáil agus scaipeann, fís-téipeanna agus foilseacháin faoi chomhionannas inscne, chomh maith le bheith ag coimisiúnú taighde.

Nuair a bhí an t-ábhar seo á chur i gcló, bhí an t-Aonad ag críochnú athbhreithniú príohshruthaithe inscne de na bearta oideachais sa Chlár Oibríochta Forbartha Fostaíochta agus Acmhainní Daonna den PFN/CTP.

D'fhoilsíodh tuarascáil an mheasúnaithe eachtrach de *Exploring Masculinities*, i mí Aibreáin 2004 - modúl roghnach ar Oideachas Sláinte agus Sóisialta Pearsanta is ea *Exploring Masculinities*, do bhuachaillí, i scoileanna aon-ghnéas, a fhéadfaí a chur ar fáil san Idirbhliain nó i dtimthriall sinsearach na meánscoile.

Cailíní agus roghnú ábhair
Tá coiste bunaithe chun comhairle a thabhairt, ar straitéisí agus ar thionscnaimh, a fhéadfaí tabhairt fúthu chun méadú a dhéanamh ar líon na gcailíní a thógann na heolaíochtaí fisiceacha don Ard Teistiméireacht agus a dhéanann cúrsaí Teicneolaíochta, Innealtóireachta agus Eolaíochta ag an dtríú leibhéal. Táthar ag súil go gcuirfidh an coiste a tuarascáil dheireanach ar fáil i mí na Nollag 2004.

Buachaillí agus fágáil na scoile go luath
Is iad na figiúirí oifigiúla is déanaí curtha ar fáil ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta faoi choimeád na

mbuachaillí ins an timthriall sinsearach, bunaithe ar líon na ndaltaí a chuaigh isteach sna scoileanna dara leibhéil i 1994 – 72.5 faoin gcéad. Ach i dtaobh an chaighdeáin a bhí sroichte acu san oideachas fuarthas i suirbhé ag an bPríomh-Oifig Staidrimh i 2003, nach raibh ach an bun-chaighdeán nó níos isle ag 14.7 faoin gcéad de na buachaillí idir 18 agus 24 bliana d'aois.

Tá coiste bunaithe chomh maith d'fhonn comhairle ar straitéisí agus tionscnaimh a fhéadfaí tabhairt fúthu chun líon na bhfear sa bhun-mhúinteoireacht a mhéadú, a bhí díreach ag 17.5 faoin gcéad i 2003. Táthar ag súil go gcuirfidh an coiste a dtuarascáil deireanach ar fáil i mí na Nollag 2004.

(iv) Coiste Comhordaithe do Dheiseanna Comhionanna agus Chuimsitheacht Shóisialta an PFN/CTP

Tá sé de dhualgas ar Choiste Comhordaithe do Dheiseanna Comhionanna agus Chuimsitheacht Shóisialta an PFN/CTP, tacú le cur i bhfeidhm éifeachtach geallta PFN ar chomhionannas inscne, cuimsitheacht shóisialta agus deiseanna comhionannais. Tagann an coiste le chéile dhá uair in aghaidh na bliana, san Earrach agus sa bhFómhar, roimh na Coistí Monatóireachta Cláir Oibríochta agus cuireann sé tuarascáil isteach chuig an oll-Choiste Stiúradh den PFN/CTP.

(v) Príomhshruthú de Dhéanamh Pholasaithe Comhionannais (agus bunaithe ar Fhianaise)

Tá tionscadail phíolótacha, ar dhíonacht ar chomhionannas, ar siúl an t-am go léir in áiteanna faoi leith ag FÁS. I measc na n-oibreacha eile atá ar siúl tá: ullmhúchán de lámhleabhar faoi dhíonacht ar chomhionannas do ghrúpaí pobail; Athbhreithniú Stádais Comhionainn i mBord Sláinte an Iar-Thuaiscirt; Cur chuige comhtháite do dhíonacht ar chomhionannas i limistéir an Liúntais ar ais chun Oideachais agus an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta i gCoinne Ciníochais. Chuir an t-Údaras Comhionannais an tionscnamh deireanach seo i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht leis an OCS agus an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Foilseofar tuarascáil ar ghníomhachtaí an Ghrúpa Oibre do Dhíonacht ar Chomhionannas ag deireadh 2004.

(vi) Tascfhórsa ar an Lucht Siúil

Foilseofar an Dara Tuarascáil Foráis den Choiste do Mhonatóireacht agus Chomhordú Cur i bhFeidhm Moltaí an Tascfhórsa ar an Lucht Siúil ag deireadh 2004, agus beidh dhá thuarascáil inti. Beidh an céad tuarascáil dírithe ar thorthaí na dtionscnamh tábhachtacha ón gCéad Tuarascáil Foráis, 2000. Déanfaidh an dara tuarascáil gach uile gné den fhorás a léiriú, faoi mar atá baint aige le moltaí aonair den tuarascáil bhunúsach.

(vii) Ag aistriú ar treoracha an AE do dhéileáil chomhionainn i leith cine, fostaíocht agus inscne.

Déanann an tAcht um Chomhionannais 2004, a reachtaíodh i mí Iúil 2004, leasú ar an Acht um Chomhionannais Fostaíochta 1998 agus ar an Acht um Stádas Chomhionann 2000. Cuireann sé trí Threorach de chuid an AE, Treorach Cine (2000/43/CE), Treorach Creatlaí Fostaíochta (2000/73/CE) agus Treorach do Chomhionannas Inscne i bhfostaíocht (2000/78/CE). Cuireann an tAcht Comhionannais 2004 trí threorach AE i bhfeidhm, gurb é a bhfeidhm ná a chur do dhualgas ar Bhaill Stáit cosc a chur le idirdhealú díreach, idirdhealú indíreach agus ciapadh ar bhonn gnéis, ciníochais, creidimh, míchumais, aoise nó treoshuíomh gnéasach maidir le fostaíocht, féin-fhostaíocht nó oideachas gairmiúil agus traenáil. Tá íospairt coisithe chomh maith. Cuireann na treoracha cosc ar idirdhealú chomh maith ar bhonn cine nó bunús eitneach i gcosaint shóisialta ag tabhairt san áireamh leasa sóisialta agus cúram sláinte, buntáistí sóisialta, oideachas agus teacht ar agus soláthar earraí agus seirbhísí, le tithíocht san áireamh.

(viii) Moladh do Threorach AE ar Dhéileáil Chomhionann in áiteanna lasmuigh den áit oibre.

I mí Dheireadh Fómhair 2004, d'aontaigh na Baill Stáit ar mholadh 2003 le haghaidh Treorach Chomhairle ag cur i bhfeidhm an phrionsabail de dhéileáil chomhionann idir mná agus fir le bheith in ann teacht ar earraí agus seirbhísí agus iad a sholáthar. Faoi na Treoracha, ní cheadaítear déileáil éagsúil idir mná agus fir, ach amháin go bhféadfaí iad a cheadú dá mbeadh cuspóir dleathach acu, cosaint ar íobartaigh gur rinneadh foréigean ghnéis orthu, cúiseanna príobháideacha agus náire nó in eagrú gníomhaíochtaí spóirt d'aon ghnéas amháin. Caithfear an Treorach a chur san áireamh, freisin, i gcás árachais agus i gcás gníomhaíochtaí airgeadais coibhneasa. Mar sin féin, tá socruithe déanta chun déileáil le méid áirithe eisceachtaí ina thaobh, m.sh. d'fhéadfadh na Baill Stáit, éagsúlachtaí i bpréimh agus sochair an duine aonair, áit a mbeadh úsáid ghnéis mar chás cinntitheach nuair a bheifí ag déanamh measúnacht ar an mbaol. Chaithfeadh na difríochtaí a bheith bunaithe ar na sonraí staitistiúla agus achtúire, is déanaí. Tabharfar trí bhliain do na Baill Stáit chun na Treoracha a shníomh isteach ina dlí náisiúnta.

(ix) Caoinfhulaingt agus tuiscint a chur chun cinn idir pobail an Luchta Siúil agus pobail Ionnaithe

Tá modhanna nua á mheas chun caoinfhulaingt agus tuiscint a chur chun cinn idir na pobail Lonnaithe agus Siúil. Dé bharr chastacht na ceiste seo déanfaidh an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí seimineár a bhunú chun na nithe éagsúla a chíoradh, le moltaí ó eagraíochtaí an Luchta Siúil agus ó na Ranna Rialtais cuí, sula a ndéanfar cinneadh ceart ar an mbealach ar aghaidh.

2.5 Tacaíocht Ioncaim

Sa Bhuiséad i 2003 agus 2004 bhí na hacmhainní a bhí ar fáil dírithe orthu siúd ar ioncam íseal agus ar na seandaoine. Is é a dúirt an ITES i *mBuiséad 2004: tionchar ar Dháileadh Ioncaim agus Bhochtaineacht Ioncaim Coibhneasa ná:*

"Measured against a wage-indexed budget, we find that Budget 2004 favoured low income groups, particularly those in the bottom half of the income distribution. These saw gains of between 2 and 3€ per cent, over and above a wage-indexed budget. By contrast the net impact of the budget on the incomes of the top 40 per cent was close to zero, compared with a wage- indexed budget. Overall the tax and welfare measures contained in budget 2004 could be expected to lead to a small reduction in the level of relative income poverty".

(i) Rátaí Íocaíochta Leasa Sóisialaigh

Ta an Rialtas tar éis cinneadh go gcuirfear méadú ar leibhéil an leasa sóisialaigh i dtéarmaí réalaíocha sa thréimhse suas go 2007. Tá méadaithe á dhéanamh chun gur féidir an sprioc de €150 in aghaidh na seachtaine, i dtéarmaí 2002, a bhaint amach faoi 2007, do na rátaí is ísle d'íocaíochtaí leasa sóisialaigh le leibhéil coibhéise linbh agus €200 in aghaidh na seachtaine do phinsin.

Cuireadh méadú €10 in aghaidh na seachtaine i mBuiséad 2004 ar gach uile lán ráta íocaíochta leasa sóisialaigh seachtainiúil. Is ionann é seo agus méadú suntasach i dtéarmaí réalaíocha. Chuaigh na rátaí méadaithe íocaíochta seo chun tairbhe do timpeall 942,700 faighteoir agus do 126,200 daoine fásta cáilithe. Anuas ar an €10 breise do Phinsinéirí Baintrí (/Fir) Ranníocacha agus daoine a fhaigheann Sochar Mná Céile Tréigthe, d'aois 66 agus os a chionn, fuaireadar €1.50 sa bhreis in aghaidh na seachtaine. Cuireann an méadú speisialta seo críoch leis an gcuspóir a fógraíodh i mBuiséad 2001 de na

híocaíochtaí seo a chur ar aon leibhéal leis an bPinsean Seanaoise Ranníocach. Déanann an ráta a bPinsean Ranníocacha ionadaíocht ar timpeall 31 faoin gcéad don mheán tuarastal tionsclaíochta.

(ii) Liúntais do Dhaoine Fásta Cáilithe do Phinsin

Tugadh méid áirithe méadaithe speisialta sna buiséid le blianta beaga anuas. Seasann na rátaí do dhaoine os cionn 66 bliana Liúntas do Dhaoine Fásta Cáilithe (LDFC) ar idir 66 faoin gcéad agus 77 faoin gcéad don uasmhéid de rátaí pearsanta, suas ó timpeall 60 faoin gcéad agus 67 faoin gcéad i 2000. Chuir Buiséad 2004 méadú do €7.70 (6.3 faoin gcéad) ar fáil sna rátaí LDFC do Phinsean Seanaoise (Ranníocacha) agus Phinsean Scoir, ag cinntiú go gcoimeádfaí leibhéil na bpinsean seo comhionann leis na rátaí íocaíochta pearsanta. Chomh maith leis sin, san áit go raibh an duine cáilithe 66 no os a chionn, méadaíodh rataí LDFC do Phinsean Easláinte faoi €16.10 (14.2 faoin gcéad). Déanann an méadú speisialta seo an leibhéal íocaíochtaí a thabhairt go dtí leibhéal ráta LDFC pinsinéara ranníocacha eile agus déanann sé dul chun cinn dáiríre í dtreo geall ráta QAA an phinsinéara. Déanfar tuilleadh méadaithe speisialta ar thóir an chuspóra seo a mheas i gcomhthéacs na mBuiséad sa todhchaí.

(iii) Sochar Linbh

Méadaíodh Sochar Linbh go dtí €131.60 in aghaidh na míosa do na chéad dhá leanbh agus go dtí €165.30 in aghaidh na míosa don tríú leanbh agus aon leanbh eile ina dhiaidh sin. Marcálann na méadaithe seo tosach an ré deiridh den phacáiste infheistíochta Sochair Linbh a tosaíodh i mBuiséad 2001, agus nuair a chríochnófaí é i 2005, feicfear infheistíocht an Rialtais sa scéim ag méadú faoi €1.27 billiún breise. Tar éis Buiséad 2004, is é an leibhéal coibhéise do thacaíocht ioncaim do leanaí ná 35 faoin gcéad don rataí leasa sóisialta íosta, ciallaíonn sé sin go bhfuil an go bhfuil sprioc an SNF bainte amach anois.

(iv) Polasaí Cánachais do Phinsinéirí agus Dhaoine ar Ioncaim Ísle

Tá geall sa *Chlár Aontaithe don Rialtas* chun "feabhais dáiríre breise a dhéanamh do phinsinéirí agus dhaoine ar ioncaim ísle". Chomh maith leis sin tá sé mar aidhm lárnach den pholasaí cánachais mar atá leagtha amach sa Chlár ná chun stádas a bhaint amach dóibh siúd uile ar an bpá íosta náisiúnta nach gá dóibh cáin ioncaim a íoc a thuilleadh. I gcoitinne le linn na seacht mBuiséad Deireanacha baineadh 668,700 saothraí ioncaim (35 faoin gcéad de na saothraithe ioncaim go hiomlán) den líon canach. I gcomparáid le seo ba é an figiúr roimh an mBuiséad i 1998 ná 380,000 (25 faoin gcéad d'iomlán na ndaoine a thuilleann ioncam).

(v) Saol Oibre agus Teaghlaigh a Réiteach

Tá an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ag scrúdú an cabhair atá a thabhairt ag a córas tacaíochta ioncaim do dhaoine atá ag iarraidh saol oibre agus teaghlaigh a réiteach. Ionchur tábhachtach san obair seo ná an tuarascáil ECFE 2003 *"Babies and Bosses: Reconciling Work and Family Life, Austria, Ireland and Japan, Volume 2"*. Ar leibhéal níos leithne, tá an Roinn ag ullmhú straitéis le comheagar a chur ar pholasaí maidir le teaghlaigh agus saol teaghlaigh. Tá an staidéar seo le bheith críochnaithe go luath i 2004, le foilsiú go luath i 2005.

(vi) Cuntais Choigiltis Scoir Phearsanta

In Acht na bPinsean 2002 soláthraíodh do Chuntais Choigiltis Scoir Phearsanta (CCSP) a thabhairt isteach go luath i 2003, leis an bpríomh aidhm de clúdach pinsean forlíonach a mhéadú go 70 faoin gcéad dóibh siúd i bhfostaíocht atá 30 bliain d'aois nó os a chionn. Tháinig méadú i gcosaint an ghrúpa seo ó 57.4 faoin gcéad i 2002 go 59.1 faoin gcéad i 2004. Príomh ghné den reachtaíocht a rialaíonn CCSP ná an dualgas atá ar fhostóirí nach gcuireann scéim pinsean gairme ar fáil chun rochtain a sholáthar do CCSP caighdeánach d'fhostaithe, agus tháinig seo i bhfeidhm i mí Mheán Fómhair 2003. Ag

deireadh mí an Mheithimh 2004, bhí 32,920 cuntais CCSP oscailte.

Tá mion-mhonatóireacht á dhéanamh ag an mBord Pinsean, ar ghlacadh CCSP agus chlúdach pinsean forlíonach go ginearálta, agus trí shuirbhéanna atá á dhéanamh ag an CSO. Tá athbhreithniú ar chúrsaí riachtanach i 2006, de réir na reachtaíochta, agus déanfar dul chun chinn nó a mhalairt, ag baint amach spriocanna an Rialtais a mheas ag an am sin.

(vii) Pá Íosta

Mhéadaigh Buiséad 2004 an pointe tosaigh do chánachais go 90 faoin gcéad den phá íosta, méadaithe, bliantúil, atá i bhfeidhm ó 1 Feabhra 2004 (€7 in aghaidh na huaire). Ciallaíonn seo, i gcás duine IMAT singil, beidh an chéad €12,800 in aghaidh na bliana, nó €246 in aghaidh na seachtaine, dá thuilleamh saor ó cháin. Tugadh an pá íosta isteach i mí Aibreáin 2000. Sa bhliain sin, bhí níos lú ná 64 faoin gcéad den phá íosta don bhliain saor ó cháin. I 2000, socraíodh go mbeadh 90 faoin gcéad de phá saor ó cháin, agus is mar seo atá sé do 2003 agus 2004, fiú go raibh dhá mhéadú ar luach an phá ó tugadh isteach é.

(vii) Teorainneacha Aoise Díolúine do Cháin Ioncaim

Mhéadaigh Buiséad 2004 na teorainneacha Aoise Díolúine do cháin ioncaim don tríú bhliain as a chéile. Laistigh de thrí bliana, tá na teorainneacha méadaithe geall le 44 faoin gcéad agus sa thréimhse chéanna ceaptar go dtiocfaidh méadú ar an ráta boilscithe de bheagán níos lú ná 11 faoin gcéad. Faoin gcóras teorainneacha Aoise Díolúine, ní gá do dhaoine d'aois a 65 nó níos mó cáin a íoc suas go dtí pointe áirithe-tá na teorainneacha i gcás duine singil nó baintreach mar €15,500 agus €31,000 i gcás lánú pósta le duine nó an bheirt in aois a 65 nó níos aosta.

Tá 81,300 seanduine bainte as an líon cánach thar na 7 mbuiséid dheireanacha. Tá na teorainneacha díolúine cánach, do dhaoine os cionn 65 bliana d'aois níos mó ná dúbailte ó 1997 agus mhéadaigh Buiséad 2004 na teorainneacha seo do €15,500 do dhuine singil agus €31,000 do dhuine pósta.

2.6 Tithíocht agus Lóistín

Is tionscnamh speisialta é Tithíocht agus Lóistín faoi *Sustaining Progress*

Tá spriocanna cainníochtúla socruithe faoin PGN/Cuimsitheacht i leith soláthar tithíochta go ginearálta agus le tithe an údaráis áitiúil go háirithe agus meascán cuí de bhearta tithíochta sóisialta agus inacmhainne (féach ar an liosta spriocanna ag tosach na Rannóige).

(i) Soláthar Tithíochta

Stádas na Sprice Faoi Láthair – 228,928 tithe críochnaithe ó Eanáir 2000 go deireadh 2003.

Tomhaistear an dul chun cinn ar an sprioc tithíochta críochnaithe trí shonraí maidir le ceangail leictreachais tí ón BSL, clárú ráthaíochta tí agus an líon ceadanna pleanála tugtha ag na hÚdaráis Áitiúla. I measc bearta eile chun an sprioc seo a bhaint amach tá méadú ar an soláthar talún trí thionscnaimh sprice, agus trí gheall do mhaoiniú ón Státchiste agus trí úsáid níos éifeachtaí a dhéanamh de thailte trí dlús tithíochta níos airde.

De réir an tSuirbhé d'Infhaighteacht Thalamh Tithíochta is déanaí déanta ag deireadh mí an Mheithimh 2003, tá dóthain talaimh seirbhíse do níos mó na cúig bliana ar fáil go náisiúnta agus do níos mó na ocht mbliana ar fáil i mBaile Átha Cliath le féidearthacht chun 369,000 aonán a chur ar fáil. D'iarradh ar na hÚdaráis Áitiúla sonraí a thabhairt don R/CORA ar an dtalamh tithíochta atá ar fáil do na blianta 2004–2010 agus táthar ag súil go bhfoilseofar torthaí an tsuirbhé, seo i mBileog Staitisticí Tithíochta na Roinne, (Ráithe Mheán Fómhair 2004.

(ii) Tosaithe Tithíochta

Stádas na Sprice Faoi Láthair – Tosaíodh ar 20,622 tigh (nó 50.3 faoin gcéad den sprioc) a thógáil de chuid an údaráis áitiúil faoi dheireadh 2003.

Chríochnaigh nó fuair na húdaráis áitiúla tuairim is 5,000 aonad sa bhliain 2003. Tá leibhéil aschuir bainte amach ag na húdaráis áitiúla le linn na trí bliana seo chaite ná raibh a leithéid le feiceáil ó lár na n-ochtóidí.

Tógtar na staitisticí maidir leis an sprioc seo ó aischuir don R/CORA ó na húdaráis áitiúla, a thugann mion-chuntais de scéimeanna reatha agus scéimeanna molta; de Phleananna Gníomhaíochta Ilbhliantúla 2000 –2003 ; agus den suirbhé Trébhliantúil ar Measúnú de Riachtanais Tithíochta.

(iii) Tithíocht Shóisialta agus Inacmhainne

Tá cláir láidre tithíochta sóisialta agus tithíochta inacmhainne á choimeád i bhfeidhm chun riachtanais na ndaoine nach féidir leo díol as a riachtanais tithíochta fhéin. Clúdóidh an maoiniú atá a sholáthar i 2004 riachtanais 13,000 teaghlach i gcomparáid le geall le 8,500 i 1998. Nuair a chuirtear fáltais na blianta le déanaí san áireamh, tá an soláthar tithíochta iomlán i 2004 de €1.884 billiúin idir, Státchiste agus eile, níos mó ná cheithre oiread an mhéid a chuireadh ar fáil i 1997, agus is ionann é agus méadú de 5. 4 ar sholáthar 2003.

Is geall bunúsach é laistigh den Tionscnamh Speisialta *Sustaining Progress* maidir le soláthar loistín sóisialta agus inacmhainne, an léirmheas ar éifeacht na gclár seo a cuireadh ar bun chun cabhrú le grúpaí ar ioncaim ísle, agus iad siúd le riachtanais agus tithíochta speisialta agus sóisialaí acu san áireamh. I measc na gceisteanna eile bainteach leis an tionscnamh speisialta seo tá: deimhniú go mbeidh dul chun cinn níos fearr i gcur i bhfeidhm an Chláir Lóistín don Lucht Siúil; gníomhú ar easpa dídine; an clár tithíochta deonach; agus polasaithe bainistíochta eastáit in údaráis áitiúla.

Tá an R/CORA agus an Fóram Tithíochta (gléas a thugann deis do na comhpháirtithe sóisialta cur le forbairt polasaí) aontaithe ar chlár oibre chun athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthar tithíocht shóisialta agus inacmhainne. Tá staidéar cuimsitheach á dhéanamh ag an CNES faoi láthair ar thalamh agus thithíocht.

Ar iarratas ón Roinn tá dréacht phleananna gníomhaíochta ilbhliantúla forbartha ag leibhéal contae/cathrach a chlúdaíonn an tréimhse 2004–2008 agus tá siad curtha faoi bhráid an R/CORA d'aontú. Maidir le clúdaigh litreach caipitiúla cúig bliana a thabhairt isteach, an príomh chuspóir atá leis na pleananna seo a fhorbairt, ná an gá atá ann chun a chinntiú go mbainfidh an infheistíocht atá ar fáil do na cláir seo an toradh ceart amach go fadtéarmach, trí dul i ngleic le fíor-bhochtaineacht agus trí shraitheanna spleáchais agus míbhuntáiste a bhriseadh. Mar sin, aithníonn na pleananna gníomhaíochta na háiteanna ina bhfuil an gá is géire agus leagann said síos conas a bheartaíonn na húdaráis áitiúla déileáil leis na fadhbanna seo thar an dtréimhse. Tá measúnú á dhéanamh ag an Roinn faoi láthair ar na pleananna i dtreo is go ndéanfar aontú orthu níos déanaí sa bhliain.

Rinneadh riachtanais 46,000 teaghlach a chomhlíonadh faoi na bearta tithíochta sóisialta agus inacmhainne idir 2000 agus 2003, atá sonraithe mar a leanas:

An Earnáil Dheonach agus Chomhoibritheach	5,181
Úinéireacht Roinnte	5,485
Tithíocht Inacmhainne	2,764
Liúntas Morgáiste	642
Cuid V – Achtanna Pleanála agus Forbartha	209
Tithíocht Údaráis Áitiúil	32,336

Dé bharr méadaithe tábhachtacha i maoiniú caipitiúil a cuireadh ar fáil don chlár tithíochta deonach tá leibhéil aischuir curiarrachta bainte amach le blianta beaga anuas. Anuraidh chríochnaigh an earnáil 1,617 aonad i gcomparáid le 579 sa bhliain 1999. D'fhás maoiniú caipitiúil i rith na tréimhse seo ó €47 milliún i 1999 go dtí €211 milliún anuraidh.

Chomh maith le sin, chun teacht ar na Scéimeanna Úinéireachta Roinnte agus Tithíochta Inacmhainne a fheabhsú, d'ardaíodh na teorainneacha ioncaim le bheith i dteideal ó €32,000 go dtí €36,800 do theaghlach ar ioncam amháin agus ó €80,000 go dtí €92,000 do theaghlach le dhá ioncam. Is é an foirmle a úsáideadh ná iolraítear an príomh–ioncaim faoi 2.5 agus an dara ioncaim uair amháin. D'ardaíodh an teorainn don uasluach iasachta ó €130,000 go dtí €165,000. Tugadh na hathraithe seo isteach i mí Lúil 2004 agus baineann siad le gach iasacht ó údarás áitiúil do cheannach tithe.

(iv) Tionscnamh do Thithíochta Inacmhainne (TTI)

I mí Lúil 2004 cuireadh breis talún Stáit agus údarás áitiúil ar fáil do Thithíocht Inacmhainne a thógáil faoi Thionscnamh *Sustaining Progress* do Thithíochta Inacmhainne. Nuair a chuirtear na suímh bhreise seo san áireamh tá líon iomlán na dtithe measta le bheith ag 8,891 aonad (le 2,100 aonad tithíochta inacmhainne Cuid V don tréimhse 2004-2006 san áireamh). Beidh gach tionscadail á chur ar aghaidh mar thosaíocht, agus, nuair is féidir, tá gnáthaimh pleanála agus eile á dhéanamh comhthreomhar chun tógáil luath agus seachadadh deiridh na n-aonad a éascú. Oibríonn an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil le Ranna agus Gníomhaireachtaí Stáit eile chun breis talún a fháil chun an figiúr sprice faoin dTionscnamh de 10,000 aonad a bhaint amach.

(v) An t-Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004

Soláthraíonn an t-Acht um Thionóntachtaí Cónaithe 2004 d'athrú mór a dhéanamh ar an dlí do thiarna/thionónta. Tháinig cuid mhór den Acht i bhfeidhm ar 1 Meán Fómhair 2004, le hiad seo a leanas san áireamh:

- urrús tionachta feabhsaithe trí chóras de chúrsaí tionóntachta 4 bliana;
- modhanna fhoirceannadh tionóntachta nua, le tréimhsí fógartha níos faide bainteach le fad na tionóntachta san áireamh;
- bunú Bord um Thionóntachtaí Príobháideacha Cónaithe (BTPC);
- córas nua clárú tionóntachta leis an BTCP;
- diúltú deonach den cheart do léasanna cothromais fadtéarmacha;
- pionóis níos airde do chionta i leith caighdeáin agus clárú de lóistín príobháideach ar chíos; agus
- cumhacht na n-údarás áitiúla a leathnú chun déileáil le hiompar frith-shóisialta.

Tiocfaidh forálacha an Achta do sheirbhís réitithe díospóide tríd an BTPC in ionad na cúirteanna, ina bhfuil eadráin nó breithniú agus éisteachta binse tionóntachta i gceist, i bhfeidhm níos déanaí i mbliana, mar a thiocfaidh forálacha eile bainteach leis an bpróiseas réitithe díospóide. San áireamh iontu seo tá forálacha a leagann amach na dualgais tionóntachta reachtúla do thiarnaí agus thionóntaí, agus ag foráil nach mbeidh cead ag tiarnaí cíos níos airde ná an ráta margaidh a iarraidh agus nach mbeidh athbhreithnithe cíosa (cibé suas nó síos) déanta níos mó ná uair sa bhliain ach amháin má thagann athrú mór ar an lóistín féin. Beidh an t-Acht i bhfeidhm go hiomlán roimh dheireadh 2004.

San áireamh i ról an BTPC, chomh maith le seirbhís réitithe díospóide fóirdheonaithe ag an Stáit a sholáthar do thionóntaí na hearnála príobháidigh agus thiarnaí cláraithe agus an córas cláraithe-tionóntaí nua a oibriú, beidh réimse d'fheidhmeanna monatóireachta, taighde, eolais agus comhairle-polasaí i leith an earnáil chíosaithe phríobháideach. Tá an t-Acht nua mar phríomh ghné de clár iomlán an Rialtais chun athchóiriú agus forbairt a chur chun cinn san earnáil chíosaithe phríobháideach bunaithe go háirithe ar thuarascáil an Choimisiúin ar an Earnáil Chíosaithe Phríobháideach Chónaithe.

2.7 Daingniú Cuimsitheacht Shóisialta sa Rialtas Áitiúil

(i) Gréasán Foghlamtha Frithbhochtaineachta an Rialtais Áitiúil

Chun tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm an SNF ag leibhéal áitiúil, le daingniú cuimsitheacht shóisialta sa rialtas áitiúil san áireamh, bhunaigh an Ghníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine (GCB) i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus an OCS Gréasán Foghlamtha Frithbhochtaineachta an Rialtais Áitiúil i ndeireadh 2000.

Is í aidhm iomlán an Ghréasáin ná chun forbairt dearcadh láidir frithbhochtaineachta a chur chun cinn agus a thacú laistigh de chóras leasaithe de rialtas áitiúil. Tá sé faoi bhainistíocht an GCB, le cabhair ó Choiste Comhairleach agus Grúpa Stiúrtha. Tá ionadaíocht ag an OCS ar an dá cheann dóibh seo.

Is iad cuspóirí an Ghréasáin na:

- fóram a chur ar fáil inar féidir leis na húdaráis áitiúla a thaithí a roinnt agus chun smaoineamh ar conas an cabhair is mó is féidir, a thabhairt do pholasaithe chun dul i ngleic le bochtaineacht agus le cuimsitheacht shóisialta;
- tacaíocht agus cúnamh a thabhairt d'údaráis áitiúla chun fócas frithbhochtaineachta láidir a bheith iniata ina gcuid oibre;
- é ar chur ar chumas na n-údarás áitiúla eolas a roinnt eatarthu féin faoi thionscadail agus thionscnaimh nua agus suimiúla a fhorbairt; agus
- taithí áitiúla éagsúla agus cleachtais is fearr a mhalartú eatarthu.

Is é an buiséad iomlán don tionscnamh seo ná €1.474 milliún thar thréimhse ceithre bliana. Ó 2000 i leith tá an Gréasán tar éis tacaíocht do réimse imeachtaí go bhfuil cruinnithe Gréasáin, deontais, eolas a chur ar fáil, traenáil agus taighde ina measc.

Tá meastóireacht ar an nGréasán á chríochnú i láthair na huaire. Tá an R/CORA, an OCS agus an GCB ag plé cén dul chun cinn sa todhchaí is féidir a dhéanamh ar an gclár oibre do chuimsitheacht shóisialta ag leibhéal an údaráis áitiúil.

Chomh maith leis sin, thug an GCB tacaíocht do thrí údarás áitiúla, chun straitéis frithbhochtaineachta áitiúla a fhorbairt i 2003. Ba iad na trí údarás áitiúla ná Dún na nGall, an t-Iarmhí agus Cathair Chorcaí.

(ii) Boird Fhorbartha na gCathrach agus na gContaetha

Leanann ról cuimsitheachta sóisialta na mBord Forbartha Cathrach agus Contae agus na mBearta Cuimsitheachta Sóisialta (BCS) ag Comhordú Grúpaí na mBord, ag forbairt, go mór mhór tríd a bpáirtíocht i gcur i bhfeidhm Tionscnamh Comhpháirteach na n-Airí ar fheabhsú Struchtúir agus Cláir Fhorbartha Áitiúla agus Phobail. Tháinig as seo go bhfuil ról lárnach ag Grúpaí Chomhordaithe BFC/BCS ann:

- glacadh le pleananna forbartha pobail/áitiúla rud a chothódh comhtháthú níos mó idir gníomhaireachtaí;

- ag forbairt agus ag déanamh monatóireachta chur i bhfeidhm moltaí ó na grúpaí forbartha pobail/áitiúla dírithe ar chomhtháthú i soláthar seirbhíse; agus
- forbairt agus cur i bhfeidhm de 'Phleananna Sprioctha agus Comhtháite'(mar atá leagtha amach sna treoracha cuí ón R/CORA). Beidh na Pleananna seo deartha chun grúpa sprice eisiamh sóisialta áitiúil áirithe a aithint, chun a mhíniú conas atá siad mar thosaíocht chathrach/chontae, chun na bearta cuí atá le déanamh a léiriú, agus chun a thaispeáint conas gur féidir leis an bplean comhtháthú a dheimhniú i soláthar seirbhíse idir gníomhaireachtaí.

(iii) Aonaid Chuimsitheachta Sóisialta Phíolótacha

Bunaíodh Aonaid Chuimsitheachta Sóisialta Phíolótacha i seacht údarás áitiúla do thréimhse trí bliana (2002-2004). Bhí Aonad Cuimsitheachta Sóisialta ag feidhmiú i gComhairle Chathrach Bhaile Áth Chliath roimh thosach na n-aonad píolótacha. Chuir an R/CORA maoiniú iomlán de €3.1 EURO milliún ar fáil chun na haonaid a bhunú agus a feidhmiú i gcóir na trí bliana go mbeadh an scéim phíolótach ar siúl. I mí an Mheithimh 2004, fuarthas comhairleoirí neamhspleácha chun athbhreithniú agus measúnú a dhéanamh ar an gclár píolótach. Tá tuarascáil le bheith curtha faoi bhráid an R/CORA i mí Dheireadh Fómhair 2004.

2.8 Sláinte

(i) Straitéis Náisiúnta Sláinte

Is é an Straitéis Náisiúnta Sláinte *Cáilíocht agus Cothromas: Straitéis Sláinte Duitse* an creatlach lena ndéanfar laistigh de na forbairtí sna seirbhísí sláinte, le linn na seacht go deich mbliana romhainn amach. Is iad seo leanas na príomh spriocanna chun na neamhionannais shláinte a laghdú:

- An difríocht mortlaíocht anabaí idir na grúpaí socheacnamaíochta is ísle agus is airde a laghdú ar a laghad 10 faoin gcéad do ghalair imshruthú na fola, ailse, gortaithe agus nimhiú roimh 2007;
- Laghdú 10 faoin gcéad sa dhifríocht idir rátaí breithe meáchain ísle idir na grúpaí socheacnamaíochta is ísle agus is airde ón leibhéal a bhí ann i 2001, roimh 2007.

Táthar ag tabhairt faoi thionscnaimh pholasaí speisialta a chabhróidh chun na neamhionannais sa stádas sláinte a laghdú, chomh maith le mortlaíocht anabaí sna grúpaí soceacnamaíochta ísle le tagairt speisialta do ghalair imshruthú na fola, ailse, gortaithe agus nimhiú. Ina measc tá

- Measúnú Iarmharta Sláinte (MIS) a chur i bhfeidhm;
- Cur i bhfeidhm na Straitéise Cúraim Príomha;
- Cur i bhfeidhm na Straitéise Sláinte Cardashoithíoch, agus
- Cláir agus Straitéis Ailse.

Chomh maith leis sin, tá obair ar siúl chun tacaíocht a thabhairt d'fhoireann na seirbhíse sláinte chun príomh spriocanna sláinte an SNF a chur i bhfeidhm.

(ii) Tionscnaimh chun obair frithbhochtaineachta a chur i bhfeidhm sna seirbhísí sláinte

Tá obair a thugann tacaíocht d'fhoireann na seirbhíse sláinte chun gníomhartha a chur i bhfeidhm a chabhraíonn chun príomh spriocanna sláinte an SNF a bhaint amach. Tá sé seo á dhéanamh ag Foireann Pleanála an Tionscadail Sláinte agus an SNF le hionadaithe ón Roinn Sláinte agus Leanaí, ó na Boird Sláinte, ó Fheidhmeannach an Bhoird Sláinte (FBS), ón Institiúid Sláinte Phoiblí (ISP), ón Oifig um Chuimsiú Sóisialta (OCS), agus ón

nGníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine (GCB). Is í aidhm na hoibre seo na:

- Chun meabhraíocht a ardú maidir le spriocanna an SNF agus ceisteanna cuimsitheachta sa tseirbhís sláinte go forleathan;
- bunús a chur le gréasán foghlama ionas a chinntiú, inter alia, go mbeadh aird níos fearr á thabhairt do cheisteanna cuimsitheachta i dtraenáil foireann na seirbhíse sláinte; agus
- Príomhshruthú a dhéanamh ar gníomhartha chun teacht le spriocanna sláinte an SNF i gcomhthéacs cur i bhfeidhm gach príomh pholasaí.

Tá an céad pháirt den obair i dtaobh bailiú eolais agus leagan amach clár oibre, nach mór críochnaithe. Is é atá ann ná:

- Féachaint ar an méid oibre atá á dhéanamh maidir le frithbhochtaineacht sna boird sláinte faoi láthair;
- Ceisteanna straitéise ina bhfuil riachtanais fhoirne na mbord sláinte do thacaíocht agus thraenáil do obair fhrithbhochtaineachta; agus
- Bun-shuirbhé d'fhoireann na mbord sláinte chun tomhas a dhéanamh ar mheabhraíocht maidir le obair frithbhochtaineachta.

I gcomhairle le SNF agus Foireann Pleanála an Tionscadail Sláinte, tá bróisiúr tionscnóra faoi SNF agus na seirbhísí sláinte tar éis a bheith forbartha. Úsáidfear an acmhainn seo chun tús mheabhraíochta a mhúscailt agus chun cleachtas i leagan amach clár oibre, ag leagan amach go soiléir cén rud é SNF agus an tábhacht atá ag SNF leis na seirbhísí sláinte agus spriocanna sláinte SNF faoi láthair agus forbairtí beartaithe. Foilseofar an bróisiúr go luath, faoi choimirce na n-eagraíochtaí atá sáite in obair na Foirne Thionscadail.

Tá an OCS agus R/S & L ag forbairt le chéile treoracha do Dhíonacht ar Bhochtaineacht do sheirbhísí sláinte. Tá Treoracha Dréachta soláthartha go ndéanfar iad a phíolóta laistigh den Roinn.

(iii) Measúnú Iarmharta Sláinte (MIS) a Chur i bhfeidhm

Tá dul chun cinn i gceist an MIS i gcomhthéacs atheagrú an R/S & L agus obair Feidhmeannaigh Eatramhaigh na Seirbhíse Sláinte. Idir an dá linn beidh cruinnithe déthaobhacha ag an Roinn Sláinte agus Leanaí le roinnt Ranna Rialtais i dtaobh an MIS roimh dheireadh 2004. Cuirfidh an obair seo le hobair seimineár a bhí ar siúl le haghaidh banaisteoirí sinsearacha agus le seoladh treoirlínte modheolaíochta an MIS agus le hionstraim scagtha le haghaidh an MIS, i mí Iúil 2003. Tá an Institiúid Sláinte Poiblí, a sholáthraíonn tacaíocht teicniúil don MIS, tar éis fógairt le haghaidh breis foirne sa limistéir seo chomh maith.

(iv) Cur i bhfeidhm na Straitéise Cúraim Príomha

Leagann an Straitéis Cúraim Príomha amach fís do sheirbhís chúraim príomha atá comhtháite, ard-chaighdeánach, ilsmachtúil agus cabhrach a fhorbairt chun riachtanais sláinte agus sóisialta na ndaoine a chomhlíonadh.

Grúpa Stiúrtha Cúraim Príomha Náisiúnta
Bunaíodh an Grúpa Stiúrtha Cúraim Príomha Náisiúnta i mí an Mheithimh 2002 chun ceannasaíocht agus treoir i dtaobh mórán gnéithe tábhachtacha den phlean le cur i bhfeidhm i gcóir an Straitéis Cúraim Príomha. Tá fo-ghrúpaí bunaithe go dtí seo ag díriú a n-aigní ar na nithe seo a leanas:

- Sláinte agus Pobail ag tógaint páirt ann.
- Acmhainní Daonna, Oideachas agus Traenáil
- Cáilíocht; agus
- Seirbhísí.

I meas aischuir an ghrúpa stiúrtha go dtí seo tá moltaí oibre do phróiseas athchóirithe na Seirbhíse Sláinte chuig an Grúpa Idir-Rannach ar Oideachas Leighis agus Traenála, anailís 'SWOT' (Strengths, Weaknesses, Opportunities and Threats) den Straitéis Cúraim Príomha agus an t-ullmhúchán de Chreatlach do Dheimhniú Cáilíochta i gCúram Príomha.

Tionscadail Cur i bhfeidhm Cúraim Príomha
Tá na deich dtionscadal píolóta ag dul ar aghaidh go maith i bhforbairt foirne cúraim príomha ilsmachtúla. Beidh an próiseas forbartha foirne agus daingniú ag dul ar aghaidh ar feadh tamaill mhaith eile. I gcuid mhaith cásanna, tá roinnt mhaith de na baill foirne breise ceaptha, atá ag teastáil chun gur féidir leis na foirne an réimse iomlán seirbhísí pleanáilte a chur ar fáil.

Faoi láthair, tá na tionscadail ag dul chun cinn ag céimeanna éagsúla, agus cheana féin, tá roinnt díobh ag cur seirbhísí cúraim príomha nua, feabhsaithe ar fáil dá ndaonraí sprice. I measc na rudaí ina bhfuiltear ag díriú a n-iarrachtaí luaithe, chun seirbhísí feabhsaithe a chur ar fáil tá, fisiteiripe, atá curtha ar fáil mar other seachtrach ospidéal, socraithe cúraim roinnte leis na hospidéil ghinearálta, agus an forbairt ar sheirbhísí oibre sóisialaigh chun díriú ar riachtanais thacaíochta teaghlaigh go ginearálta.

Toghadh na hionaid gur glacadh leo i gcóir an chéid chéim do na foirne cúraim príomha, scaipthe ar fud na tíre ó na pobail lár-cathracha uirbeacha go dtí na pobail tuaithe in Iarthar na hÉireann, chun na tosca éagsúla, ar fud na tíre a léiriú ina gcaithfear seirbhísí cúraim príomha a sholáthar, ar bhonn phraiticiúil, conas mar a bheidh foirne cúraim príomha ag feidhmiú. Tá sé mar phríomh chuspóir den ghrúpa tosaigh tionscadail chur i bhfeidhm ná deimhniú a dhéanamh de go ndéanfaidh an taithí a fhaightear, foghlaim luachmhar a sholáthar rud a chuirfidh eolas agus múineadh ar an gcur i bhfeidhm forleathan a leanfaidh é.

Bíonn dúshlán dá chuid féin ag gach aon suíomh éagsúil agus tá gach foireann chúraim príomha ag déanamh athchóiriú do riachtanais an cheantair ar a bhfuilid ag freastail. Tá roinnt de na suímh ainmnithe, mar ionaid comharthaithe faoi Cláir RAPID agus CLÁR. Tá tionscadail eile suite i gceantair ina bhfuil an díobháil go dona agus go bhfuil a lán daoine i dteideal na Seirbhísí Leighis Ginearálta.

(v) Athchóiriú de Acmhainní atá ann Faoi Láthair

Tá na seirbhísí sláinte, i láthair na huaire, ag iniúchadh, conas is fearr na hacmhainní cúraim príomha/pobail atá ann a atheagrú chun feidhm a baint as oibriú an choincheap foirne, ar bhonn níos leithne (ná na 10 dtionscadail cur i bhfeidhm) agus d'fhonn ceantair gheografacha go bhfuil na foirne cúraim príomha agus na foirne sa todhchaí le freastail orthu, a phiocadh amach. D'iarradh freisin, ar na seirbhísí sláinte athbhreithniú ard-leibhéil riachtanais a dhéanamh do chúram príomha, a chabhróidh chun an tasc seo a chur ar an eolas, agus le pleanáil náisiúnta i gcóir riachtanais acmhainne chomh maith. Dáileadh amach ciste airgid, 2003 do thionscadail, ag tacaíocht ar an leathnú amach ar an samhail idir-dhisciplín de chúram príomha.

(vi) Taighde

Tá clár taighde i gcomhréir leis an Straitéis Cúraim Príomha ag fáil tacaíochta ón Roinn Sláinte agus Leanaí. Sa chlár seo tá trí Chomhaltacht Thaighde

Chúraim Príomha, ceann díobh atá ag díriú ar cheisteanna faoi fhorbairt agus mheasúnú de pháirt an phobail i gCúram Príomha.

(vii) Criosanna Gníomhaíochta Sláinte

Tá maoiniú faighte ag Bord Sláinte an Deiscirt do thréimhse trí bliana chun dhá thionscadal Creasa Gníomhaíochta Sláinte a bhunú i gceantair Chnoc na hAoine/Fearann Teampaill agus an Gort Álainn/an Gleann de Chathair Chorcaí. Is é atá i gceist leis an gcoincheap de Chrios Gníomhaíochta Sláinte ná bheith ag díriú ar cheantair áirithe ar mhíbhuntáiste agus réimse seirbhísí sláinte a chur in oiriúint do riachtanais na gceantar sin agus díriú ar neamhionannas sláinte agus seirbhísí a thabhairt suas chun data, trí nuáil áitiúil i bpáirtíocht le pobail áitiúla. Bhí an dá chrios ghníomhaíochta sláinte i gcathair Chorcaí formheasta i mí Aibreáin 2002.

(viii) Pobail Sláintiúla a Thógáil

I mí na Bealtaine 2003 sheol an Roinn Sláinte agus Leanaí agus an Ghníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine le chéile Clár chun Pobail Sláintiúla a Thógáil de chuid na gníomhaireachta a bhíonn dírithe ar fhorbairt phobail chun neamhionannais i gcúrsaí sláinte a laghdú. I 2003 thug an Roinn €15,000 do dhá thionscadal forbartha pobail faoin gclár seo agus tá an Roinn ag tabhairt maoiniú do thrí thionscadal i 2004.

Tá taighde Nexus tosaithe chun tabhairt faoi mheastóireacht ar an gcéad chéim den chlár agus ina dtuarascáil idirbhealaí tá roinnt torthaí dearfacha faoin obair tugtha faoi deara acu cheana féin. Tá an chuid is tábhachtaí díobh seo ag déileáil le:

- Réimse modhanna oibre agus próisis a bhunú d'fhonn comhoibriú a chothú idir ghrúpaí bunaithe sa phobal, sláinte agus soláthraithe seirbhíse eile. Tá cuid díobh seo, cheanna féin, ag léiriú conas tabhairt faoi dhea-phleanáil-sampla suntasach de seo is ea an obair atá ar siúl san lar-Thuaisceart atá á stiúradh ag Ionad Acmhainne Leifear/Cluain Lao;
- Críoch sásúil de chúrsaí pobail-bunaithe creidiúnaithe;
- Níos mó rannpháirtíochta i ngníomhachtaí ag daoine ar mhíbhuntáiste, agus méadú ar pháirtíocht dheonach i réimse gnóthaí comhairleacha;
- Méadú ar an méid ceisteanna sláinte atá á chur chun cinn i gcláir éagsúla agus i gcláir thionscadail – le BFC, Comhpháirtíochta ceantair-bunaithe, Tionscadail Phobail agus Struchtúir RAPID san áireamh;
- Comhpháirtíochta oibre níos fearr idir ghrúpaí pobail agus soláthraithe seirbhíse; agus
- Comhoibriú níos éifeachtaí i measc réimse úinéirí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta.

(ix) Cur i bhfeidhm na Straitéise Sláinte Cardashoithíoch

Ó seoladh an Straitéis Sláinte Cardashoithíoch i mí Iúil 1999, tá €54 milliún infheistithe chun é a chur i bhfeidhm. De bharr seo ceapadh beagnach 800 ball foirne nua in a measc:

- 139 oifigeach cothaithe sláinte
- 113 oibrí cúraim príomha agus oibrí cúram réamh-oispidéil
- 328 duine proifisiúnta lonnaithe sna hospidéil
- 17 comhairleoir cardashoithíoch breise
- 109 athshlánú cairdiach breise
- 81 ball foirne breise fostaithe i gcúrsaí córas eolais, i iniúchadh agus taighde.

I measc na dtairbhí atá le feiceáil láithreach tá:

- páirtíocht idir-rannach níos láidre i gcúrsaí sláinte a chur chun cinn;
- laghdú in amanna glaoch chuig coir leighis phráinneacha;
- dóthain áiseanna réigiúnacha d'imeachtaí fáthmheasa neamh-inmheánacha;
- méadú ar sheirbhísí nua, mar atá clinic do phian bhrollaigh agus do athshlánú cairdiach;
- méadú de beagnach 200 faoin gcéad in imeachtaí áirithe chairdiacha, rud a chuir laghdú de 24 faoin gcéad ar an liosta feithimh d'imeachtaí chairdiacha; agus
- méadú de 47 faoin gcéad i minicíocht dáileadh oideas do ghalar cardashoithíoch, do dhaoine clúdaithe ag Bord (Íocaíochtaí) seirbhísí leighis ginearálta, ag léiriú an méadú ar na huimhreacha atá á aithint agus atá ag fáil coir leighis, le tinnis mar teip chroí leanúnach.

Is iad na príomh struchtúraí náisiúnta chun tacaíocht a thabhairt don phróiseas cur i bhfeidhm agus chun comhairle saineolaíochta a chur fáil ná an Tascfhórsa Sláinte Chroí agus an Fóram Comhairleach ar Shláinte Chardashoithíoch.

Tá meastóireacht den chlár *Heartwatch* ar siúl faoi láthair agus tá tuarascáil le bheith críochnaithe i ndeireadh 2004. Tabharfar stádas socheacnamaíocha na n-othar faoi deara sa mheastóireacht. I measc na n-ábhar a bpléifear tá cothromas fála, laistigh den daonra i gceist, agus baic ar othair atá ag glacadh páirt sa chlár *Heartwatch*.

(x) Caitheamh Tobac

Ar an 29ú Márta 2004 cuireadh cosc ar thobac a caitheamh in san chuid is mó de na háiteanna oibre dúnta le tithe tábhairne san áireamh. An phríomh chúis leis an mbeart seo ná chun sláinte na n-oibreoirí agus an phobail a chosaint ó dhamáiste an deataigh ó thobac. Tá 4,114 iniúchadh déanta ag an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (go dtí 29 Meán Fómhair 2004) in ionaid oibre fálaithe ó tugadh isteach na rialacha nua agus tá 91 faoin gcéad ag géilleadh do ar an mheán. Tá an freagartha go fóill i ngach áit an-dhearfa, agus tá an géilleadh dó ag leibhéal ard.

Tá Plean Gníomhaíochta Náisiúnta do Bhac ar Thobac forbartha le Teiripe Ionadú Nicitín le haghaidh othair le Cárta Liachta acu agus feachtas teilifíse éifeachtach *'Tá Gach Toitín ag Déanamh Damáiste Duit'* san áireamh ann le measúnú ag taispeáin gur aithin 80 faoin gcéad dóibh siúd a cuireadh faoi shuirbhé é. Tá Líne Náisiúnta Éirí As mar thacaíocht ar an bhfeachtas.

(xi) Foircheasacht

Tá an Tascfhórsa Náisiúnta ar Fhoircheasacht ag forbairt straitéis náisiúnta chun déileáil le foircheasacht agus bheith ró-throm. Díreoidh an Straitéis seo ar ghrúpaí socheacnamaíochta níos ísle.

"Tugann gach céim cabhair, déanann athruithe beaga an difríocht" seoladh feachtas náisiúnta ar aithne pobail ar 2 Meán Fómhair a dhíríonn ar fhoircheasacht agus ar dhaoine ró-throm.

(xii) Sprioc do mhonatóireacht ar mhortlaíocht anabaí

I dtaobh na monatóireachta den phríomh sprioc shláinte faoi mhortlaíocht anabaí, d'iarr an Roinn Sláinte agus Leanaí ar an Institiúid Sláinte Poiblí mionscrúdú a dhéanamh ar shonraí mortlaíochta agus daonra an CSO do 2002 (an ceann is déanaí ar fáil). Léiríonn na sonraí seo go bhfuil difríochtaí móra idir na grúpaí socheacnamaíocha is ísle agus is airde ó thaobh rátaí báis ó ghalair imshruthú fola, ailse, gortaithe agus ó nimhiú.[2]

Ag úsáid cóimheasa mortlaíochta caighdeánaithe (CMC) dóibh siúd faoi aois a 65, rinneadh na difríochtaí a ríomhadh, idir an grúpa socheacnamaíochta is airde agus is ísle (is é sin oibrithe leath-oilte agus oibrithe gan scil ar bith), ag úsáid an ghrúpa socheacnamaíochta is airde (is é sin lucht proifisiúnta arda agus ísle) mar ghrúpa tagartha (CMC=100). Rinneadh comhaireamh don ndaonra iomlán faoi mar a rinneadh do fhireannaigh agus do bhaineannaigh scartha óna cheile. Molann an Institiúid go n-úsáidfí na CMC do fhireannaigh amháin, mar nuair a bhíonn na baineannaigh san áireamh, bíonn na fíor-dhifríochtaí folaithe, toisc easpaí sa chóras códála do stádas socheacnamaíochta na mbaineannach. Díríonn na staitisticí thíos ar na torthaí d'fhireannaigh.

Ag scrúdú na mortlaíochta go mbítear ag súil leo i gcomparáid le fíor-uimhir na mortlaíochta, do ghalair imshruthú fola, sna fir sa ghrúpa socheacnamaíochta is ísle, léiríonn na sonraí go raibh a dhá oiread mhortlaíocht sa ghrúpa (CMC=202) socheacnamaíochta is ísle, thar mar a bheadh, dá mbeadh an ráta mortlaíochta céanna, agus atá ag an ngrúpa socheacnamaíochta is airde.

I gcás ailsí, bhí 43 faoin gcéad níos mó mortlaíochta i measc na bhfireannach thar an ngrúpa socheacnamaíochta is ísle (CMC=143) i gcomparáid leis an dream is airde. I gcásanna le cúiseanna eachtracha do thógáil nimhe bhí thar trí oiread bháis i measc na bhfireannach sa ghrúpa socheacnamaíochta is ísle, i gcomparáid leis an ngrúpa is airde. Gortaithe eachtracha agus tógáil nimhe bhí thar trí oiread bháis i measc na bhfireannach sa ghrúpa socheacnamaíochta is ísle, i gcomparáid leis an ngrúpa is airde.

(xii) Ailse

Spriocanna a bhaint amach sa Straitéis Ailse Náisiúnta 1996.

Ba é príomh chuspóir na Straitéise Ailse Náisiúnta 1996 ná laghdú de 15 faoin gcéad, ins na báis ó ailse in san aois-ghrúpa faoi 65 bliana, sa thréimhse 10 mbliana ó 1994. Léirigh Meastóireacht Deloitte den Straitéis Ailse Náisiúnta1996 gur baineadh amach an cuspóir seo i 2001 3 bliana chun tosaigh ar an sprioc-data

Cur i bhfeidhm na Tuarascála Ailse Radaíochta
D'fhoilsíodh an Tuarascáil ar fhorbairt Sheirbhísí Radaíochta Ailse in Éirinn i mí Dheireadh Fómhair 2003. Do ghlac an Rialtas leis an moladh go raibh clár mór riachtanach chun fhorbairt mhear a dhéanamh ar sheirbhísí cliniciúla radaíochta ailse a leigheas ar chaighdeáin nua-aimsire. Is é an chéad céim in a leithéid de chlár nua ná an forbairt de

2 Ta an anailís a rinneadh, difriúil go mion i dhá shlí ón anailís i dtuarascáil 2001, ó Thuarascáil na hInstitiúide Sláinte Poiblí, Inequalities in Mortality 1989-1998: A Report on All Ireland Mortality Data:
(i) Toisc go ndéanann an Táscaire SNF tagairt do bhás, táthar siúd atá faoi 15 ins an áireamh, in anailís de shonraí 2002. Níor cuireadh an aois-grúpa seo san áireamh ins an tuarascáil bháis do 1989–1999.
(ii) D'úsáideadh modhanna oibre staitistice de shórt eile agus dá bhrí sin, ba cheart an mheasúnú ar na torthaí a bheith scartha amach uatha.

Rinneadh na cóimheasa mortlaíochta caighdeánaithe (CMC) ríomhadh os na sonraí daonra agus mortlaíochta, curtha ar fáil ag n CSO. Déanann na cóimheasa seo comparáid idir chruinn–uimhir na n-imeachtaí i ngrúpa socheacnamaíochta amháin (GSE D, is é sin, leath–oilte, gan a bheith oilte agus oibrithe) leis an méid imeachtaí go bhfeadfaí bheith ag súil leo, bunaithe ar rátaí mortlaíochta de dhaonra tagartha (GSE A, is é sin, lucht proifisiúnta arda agus isle). Is é an fíor luach ná an coibhneas idir mortlaíocht a tharla agus idir uimhir na mortlaíocht go rabhthas ag súil leo.

Ins an modh oibre seo tá sonraí speisialta aoise ríofa sa dá GSE. Déantar an méid mortlaíochta i ngach aois–grúpa i GSE D, go bhfuiltear ag súil leo, a ríomhadh leis an ndaonra i GSE A. Déantar uimhir na mbásanna go mbítear ag súil leo i ngach aois–grúpa i GSE D a shuimiú suas chun iomlán na mbásanna, go bhfuiltear ag súil leo, a fháil don GSE seo. Is é an CMC ansin ná uimhir na mbásanna a tharla roinnte faoi uimhir na mbásanna go bhfuiltear ag súil leo, mar chéatadán.

ghréasán cliniciúil in ionaid mhóra, ar nós Baile Áth Cliath, Corcaigh agus Gaillimh, a cheadóidh méadú sciobtha de theacht níos easca do na hothair ar theiripe radaíochta oiriúnach, rud a bheidh mar " chnámh droma" ag forbairt na seirbhísí sna todhchaí.

Ceadaíodh foireann bhreise de 130 agus maoiniú iomlán-bliana de €15 milliún chun Roinn Radaíochta Ailse nua a oscailt in Ospidéal na hOllscoile sa Ghaillimh agus chun an ceann in Ospidéal na hOllscoile i gCorcaigh a mhéadú. Tá ocht luasairí líneacha in Éirinn faoi láthair agus cruthóidh na forbairtí seo cúig cinn eile.

Tá cúigear eile Comhairleoirí Radaíochta Ailse á lorg d'fhonn cur leis an 10 atá ann cheana, ar fud na tíre. De bharr seo beidh méadú suntasach i líon na n-othar radaíochta ailse sa ghearr-théarma.

Molann an Tuarascáil go mbeadh dhá ionaid chóireála Ionnaithe i réigiún an Oirthir, ceann amháin ag fóirithint ar dheisceart an réigiúin agus na ceantair máguaird, agus an ceann eile ag fóirithint ar thuaisceart an réigiúin agus na ceantair máguaird. Cuireadh ceist ar an bPríomh Oifigeach Leighis comhairle a thabhairt ar an suíomh is fearr le haghaidh áiseanna leighis radaíochta i mBaile Átha Cliath a roghnú. Beidh sé ag fáil cúnamh ó shaineolaithe idirnáisiúnta, chomh maith le saineolaithe laistigh de Údarás Sláinte Réigiúin an Oirthir agus an Roinn. Ceaptar go mbeidh an próiseas roghnaithe críochnaithe roimh dheireadh 2004.

Bunaíodh Grúpa Chomhordaithe Ailse Radaíochta Náisiúnta, go bhfuil sé de dhualgas orthu, céimeanna a thógáil chun feabhas a chur ar chead isteach a fháil chuig na seirbhísí pleanáilte agus chuig na cinn atá cheana ag cur córas iompair agus cóiríocht san áireamh. Faoi láthair tá an Grúpa ag forbairt moltaí faoi na rudaí seo i gcomhairle leis na boird sláinte. Tá maoiniú caipitiúil de €1.5 milliún curtha ar fáil chun forbairt náisiúnta a dhéanamh ar teile-leighis bainteach le raidió-theiripe.

(xiv) Straitéis Eolais Sláinte Náisiúnta

Seoladh an Straitéis Eolais Sláinte Náisiúnta (SESN) i mí Iúil 2004. Beidh an tuarascáil seo mar chuid chomhtháthaithe de Chlár Athchóirithe na Seirbhísí Sláinte agus tá a chur i bhfeidhm ina fhreagra do thacaíocht do mhodh oibre sláinte bunaithe ar fhianaise faoin daonra.

(xv) Sprioc i leith meáchain breithe íseal

Maidir le monatóireacht den phríomh sprioc sláinte ar mheáchain breithe íseal, bailítear sonraí ar mheáchain breithe íseal de réir an ghrúpa socheacnamaíochta tríd an gCóras Tuairiscithe Náisiúnta Imill-bhreith atá bainistithe ag an ITES ar son na Roinne Sláinte agus Leanaí. Tá roinnt deacrachtaí tar éis teacht isteach sa scéal de bharr briseadh suas clainne (m.sh. de bharr a lán easpa eolais nó de bharr cé acu stádas socheacnamaíochta an athar nó na máthar gur chóir a úsáidTá scrúdú á dhéanamh ar na deacrachtaí seo agus déanfar anailís orthu roimh dheireadh 2004.

Tar éis ordú ón Roinn, tá an Institiúid Sláinte Poiblí (ISP) ag obair i bpáirtíocht leis an Scéim Náisiúnta Tuarascála Breithe chun treochtaí maidir le meáchan breithe íseal trasna na grúpaí socheacnamaíochta a aithint, chun bun líne do mhonatóireacht ar dhul chun cinn a aimsiú.

I 1999, an bhliain deireanach go bhfuil sonraí ar fáil do, taispeánann an anailís a rinne an ISP ar sonraí Breithe gurb é 2.89 faoin gcéad do mheáchain breithe íseal ins an grúpa socheacnamaíoch is airde i gcomparáid le 6.0 faoin gcéad sa ghrúpa

socheacnamaíoch is ísle. Níl eolas reatha náisiúnta ar fáil go fóill chun tuarascáil a thabhairt ar an dul chun cinn sna blianta beaga anuas, ach tá sonraí comhaimseartha ar fáil do Údarás Sláinte Réigiúin an Oirthir. Má thógtar an meán don tréimhse trí bliana ó 1999-2002, is é 198.6 an cóimheas caighdeánaithe don mheáchan breithe íseal sa ghrúpa socheacnamaíoch is lú i gcomparáid le 100 sa ghrúpa socheacnamaíoch is airde.

Thug an Roinn ordú eile don Institiúid Sláinte Poiblí le hathbhreithniú litríochta a dhéanamh le fáil amach an éifeacht a bhíonn ag idirghabhála sláinte poiblí maidir le meáchan breithe íseal. Úsáidfear torthaí na taighde seo, a bheidh críochnaithe roimh dheireadh 2004, in obair sa réimse seo sa todhchaí.

(xvi) Ciste Ceannaithe Cóireála Náisiúnta/Amanna Feithimh/Meascán Poiblí/Príobháideach in Ospidéil Ghéara

Is é an Ciste Ceannaithe Cóireála Náisiúnta (CCCN), a bunaíodh ar bhonn reachtúil ó 1 Bealtaine, 2004, atá freagrach as cóimheas agus foilsiú sonraí faoi liostaí feithimh agus amanna feithimh. D'éirigh leis an CCCN toilleadh breise a aimsiú agus cóireáil leighis a shocrú do 18,000 othar faoi dheireadh mhí Lúnasa 2004.

Tuairiscíonn an CCCN go bhfuil laghdú suntasach tagtha ar amanna feithimh, le 37 faoin gcéad d'othair ag feitheamh idir 3 agus 6 mhí d'obráidí agus 43 faoin gcéad ag fanacht idir 6 agus 12 mhí. Léiríonn sé seo laghdú an-mhór ins an méid ama a chaitheann othair ag feitheamh.

Tá an toilleadh ar fáil ag an CCCN le cóir leighis a chur ar othair agus leanfaidh siad ar aghaidh ag iarraidh amanna feithimh a laghdú níos mó. Is é an sprioc atá ag an gCiste ná cóir leighis a chur ar níos mó ná 12,000 othar i 2004 agus tá an toilleadh acu cóir leighis a chur ar 1,000 othar, ar a laghad, in aghaidh na míosa in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Má's féidir othair a sheoladh ar aghaidh ag an ráta seo, tá súil ag an CCCN amanna feithimh d'obráidí máinliacha a laghdú níos mó agus go sroichfidh siad an sprioc do 3-6 mhí atá leagtha síos ag an Straitéis Sláinte.

Faoi láthair, ins an chuid is mó do chásanna, cabhróidh an Ciste le daoine fásta atá ag feitheamh d'obráid os cionn sé mhí agus le leanaí atá ag feitheamh níos mó ná trí mhí

Tá an Straitéis Náisiúnta Sláinte *'Cáilíocht agus Cothromaíocht: Córas Sláinte Duitse'* imníoch faoin gcóimheas idir an méid gníomhaíochta roghnach poiblí i gcomparáid le príobháideach in sna hospidéil phoiblí. Tá an Roinn Sláinte agus Leanaí ag déanamh athbhreithniú ar an slí a riartar leapacha, rud a rialaíonn an méid leapacha príobháideacha in ospidéil phoiblí. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an Roinn chomh maith ar an meascán ag leibhéal na mBord Sláinte.

(xvii) Sláinte Meabhrach

Bunaíodh Grúpa Saineolaí ar Pholasaí Sláinte Meabhrach i mí Lúnasa 2003 chun creatlach polasaí náisiúnta a ullmhú chun na seirbhísí sláinte meabhrach a thabhairt suas chun dáta, tríd an cháipéis polasaí ó 1984 *Ag Pleanáil don Todhchaí* a thabhairt suas chun dáta. Tá sé i gceist go ndéanfaidh an Grúpa Saineolaí scrúdú ar, i measc rudaí eile, mhodhanna cúraim, na rólanna ar leith atá ag cógais leighis agus teiripí leighis malartach, bearta chun an aithis a laghdú agus seirbhísí síciatracha do ghrúpaí ar leith, cosúil le daoine gan dídean, príosúnaigh agus leanaí/ógánaigh. Ceaptar go mbeidh an obair críochnaithe ag an nGrúpa i 2005.

Soláthar seirbhísí a fheabhsú
Tá Coimisiún Sláinte Meabhrach bunaithe chun feabhas a chur ar sholáthar seirbhísí, seirbhísí seachanta san áireamh. Tá Cigire do na Seirbhísí Sláinte Meabhrach ceaptha chomh maith le foireann de Chigirí Cúnta. Tá Plean Straitéiseach foilsithe ag an gCoimisiún don bhliain 2004-2005.

Tá dul chun cinn fiúntach déanta in an-chuid ceantair Bhoird Sláinte chun an t-athrú ó chóir leighis in institiúidí go cóir leighis i bpobail a chur i bhfeidhm Sa thréimhse 2003-2004, d'osclaíodh dhá ionad nua síciatracha ghéara in Ospidéal Naomh Lúcás, Cill Chainnigh agus in Ospidéal Chaisleáin an Bharraigh. Chomh maith leis an bhfiche haon aonad ghéara atá ann faoi láthair, tá roinnt aonaid á phleanáil agus tá súil go n-osclófar trí aonad eile, i mBaile Bhlainséir, i bPort Laoise agus in Ospidéal Naomh Uinseann, Páirc na Leamháin, go luath.

Sa thréimhse 2003-2004, tháinig méadú ar líon na n-ionad cónaitheacha síciatracha i suímh phobail ó 410 go 418, le méadú ar líon na n-áiteanna atá á chur ar fáil ó thart ar 3100 go 3210.

Faoi láthair tá ar a laghad dhá fhoireann iltaobhacha, faoi stiúir comhairleoir, do síciatracht leanaí agus ógánaigh i ngach Bord Sláinte

(xviii) Plean Gníomhaíochta Straitéiseach do Mhaolú ar Fhéinmharú

Tosaíodh ar an bPlean Gníomhaíochta Straitéiseach do Mhaolú ar Fhéinmharú i 2004. Is iad Feidhmeannach na mBord Sláinte i gcomhpháirtíocht leis an nGrúpa Náisiúnta Athbhreithniú ar Fhéinmharú le tacú ón Roinn Sláinte agus Leanaí atá páirteach ann. Beidh an Plean Gníomhaíochta Straitéiseach bunaithe ar ghníomhaíochtaí ón tús agus tógfar ar an bpolasaí atá ann faoi láthair. Cuirfear na bearta go léir atá ann chun líon na mbásanna de bharr féinmharú a laghdú san áireamh nuair a bheidh an Straitéis seo á ullmhú. eidh an Straitéis críochnaithe i 2005.

2.9 Oideachas

Is Tionscnamh Speisialta faoi *Sustaining Progress* é Litearthacht, Uimhearthacht agus Daoine a Fhágann an Scoil go Luath

(i) Litearthacht

Tá ganntanas sonraí bunaidh agus torthaí ar bhearta ach tá go leor gníomhaíochtaí curtha ar bun chun tuairisciú sa réimse seo a fheabhsú Orthu seo, tá bunú córais éagsúla chun monatóireacht a dhéanamh ar leibhéal litearthachta agus uimhearthachta leanaí agus daoine fásta, go mór mhór iad siúd atá faoi mhíbhuntáiste. Tá sé mar aidhm chun na córais ar fad a bheith ag feidhmiú faoin mbliain 2006. Cuid do na mionsonraí ná:

- Tá sé i gceist go gcuirfear scrúdú caighdeánach ar gach dalta trí uaire i rith an ama a bhíonn siad ag freastal ar oideachas éigeantach, ón bhliain acadúil 2006-2007 ar aghaidh. Tá cuireadh tugtha don Chomhairle Náisiúnta do Churaclam agus Mheasúnú (CNCM) chun comhairle a thabhairt maidir leis na príomh-ghnéithe a bhaineann leis an riachtanas seo a chur i bhfeidhm;
- Tá bunachar sonraí cuimsitheach do Dhaltaí Bunscoile á fhorbairt agus tosófar á chur i bhfeidhm i rith na bliana scoile 2004-2005;
- Déanfar measúnaithe náisiúnta i litearthacht agus uimhearthacht i mbunscoileanna (léitheoireacht sa 1 agus sa 5ú rang agus matamaitic sa 4ú rang). Beidh siad seo críochnaithe i 2004 agus beidh na torthaí ar fáil i 2005;
- Rinne an t-Ionad Taighde Oideachais suirbhé i 2003 chun sonraí bunaidh a fháil ar litearthacht sa 1, 3ú agus 6ú ranganna i mbunscoileanna faoi mhíbhuntáiste. Foilsíodh tuarascáil ar an suirbhé i mí Dheireadh Fómhair 2004.
- Rinne an Clár Measúnú Daltaí Idirnáisiúnta (CMDI) de chuid an EFCE suirbhé i 2003 chun na scileanna matamaitice, litearthachta agus eolaíochta a bhí ag daltaí d'aois a 15 a mheas.

Beidh cuntais náisiúnta agus idirnáisiúnta ar an suirbhé sin ar fáil i mí na Nollag 2004; agus

- Rinneadh Suirbhé Litearthachta Idirnáisiúnta de Dhaoine Fásta (SLIDF), le hÉire san áireamh, i 1995. Tá súil measúnú a dhéanamh ar litearthacht dhaoine fásta in Éirinn i rith na bliana 2005, má bhíonn na hacmhainní ar fáil.

Litearthacht Leanaí

Rinne an CMDI suirbhé i 2000 agus fuarthas amach go raibh deacrachtaí móra léitheoireachta ag 11% de dhaltaí 15 bhliain d'aois.

Is í an aidhm atá ag an PGN/Cuimsitheacht ná líon na leanaí le deacrachtaí móra litearthachta a laghdú faoi leath roimh na bliana 2006.

Bainfear amach an sprioc seo go príomha trí thionscnaimh áirithe a chur i bhfeidhm i mbunscoileanna atá faoi mhíbhuntáiste. Tá sé d'aidhm ag na tionscnaimh seo a chinntiú go mbeidh tacaíocht ar fáil do leanaí le fadhbanna móra litearthachta chun feabhas a chur ar an gcaighdeán a shroicheann siad.

Is iad seo a leanas na príomh thionscnaimh sa réimse seo:

- Tá cabhair leanúnach á thabhairt do bhunscoileanna atá faoi mhíbhuntáiste chun *Treoirlínte Tacaíochta Foghlamtha* na Roinne a chur i bhfeidhm. Mar chuid do seo tá cur chuige trasna na scoile ar siúl chun tacaíocht a thabhairt do leanaí le deacrachtaí litearthachta agus chun plean litearthachta a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm i ngach scoil.
- Tá an Clár *Aisghabhála Léitheoireachta*, a ritheadh mar scéim phíolótach i gceantar an Lú, Muineacháin agus an Chabháin, leathnaithe amach go roinnt scoileanna i gceantar Bhaile Átha Cliath. Faoi láthair, tá 85 bunscoil ag glacadh páirt sa chlár (51 i Muineacháin agus 34 i mBaile Átha Cliath). Tá cinneadh déanta an Clár Aisghabhála Léitheoireachta a leathnú go níos mó bunscoileanna atá faoi mhíbhuntáiste. De bharr sin, tá triúr múinteoir a bhí ag múineadh ar an gClár Aisghabhála Léitheoireachta roghnaithe le dul ag traenáil mar Theagascóirí Aisghabhála Léitheoireachta don Chlár. Nuair a bheidh an traenáil críochnaithe acu, rachaidh an triúr teagascóir i mbun oibre in ionaid i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh agus i Luimneach. Nuair a bheidh na hionaid nua i gCorcaigh agus i Luimneach oscailte, chomh maith leis na hionaid atá ann faoi láthair i mBaile Átha Cliath agus i Muineacháin, beidh próifíl náisiúnta ag an gClár Aisghabhála Léitheoireachta.
- Tugann an clár 'Céimeanna Tosaigh' modh cruinn do mhúinteoirí bunscoile chun cumas agus dul chun cinn daltaí a mheas i léitheoireacht, scríbhneoireacht, litriú agus labhairt na teanga. Tá traenáil ar siúl faoi láthair do mhúinteoirí i scoileanna áirithe atá faoi mhíbhuntáiste.
- Is é an príomh dhualgas atá ar theagascóirí i Seirbhís Tacaíochta Curaclaim Bunscoile (Cuiditheoirí) ná tacaíocht a thabhairt do scoileanna atá faoi mhíbhuntáiste ina gceantair féin.

agus mar gheall ar uirlisí teicneolaíochta leictreonacha a chur ar fáil:

- Ta eagar á chur faoi láthair ar Chreatlach Pholasaí ag an Roinn Oideachais agus Eolaíochta (R/O&E), chun staid TFC i scoileanna a chur chun cinn as seo go 2007. Tabharfar tosaíocht d'fhorbairtí i scoileanna atá faoi mhíbhuntáiste agus chun soláthar do leanaí le riachtanais speisialta.

- Tá an Rialtas agus an Earnáil Teileachumarsáide i gcomhpháirtíocht le chéile le €18 milliún a chur ar fáil chun seirbhís leathanbhanda a sholáthar do gach ceann do na 4,100 bunscoil agus meánscoil sa tír.

Litearthacht Dhaoine Fásta

Is é an sprioc atá ag an PGN/Cuimsitheacht ná líon na ndaoine fásta idir 16 agus 64 le leibhéal litearthachta teoranta a laghdú go 10-20 faoin gcéad faoin mbliain 2007.

Rinneadh Suirbhé Litearthachta Idirnáisiúnta de Dhaoine Fásta (SLIDF) i 1995 agus foilsíodh é i 1997. Thaispeáin sé na scileanna litearthachta a bhí ag daoine fásta idir 16 agus 64. Fuarthas amach go raibh thart ar 25 faoin gcéad do dhaoine fásta, idir 16 agus 64, sa tír seo, ag an leibhéal is ísle (Leibhéal 1). Ag Leibhéal 1 bhí ar léitheoirí tascanna a dhéanamh, a d'iarr orthu píosa eolais simplí a aimsiú i dtéacs. Ní raibh aon eolas a chuirfeadh duine amú sa téacs agus bhí sé leagtha amach ar shlí a chabhródh leis an léitheoir. Thaispeáin an tsuirbhé gurb iad daoine a d'fhág an scoil go luath, daoine fásta níos sine agus daoine dífhostaithe is mó a bhí i mbaol deacrachtaí litearthachta. Thaispeáin sé chomh maith gurb iad daoine le scileanna laga, is lú a ghlacann páirt in oideachas nó traenáil do dhaoine fásta.

Foilsíodh Páipéar Bán ar Oideachas do Dhaoine Fásta 'Oideachas don Saol' i mí Lúnasa 2000. Ba cheart tosaíocht a thabhairt don litearthacht in oideachas do dhaoine fásta, dar leis an Páipéar Bán. De bharr seo agus an suirbhé, mhéadaigh an Roinn an méid airgid a bhí á chaitheamh acu chun leibhéil litearthachta dhaoine fásta a ardú. D'ardaigh siad an infheistíocht sa réimse seo go €19 milliún i 2004 ó €13.6 milliún i 2001 agus €1.1 milliún i 1997.

Tá an tseirbhís litearthachta do dhaoine fásta eagraithe ag na Coistí Gairmoideachais ar fud na tíre agus is iad siúd a dhéanann seachadadh air chomh maith. Déanann na Coistí bainistiú agus acmhainne ar an seirbhís le maoiniú ón Roinn.

D'ardaigh líon na gcliant ó 5,000 go 30,000 in aghaidh na bliana sa thréimhse chéanna. Mar thoradh ar an ardú sa mhaoiniú, cuireadh cláir speisialta ar fáil do ghrúpaí le riachtanais litearthachta áirithe. Ar na cláir sin, tá litearthacht do theaghlaigh, litearthacht do dhaoine le fadhbanna éisteachta agus litearthacht don láthair oibre.

Tá maoiniú do chláir litearthachta do dhaoine fásta fós ag ardú agus de réir sin tá níos mó daoine rannpháirteach sna cláir. Bhí sé mar sprioc ag an bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006 go nglacfadh 113,000 duine páirt sna cláir sa thréimhse 2000-2006. Ag deireadh na bliana 2003, bhí 100,000 duine tar éis a bheith páirteach iontu. Tá sraith nua teilifíse ar an litearthacht ar siúl sa bhFómhar 2004. Tá sé seo dírithe ar dhaoine fásta le riachtanais oideachais bhunúsacha.

Tá gréasán de 34 éascaitheoir d'oideachas pobail fostaithe chun forbairt a dhéanamh ar ghrúpaí oideachais pobail. Is iad na Coistí Gairmoideachais a rinne earcú ar na héascaitheoirí. Is é an ról atá acu ná grúpaí oideachais pobail a chur i dteagmháil le chéile, cabhrú leo teacht ar mhaoiniú, tacaíocht a thabhairt do dhea-thréithe agus comhpháirtíocht leis an earnáil reachtúil a chur chun cinn. Tá Comhordaitheoir don Chlár Náisiúnta Traenála agus Tacaíochta ceaptha anois chun clár comhordaithe insealbhaithe agus clár tacaíochta traenála a thabhairt d'éascaitheoirí i gcomhpháirtíocht leis na Coistí Gairmoideachais.

Litearthacht agus Oideachas sa Láthair Oibre
Tá sé mar aidhm tionscnaimh phíolótacha ar oideachas bunúsach sa láthair oibre, litearthacht, uimhearthacht agus litearthacht TFC a chur i bhfeidhm sna háiteanna is mó gá.

Tá roinnt teagascóirí traenáilte ag an nGníomhaireacht Litearthachta Náisiúnta do Dhaoine-Fásta (GLNDF) chun cláir litearthachta a chur ar fáil sa láthair oibre agus déanfaidh siad a ndícheall chun an tseirbhís a chur chun cinn le heagraíochtaí fostóra. D'éirigh go maith le scéim phíolótach a rinneadh le cúig údarás áitiúil agus de bharr sin tá clár litearthachta don láthair oibre curtha ar fáil i gceantar gach údarás áitiúil d'oibrithe an údaráis.

Tá an GLNDF agus Seirbhísí FÁS do Ghnó ag obair le chéile chun forbairt a dhéanamh ar thionscnaimh phíolótacha ar litearthacht sa láthair oibre. Tá scéim phíolótach idirghabhála litearthachta ar siúl don earnáil fhoirgníochta i gCorcaigh. Tá tacú á thabhairt don scéim ag Coiste Gairmoideachais Chathair Chorcaí i gcomhpháirtíocht le Seirbhísí FÁS do Ghnó agus Cónaidhm na Tionscail Foirgníochta.

Cuireann FÁS Clár Forbartha Inniúlachta ar fáil chun caighdeán an lucht oibre a fheabhsú trí thionscantach traenála oiriúnacha. Sa chomhthéacs seo, cuireann FÁS coincheap don samhail comhtháite traenála-litearthachta chur cinn, rud a chabhraíonn le gnóthú scileanna bunúsacha a bhfuil baint acu leis an láthair oibre.

(ii) Fágáil na Scoile go Luath

Is é an sprioc atá ag an PGN/Cuimsitheacht ná líon na ndaoine óga a fhágann an scoil go luath a laghdú ionas go gcríochnóidh 85 faoin gcéad do dhaltaí an chuid uachtarach don dara leibhéal nó leibhéal coibhéiseach leis faoin mbliain 2003 agus go mbeidh an figiúr sin ardaithe go 90 faoin gcéad faoi 2006.

Is í an aidhm atá ann ná a dhéanamh cinnte de go ndéanfar cur chuige dírithe, iomlán chun tabhairt faoi fadhb na ndaltaí a fhágann an scoil go luath.

Tá an Coiste Míbhuntáiste Oideachais tar éis tuarascáil a chur i láthair ar Sheachadadh Níos Éifeachtaí agus Níos Comhtháthaithe ar Bhearta Cuimsitheachta Oideachasúla i Scoileanna.

Bhí athbhreithniú le réimse leathan ar na cláir mhíbhuntáiste oideachais á chríochnú ag an Roinn nuair a bhí seo á chur i gcló. Féachfaidh an t-athbhreithniú ar, i measc rudaí eile, tionscnaimh lasmuigh den scoil cosúil le Youthreach agus ar conas is féidir iad seo a chomhtháthú leis an straitéis chun déileáil le daltaí a fhágann an scoil go luath.

Tá machnamh á dhéanamh faoi leathnú amach an Chláir Críochnaithe Scoile i gcomhthéacs an athbhreithnithe ar na cláir mhíbhuntáiste. Bhí an clár sin dírithe ar níos mó ná 15,000 dalta i 2003.

(iii) Bord Náisiúnta Leasa Oideachais

Is é an Bord Náisiúnta Leasa Oideachais an ghníomhaireacht náisiúnta atá freagrach as freastal rialta ar scoil a spreagadh agus a thacú. An príomh aidhm atá ag an mBord ná a chinntiú go bhfreastalaíonn gach páiste ar scoil aitheanta nó go bhfaigheann siad oideachas oiriúnach ar shlí eile.

Tá seirbhísí á chur ar fáil ag an mBord Náisiúnta Leasa Oideachais le tosaíocht á thabhairt do phobail atá faoi mhíbhuntáiste. Tá cúig fhoireann réigiúnach bunaithe anois, lonnaithe i mBaile Átha Cliath, i gCorcaigh, i Luimneach, i nGaillimh agus i bPort Láirge. Tá an fhoireann ag obair in áiteanna atá go mór faoi mhíbhuntáiste agus i gceantair ainmnithe faoi chlár RAPID an Rialtais. Tá Oifigeach Leasa Oideachais ceaptha i dtrí cinn déag do bhailte ina bhfuil daonra mór de dhaltaí scoile.

D'eisigh an Bord bileog eolais do 330,000 theaghlach agus 4,100 scoil ag tosach mí Márta 2004. Chomh maith leis sin, cuireadh uimhir ghutháin Glao-Áitiúil nua ar fáil chun tuismitheoirí agus caomhnóirí a chur ar an eolas maidir lena gcuid dualgais agus a bhfreagracht ós comhair an dlí faoin Acht Oideachais (Leasa) 2000.

Tá an Bord tosaithe ag cur seirbhís ar fáil do theaghlaigh a bheartaíonn ar oideachas a chur ar a gcuid leanaí in ionaid lasmuigh do scoileanna aitheanta. Tá na céad measúnaithe ar oideachas curtha ar fáil in ionaid lasmuigh do scoileanna aitheanta, déanta ag an dtriúr meastóir a ceapadh don ghnó sin.

Tá réamh-obair ag leanúint ar aghaidh chun clárú a dhéanamh ar dhaoine óga, sé bhliana déag agus seacht mbliana déag a fhágann na scoile chun dul i mbun oibre.

Tá an Roinn ag obair leis an mBord chun deiseanna a aithint agus a úsáid do chomhoibriú idir Oifigigh Leasa Oideachais agus baill do fhoirne atá ag obair ar chláir eile do mhíbhuntáiste oideachais a bhfuil baint acu le freastal ar scoil.

I rith samhradh na bliana 2004 fuair an Bord sonraí cuimsitheacha maidir le tinreamh ó na scoileanna don chéad uair. Cabhróidh sé seo leis an mBord athbhreithniú a dhéanamh ar an ngá atá ann don sheirbhís nua i gceantair faoi leith. Seo an chéad uair a bailíodh sonraí den shórt seo. Tá tuarascáil ar an anailís ar na sonraí, déanta ag an Ionad Taighde Oideachais, le fáil ar shuíomh idirlín an Bhoird ag www.newb.ie

(iv) Míbhuntáiste Oideachais a Mhaolú

Is í an príomh aidhm ná rochtain, aistriú agus dul chun cinn a fheabhsú d'fhoghlaimeoirí go bhfuil bac orthu cáilíochtaí a bhaint amach.

I mí Dheireadh Fómhair 2003 chuir Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann creatlach náisiúnta nua do cháilíochtaí i láthair, ag dul ón mbunoideachas/litearthacht go leibhéal an dochtúra. Cuirfidh an chreatlach forbhealaí ar fáil le dul chun cinn go leibhéil níos airde oideachais agus traenála do dhaoine a fhaigheann cáilíocht. Tá na cáilíochtaí a bhí ann cheana á chur isteach sa chreatlach. Faoi lár na bliana 2004, bhí na príomh cháilíochtaí do gach leibhéal agus an tslí a oibreoidh siad le chéile sa mheán-téarma leagtha amach. Tá socruithe déanta chun an chreatlach a chur i bhfeidhm san ard-oideachas i 2004/2005 agus tá pleanáil ag dul ar aghaidh chun é a chur i bhfeidhm san oideachas agus traenáil leanúnach.

(v) Tionscnaimh a chabhraíonn le filleadh ar oideachais

Tá deiseanna foghlamtha do dhaoine fásta dírithe go mór mhór ar iad siúd i bpobail atá faoi mhíbhuntáiste.

Ta Córas Bainistiú Eolais á fhorbairt chun súil a choimeád ar rannpháirtíocht grúpaí difriúla in oideachas leanúnach. Tacóidh sé seo le hacmhainní a bhronnadh agus cinneadh a dhéanamh bunaithe ar fhianaise. Tá mion-anailís déanta ar an gcóras.

Is féidir deiseanna *páirtaimseartha* Youthreach, Cúrsaí Iar-Ard Teiste agus na Scéime Deiseanna Traenála Gairmeach a leathnú mar chuid don Tionscnamh ar ais chun Oideachas (TAACO) ionas gur féidir le daoine fásta filleadh ar an bhfoghlaim chomh maith lena ndualgais oibre agus teaghlaigh a chomhlíonadh. Tugadh áit do 9,000 duine faoin scéim i 2003 agus tá an méid chéanna áiteanna páirtaimseartha ar fáil i 2004.

Nóta: Tá an Roinn Oideachais agus Eolaíochta ag machnamh ar thorthaí an athbhreithnithe d'fheidhmeanna na Comhairle Foghlamtha Náisiúnta do Dhaoine Fásta (CFNDF).

(vi) Rochtain ar Oideachas don 3ú leibhéal

Bunaíodh an Oifig Náisiúnta do Chothromaíocht Rochtana go Ard-Oideachais mar chuid don Údarás um Ard-Oideachas i mí Feabhra 2004 agus thóg siad ar lámha riarachán roinnt do na bearta rochtana ón Roinn. Orthu seo tá an Ciste Cúnaimh do Mhic Léinn, an Ciste do Mhic Léinn le Míchumais agus an Ciste Mílaoise Comhpháirtíochta do Mhíbhuntáiste chomh maith leis an cuid rochtana de thionscnaimh

de chuid an Údaráis um Ard-Oideachas. Cuireann an Oifig rannpháirtíocht san ard-oideachas chun cinn i measc mic léinn ó chúlraí le míbhuntáistí socheacnamaíochta, mic léinn le míchumas agus mic léinn aibí "dara seans". Tá an Oifig ag ullmhú plean náisiúnta chun cothromaíocht rochtana ar an ard-oideachais in Éirinn a bhaint amach.

Chuir baill do Fhoireann Athbhreithnithe an EFCE a dtuarascáil ar thodhchaí an ard-oideachais in Éirinn i láthair ag seisiún speisialta i gCaisleán Bhaile Átha Cliath i mí Mheán Fómhair 2004.

Féachann an tuarascáil ar, i measc rudaí eile, bearta chun rannpháirtíocht san ard-oideachas a mhéadú do mhic léinn ó gach sórt cúlra socheacnamaíoch, do mhic léinn aibí agus do mhic léinn ó thíortha thar lear. Leagtar béim ar thábhacht foghlaim fad-saoil chomh maith.

Is iad na príomh mholtaí ar rochtain agus rannpháirtíocht ná:

- Go gcuirfeadh an Údarás um Oideachas Tríú Leibhéal nua-bheartaithe ar na costais bhreise a bhaineann le hearcú agus coinneáil mic léinn ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste san áireamh nuair a bhíonn siad ag oibriú amach foirmle do mhaoiniú;
- Go ndéanfaí gach iarracht ar líon na mac léinn páirtaimseartha a mhéadú mar chodán de líon na mac léinn in oideachas tríú leibhéal san iomlán. Chun é sin a dhéanamh caithfear an idirdhealú idir mic léinn lánaimseartha agus páirtaimseartha ó thaobh táillí a íoc agus liúntais cothaithe a fháil, a bhaint amach. Chomh maith leis sin, ba cheart go mbeifí ábalta mic léinn páirtaimseartha a chomhaireamh (ar bhonn pro rata leis na mic léinn lánaimseartha) i gcóir deontais athfhillteacha;
- Go ndíreodh Comhdháil Ceann na n-Ollscoileanna in Éirinn agus Comhairle Stiúrthóirí na n-Institiúide i bpáirtíocht lena chéile ar an gceist maidir le mic léinn a choinneáil agus go ndéanfadh siad tuarascáil i gcomhairle leis an Údarás um Oideachas Tríú Leibhéal.

Ta an tuarascáil ar fáil ar shuíomh idirlín na Roinne- *www.education.ie*

Le linn tréimhse na Tuarascála Bliantúil foilsíodh na tuarascálacha seo a leanas:

An Roinn Oideachais agus Eolaíochta *Cothromaíocht san Ard-Oideachas a Thacú* (www.education.ie)

Údarás um Ard-Oideachas *Tuarascáil ón nGrúpa Ard Leibhéil ar Pholasaithe Cothromaíochta na n-Ollscoileanna* (www.hea.ie)

(vii) Príomhshruthú Inscne san Oideachas

Tá príomhshruthú inscne mar chuid thábhachtach den earnáil oideachais. Is céim thábhachtach é bunú Aonad Comhionannais Inscne sa Roinn. Tá an cheist seo pléite níos doimhne sa rannóg ar bhonneagar cothromaíochta níos luaithe.

3.1 An Plean Gníomhaíochta Náisiúnta - 2003 –2005 spriocanna

- **Go mbeadh lóistín éigeandála ar fáil do dhaoine a chodlaíonn go garbh i ngach limistéir le údarás áitiúil nó bord sláinte agus go mbeidís in ann teacht ar sheirbhísí a chabhróidh leo teacht ar an lóistín, faoi dheireadh 2004. Déanfar athbhreithniú ar an dul chun cinn ag deireadh na bliana 2003, féachaint an bhfuil an sprioc bainte amach agus má's gá, cuirfear modhanna athchóirithe i bhfeidhm chun é sin a dhéanamh**.

Tá tuarascáil ar an sprioc seo níos déanaí sa rannóg seo faoin gceann teideal 'Easpa Dídine' .

3.2 Mí-úsáid Drugaí agus Alcóil

Is tionscnamh speisialta é Mí-úsáid Alcól/Drugaí faoi *Sustaining Progress*

Cuireadh tús leis an Straitéis Náisiúnta Drugaí 2001-2008 trí bhliana ó shin chun dul i ngleic le fadhb na drugaí. Tá 100 gníomh éagsúil sa Straitéis agus tagann siad faoi cheithre ceann teideal; soláthar na ndrugaí a laghdú, úsáid drugaí a sheachaint, cóireáil drugaí agus taighde. Beidh na gníomhartha seo á chur i bhfeidhm ag réimse de Ranna Rialtais agus Ghníomhaireachtaí éagsúla Tá dul chun cinn suntasach déanta ar thromlach na gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm agus tá obair leanúnach á dhéanamh ar an gcuid is mó do na cinn eile. Is é an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta atá i bhfeighil ar an Straitéis a chur i bhfeidhm. Tá athbhreithniú meán-téarmach á dhéanamh ar an Straitéis faoi láthair.

Chomh maith leis sin, bíonn cruinnithe rialta ag an nGrúpa Idir-Rannach ar Dhrugaí. Cabhraíonn sé seo le pointí tábhachtacha agus bacainní sa Straitéis a aithint. Tá Forbhealach Cur i bhfeidhm Criticiúil (FCC) críochnaithe, a leagann amach na céimeanna atá gach Roinn/Gníomhaireacht ag tógáil chun na gníomhartha atá leagtha amach dóibh sa Straitéis, a chur i bhfeidhm Tá súil le tuarascáil go luath i 2005 ar dhul chun cinn na Straitéise thar na trí bliana tosaigh. Scrúdófar an dul chun cinn atá déanta chun na cuspóirí straitéiseacha a bhí leagtha amach sa Straitéis a bhaint amach. Chomh maith leis sin feicfear na rudaí tábhachtacha atá fós le déanamh agus beifear ábalta athfhócasú a dhéanamh ar an Straitéis, má's gá, do na blianta atá fágtha, suas go 2008.

Dul chun cinn go dtí seo:

- Chuir an Rannóg Custaim agus Máil tús le clár faire cósta agus tá mórán bearta curtha i bhfeidhm acu chun feabhas a chur ar mhodhanna chun breith ar dhrugaí ag pointí iontrála;
- Tá an Clár Oideachais Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) mar ábhar éigeantach ar churaclam na bunscoile agus na meánscoile ó mhí Mheán Fhómhair 2003;
- Tá dul chun cinn maith á dhéanamh maidir le líon na n-áiteanna gur féidir cóireáil mheatadóin a fháil.Ag an bpointe seo, tá díreach faoi bhun 7,000 mí-úsáideoir ar chlár mheatadóin. Sin i gcomparáid le 5,000 a bhí ag fáil an cóir leighis sin ag deireadh na bliana 2,000;
- Chuir an Roinn Sláinte agus Leanaí tús leis an chéad chuid d' fheachtas náisiúnta leis an bpobal a chur ar an meabhraíocht i mí an Mheithimh 2003. Tosaíodh ar an dara cuid do, a bhí oiriúnach do thuismitheoirí, i mí Dheireadh Fómhair 2003.
- Tá treoirlínte do chóireáil daoine faoi bhun ocht mbliana déag eisithe ag an Roinn Sláinte agus

Leanaí Leagfaidh sé sin síos bealach solúbtha agus oiriúnach chun seirbhísí a chur ar fáil do leanaí agus d'ógánaigh a bhfuil fadhbanna móra acu le mí-úsáid substaintí.

- Tá os cionn 1,120 mí-úsáideoir athchóirithe ar Scéim Fhostaíochta Phobail Speisialta ag FÁS.

- Ta an-dhul chun cinn déanta ag Seirbhís Phríosúin na hÉireann maidir leis na ceapacháin molta sa Tuarascáil ar Sheirbhísí Cóireála Drugaí sna Príosúin i mí Iúil 2000. Is é a bhí i gceist ná Comhordaitheoir ar Chógaisíocht, Comhordaitheoir ar Sheirbhísí Altranais sna Príosúin, Leas-Ghobharnóir Oifigeach Traenála do Chóireáil Drugaí do ghráid sa phríosún, Comhordaitheoir ar Sheirbhísí Cóireála Drugaí (Príosúin) ag Údarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir, Oifigigh Altranais Phríosúin, agus mórán poist shinsearacha Promhaidh agus Leasa atá ceadaithe don Fhoireann Drugaí i bPríosún Mhuinseo Cé go raibh deacrachtaí áirithe ann, tá dul chun cinn fiúntach á dhéanamh in earcú Síceolaithe agus Comhairleoirí Andúile, agus tá súil go mbeidh ceapacháin á dhéanamh go luath. Tá bearta áirithe á chur i bhfeidhm chun soláthar na ndrugaí sna príosúin a laghdú. Tá faire le físeanna, áiseanna níos fearr i gcóir cuairteoirí a chuardach, sreangáin thar na clóis agus feighlíocht níos cruinne ag baill don fhoireann. Tá an t-Aire Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí ag déanamh staidéar ar thairiscintí faoi pholasaí drugaí do Sheirbhís Príosúin na hÉireann agus tá sé beartaithe aige cáipéis polasaí cruinn a fhoilsiú sna míonna atá romhainn. Is é atá i gceist ná go ndéanfaidh polasaí drugaí rialú seasmhach agus struchtúr feidhmeach níos éasca chun soláthar agus éileamh drugaí a laghdú;

- Go hiomlán, tá beagnach €90 milliún caite nó ceadaithe ag an Rialtas ó 1997 i leith chun tionscnaimh a bhí beartaithe ag na Tascfhórsaí Drugaí Áitiúla (TFDA)a chur i bhfeidhm;

- Tá thart ar €12.7 milliún ceadaithe do 60 tionscnamh caipiteal faoin Scéim Áitribh, a chuireann foirgnimh ar fáil do thionscnaimh drugaí sa phobal. Tá formhór na dtionscnamh seo i gceantair na Tascfhórsaí Drugaí Áitiúla; agus

- Ta dul chun cinn fiúntach déanta ag an Garda Síochána agus an tSeirbhís Chustaim agus Máil chun na spriocanna maidir le laghdú ar sholáthar drugaí a bhí leagtha síos sa Straitéis Náisiúnta Drugaí a bhaint amach. Sonraí ar luach sráide na ndrugaí a ghabhadh ná:

  - Drugaí gafa ag na Gardaí: 2000 - €20 milliún, 2001 - €45 milliún, 2002 - €49 milliún, 2003 - €100 milliún; agus

  - Drugaí gafa ag Custaim & Máil: 2000 - €11 milliún, 2001 - €60 milliún, 2002 - €34 milliún, 2003 - €21 milliún.

Mar aon leis seo, tá thart ar €86.5 milliún ceadaithe chun tacaíocht a thabhairt do timpeall 450 tionscnamh, maidir le háiseanna agus seirbhísí, i réigiún na TFDA agus sna ceithre ionaid cathracha eile, faoin gCiste do Sheirbhísí agus Áiseanna d'Ógánaigh. I mí Márta 2004 fógraíodh an dara Ré do mhaoiniú don scéim seo. Tá na deich Tascfhórsa Drugaí Réigiúnacha bunaithe agus ag bualadh le chéile go rialta ó dheireadh na bliana 2003. Faoi láthair, tá siad ag féachaint ar mhí-úsáid drugaí ina gceantair féin agus ar na seirbhísí atá ann do mhí-úsáideoirí. Is í an aidhm atá acu ná na seirbhísí atá ann a chomhordú agus na bearnaí atá i seirbhísí drugaí a aithint agus a cheartú.

Tá eolas faoi thionscnaimh chun ólachán agus an díobháil a bhaineann leis a laghdú i rannóg 4 ar Ghrúpaí Leochaileacha.

3.3 Ealaíona, Cultúr, Caitheamh Aimsire

Faoi mar a fhaigheann áiseanna ealaíon, cultúr agus caitheamh aimsire níos insroichte, ceaptar go rachaidh sé seo chun tairbhe do ghrúpaí agus daoine aonair atá faoi mhíbhuntáiste.

(i) Clár Spóirt Caipitiúil

Feidhmíonn an Clár Spóirt Caipitiúil mar chuid don Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta. Is tríd an gClár seo a scaiptear airgead ar bhonn bliantúil go heagraíochtaí deonacha agus pobail chun cabhrú leo chun áiseanna spóirt a chur ar fáil ionas go méadófar ar rannpháirtíocht sa spórt agus go dtiocfaidh feabhas ar an gcaighdeán. Ó 1999 go 2004 tá beagnach €331 milliún tugtha amach do 4,271 tionscnamh ar fud na tíre.

Faoin gClár Spóirt Caipitiúil, tugtar tosaíocht d'iarratais ó eagraíochtaí atá lonnaithe i gceantair atá faoi mhíbhuntáiste – caithfidh iarrthóirí ó na ceantair seo níos lú airgead áitiúil a thairiscint (20 faoin gcéad) i gcomparáid le 30 faoin gcéad in áiteanna eile. Nuair a bhíonn an measúnú ar siúl, tugtar pointí breise do thionscnaimh atá lonnaithe in áiteanna atá faoi mhíbhuntáiste, ionas go mbeidh deis níos fearr acu nuair a bheidh na tionscnaimh á roghnú do mhaoiniú.

(ii) Access 2001-2004

Soláthraíonn an Scéim Tacaíochta Forbartha Caipitiúil d'Ealaíon agus Chultúr (ACCESS 2001-2004) maoiniú do thionscadail Ealaíne agus Cultúrtha ar fud na tíre. I mí Lúnasa 2001, roghnaíodh 44 tionscadal le haghaidh maoiniú a tháinig go dtí €45.71 milliún.

Tar éis na hiarratais ar fad don chlár ACCESS a chur san áireamh, roghnaíodh cúig thionscnamh do mhaoiniú i réigiún na dTeorann, na Lár Tíre agus san Iarthair i mí Lúnasa 2001.

- Ionad Ealaíona Leitir Ceanainn;
- Músaem An Chaisleáin Nua (Dún na nGall);
- Ionad Ealaíona Teach na Cúirte, Cora Droma Rúisc ;
- Amharclann Halla an Bhaile Dhún Dealgan agus Dánlann an Íoslaigh; agus
- Músaem Chontae Shligigh.

Tionscnaimh ceadaithe i réigiún an Deiscirt agus an Oirthir i mí Lúnasa 2001 ná:

- Ionad Ealaíona Radharcach Cheatharlaigh;
- Ionad Ceoil Inis;
- Ceárta Ealaíona Inis Díomáin;
- Ionad Ealaíona an Mall, Corcaigh;
- Páirc Dealbhóireachta Ghleann Uí Mháirtín, Corcaigh;
- Ionad Ealaíona agus Rince Cúinne na Saoirse, Baile Átha Cliath;
- Amharclann an Gheata Bhaile Átha Cliath;
- Ionad Ealaíona Bhaile Formaid, Baile Átha Cliath;
- Comhlacht Rince Daghda, Luimneach;
- Ionad Ealaíona na hUaimhe;
- Ionad Ealaíona Durlais;
- Oidhreacht an Lios Mhóir, Port Láirge;
- Músaem Chontae Loch Garman;
- Amharclann Bheag Guaire, Loch Garman; agus
- Ionad Ealaíona an Mhaighdean Mhara, Bré, Co Chill Mhantáin .

Tá cuid do na tionscnaimh seo críochnaithe, ach tá cuid acu fós ag fáil maoiniú.

3.4 Foréigean Teaghlaigh

Tá feachtais le daoine a chur ar an meabhraíocht maidir le foréigean i gcoinne mná ar siúl in éineacht leis an gCoiste Stiúrtha Náisiúnta ar Fhoréigean i gCoinne Mná. Cuireadh feachtas náisiúnta póstaeir ar bun i mí na Nollag 2003. Bhí sé d'aidhm ag an bhfeachtas sin aird an phobail a tharraingt ar an ról gur cheart a bheith ag ár sochaí i dtuairiscí a thabhairt ar eachtraí foréigneacha a tharlaíonn do mhná. Tá comhairliú tar éis tarlú maidir le na téamaí do na feachtais don bhliain 2004.

Tá deontais ar fáil do ghrúpaí réigiúnacha agus náisiúnta atá ag obair ar cheist an fhoréigin, chun daoine a chur ar an meabhraíocht agus chun scéimeanna seachanta a bhunú ar bhonn áitiúil agus ar bhonn réigiúnach. Tá deontais ar fáil chomh maith do chláir idirghabhála i gcóir daoine a dhéanann foréigean teaghlaigh. Tá thart ar €480,000 curtha ar fáil chun cabhrú le 17 clár a rith i 2004. Ta measúnú á dhéanamh ar na cláir idirghabhála faoi láthair agus tá súil leis na torthaí sin i bhFómhar 2004.

Chomh maith leis sin, tá an Chomhairle Náisiúnta Coiriúlachta ag déanamh Staidéar Náisiúnta ar Fhoréigean Teaghlaigh. Ceaptar go mbeidh torthaí an tsuirbhé seo ar fáil go luath i 2005.

3.5 Easpa Dídine

Tá polasaí an rialtais ar easpa dídine cuimsithe sna doiciméid seo a leanas: *Easpa Dídine*, Straitéis *Chomhtháite* agus an *Straitéis Seachanta Easpa Dídine*. Tá na straitéis idir-rannach agus stiúrtar iad ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.Stiúrtar an *Straitéis Easpa Dídine* na nÓg ag Oifig Náisiúnta na Leanaí.

(i) Straitéisí Comhtháite agus Seachanta ar Easpa Dídine

Coinneofar obair ar siúl chun dul in éadan leis an méid easpa dídine tríd an Straitéis Chomhtháite ar Easpa Dídine, an Straitéis Seachanta Easpa Dídine agus na pleananna gníomhaíochta a bhaineann leo, in éineacht leis an Straitéis Easpa Dídine na nÓg. Tá socruithe ar siúl ar leibhéal lárnach le haghaidh athbhreithniú ar na straitéis iomláin agus coisctheach agus na pleananna gníomhaíochta a bhaineann leo. Cuardófar tairiscintí faoi dheireadh Mheán Fómhair, toghfar comhairleoirí agus tosófar leis an athbhreithniú faoi thosach mí na Nollag.

Ó thabhairt isteach na Straitéise Comhtháite, cruinnítear iarrachtaí ar lóistín práinne a sholáthar do dhaoine gan dídean agus ar dhaoine a thógaint ó na sráideanna. Bunaíodh fóraim ar dhaoine gan dídean agus críochnaíodh pleananna gníomhaíochta áitiúla sna húdaráis áitiúla go léir, agus tá obair ar siúl chun iad a chur i bhfeidhm.

Tá feabhas mór tagtha ar chineál agus ar réimse na seirbhísí do dhaoine gan dídean. Cuireadh lóistín sa bhreis ar fáil cheana, ó fhoscadh phráinne oíche go foscadh fhadtréimhseach, chun deis a thabhairt do dhaoine gan dídean bogadh amach as an lóistín práinne agus isteach i lóistín atá níos oiriúnaí dá riachtanais agus cuirfear níos mó ar fáil mar chuid de chur i bhfeidhm na bpleananna gníomhaíochta. Sa chomhthéacs seo, i mBaile Átha Cliath, cuireadh ar fáil níos mó ná míle leaba práinne chomh maith le lóistín comharthaithe le haghaidh óltóirí sráide agus andúiligh drugaí agus soláthraíodh bus oíche chun cabhair a thabhairt do dhaoine gan dídean teacht ar na seirbhísí.

Cuimsíonn tionscnaimh na gceantar údaráis áitiúil eile teach ósta i Luimneach, teach ósta 24 uair i dTrá Lí, tionscnaimh chodlatáin garbh i nDún Dealgan agus tithíocht níos fearr do dhaoine gan dídean ar fud na tíre, le Corcaigh, Gaillimh agus Longfort san áireamh.

(ii) Maoiniú ar Easpa Dídine

I 2003, d'aisíoc an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil €49.25 milliún d'údaráis áitiúla i

dtaobh lóistín agus seirbhísí a bhaineann leis do dhaoine gan dídean, i gcomparáid le thart ar €12.5 milliún i 1999. I mbliana, tá liúntas €51 milliún ag an Roinn le haghaidh an ghnó seo. É seo san áireamh, is é €190.6 milliún an méid caite ar na seirbhísí seo ó 2000. Ó fhoilsiú na Straitéise Comhtháite i 2000, cuireadh níos mó ná €26 milliún sa bhreis ar fáil ag an Roinn Sláinte agus Leanaí le haghaidh pleananna a bhaineann le haire, déanta faoin Straitéis. Tá an maoiniú leanúnach agus beidh sé ar fáil do bhoird sláinte le haghaidh seirbhísí a sholáthar a bhaineann le haire do dhaoine gan dídean.

Leanann *An Fhoireann Idir-Rannach ar Easpa Dídine* ag déanamh monatóireacht ar dhul chun cinn, ar leibhéal náisiúnta agus leibhéal áitiúil, ar chur i bhfeidhm na straitéisí i dtaobh daoine gan dídean agus na bpleananna gníomhaíochta áitiúla. Tá socruithe ar siúl chomh maith ar leibhéal lárnach chun athbhreithniú a dhéanamh ar oibriú na bpleananna gníomhaíochta, leis an ndul chun cinn a rinneadh in iad a chur i bhfeidhm a mheasadh agus le moltaí a dhéanamh chun níos mó dul ar aghaidh i dtaobh easpa dídine a chur chun cinn.

(iii) Foireann Straitéiseach na gCiontóirí gan Dídean (HOST)

Bunaíodh HOST - aonad den Seirbhís Phromhaidh agus Leasa (SPL) den Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí i 2002, ar bun Straitéis Seachanta Easpa Dídine an Rialtais agus tuarascáil an Fhóraim Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialta (FNES) ar Ath-Imeascadh Phríosúnaigh (2002). Is é ceann de ghnóthaí HOST ná lóistín, agus riachtanais eile a bhaineann leis atá ag ciontóirí gan dídean, agus iad atá ar baol bheith gan dídean, a aithint. Is aonad beag go leor é le díriú náisiúnta agus straitéiseach.

Tá HOST tar éis plean straitéiseach (2004-2007) a fhorbairt agus a fhoilsiú, agus is iad na príomh aidhmeanna atá aige ná:

- Ciontóirí le heaspa dídine a chosc agus a laghdú agus
- Teacht ar lóistín do chiontóirí gan dídean a fheabhsú.

Is é príomh cuspóir straitéis HOST ná meicníocht réasúnta agus iomlán chun an straitéis a chur i bhfeidhm a chur ar fáil ag gníomhaireacht a bhaineann leis an scéal, a oibríonn ar mhaithe le agus a dhéanann éascaíocht d'fhorbairt na tabhartha seirbhísí, atá níos cuimsithí agus comhordaithe, do chiontóirí gan dídean. Tá eolas faoin ngá le cuimsitheacht shóisialta a chur chun cinn agus an acmhainn stiogma a bhaineann le bheith i do chónaí i tithe ósta speisialta do chiontóirí a laghdú mar phríomh phrionsabal a chuireann taca faoi fhealsúnacht na straitéise. Aithníonn an straitéis an gá le fiúntas a chur leis na gnáth seirbhísí atá ann, ná rud a chur ina n-ionaid nó iad a dhúblach. Leis seo, tá HOST agus an SPL ag obair chun athchiontú a laghdú agus chun sábháilteacht an phobail a chur chun cinn, chomh maith le cuimsitheacht shóisialta na gciontóirí a mhéadú.

Tá comhghnás teimpléid forbartha ag HOST le haghaidh comhoibriú idir an SPL agus údaráis áitiúla, d'fhonn teacht ar thithíocht údaráis áitiúil do chiontóirí a fheabhsú. Tá an comhghnás seo mar bhunús díospóireachtaí atá ar siúl faoi láthair le Comhairle Chathrach Bhaile Átha Cliath chun éascaíocht a dhéanamh do theacht níos fearr ar a cuid tithíochta tionóntachta. Leanfaidh HOST ar aghaidh ag spreagadh meabhraíocht faoin lóistín agus riachtanais seirbhísí eile na gciontóirí agus conas is féidir dul i gceann na rudaí seo trí chomhoibriú cros gníomhaireacht, rannpháirtíocht san fhóraim údaráis áitiúil agus tríd an fhoireann idir-rannach ar an easpa dídine. Tá comhghnásanna déanta amach ag boird sláinte chomh maith le

haghaidh scaoileadh daoine gan dídean ó ospidéil meabhairghalar.

(iv) Plean Gníomhaíochta Bhaile Átha Cliath ar Easpa Dídine 2004-2006

Seoladh an dara Plean Gníomhaíochta Bhaile Átha Cliath ar Easpa Dídine (2004-2006) dar teideal *Making it Home* ar 28 Iúil 2004. D'ullmhaíodh an plean ag an nGníomhaireacht le haghaidh Easpa Dídine é ar son na ceithre údaráis áitiúla de chuid Bhaile Átha Cliath in éineacht le boird sláinte, agus comhairlí reachtúla agus deonacha eile a bhaineann leo.

(v) Straitéis Easpa Dídine na nÓg

Foilsíodh an Straitéis Easpa Dídine na nÓg (SEDO) ar 31 Deireadh Fómhair 2001. Ar leibhéal náisiúnta, toisc na miosúir idir-earnála de dhaoine óga gan dídean, tá príomh fhreagracht ag Oifig Náisiúnta na Leanaí i dtaobh gníomhartha a stiúradh agus a chomhordú chun deimhin a dhéanamh de chur i bhfeidhm rathúil na straitéise.

Tá sé mar riachtanas ag an SEDO go dtugann réimse comhairlí san earnáil phoiblí, scoileanna, Bord Náisiúnta Leasa Oideachais, údaráis áitiúla, Boird Forbartha Contaetha agus Cathracha san áireamh, tacaíocht do gníomhartha na mbord sláinte nó go dtógann said céimeanna faoi leith iad féin. Tá cur i bhfeidhm díreach mar chúram ag na boird sláinte go príomhúil, le tacaíocht teaghlaigh agus seirbhísí seachanta eile á fhorbairt ar bhunús ilghníomhaireacht do leanaí i mbaol bheith gan dídean. Cuimseoidh sé seo go háirithe seirbhís phráinne idirghabhála aicmeach lasmuigh d'uaireanta oifige, agus nuair atá gá leis, foirne ildhisciplíneacha le díriú ar dhaoine óga suas go dtí 18 mbliana d'aois atá i mbaol. Soláthrófar freagraí práinne ar an bpointe, le Seirbhísí Fáiltithe 24 uaire speisialta i gcathracha nuair atá sé oiriúnach.

(vi) Monatóireacht ar Chur i bhfeidhm an SEDO

Tá mion-phleananna gníomhaíochta ullmhaithe ag na Boird Sláinte, i dtaobh cur i bhfeidhm, a tabharfar isteach de réir a chéile idir 2002 agus 2004. Tá cur i bhfeidhm an SEDO á mhonatóir agus á chomhordú ag coiste monatóireachta, atá Oifig Náisiúnta na Leanaí mar chathaoirleach aige agus atá mar ionadaí do na geallsealbhóirí a bhaineann leis.

Ó fhoilsiú an SEDO rinneadh dul chun cinn tábhachtacha eile chomh maith, san áireamh:

- Dáileadh thart ar €12 milliún ón Roinn Sláinte agus Leanaí do na boird sláinte le haghaidh forbairt seirbhísí do dhaoine óga gan dídean ó 2001; agus
- Líonadh 193 post lánaimseartha coibhéiseacha nua (Foireann Bhainisteoireachta, Oibrithe Tionscadail, Oibrithe Sóisialta, Oibrithe Tacaíochta Teaghlaigh, Oibrithe Iar-chúraim agus Banaltraí Sláinte Poiblí san áireamh) ar fud na deich réigiún den Bhord Sláinte go dtí mí Lúnasa 2004. D'osclaíodh 11 aonad nua ar fud na tíre agus forbraítear 42 seirbhís nua/breisithe ar fud na tíre.

Ceadaíonn an fhíor chuid d'infheistíocht sna blianta deireanacha seo forbairt mórchuid seirbhísí chun dul in aghaidh fadhb na hógánaigh gan dídean atá go háirithe i gceantar Bhaile Átha Cliath. Machnaítear go bhfuil go leor tithíocht práinne oíche d'ógánaigh Bhaile Átha Cliath atá gan dídean faoi láthair.

(vii) Seirbhísí Údarás Réigiúnda Sláinte an Oirthir (ÚRSO) i gceantar Bhaile Átha Cliath

Cuireann an ÚRSO réimse seirbhísí ar fáil d'ógánaigh gan dídean sa cheantar Átha Cliath:

- Freagraíonn an Fhoireann Práinne Obair Shóisialta do dhaoine óga go léir atá as baile agus, tar éis measúnú a dhéanamh, socraíonn an fhoireann ar an áit atá is coitianta don duine óg. Tá comhghnásanna ar bun idir an fhoireann agus na Gardaí, is é sin, má thagann duine óg chuig stáisiún Garda déanfar teagmháil leis an bhfoireann phráinne agus freagróidh said chomh luath agus is féidir.

- Tá an tSeirbhís Idirghabhála Géarchéime do dhaoine óga atá as baile bunaithe i lár na cathrach, agus cuimsíonn sé seirbhís chabhrach, seirbhís shóisialta phráinne lasmuigh d'uaireanta oifige, ionad fáiltithe, aonaid cónaithe agus ionad lae. Soláthraíonn an seacht n-aonad cónaithe tithíocht le haghaidh 58 duine i Réigiún an Oirthir. Soláthraíonn cúig ionad (Crosscare, Sherrard House, Off the Streets, Le Froy and Caretakers) tithíocht le haghaidh 42 duine óg, ó 12 go dtí 21 bliain d'aois. Is féidir lóistín a thabhairt do 16 duine óg, ó 12 go dtí 17 bliain d'aois, atá gan dídean le déanaí i dhá aonad eile (St. Jude's agus Parkview);

- Cuireann an ÚRSO seirbhís chabhrach ar fáil 7 lá sa tseachtain. Tá athbhreithniú ar siúl faoi láthair ar uaireanta na seirbhíse chun deimhniú a dhéanamh go bhfuil sé ar fáil ag na huaireanta is oiriúnaí.

- Tá an ÚRSO ag obair go géar le grúpaí i mBaile Bhlainséir agus i gCluain Dolcáin chun freagraí a fhorbairt ar ógánaigh gan dídean, le heolas, comhairle, tacaíocht agus an tithíocht sa todhchaí, san áireamh.

Beartaíodh ar na pleananna gníomhaíochta thuas ag gach bord sláinte ar leith i ndiaidh foilsiú an SEDO i 2001. Is í an liúntas ama do chur i bhfeidhm na bpleananna gníomhaíochta ná 2002 go dtí 2004. Ní fuarthas aon mhaoiniú sa bhreis i 2004 i dtaobh ógánaigh gan dídean.

Tá na boird sláinte ag leanúint leis na pleananna gníomhaíochta a chur i bhfeidhm, leis na hacmhainní atá acu. Toisc go bhfuil bun liúntas ama do chur i bhfeidhm na bpleananna gníomhaíochta ag tarraingt ar an deireadh, is é sin. deireadh 2004, ag deireadh an liúntas ama seo, déanfaidh an Roinn Sláinte agus Leanaí, i gcomhairle leis na boird sláinte, athbhreithniú ar an ndul chun cinn déanta go fóill ar chur i bhfeidhm pleananna gníomhaíochta na mbord sláinte.

D'aithníodh sé phríomhábhar do chur i bhfeidhm na straitéise a stiúradh i gcaoi éifeachtach agus chomhardaithe, ar leibhéal náisiúnta. Is iad na hábhair atá i gceist ná:

i) Comhordú Idir-gníomhaireacht agus Nascálacha;

ii) Fágáil agus Iar-chúraim;

iii) Staitisticí;

iv) Eolas agus Abhcóideacht;

v) Oideachas agus Traenáil; agus

vi) Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh.

Tugadh tosaíocht do na chéad trí ghrúpa agus bunaíodh foghrúpaí. As na sé fhoghrúpaí a bunaíodh, tá obair críochnaithe ar dhá ábhar, is iad sin Staitisticí, agus Fágáil agus Iar-chúraim. De bhrí obair an foghrúpa staitisticí, forbraíodh foirmeacha sonraí agus cuireadh chuig na boird sláinte iad i mí na Nollag, 2003, chun a dheimhniú gur rinneadh na sonraí a bhailiú i dtaobh easpa dídine d'ógánaigh go réasúnta agus go cruinn.

De bhrí obair an Foghrúpa Fágála agus Iar-chúraim, forbraíodh "Treoirlínte do Bhoird Sláinte ar Polasaí Fágála agus Iar-Chúraim a Fhorbairt" agus cuireadh chuig na boird sláinte iad chun cabhair a thabhairt dóibh lena bpolasaithe féin a ullmhú mura bhfuil siad déanta cheana féin acu.

Bhuail an foghrúpa Eolais agus Abhcóide le chéile cúpla uair ón 21ú Bealtaine 2004. Is í obair an ghrúpa

ná dul chun cinn a dhéanamh de réir na téarmaí tagartha agus an plean oibre atá leagtha amach acu. Bhuail an foghrúpa Oideachais le chéile dhá uair ón 23ú Eanáir 2004. Tá na hearnálacha reachtúla agus deonacha oideachais agus sláinte bainteach leis an ngrúpa agus tá dul chun cinn maith á dhéanamh. Déanfar machnamh ar limistéir Seirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh, do dtí go gcríochnófar obair athbhreithnithe na Roinne Sláinte agus Leanaí ar Sheirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh.

(viii) Cláir Abhcóide Óige

Bunaíodh Cláir Abhcóide Óige (CAO) ar bhonn píolótach i 2002 i mBord Sláinte an Limistéir Thuaidh agus i mBord Sláinte an Iarthair. Tá sé mar aidhm ag an CAO daoine óga atá i mbaol bheith as baile a choimeád ina dtithe féin nó in áit chónaithe teaghlaigh eile, mar shampla le gaolta, in altramas nó i loistín tacaithe. Tá Clár Abhcóide Óige i mBord Sláinte an Iar-Thuaiscirt ar siúl ó Bhealtaine 2004. Cuimsíonn sé Ceantar Cúraim Pobail na Mhí ar fad. Is féidir leis an gclár éascaíocht a dhéanamh do dháréag ag aon am faoi leith agus oibreoidh sé le ceathrar is fiche duine óg i mbliain amháin.

Seoladh meastóireacht ar an gclár i mBord Sláinte an Iarthair i mí na Bealtaine 2004. Tá meastóireacht á dhéanamh faoi láthair ar Chlár Bhord Sláinte an Limistéir Thuaidh. Tá an mheastóireacht inmheánach críochnaithe agus tosófar leis an dara céim den mheastóireacht gan mhoill.

(ix) Foinsí Sonraí

Fuair an Roinn Sláinte agus Leanaí tuarascálacha bliantúla i dtaobh dul ar aghaidh na mbord sláinte i gcur i bhfeidhm na Straitéise agus forbairt sheirbhísí.. Tá roinnt sonraí ar fáil anois agus tá an Roinn ag obair faoi láthair ar na sonraí seo.

3.6 E-cuimsitheacht

Is Tionscnamh Speisialta faoi *Sustaining Progress* é Gach duine a Chuimsiú sa tSochaí Eolais

Tá an chumhacht fháis atá ag teicneolaíochtaí faisnéise agus cumarsáide inár saolta laethúla ag athrú an chaoi ina n-oibrímid agus a dhéanaimid gnó. Tá gealltanas déanta ag an Rialtas i dtaobh sochaí eolais atá cuimsitheach go sóisialta chun dheimhniú go mbeidh gach saoránach, daoine ar ioncaim ísle agus altramaithe déanacha san áireamh, in ann bheith páirteach.

(i) Straitéis Cur i bhfeidhm E-Cuimsitheacht

Tá Straitéis Cur i bhfeidhm E-Cuimsitheacht athbhreithnithe forbartha. Bhí an straitéis athbhreithnithe seo bunaithe ar thorthaí agus mholtaí athbhreithniú cuimsitheach don pholasaí Cur i bhfeidhm E-Cuimsitheacht Náisiúnta a bhí tógtha ar lámh ag Roinn an Taoisigh i gcomhairle leis na Ranna feiliúnacha, gníomhaireachtaí, eagraíochtaí agus comhlachtaí bainteacha.

Molann an straitéis athbhreithnithe seo gníomhaíocht i gcúig áit tábhachtach: Rochtain TFC, foghlaim agus scileanna; tógáil ar chumas TFC na hearnála Pobail agus Deonaigh; forbairt na Sochaí Eolais Cuimsithigh a thomhas; meabhraíocht a ardú agus príomhshruthú de cheisteanna Sochaí Eolais.

(ii) Litearthacht na Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide

Is tosaíochta iad litearthacht agus traenáil teicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a rachaidh ar aghaidh faoin dTionscnamh Speisialta *Sustaining Progress* 'Gach duine a Chuimsiú sa tSochaí Eolais'. Leanfar leis an dtosaíocht seo laistigh den chomhthéacs d'Fhoghlaim Fad-saoil agus an geall faoin bPlean Gníomhaíochta e-Eoraip 2005 a chuirfidh Straitéis Foghlama Fad-saoil ar fáil faoi 2006.

Ina chóir seo, tá scrúdú tionscanta ag Roinn an Taoisigh de pháirt an rialtais áitiúil in uchtú chomhpháirtíochta cuí idir an phobal gnó, an earnáil oideachais/traenála agus grúpaí forbartha pobail chun freagairt do thraenáil TFC áitiúil agus riachtanais litearthachta.

(iii) Ag Tógáil Cumais TFC na hEarnála Pobail agus Deonaigh

I mí Aibreáin 2004, seoladh an Tionscadal Seirbhísí Deonacha agus Pobail Mobhaile agus thionscain Ollscoil na hÉireann Má Nuad anailís de riachtanais TFC agus chumas TFC na hearnála Pobail agus Deonaigh

Tá an tionscadail Mobhaile ag tosú sna hÚdaráis Áitiúla san Iarmhí, in Uíbh Fhailí, i dTiobraid Árann Thuaigh, i dTiobraid Árann Theas. Cabhróidh na tionscnaimh seo chun cumas TFC na hearnála Pobail agus Deonaigh a thógáil. Tá sé mar aidhm acu soláthar d'éilimh na hearnála Pobail agus Deonaigh, trí láithreacht a bhunú ar líne agus a chur ar a gcumas cumarsáid a dhéanamh le baill, páirtithe le suim agus saoránaigh trí shuímh idirlín, inlíon ósta, ríomh-phost slán agus geataí SMS.

Cuirfear torthaí anailís Ollscoil Náisiúnta na hÉireann isteach i rolla amach na dTionscadal Píolótacha Seirbhísí D&P Mobhaile. Cuirfidh sé leis an obair ata déanta cheana ag 'The Wheel', an Tionscadal 'Muintir na Tire' agus an anailís ar riachtanais na hearnála pobail agus deonaigh i gContae an Mhí. Is iad na rudaí a dhéanfaidh an anailís seo a moladh le haghaidh maoiniú ó Chiste na Sochaí Eolais suas go dtí €154,000 i 2004 ná:

- comhpháirteanna chlár oideachais TFC go hairithe le haghaidh an Earnáil Phobail agus Dheonach a aithint;
- riachtanais na hEarnála Pobail agus Deonaigh ar leith a aithint chun teacht ar agus páirtíocht sa tSochaí Eolais a chur chun cinn laistigh dá n-eagraíochtaí féin agus i measc altramaithe déanacha na teicneolaíochta;
- meicníochtaí atá in úsáid cheana ag an earnáil seo a aithint chun é a chur ar chumas daoine agus pobal iad a úsáid agus buntáiste agus deiseanna na dteicneolaíochta faisnéise agus cumarsáide a chur chun suntais; agus
- deimhniú go gcuirtear i bhfeidhm cur chuige ó bhun aníos le hacmhainn na hearnála a thógáil. Ní bheidh an anailís seo ag iarraidh meastóireacht a dhéanamh ar conas is féidir an teicneolaíocht ar chur ar an earnáil seo, ach déanfaidh sí meastóireacht ar conas is féidir an teicneolaíocht a úsáid chun cumas is airde na n-eagraíochtaí a bhaint amach go gcamhródh siad lena gcomhpháirteanna agus an tsochaí ghinearálta.

Chomh maith leis seo, i mí na Samhna 2003, d'fhoilsigh an CSO staitisticí faoi úsáid theicneolaíocht fhaisnéise agus chumarsáide in Éirinn inniu sa bhaile agus i ngnó. Cuireann na staitisticí na rudaí seo a leanas chun suntais:

- go mbaineann thart ar 660,000 duine úsáid as ríomhaire gach uile lá. Sna cúig bliana deireanacha anuas, tá níos mó ná dúbailt tagtha ar líon na dteaghlach le ríomhaire tí. Ó 2000, tá méadú de 75 faoin gcéad tagtha ar líon na dteaghlach le ríomhaire tí leis an idirlíon;
- go bhfuil baint láidir ag úinéireacht ríomhaire agus úsáid idirlín le haois, fostaíocht agus suíomh geografach;
- gurb iad an trí chúis is mó tugtha d'úsáid an idirlín ná; cuardach eolais, baincéireacht agus seirbhísí airgeadais, agus monatóireacht margaí; agus

- go mbaineann beagnach gach gnó úsáid as ríomhairí sa lá a tá inniu ann. Baineann tromlach na ngnóthaí úsáid as ríomhphost agus an idirlíon chomh maith. Ach tá céatadán na gceannaithe iomláin atá déanta trí ríomhthráchtáil an-bheag áfach.

(iv) Teacht ar Theicneolaíocht Leathanbhanda

Tá an infhaighteacht fhorleathan d'úsáid idirlín ard luais atá i gcónaí ar siúl le ráta comhréidh agus atá d'acmhainn ag daoine, ar a dtugtar leathanbhanda, lárnach d'fhorbairt na hÉireann mar sochaí eolais agus faisnéise. Cuirfidh infhaighteacht an leathanbhanda ar chumas daoine leas a bhaint as an idirlíon agus na naisc chumarsáide níos fearr agus na buntáistí eacnamaíochta agus sóisialta a bhaineann leo. Laghdóidh seirbhísí leathanbhanda an forimeallach de roinnt phobal in Éirinn agus beidh na seirbhísí mar chúis deiseanna fostaíochta níos fearr, tabharfaidh said níos mó tacaíocht do na pobail sin agus cruthóidh said timpeallacht níos dearfa d'infheistíocht.

Tá an Scéim Grúpa Leathanbhanda de €25 milliún, oibrithe ag an Roinn Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha, comh-mhaoinithe ag an bPlean Forbartha Náisiúnta 2000-2006. Tá an Scéim, le cur i bhfeidhm thar trí bliana, chun féachaint chuig riachtanais leathanbhanda i gceantair bheaga thuatha nó pobail iargúlta trí a chur ar a gcumas a bpleananna féin a dhéanamh i gcomhpháirtíocht le soláthraithe seirbhíse leathanbhanda.

Rinneadh na chéad ghlaoch le moltaí i mí Márta 2004 le glaonna breise le déanamh gach sé mhí. Tá an scéim oscailte do gach ceantar beag agus pobal tuatha de níos lú ná 1,500 duine. Tá an Rialtas chun 55 faoin gcéad de mhaoiniú caipitiúil a chur ar fáil – an méid is mó a cheadófaí faoi rialacha an AE - le leath den mhaoiniú iníoctha ag seoladh tráchtála na seirbhíse leathanbhanda do ghnóthaí agus chónaitheoirí áitiúla. Íocfar iarmhéid an mhaoinithe nuair a bhaineann an scéim amach na sprioc íosta a bhí leagtha síos do na tionscadail.

(v) Leabharlanna Poiblí

Cuireann polasaí na leabharlanna poiblí mar atá leagtar amach sa tuarascáil ***Branching Out***, in iúil go bhfuil baint idir leabharlanna agus dhá cuspóir tábhachtacha de pholasaí iomlán an Rialtais . Is iad na rudaí seo ná:

- Deimhniú go bhogann Éire go tapaigh chun leas a bhaint as deiseanna na Sochaí Eolais; agus
- Sochaí chuimsitheach a bhunú inar féidir le gach saoránach páirt a ghlacadh i saol sóisialta agus eacnamaíochta na tíre .

Is féidir leis an seirbhís leabharlainne phoiblí seirbhís chomhairimh tábhachtach a chur ar fáil. Ó 1999, tá an maoiniú níos fearr atá ar fáil d'fhoirgnimh níos fearr, ábhair leabharlainne, agus áiseanna ríomhaire ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus an infheistiú níos mó ó údaráis áitiúla tar éis cabhair a thabhairt don ghnó seo a fhorbairt.

(vi) Pointí Rochtana Idirlín TFC agus Traenáil Idirlín don Fhoireann

Tá seirbhísí agus áiseanna, ríomhairí, seirbhísí idirlín, catalóga ar líne, áiseanna le haghaidh na ndall san áireamh, curtha ar fáil ag leabharlann na hÉireann mar fhreagra ar dhúshlán an scartha digiteach.

Ó 1999, cuireadh níos mó ná 1500 pointe idirlín isteach i níos mó ná 280 leabharlann poiblí ar fud na tíre, le cabhair dheontais níos mó ná €2.5 milliún ón R/CO&RA. I 2001, thug an Roinn maoiniú do chlár traenála, an táirgeadh lámhleabhair chun é a chur ar chumas foireann na leabharlainne cabhrú leis an bpobal foghlaim faoi na teicneolaíochtaí nua san áireamh, a bhí stiúrtha ag An Comhairle Leabharlanna. Tá 26 catalóga (as na 32 údarás leabharlainne) ar an nGréasán agus cuireann siad seirbhísí athnuachana agus seirbhísí chun rudaí a

chur in áirithe ar líne ar fáil, le roinnt mhaith eile le dul ar líne sna míonna atá le teacht.

I 2003, cuireadh cabhair airgeadais €1,135,151 ar fáil d'fhorbairt na seirbhíse seo ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

(vii) Tionscadal 'Lifesteps'

Cuirfidh tionscadal Lifesteps é ar chumas úsáideoirí ríomhairí idirlín poiblí i leabharlanna poiblí áiseanna an Idirlín a úsáid le haghaidh imeachtaí móra saoil, mar shampla cuardach poist, siopadóireacht, bunú comhlachta, cuardach lóistín agus araile. Tabharfaidh sé tacaíocht do thaighde agus spreagfaidh sé úsáideoirí nua Idirlín chun tús a chur leis. Cuirfidh an tionscnamh treoracha ar-líne agus ar pháipéar ar fáil, ag tabhairt treoirlínte éasca do na húsáideoirí, le samplaí agus suímh gréasáin fíora iontu. Tá na treoracha á ullmhú ag foireann oilte na leabharlainne.

Soláthrófar traenáil do fhoireann leabharlainne ar dtús chun go mbeidh taithí acu ar an eolas sna treoraithe, agus go mbeidh siad, dá bhrí, in ann cabhair a thabhairt dá n-úsáideoirí.

(viii) Áiseanna Scanta Optúla

Tosaíodh ar sholáthar ríomhairí le áiseanna scanta optúla do dhaoine dalla i leabharlanna poiblí i 2003. Téann úsáid an ríomhaire níos faide ná comhairle *Branching Out* agus tugann sé deiseanna d'úsáideoirí úsáid a bhaint as na seirbhísí leictreonacha go léir atá ar fáil sa leabharlann. Tá costas €4,400 an t-aonad ag baint leis an áis, le €50,038.57 curtha ar fáil i 2003 agus níos mó ná €390,000 le bheith curtha ar fáil i 2004.

3.7 Féichiúnas

Is seirbhís eolais agus chomhairle, atá saor agus neamhspleách, í an tSeirbhís Bhuiséadadh agus Comhairle Airgid (SBCA), maoinithe ag an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh. Tá buiséad de €11.4 milliún aici agus déanann sí gnó trí 52 soláthraí seirbhíse atá bunaithe i 65 oifig ar fud na tíre. Déileálann comhairleoirí SBCA le thart ar 10,000 custaiméir nua in aghaidh na bliana. Is féidir achoimriú a dhéanamh ar phríomh thréithe na seirbhíse mar seo a leanas:

- béim ar bhearta praiticiúla a bhaineann leis an mbuiséad a bheidh rathúil i stop a chur le spleáchas ar iasachtóirí agus a chruthóidh foinsí eile creidmheasa le costas íseal trí na comhair chreidmheasa;
- cur chuige a bhíonn teaghlaigh le fadhbanna féich agus iasachta acu, go háirithe iad siúd atá spleách ar shochar leasa shóisialaigh nó ioncam íseal, mar sprioc aige; agus
- ról faoi leith do gníomhaireacht reachtúil, ar nós Bainisteoirí Réigiúnacha Leasa Sóisialaigh, Oifigigh Leasa Phobail, grúpaí deonacha agus pobail áitiúla, comhair chreidmheasa, Naomh Uinseann de Pól agus araile.

Tá gaolta tábhachtacha bunaithe ag an SBCA le cuid mhaith de na "príomh" chreidiúnaithe lena mbíonn comhairleoirí SBCA ag déileáil ó lá go lá agus comhairle airgid á thabhairt acu. Cuimsíonn siad seo na háisiúlachta, mar shampla BSL, na hÚdaráis Áitiúla, atá córas gnó forbartha leo, agus na hInstitiúidí Airgeadais, atá Clár Réitigh Fhéich bunaithe leo. Leathnaíodh Clár Réitigh Fhéich an SBCA/Cónaidhm Baincéirí na hÉireann, a cuireadh ar siúl ar dtús i méid teoranta SBCA, agus atá sínithe anois chun na 52 oifig go léir a chuimsiú.

Tacóidh forbróidh, agus cuirfidh chun cinn SBCA "National Development Limited", a bunaíodh i mí Mheán Fómhair 2004, seirbhísí SBCA. Tá sé phríomh chuspóir ag an gcomhlacht nua agus tá foireann forbartha náisiúnta fostaithe acu chun iad a chur bhfeidhm:

- Caighdeán náisiúnta a bhunú do chomhairle airgeadais a thabhairt

- Oibríocht éifeachtúil a chinntiú
- Oideachas pobail a fhorbairt maidir le cosc ar fhiach, bainistíocht airgeadais agus buiséadadh
- Déantóirí polasaí a aithint agus a chur ar eolas ar nithe a chuireann isteach ar fhéichiúnas.
- Margaíocht agus cur chun cinn a dhéanamh ar sheirbhísí SBCA
- Comhpháirtíochta straitéiseacha a fhorbairt le haidhmeanna straitéiseacha SBCA a chur chun cinn a thuilleadh.

3.8 Dlúthpháirtíocht Teaghlaigh a Chothú

(i) Polasaí Teaghlaigh

Cuireadh sraith d'fhóraim chomhairleacha poiblí ar an dteaghlach ar siúl ar fud na tíre sa dara leath de 2003. Seoladh tuarascáil i mí Feabhra 2004, dar dteideal *Families and Family Life in Ireland – Challenges for the Future*, a táirgeadh ó phróiseas comhairliú náisiúnta .

Ba iad gnéithe de pholasaí teaghlaigh idirnáisiúnta an t-ábhar díospóireachta ag comhdháil uachtaránachta an AE i mBaile Átha Cliath i mí na Bealtaine 2004. Beidh tuarascáil ar an gcomhdháil ar fáil go luath chomh maith le páipéir na comhdhála, ar suíomh Ghréasáin an R/GSF ag http://www.welfare.ie/topics/eu€pres04/fam€conf/.

Tacóidh torthaí oibriú comhairle náisiúnta agus idirnáisiúnta le forbairt straitéise chomhtháite chun teaghlaigh a neartú. Bunaíodh grúpa ard leibhéil idir-rannach chun cabhair a thabhairt d'fhorbairt an doiciméid straitéise agus chun maoirseacht a dhéanamh uirthi. Caithfear iarratais ó dhaoine atá suim acu sa doiciméad straitéise a bheith isteach faoi dheireadh mí Mheán Fhómhair 2004.

(ii) Plean Straitéiseach na Gníomhaireachta Tacaíochta Teaghlaigh

Seoladh plean straitéiseach na Gníomhaireachta Tacaíochta Teaghlaigh (2004-2006) i mí na Bealtaine 2004. Is iad seo a leanas na cúig príomhábhar straitéiseach a thabharfaidh treoir don eagraíocht ar feadh na trí bliana seo chugainn:

- Teaghlaigh a thacú agus a neartú trí sheirbhísí tacaíochta den scoth a sheachadadh do theaghlaigh ar fud na tíre;
- Comharsanacht pobail tacaíochta do theaghlaigh a altramú i bpáirtíocht leis an bpobail agus le hearnálacha deonacha agus reachtúla;
- Cabhair a thabhairt d'éifeacht polasaí teaghlaigh agus seirbhísí trí thaighde a bhunú nó a údarú in ábhair a bhaineann le dualgais na gníomhaireachta ná ábhair eile mar a iarrann an t-Aire;
- Gníomhaireacht Tacaíochta Teaghlaigh a chur chun cinn mar sholáthraí tábhachtach tacaíochta agus eolas a bhaineann leo do theaghlaigh in Éireann; agus
- Timpeallacht a chruthú a thuigeann luach na foirne ag an nGníomhaireacht Tacaíochta Teaghlaigh agus a thacaíonn a bhforbairt leanúnach.

Baineann a príomh aidhmeanna bunbhrí na gníomhaireachta amach, seirbhísí tacaíochta díreacha agus indíreacha a thabhairt do theaghlaigh agus cabhair a thabhairt d'éifeacht polasaí agus seirbhísí teaghlaigh trí thaighde. Chomh maith leis seo, cuirtear chun suntais an tábhacht a bhaineann le meabhraíocht a mhéadú ar ról na gníomhaireachta i seirbhísí tacaíochta agus eolas a bhaineann leo a sheachadadh do theaghlaigh ar fud na hÉireann.

4.1 Réamhrá

Is é an chuspóir is tábhachtaí ó thaobh an NAP/Cuimsitheacht ná deireadh a chur le bochtaineacht leanúnach dóibh siúd i ngrúpaí leochaileacha agus teacht ar chúnamh sláinte, oideachais agus fhostaíocht, agus as sin a leochaileacht do bhochtaineacht a laghdú. Tugann rannóga luaithe na tuarascála seo sonraí ar na ngníomhaíochtaí a tugadh isteach faoina dtrí chuspóir polasaí coiteann, (rannpháirtíocht i bhfostaíocht a éascú, teacht ar acmhainní, chearta, earraí agus sheirbhísí a éascú, agus cosc a chur ar an mbaol d'eisiamh), rud a chuireann riachtanais na ngrúpaí leochaileacha chun cinn. Cuireann an rannóg seo níos mó eolais ar fáil maidir le bearta áirithe a tógtar le haghaidh fiontar dhaoine sna grúpaí seo ar bochtaineacht agus eisiamh, agus déanann sé iarracht ar an bpictiúr a líonadh maidir le tuairisciú ar an réimse iomlán de ghníomhaíocht polasaithe atá dírithe ar iad siúd is leochailí. Is iad seo a leanas na spriocanna áirithe:

4.2 Plean Gníomhaíochta Náisiúnta 2003-2005 spriocanna

Grúpaí Leochaileacha go ginearálta

- Chun an leibhéal dífhostaíochta i ngrúpaí leochaileacha a laghdú go dtí an meán náisiúnta roimh 2007;

Mná

- Chun ráta fostaíochta na mban a ardú go meán de níos mó ná 60 faoin gcéad i 2010 mar atá i gceist sa Phlean Gníomhaíochta Fostaíochta Náisiúnta;

Seandaoine

- Faoi 2003, cuirfear treoracha náisiúnta in áit do sholáthar seirbhísí cúraim a thugann tacaíocht do sheandaoine;
- Déanfar feabhsú ar an dteacht atá acu ar sheirbhísí ortaipéideacha i dtreo is nach mbíonn aon duine ag feitheamh ar an liosta feithimh le haghaidh athsholáthar cromáin níos faide ná 12 mhí. Is é seo páirt den dtús-ghníomh gearr-théarmach le haghaidh caighdeán saol na seandaoine a fheabhsú agus déanfar athbhreithniú air i 2003;
- Faoi dheireadh 2007, cuirfear córais teasa sásúla ar fáil do sheandaoine i ngach teach de chuid na húdaráis áitiúla;

Daoine le Míchumais

- Cuspóir le haghaidh rannpháirtíocht ag mic léinn le míchumais ag Tríú Leibhéal a ardú go 1.8 faoin gcéad faoi 2006;
- Cuspóir le haghaidh teacht ar chúram faoisimh a fheabhsú do dhaoine le míchumais faoi 2003;

An Lucht Siúil

- Cuirfear áit ar fáil i mbunscoileanna do gach ball den Lucht Siúil faoi 2003;
- Déanfar ardú de 95 faoin gcéad ar ráta aistrithe an Lucht Siúil go scoileanna dara leibhéil faoi 2004;
- Déanfaidh gach institiúid tríú leibhéal dúbláil ar an ráta rannpháirtíochta de mhic léinn aibí atá faoi mhíbhuntáiste faoi 2006, cuireann sé seo an Lucht Siúil agus dídeanaithe san áireamh, (laistigh den chion de 15 faoin gcéad);
- Déanfar laghdú ar an mbearna atá idir tnúthán saoil baill den Lucht Siúil agus an daonra iomlán de níos mó ná 10 faoin gcéad faoi 2007;
- Cuirfear lóistín sásúil ar fáil do gach clann ón Lucht Siúil atá ionannas déanta sa chlár cúig-bliana de bhaill ón Lucht Siúil atá lóistín á lorg acu de chuid an údarás áitiúil faoi dheireadh 2004;

Áiteanna atá marcáilte ag Eisiamh – Bochtaineacht Uirbeach agus Míbhuntáiste Tuaithe

- Áiseanna iompair do dhaoine tuaithe a fheabhsú trí chomhcheangal idir tacaíocht ón Stáit agus soláthar an phobail féin;
- Teacht ar sheirbhísí fostaíochta, sláinte oideachais agus tithíochta do chónaitheoirí tuaithe a fheabhsú;
- Sábháilteacht phoiblí a chur ar fáil agus coireanna a laghdú trí fhionnadh níos fearr, úsáid níos fearr a bhaint as cláir claonadh an óige agus scéimeanna deisitheora, úsáid níos fearr a bhaint as smachtbhannaí an phobail áitiúil agus an leibhéal coireach a laghdú;
- Deimhniú go bainfear amach bun riachtanais gach aon chlann, tuismitheoirí óga, tuismitheoirí aonair, daoine níos sine, agus mionlaigh ciníocha trí comhordú níos fearr agus níos leithne a bhaint as seirbhísí tacaíochta de chuid an Stáit.

Tá eolas ar na ngníomhaireacht atá tógtha maidir leis na spriocanna seo, chomh maith le polasaithe eile a bhaineann le riachtanais na ngrúpaí leochaileacha leagtha amach thíos.

Cúram – Is tionscnamh speisialta é Leanaí, Daoine le Míchumais agus Seandaoine faoi *Sustaining Progress*

4.3 Grúpaí Leochaileacha agus Fostaíocht

Is cuspóir straitéiseach de pholasaí fostaíochta ná leibhéil rannpháirtíochta sa mhargadh oibre agus i rátaí ardú céime i mná chomh maith le grúpaí imeallacha agus eisiamh, mar shlí phríomhúil de chur san cuimsitheacht shóisialta.

(i) Tionscnamh Pobail EQUAL

Cuirfear €34.5 milliún ar fáil in Éirinn ón dTionscnamh Pobail EQUAL de chuid Chiste Sóisialta na hEorpa (CSE) go dtí deireadh 2007. Cuirfear thart ar €47.8 milliún ar fad ar fáil don chlár don tréimhse atá i gceist ó chomh-mhaoiniú ó na teascóga príobháideacha agus poiblí. Úsáidtear an maoiniú EQUAL le haghaidh slite nua de ghrinneas agus éagothroime sa mhargadh oibrithe chomh maith le níos mó teacht ar traenáil agus obair a chur ar fáil dóibh siúd nach bhfuil mórán scileanna acu agus dóibh siúd atá míbhuntáistí oideachais orthu. Is príomh-chuspóir é slite nua le haghaidh **traenáil, oideachas agus cúnamh fostaíochta** a thriail trí struchtúir chomhpháirtíochta fhoirmiúla atá déanta suas de phríomh choimeádaithe geallta i slí straitéiseach, chomhoibrithe.

Is iad seo a leanas cuid de torthaí reatha EQUAL in Éirinn:

- traenáil ghairmeach speisialta agus cúnamh san-obair dóibh siúd atá fostaithe go fadtéarmach, daoine le míchumais agus dídeanaithe;
- iarrachtaí speisialta le haghaidh gníomhaíocht eacnamaíoch agus fiontraíocht i ngrúpaí neamh-shamhlachúil, le mná agus an Lucht Siúil san áireamh;
- tionscnaimh chothroma uaillmhianacha don saol-oibre agus teaghlaigh a chur le chéile i gcomhlachtaí Stáit agus comhlachtaí príobháideacha;
- cur chuige nua do thraenáil fad-saoil a thriail do dhaoine nach bhfuil mórán scileanna acu nó atá faoi mhíbhuntáiste oideachais;
- an fhorbairt de shlite níos fearr do comhtháthú iarrthóirí tearmainn.

Is príomh-chuspóir de chuid an R/FT& F é an slí is fearr ó EQUAL a thabhairt isteach i láthair polasaí níos leithne le haghaidh an clár a bhainistiú. Tá an Grúpa Polasaí Príomhshruthú, atá déanta suas d'ionadaithe ard-leibhéil de na bpríomh eagraíochtaí teascóga poiblí agus príobháideacha, chomh maith le hionadaí ó na Comhpháirtíochta Forbartha i gceannas ar an bpróiseas seo. Seasann an R/FT&F agus an tÚdarás Comhionannais mar comh-chathaoirligh ar an nGrúpa Polasaí Príomhshruthú, tá freagrachtaí soiléire leagtha amach ag an dá chathaoirleach seo le haghaidh príomhshruthú faoin gclár EQUAL in Éirinn.

4.4 MNÁ

I dteannta cuspóir an PGN/Cuimsitheach le haghaidh deireadh a chur le bochtaineacht leanúnach do mhná, feiceann an bplean gur príomh aidhm é pobal níos cothroime idir fhir agus mhná a bhaint amach trí dheiseanna cothromúla a chur ar fáil sa Phlean Forbartha Náisiúnta (PFN). Tá an dul chun cinn atá déanta ar na cuspóirí seo leagtha amach thíos. Chomh maith leis sin, tá níos mó eolais ar fáil i Rannóg 2 den tuarascáil maidir le príomhshruthú inscne agus comhionannas inscne.

(i) Straitéis Náisiúnta do Mhná

Geall: ***Cuirfear Straitéis Náisiúnta do Mhná, plean cúig-bliana le chéile. Déanfar réimniú ar an bplean straitéise seo i 2004***

Ba é ceann de na príomh moltaí de chuid Tuarascáil Éire go dtí na Náisiúin Aontaithe ar an bPlean Náisiúnta do Mhná a fhoilsíodh i 2002, ná an fhorbairt de Straitéis Náisiúnta do Mhná mar chreatlach ar chlár oibre Éire do chomhionannais inscne do na blianta atá romhainn.

Déanann *Sustaining Progress* soláthar maidir le fhorbairt de Straitéis Náisiúnta do Mhná. Tá réimniú na straitéise nach mór críochnaithe agus tá cruinnithe socraithe leis na Páirtithe Sóisialta agus le Comhairle Náisiúnta na mBan le haghaidh forbairt na Straitéise a phlé. Táthar ag súil go gcríochnófar an Straitéis i 2005.

(ii) Rannpháirtíocht mná i bhfostaíocht a mhéadú

Is iad seo a leanas sonraí ar ghníomhaíochtaí a fhéachann ar rannpháirtíocht mná i bhfostaíocht.

Beart Comhionannais do Mhná sa PFN

Tá Beart Comhionannais do Mhná á thabhairt isteach ag an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí a chuirfidh deiseanna ar fáil do mhná i dtraenáil agus i gcinneadh ar comhairle. Is clár gníomhaíochta dearfach é an mBeart seo atá maoinithe ag an bPlean Forbartha Náisiúnta. Táthar ag súil go n-aistreofar na gceachtanna ón mbeart go dtí an bpríomhshruth. I measc na hidirghabhála a cuirfear ar fáil mar dheiseanna do mhná atá faoi mhíbhuntáiste tá:

- Tacú le mná atá an-imeallach, san áireamh anseo tá mná dídeanaithe, mná aosta, mná le míchumais agus mná atá mar bhaill den Lucht Siúil.
- Láidreacht agus rannpháirtíocht mná ag leibhéil pobail a chur chun cinn.
- Ceangail nua a fhorbairt idir eagraíochtaí ban agus soláthraí sheirbhísí
- Slite le haghaidh ardú céime sa bhfostaíocht a fhorbairt de mhná atá faoi mhíbhuntáiste
- Caidrimh nua a fhorbairt idir seirbhísí poiblí agus catagóirí áirithe de mhná.
- Traenáil a chur ar fáil do mhná i dtreo is go mbainfidh said úsáid as polasaí comhairle ar gach leibhéal.
- Ceangail a fhorbairt le struchtúir de chinneadh áitiúil a dhéanamh

Tá maoiniú á thabhairt ag an mBeart Comhionannais do Mhná do 70 tionscadal go náisiúnta, 51 i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir chomh maith le 19 i Réigiún na dTeorann, na Lár Tíre agus an Iarthair. Cuirfear €14.5 milliún ar fáil do na tionscadail seo thar tréimhse trí-bliana, áit go bhfuil thart ar €3 milliún curtha ar fáil ag an AE.

Ceadaigh moltaí le haghaidh comhlíonadh Ré II den tionscadal le déanaí. Beidh mná atá míbhuntáiste eacnamaíoch orthu mar phríomh-cuspóir de Ré II. Den €11 milliún atá á chur ar fáil do Ré II den Bhearta, thar an dtréimhse 2004-2006, tá €7 milliún curtha ar leataobh le haghaidh tionscadail sna limistéir RAPID a fhorbairt. Cuirfear fócas ar an fhoghlaim ó Maoiniú Ré I ar fáil d'institiúidí tríú leibhéil chun tacaíocht a thabhairt do mhná le haghaidh slí bheatha a fhorbairt agus a roghnú san eolaíocht agus na dteicneolaíocht.

- **Tionscnamh Geata Fostaíochta do Mhná**

Is tionscnamh é *Geata* Fostaíochta do Mhná atá mar chuspóir aige mná a spreagadh go dearfach le filleadh ar an obair. Tá tacaíocht á fháil aige ó IBEC, ó ICTU, ó Chomhairle Náisiúnta Mná na hÉireann agus ó Chomhpháirtíocht Tuaisceart Bhaile Átha Cliath. Tá sé comh-mhaoinithe ag FÁS agus an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí faoin mBeart Comhionannais do Mhná (BCM).

Déanfar taoscadh tríd Oifigí Seirbhísí Fostaíochta FÁS áitiúla agus tríd na hoifigí Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla (SFA). Cuirfear traenáil réamh-oibre ar fáil trí Sheirbhísí Traenála FÁS agus Seirbhísí Pobail ag baint úsáid as acmhainní áitiúla (m.sh. grúpaí mná áitiúla, áisitheoirí áitiúla agus araile.). Tá traenáil a bhaineann leis an obair á thriail faoi láthair le 10 mban iar-ionadaithe.

D'oibrigh an bpróiseas '*Geata*' go rathúil le mná atá ag filleadh ar an áit oibre a chur chun cinn, a mheasúnú, a n-traenáil agus a fhorbairt. Thosaigh an próiseas píolótach i mBaile Átha Cliath thar na 12 mhí seo chaite, agus tá sé ar fáil anois in Iarthar na tíre: Rinneadh leathnú air i 2004 go dtí Oir-Thuaisceart agus Iar-Thuaisceart na tíre, maoinithe faoin gclár PEACE II, agus páirt-mhaoinithe ag an PFN agus FÁS.

Faoi mí Lúil 2004, beidh 700 ban páirteach leis an '*Geata*' óna bhunú.

Den 700 ban atá tar éis páirt gníomhach a thógaint sa bpróiseas, d'éirigh le 54% páirt a ghlacadh i bhfostaíocht agus níos mó traenáil/oideachais. Tá 40% eile in idirghabháil leanúnach. Tugadh cúnamh réamh-oibre do thart ar 600 ban, agus tugadh traenáil agus taithí oibre áirithe do thart ar 460. Cabhraíonn an próiseas seo le traenáil san obair féin agus le forbairt. Cabhraíonn an traenáil seo go mór le cumas fostaíochta agus gairme mná atá ag filleadh ar an obair agus laghdaíonn sé an riosca go dtitfidh na mná seo isteach in obair le phá íseal.

Is iad seo a leanas trí shampla eile de thograí atá maoinithe faoin mBeart Comhionannais do Mhná:

- Tá múnlú á dhéanamh ag an dtionscadal **Tullamore Wider Options** le haghaidh stádas socheacnamaíochta formhór mná imeallacha sa limistéir a fheabhsú agus cumas an phobail áitiúil agus an teascóg poiblí a thugann tacaíocht do chustaiméirí baininscneacha a láidriú. Cuirtear traenáil ar fáil i scileanna pearsanta agus saoil, ardú meoin agus spriocanna a shocrú chomh maith le ceannaireacht agus déantús cinneadh;

- Tá clár speisialta á chur le chéile ag **St John of God Kildare Services** a chabhraíonn le mná le bog-d'eagraíochtaí foghlaim obair a fháil ina phobal, cabhraíonn sé seo leo a sláinte eacnamaíochta agus sóisialta a láidriú. Bíonn an traenáil seo ag déileáil le fadhbanna idir

phearsantachta agus ar thaithí san áit oibre. Baineann an ceann deireanach le traenáil in eitice oibre, spriocúlacht, scileanna agallaimh, aitheantas de rogha oibre chomh maith le a lán eile agus taithí oibre le chomhlachtaí áitiúla. Tugtar comhairle do rannpháirtithe síos tríd a dtaithí oibre agus soláthraítear fostóirí áitiúla le heolas agus traenáil i meabhraíocht míchumas

- Cuireann an **Carlow Equality for Women Project** pointe tagartha ar fáil do mhná an chontae le haghaidh réimse leathan traenáil, oideachas agus fostaíochta a chur ar fáil. Déanann an dtionscadal gníomhaíochtaí de chuid eagraíochtaí áitiúla agus soláthraithe seirbhíse a chomhtháthú agus a chomhordú . Bhí sé an-rathúil, le héileamh ó mhná níos mó ná a sholáthar go ginearálta.

(iii) Sláinte Mhná

Ag leanúint ón bhfoilseachán de '*Sláinte Mhná a Chur chun cinn*', (athbhreithniú ar an '*Plean Sláinte Mhná'*), bhunaigh an Chomhairle Sláinte Mhná fóram le déanaí a déanann pleanáil ar ghníomhaíocht i leith sláinte mhná sa todhchaí.

Thosaigh BreastCheck, an clár náisiúnta cíoch-scrúdaithe, i mí Márta 2000, bhain ré a haon le hÚdarás Sláinte Réigiúnaí an Oirthir, Bord Sláinte na Lár Tíre, agus Bord Sláinte an Iar-Thuaiscirt. Fógraíodh leathnú den Chlár Náisiúnta Cíoch-scrúdaithe anuraidh go dtí Ceatharlach, Cill Chainnigh agus Loch Garman agus go mbeadh sé ag leathnú go dtí na réigiúin san iarthar agus sa dheisceart. Tosaíodh air i Loch Garman i mí Márta na bliana seo.

Tugadh cead le déanaí chun Foireann Deartha a fhostú chun chabhrú leis an gclár "BreastCheck" a chur i bhfeidhm i gCorcaigh agus i nGaillimh le déanaí. Tá maoiniú caipitiúil de thart ar €20 milliún curtha i leataoibh mar chuid den chlár Infheistíochta Caipitiúil 2004-2008. Is thart ar 150,000 ban idir 50 agus 64 bliain d'aois an sprioc daonra atáthar ag súil le bheith sásúil le scáthlán.

Go ginearálta, cuireann an clár níos mó béime ar dul chun cinn limistéir le socheacnamaíocht níos ísle. Cuireann sé seo níos mó fógraíocht le tacaíocht ó obair 'ar an dtalamh', cosúil le seastáin eolais in ollmhargaí agus gréasán le bonneagar sóisialta atá in áit cheana féin, cosúil le CG, grúpaí mná, grúpaí pobail, altraí sláinte poiblí, altraí bun-shláinte, polaiteoirí áitiúla, nuacht litreacha áitiúla agus araile. Is fírinne iad litreacha agus bileoga atá léite ag GLNDF (an Ghníomhaireacht Litearthachta Náisiúnta do Dhaoine Fásta).

Thosaigh Ré 1 den **National Cervical Screening Programme** i limistéir Bhord Sláinte an Lár-larthar i mí Dheireadh Fómhair 2000. Tá scáthlán á dhéanamh saor in aisce ar thart ar 74,000 ban san aois-grúpa 25-60 ag sosanna nach mó ná 5 bliana. Rinneadh próiseáil ar beagnach 57,000 'smears' sa chéad trí bhliain. Tá athbhreithniú á dhéanamh ag an mBord Sláinte i láthair na huaire ar Ré 1 roimh thagairt ón Roinn Sláinte agus Leanaí, rud a mbeidh ciníocha á lorg ar an tslí ab fhearr le bogadh ar aghaidh.

Tá ardú tagtha ar an líon scrúdú 'smear' a tógadh go náisiúnta de beagnach 20 faoin gcéad le blianta anuas agus chuir an Roinn maoiniú de €11 milliún ó 2002 le chabhair a thabhairt do na saotharlanna teach ar an éileamh seo agus seirbhísí 'colposcopy' a fheabhsú. Tá maoiniú á thabhairt ag an Roinn chomh maith i dteicneolaíocht nua trí úsáid a bhaint as Cíteolaíocht Leacht-Bunaithe (CLB).

4.5 LEANAÍ AGUS DAOINE ÓGA

Is é príomh aidhm an NAP/Cuimsitheacht a bhaineann leis an gcatagóir seo ná deireadh a chur le bochtaineacht leanaí agus bogadh ar aghaidh go áit atá níos mó cothroime do gach aon páiste i

dtéarmaí teach tar oideachas, sláinte agus tithíocht sásúla.

Is Tionscnamh Speisialta é Deireadh a chur le Bochtaineacht Leanaí faoin *Sustaining Progress*

Tá an príomh fhreagracht as comhordú an tionscnaimh seo ag an OCS. Tá an oifig ag obair go dlúth leis an Oifig Náisiúnta Leanaí (ONL), Ranna Rialtais bainteacha, an Gníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine (GCB) agus na Comhpháirtithe Sóisialta i bhforbairt agus i gcur i bhfeidhm freagra polasaí iltoiseach.

Tá roinnt phointí polasaí agus cuspóirí aitheanta, a chaithfidh dul chun cinn a dhéanamh orthu chun an cuspóir seo a bhaint amach. Tá sé aontaithe chun an Chomhairle Eacnamaíochta agus Sóisialta Náisiúnta a choimisiúnú chun scrúdú a dhéanamh ar socruithe tacaíochta ioncaim leanaí agus éifeachtacht an Liúntais Linbh Cleithiúnaigh agus an Forlíonadh Ioncaim Teaghlaigh san áireamh. Tar éis comhairlithe leis na Comhpháirtithe Sóisialta, tá téarmaí tagartha críochnaithe.

Seoladh Tuarascáil Téama ó na Fóraim Theaghlaigh, a d'eagraigh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, i mí Feabhra 2004. Tá sé ar fáil ar an Idirlíon. Cuirfidh sé seo in iúil agus déanfar foilsiú ar an fhorbairt de straitéis a láidreoidh teaghlaigh faoi dheireadh 2004. Bunóidh an Roinn Gnóthaí Shóisialta agus Teaghlaigh coiste idir-roinn gan mhoill, chun fhadhbanna a scrúdú atá bainteach le tuismitheoirí aonair. Tá obair ar siúl i láthair na huaire a bhaineann le ceangail a fheabhsú idir Rannóga agus Eagraíochtaí atá freagrach as leanaí.

D'fhógair an Oifig Náisiúnta Leanaí, a bhí ag obair leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh ag deireadh mí Aibreáin 2004 go raibh tairiscintí á lorg acu do Staidéar Leanaí Fadghearrtha, a dhéanfaidh staidéir ar fhás agús shláintiúlacht leanaí i dtréimhsí criticiúla ón leanbh go fásta. Tá níos mó anailís á dhéanamh ar chonstaicí a bhaineann le fostaíocht, tuismitheoirí aonair go háirithe, tar éis taighde an CNES agus tuarascáil an EFCE ar pholasaithe teaghlaigh sásúla.

Oibreoidh obair ar an dTionscnamh chun Deireadh a chur le Bochtaineacht Leanaí go cóngarach go Tionscnaimh Speisialta eile a bhaineann le Cúram, Míbhuntáistí Oideachais agus Dífhostaíocht Fadtéarmach chomh maith le hOibrithe Leochaileacha le deimhniú go mbuailfear le gach cuid de bhochtaineacht na leanaí.

(i) Tionscnamh Tacaíochta do Thuismitheoirí ina nDéagóirí

Cuireann an Clár seo de chuid na Roinne Sláinte agus Leanaí (R/S&L) réimse leathan seirbhísí tacaíochta ar fáil de thuismitheoirí atá ina ndéagóirí agus iad san atá ag iompar leanaí go dtí go mbíonn a leanaí dhá bhliain d'aois. Bunaithe ar an dtuarascáil measúnaithe an-dhearfach a rinne ar an Tionscnamh Tacaíochta Píolótach do Thuismitheoirí ina nDéagóirí, tabharfar isteach na piolóidí i gceart go dtí na boird sláinte feiliúnacha. Tá tionscnaimh phíolótacha tosaigh tugtha isteach i mBaile Átha Cliath, i nGaillimh agus i Luimneach. Tá dhá thionscnamh breise á bhunú i 2004, i mBord Sláinte an Oir-Thuaiscirt agus i mBord Sláinte an Limistéir Thuaidh.

(ii) Preabchlár

Féachann an R/S&L ar dhaoine óga atá á bhagairt tríd a clár *Preabchláir* (nó tionscnaimh eile a bhaineann le tacaíocht teaghlaigh). Faoi láthair, tá 22 Tionscadal Preabchláir bunaithe. Cuireadh iarratas chun an Ciste Íoctha Amach na gCuntas Neamhghníomhacha le haghaidh bun-mhaoiniú do dhá thionscadal breise. Thaispeáin an tuarascáil ar an meastacháin trí-bhliana de thionscnaimh píolótacha Preabchláir a d'fhoilsíodh i mí na Nollag 2001 gur chóir cineál seirbhíse a chur ar fáil, agus

tréan-tacaíocht teaghlaigh le cúnamh a thabhairt do teaghlaigh leochaileacha .

(iii) Forbairt & cur i bhfeidhm an Pholasaí Imeartha Náisiúnta

Ullamh, Socair, Imir: Seoladh *Polasaí Imeartha Náisiúnta* ar an 8 Márta 2004 le hacmhainní cruinn sciath le haghaidh áiseanna imeartha a chur ar fáil . Clúdaíonn an Polasaí áiseanna imeartha náisiúnta do leanaí roimh agus in aois bunscoile don dtréimhse cúig bliana 2004-2008. Cuireann sé 52 gníomh san áireamh do ocht Roinn Rialtais, údaráis áitiúla, boird sláinte, agus roinnt eagraíochtaí eile. Tá €1.5 milliún de mhaoiniú caipitiúil á chur ar fáil ag an R/S&L don Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta (R/GP,T&G) don ghníomhú d'áiseanna imeartha sna limistéir RAPID. Faoi láthair, mar chuid den Straitéis Náisiúnta Leanaí, tá an ONL ag obair ar Pholasaithe Caithimh Aimsirí do leanaí atá níos críonna.

(iv) Ceapadh Ombudsman do Leanaí

Thóg Emily Logan suas cúram mar an chéad Ombudsman Leanaí ar an 22ú Márta 2004. Bhí tionchar leanaí agus daoine óga sa chóras ceaptha faoi chúram Oifig Náisiúnta na Leanaí. Tá Oifig an Ombudsman ag feidhmiú agus tá foireann á cheapadh i láthair na huaire.

(v) Athbhreithniú ar Sheirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh sna Boird Sláinte.

Tá an Roinn Sláinte agus Leanaí in éineacht le hÚdarás Réigiúnda Sláinte an Oirthir (ÚRSO), na boird sláinte agus Coiste na mBord Sláinte, tar éis bunú i 2003, Athbhreithniú ar Sheirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh sna Boird Sláinte. Déanfaidh an Athbhreithniú polasaí náisiúnta agus plean amach le haghaidh forbairt sa todhchaí ag na mboird sláinte ar sheirbhísí cúnamh chlainne. Déanadh dhá phíosa den obair a choimisiúnú chun fios a chur ar Ghrúpa Stiúrtha don Athbhreithniú:

- Tionscnamh chun léirmheas cuimsitheach a chur le chéile ar sheirbhísí cúnamh chlainne atá curtha ar fáil nó atá íoctha acu; aithnítear agus tuairiscítear ar úsáid agus bainistíocht reatha na hacmhainní; aithnítear folúntais ar sholáthar seirbhísí; aithnítear agus tuairiscítear ar chleachtadh agus dearcadh clainne, cleachtóirí, bainisteoirí agus scairshealbhóirí atá bainteach i soláthar agus úsáid seirbhísí; agus
- Tionscnamh 'Sainmhíniú Oibrithe ar Thacaíocht Teaghlaigh' atá údaraithe chun na deacrachtaí mhóra a bhaineann le míniúcháin cúnamh chlainne a réiteach.

Chun go gcoimeádfar forbairt buan ar sholáthar seirbhísí, déanfaidh an t-Athbhreithniú amach ráiteas straitéiseach chun treoir a thabhairt don bhforbairt agus feidhmiú do na seirbhísí cuí ag na mboird sláinte.

Tá an t-Athbhreithniú ar Sheirbhísí Tacaíochta Teaghlaigh ag teacht chun críoch Tá obair na gComhlaireoirí ag an t-Athbhreithniú críochnaithe agus tá a gcuid tuairiscí comhlíonta acu. Tá obair fós ar bun ar an Ráiteas ar an Straitéis Tacaíochta Teaghlaigh. Tá próiseas comhairliú bunaithe mar chuid den Athbhreithniú fós ar bun. Ta súil go mbeidh an t-Athbhreithniú críochnaithe agus faoi linseáil i mí na Samhna 2004.

(vi) Oideachas

Clár Béilí na Scoileanna

Tá airgid ar fáil chun béilí beathúil a chur ar fáil do leanaí scoile faoin scéim bia scoile atá leathnaithe amach, ó Meán Fómhair 2004. Cuidíonn an clár seo chun go bhfaighidh leanaí scoile cothú níos fearr, agus freastal scoile níos fearr, caighdeán foghlaim agus deiseanna an tsaoil.

I 2003, tugadh airgead de luach €3.29 milliún do 278 tionscadal ag cabhrú le 28,500 leanbh. Tá €6.08 milliún de seo curtha ar fáil don scéim bia scoile i 2004. Tá an t-airgead dírithe ar leanaí atá i mbaol chun an scoil a fhágáil go luath, leanaí atá faoi mhí-bhuntáiste agus leanaí le riachtanais speisialta. Is féidir le bunscoileanna agus meánscoileanna ar fud na tíre páirt a ghlacadh sa scéim tar éis an t-Athbhreithniú agus an leathnú ar an scéim. Tá cainteanna ar bun idir an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus an Roinn Oideachas agus Eolaíocht chun níos mó glacadóirí a spreagadh sa scéim.

(vii) Sláinte

Bearta chun tógáil alcól agus an dochar a bhaineann leis a laghdú

Bunaíodh Tascfhórsa Straitéiseach ar Alcól i mí Eanáir 2002, chun modhanna a bhí cruthaithe a chur roimh an Rialtas, dírithe ar alcól agus an dochar a bhaineann leis a laghdú agus a chosc. D'fhoilsigh an Grúpa a gcuid moltaí i dTuarascáil Eatramhach i mí na Bealtaine 2002. Foilsíodh tuarascáil eile i mí Mheán Fómhair 2004, ina raibh moltaí a bhain leis an ábhar seo.

Bunaíodh Grúpa Idir-Rannach chun freagraí na moltaí a chur le chéile don Tascfhórsa. Chuir an Grúpa tuarascáil thar n-ais don comh-aireacht níos túisce i mbliana ar an dul chun cinn a bhí déanta.

Ta na straitéisí atá cruthaithe a bheith is fearr chun cosc a chur agus laghdú ar fhadhb an alcóil bainteach le rialú infhaighteacht agus cosc a chur ar fáil. Tugadh le fios don Tascfhórsa go laghdaíonn an méadú ar cháin alcóil an tabhairt suas alcól agus an dochar a bhaineann leis. I mBuiséad mí na Nollag 2002, cuireadh méadú ar cháin mál ar bhiotáille, a chur laghdú ar dhíolacháin na mbiotáille.

Ceann do na moltaí a chuir an Tascfhórsa chun cinn ná an méid fógraíocht agus margaíocht a bhain le alcól os comhair leanaí agus déagóirí a rialú agus a smachtú. Tá reachtú á scríobh i láthair na huaire a chuirfidh cosc ar fhógraíocht alcól, urraíocht agus deiseanna díolacháin. Tá Aonad Cothú Sláinte i dteagmháil le baill de Cumann Fógróirí na hÉireann, lucht na meáin, agus Tionscal na nDeochanna ag plé le hábhair agus am na bhfógraí.

An tAcht Deochanna Meisciúla 2003, tar éis freagra a thabhairt ar mholtaí áirithe ag an gCoimisiún um Cheadúnas Alcóil agus an Tascfhórsa Straitéiseach ar Alcól. Is iad príomh fhorálacha an Achta ná:

- Soláthar leasaithe, chomh maith le fíneáil níos láidre, ag baint le díol nó deochanna meisciúla do dhaoine atá faoi thionchar na dí agus an meisce féin i dtithe ceadúnaithe;
- Soláthraí níos láidre a bhaineann leis an dlí a choimeád agus cosc ar mhí-iompar ar thithe ceadúnaithe;
- Níos mó úsáid as dlúth ordaithe san áit go mbíonn an ceadúnaí ag briseadh na dlíthe ceadúnaithe;
- Is féidir leis na húdarás áitiúla gníomhaí speisialta ina gcuid réitigh ag baint le ordaithe eisceachtúla; beidh cloí ag na cúirteanna leis na hordaithe seo má bhaintear le cás;
- Leathnú ar na fáthanna i gcoinne na hordaithe eisceachtúla seo a cheadú chun cur as mí-chuí do dhaoine atá ina gcónaí sa chomharsanacht agus fiontar mí-chuí do ord phoiblí sa chomharsanacht a chlúdach;
- Cosc ar an soláthar siamsaíochta le linn 'ama ól suas';
- Codanna níos láidre ag plé le soláthar deochanna meisciúla do dhaoine faoi 18.
- Cosc ag cloí le eisceachtaí teoranta, daoine faoi 18 mbliana d'aois a bheith ar an láthair de thithe ceadúnaithe i ndiaidh 9 a chlog;

- Dualgas ar dhaoine atá idir 18-20 ráiteas aoise a bheith acu i dtigh tábhairne i ndiaidh a 9 a chlog;
- Leathnú ar na cumhachtaí feidhmiúcháin faoi na dlíthe ceadúnaithe do Ghardaí nach bhfuil éadaí oifigiúil á chaitheamh acu agus
- Cosc ar an soláthar deochanna meisciúla ag praghas atá laghdaithe le linn am teoranta i ndiaidh 10.30 ar maidin ar aon lá, m.sh. "happy hours".

Tá feachtas meabhraíochta ar alcól críochnaithe le déanaí ag an Aonad Cothú Sláinte sa Roinn Sláinte agus Leanaí. An aidhm a bhain leis ná meabhraíocht a ardú i dtaobh fadhbanna a bhaineann le alcól mar cheist poiblí. Tá an t-Aonad Cothú Sláinte ag cur feachtas ar bun i láthair na huaire i bpáirt leis an Oifig Náisiúnta Leanaí.

Tionscnaimh eile a bhaineann leis an Alcól ná:

- Tá Clár Freagrach Traenála do Freastalaí curtha le chéile ag An Roinn Sláinte agus Leanaí i bpáirtíocht leis an nGrúpa Tionscal na nDeochanna;
- Tá an t-Aonad Cothú Sláinte tar éis Creatlach do Polasaí Alcóil a Fhorbairt don Choláiste a léiriú i bpáirtíocht le Cinn na gColáistí agus Aontas Mac Léinn na hÉirinn; agus
- Tá an Clár Bearta do Oideachas Sóisialta agus Sláinte Pearsanta sainordaitheach ar chúrsa bunscoile agus cúrsa sóisir sna meánscoileanna, ó Meán Fómhair 2003 amach.

4.6 SEANDAOINE

Tá díbirt bochtaineacht seandaoine agus seirbhísí riachtanach a chur ar fáil dóibh mar phríomh cuspóir faoin PGN/Cuimsitheacht.

Seirbhísí faoisimh cúraim do chúraimí seandaoine –treoirlínte náisiúnta

Beidh na treoracha eisithe a bhaineann le seirbhísí faoisimh cúraim do chúraimí seandaoine curtha faoi bhráid an Údaráis Eolas Sláinte agus Cáilíochta a bunófar ag tús na bliana seo chugainn.

Tá airgead breise de luach €10.75 milliún curtha ar fáil do sheirbhísí sláinte do sheandaoine i 2004, luach €3.75 milliún a chuaigh don Seirbhís Chúraim Bhaile. Tá an Grúpa Náisiúnta Cur i bhFeidhm do bhainistíocht ar mholtaí a thabhairt isteach ón dTuarascáil Elder faoi Mhí-iompair i bhfeidhm. Tá comharthaí ceangal agus dul chun cinn luatha faighte ón ÚRSO agus ó na boird sláinte.

Tá Athbhreithniú tosaithe ar Scéim Dheonú Thithe Altranais de bharr mholtaí tuarascáil Uí Shé ar an scéim. Tugadh maoiniú i 2004 chun modúil dea-chleachtais i gcúram sheandaoine sa phobal agus tá roinnt Bhoird Sláinte tar éis tionscadail phíolóta a bhunú. Tabharfaidh na meastóireachta seo obair grúpa na mboird sláinte i gcomhairle leis an Roinn Sláinte agus Leanaí i bhfoirm an Scéim Dheontais Chúraim Bhaile Náisiúnta. Cuirfear an scéim seo i bhfeidhm má bhíonn an t-airgead ar fáil.

(i) Teacht ar Sheirbhísí Ortaipéideacha-amanna feitheamh

Tá an Ciste Ceannaithe Cóireála Náisiúnta (CCCN) i bhfeighil ar bhailiú agus tuairisciú na liostaí feitheamh agus ama feitheamh go náisiúnta. Ag Eanáir 2004 tá an CCCN tar éis a rá nach raibh ach 19 céatadán de dhaoine a bhí ag fanacht ar athshuíomh na corróige ag fanacht níos faide ná 12 mí. Níl daoine i mBoird Sláinte na Lár Tíre, Bord Sláinte an Iar-Thuaiscirt, Bord Sláinte an Deiscirt agus Bord Sláinte an Iarthair ag fanacht níos faide ná 12 mí a thuilleadh de réir na tuarascála. Is féidir le hothair a bhí ag fanacht níos faide ná trí mí dul i dteagmháil leis an Stór go díreach nó trí a dochtúir chun cóireáil a ullmhú.

(ii) Cúram Fadtéarmach do Sheandaoine

Cuireadh Staidéar amach ar an gCostas sa Todhchaí ar Chúram Fadtéarmach in Éirinn i mí an Mheithimh 2003. Chun forbairt a dhéanamh ar pholasaí sa réimse seo tá cáipéis curtha amach ag an Roinn atá dírithe ar lucht go bhfuil suim acu ar na rudaí caite éagsúla atá ar bun ann. Baineann na nithe seo atá clúdaithe go domhain sa tuarascáil le dearadh buntáiste, seachadadh, agus costas ag cur an cúram fad-théarmach se ar fáil sa todhchaí. Tá an cáipéis curtha timpeall chuig níos mó ná 70 páirtí go bhfuil suim acu san ábhar, ina measc an rialtas, na mboird sláinte, grúpaí eolais agus na Comhpháirtithe Sóisialta.

Tá sé ceaptha gur as an aischothú den bpróiseas thuasluaite a thosóidh mar tús don grúpa oibre luaite i *Sustaining Progress*, a dhéanfaidh scrúdú ar an bpolasaí straitéiseach, costas agus modhanna seachadadh an seirbhís a bhaineann le cúram fad-théarmach do dhaoine aosta. Tá sé ráite go gceapfar an grúpa oibre seo roimh deireadh 2004.

(iii) Córas Teasa i dtithíocht an chomhairle áitiúla

Chun cur chun cinn a dhéanamh ar an sprioc do 2007 le haghaidh córas teasa oiriúnach agus chun deifir a chur ar an soláthar na seirbhísí seo, tá an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil tar éis scéim nua do córas lárnach teasa a thabhairt isteach i mí Lúil 2004 do thithe an chomhairle áitiúil. Cuirfidh an Roinn €12 milliún airgead caipitil ar fáil i 2004 leis na húdarás áitiúla ag soláthar €3 milliún eile, ag tabhairt an t-airgead don chlár i 2004 suas go €15 milliún.

4.7 DAOINE LE MÍCHUMAIS

Sé an aidhm forleathan ag baint le daoine le míchumais ná a rannpháirtíocht i gcúrsaí oibre agus sa saol go ginearálta a mhéadú agus cúnamh a thabhairt dóibh agus dá chlainne saol neamhspleách a bheith acu. Tuairiscíonn an ábhar thíos luaite ar na príomh beartaí atá ar bun i leithe na rudaí seo.

Fostaíocht

(i) Sonraí agus taighde

Thaispeáin an Suirbhé Ráithe Teaghlaigh Náisiúnta don dara ráithe do 2002 (go raibh eolais ar dhaoine le míchumas ann) go raibh os cionn 40 céatadán de dhaoine a bhí breoite nó go raibh míchumais orthu fostaithe i gcomparáid le ráta iomlán de 65 céatadán den daonra iomlán sa roinn céanna.

Tuarascáil ag an tÚdarás Comhionannais: *Déanamh Slí do Éagsúlacht i Soláthar an Mhargaidh Saothair:* Léirigh 2003 nach raibh ach 42.9 céatadán de dhaoine le míchumais ar fáil chun obair. Níl an figiúr seo ach 30 céatadán i ngrúpaí aosta. Tá tuilleadh taighde agus anailís ag teastáil chun sonraí áirithe, éileamh cruinn agus an tomhas ar an daonra gníomhach. Tá sé seo ag teastáil roimh ré chun soláthar díreach seirbhísí a bhur ar fáil.

(ii) Polasaí Fostú

Bíonn an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta i gcónaí ag forbairt polasaithe do treenail gairmeach le leas speisialta do fostú daoine le míchumais ar bhonn trí chéim:

- Ag forbairt scileanna daoine le míchumas chun deis fostaíochta a thabhairt dóibh;
- Ag cur fostóirí ar an meabhraíocht mar gheall ar an síntiús is féidir daoine le míchumas a thabhairt do lucht gnó agus ag gríoscadh níos mó comhlachtaí earcaíocht a dhéanamh ar dhaoine le míchumas agus
- ag soláthar cúnamh fostaí faoi leith do dhaoine le míchumas agus fostóirí.

(iii) Seirbhísí FÁS

Don bhliain Eanáir-Nollag 2003 cláraíodh 3,819 duine le míchumas le FÁS. Comh maith le seo rinne FÁS suirbhé amach do 'chustaiméirí' chun eolas a fháil ó dhaoine le míchumas a bhí páirteach i scéimeanna FÁS roimh Meitheamh 2000. Chríochnaíodh an tuarascáil seo i mí Feabhra 2003 agus tá na moltaí chun an soláthar seirbhísí a fheabhsú á chur i bhfeidhm.

(iv) Fostaíocht le Cúnamh

Tá an clár seo déanta amach chun cabhrú agus comhairliú ar dhaoine le míchumas, post a fháil sa mhargadh oscailte, chun neamhspleáchas agus slí beatha a cothú dóibh. Tá traenáil ar an láthair agus cúnamh don duine féin riachtanach. Toradh tábhachtach den gclár seo ná go bhfuil sé taispeánta an luach a bhaineann le duine le míchumas a fhostú. O bunaíodh é i 2000 agus suas le deireadh Meitheamh 2004, bhí an líon daoine páirteach suas le 700

I leith athbhreithniú a rinneadh ar son FAS, tugadh rialacha nua do scéimeanna cúnamh fostaíochta isteach i 2003. Rinne FAS cainte le heagraíochta ionadaíochta ón dá thaobh i leith na rialacha nua. Tá na rialacha eagraithe faoi na cinn teidil seo a leanas:

- Fad an chláir;
- Struchtúr;
- Cur chuige & liostáil Rannpháirtithe;
- Monatóireacht &Tuairisciú;
- Riachtanais Fostaíochta; agus
- Riachtanais eolais FAS faoin Acht FOI.

I ndiaidh próiseas tairiscintí le urraithe an tionscnamh, tá FAS tar éis dul i dteagmháil le cuid mhaith eagraíochtaí chun scéimeanna cúnamh fostaíochta a sholáthar de réir na rialacha nua.

(v) Athbhreithniú ar Thraenáil Ghairmeach

Rinneadh athbhreithniú ar na soláthar treenail gairmeach do dhaoine la míchumas a chomhlíonadh i 2003. An aidhm a bhí leis an t-athbhreithniú na staidéar a dhéanamh ar an soláthar treenail gairmeach do dhaoine le míchumas trí scéimeanna eagraithe ag FAS, agus chun réimsí a aithint go gcuirfear feabhas ar éifeachtach na réimsí seo. Rinne FAS comhairle le soláthraí seirbhísí tábhachtacha agus coimeádaí eile ar na moltaí agus na sonraí a tháinig as an staidéar faoi scáth an Coiste Comhairleach ar Dhaoine le Míchumais. Tá réimse leathan do na moltaí a mhol FAS i 2004 gleacaithe agus á chur i bhfeidhm, faoi Plean Gníomhaíochta formheasta ag Bord Feidhmeannach FAS. Chuir an t-athbhreithniú solas ar an ionchur mhór atá déanta ag FAS in ionaid traenála chun seirbhísí lóistín agus dul isteach a sholáthar do dhaoine le míchumas, chomh maith le traenáil a lucht oibre féin i leithe na hábhar seo. D'aithin an t-athbhreithniú chomh maith réimsí go bhféadfaí feabhas a chur orthu sa todhchaí, ina measc comhordú níos mó idir FAS agus Soláthraithe Speisialta Traenála seachtracha, chun seirbhís buan a chur ar fáil do dhaoine le míchumas.

Cuid do na moltaí ar leith ná moladh ar níos mó traenáil do dhaoine le míchumas i slí atá iomlán le daoine nach bhfuil míchumas orthu, agus modh sa todhchaí do sholáthraí traenáil speisialta i gcomhthéacs soláthraí traenáil ar fad do dhaoine le míchumas agus feabhsú a chur ar mhodhanna oibre.

(vi) Tionscnamh *Workway*

Is é *Workway* an chéad tionscnamh in Éirinn chun fostóirí, daoine le míchumas, na ceardchumainn agus grúpaí eile ar son lucht eolais daoine le

míchumas a bhailiú le chéile i ngréasáin bunaithe faoin dtionscnamh chun feabhas a chur ar a ndeiseanna fostaíochta. Sé an chéad tionscnamh de short seo in Eorpa a bhaineann le figiúirí airde dífhostaíochta ag daoine le míchumas san earnáil phríobháideach.

Bunaíodh an tionscnamh seo faoin *Programme* for *Prosperity and Fairness*, a d'aithin go bhfuil dualgas ar na comhpháirtí sóisialta chun daoine a chur ar an meabhraíocht agus poiblíocht a chruthú le haghaidh fostú daoine le míchumas san earnáil príobháideach. Rinne lainseáil ar *Workway* ag an Taoiseach i mí Iúil 2002.

An t-airgeadh a bhain le Ré I de *Workway* 2001 go Márta, 2004, chuir an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ar fáil é (suim de €818,000). Tá FAS ag cur an t-airgead ar fáil do Ré II (Aibreán 2004 – 31ú Márta, 2005) de luach €233,000.

Bhí seacht cuspóirí don chéad Ré den tionscnamh:

(i) meabhraíocht a ardú i measc na bhfostóirí;

(ii) meabhraíocht a ardú i measc na bhfostóirí;

(iii) staidéar ar sholáthar scileanna agus ganntanas lucht oibre;

(iv) coisc fhostaíochta a aithint ó dhearca na bhfostóirí agus daoine le míchumas;

(v) deimhneach go mbeadh baint ag gach réimse duine chun teach ar freagraí oiriúnach;

(vi) eolas a chur ar fáil chun cabhrú le daoine le míchumas;

(vii) ceangail le gréasáin atá ann cheana féin a choimeád, agus

(viii) déantóirí polasaithe poiblí agus soláthair seirbhísí a chur ar an eolas ar na riachtanais ag baint le forbairt fostaíochta agus seirbhísí traenála.

Tá Ré I i bpróiseas athbhreithniúchais i láthair na huaire ag comhairleoirí seachtrach de bharr coimisiúnú an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, ag teacht as geall a rinneadh faoi *Sustaining Progress*. Fuair an Roinn dréacht de thuairisc i mí Iúil 2004, agus ceaptar ag am an foilseacháin seo go gcríochnófar go gairid é .

Tá trí eilimint áirithe ag baint le Ré II:

1. Forbairt ar Chlár Gabhála a bhfreagróidh na heasnaimh mar a bhí léirithe ag am Réamh-Fhostaithe

2. Ag déanamh píolóta ar Threoirlínte IBEC/ICTU ar Fhostaíocht agus Mhíchumas

3. Forbairt ar suíomh idirlíon amháin le eolas agus fostaíocht.

(vii) Eachtraí Míchumais Réigiúnacha

Comharthaigh an tAontas Eorpach 2003 mar an Bhliain Eorpach do Dhaoine le Míchumais (BEDM) chun meabhraíocht a ardú faoi chumais, thallanna agus rannpháirtíocht daoine le míchumais san Eoraip, chomh maith le baic ar chuimsitheacht agus na deacrachtaí a bhíonn acu go laethúil.

Mar phríomh chabhair i leith téama fostaíochta an BEDM a chur chun cinn, thionóladh cuibhreannas d'eagraíochtaí a oibríonn d'fhostaíocht dhaoine le míchumais chun sraith de chúig chomhdhálacha réigiúnacha ardú meabhraíochta a chur i láthair i gCorcaigh, i nGaillimh, i Luimneach, i Sligeach agus i bPort Láirge. Bhí na comhdhálacha ar siúl i mí na Samhna agus mí na Nollag, maoinithe ó dheontas faighte ag Choiste Comhordaithe Náisiúnta na agus chomh-mhaoiniú ó bhaill den chuibhreannas. Cuireadh méid áirithe den chomh-mhaoiniú ar fáil tríd an Tionscnaimh Pobail EQUAL, maoinithe ag Ciste Sóisialta na hEorpa, atá faoi bhainistíocht na Roinne Fiontar, Trádála, agus Fostaíochta.

Ba é cuspóir na comhdhála ná chun eachtraí flagship áitiúla a chur i láthair chun an méid poiblíochta is mó gur féidir a ghiniúint, deartha chun samhlaíocht fostóirí a ghabháil agus chun smaoineamh mana i leith daoine le míchumais a fhostú a athrú trí bhealach nua a ghlacadh.

Tacaíocht Ioncaim

(i) Athbhreithniú de na scéimeanna tacaíochta ioncaim do dhaoine le míchumais

D'fhoilsigh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh tuarascáil an Ghrúpa Oibre ar an Athbhreithniú de na Scéimeanna Íocaíochta Tinnis agus Míchumas i mí Mheán Fómhair 2003. Lena theannta leis na seisiúin comhairliú le réimse d'eagraíochtaí a sheasann ar son spéis daoine faoi mhí-chumas agus daoine atá tinn, bhí submissions faighte ó mhórán daoine freisin. Cuirtear san áireamh na mion codanna seo san athbhreithniú seo –

- cuspóir de gach scéimeanna d'íocaíochtaí le haghaidh tinnis agus mhíchumas a shoiléiriú;
- bearnaí agus rudaí a theann ina chéile sa sholáthar iomlán a aithint;
- treochtaí iomlán sna huimhreacha agus caiteachas a scrúdú;
- an méid lena dtacaíonn scéimeanna bealaí oibre, traenáil nó athbhunú a scrúdú; agus
- bealaí éagsúla ar cheapadh agus ar sheachadadh de cosaint shóisialta do dhaoine atá tinn agus daoine faoi mhíchumas a iniúchadh.

Maidir le héifeacht de na cuspóirí tacaíochta fhostaíochta de na scéimeanna aimsíodh an tuarascáil *"Cé nach fheidhmíonn an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh cláir fostaíochta agus traenála áirithe, is mar aidhm acu tríd réimse tacaíochtaí chabhracha agus spreagadh a thabhairt do dhaoine faoi mhíchumas agus tinnis fad-téarmach chun fostaíocht, traenáil, deiseanna oideachasúil agus féin-forbairt eile a aithint agus a thógáil suas. Soiléiríonn na suirbhéanna samplacha déanta ag an Grúpa Oibre, áfach, go mbíonn torthaí ró-dhona de ghnáth maidir le dul ar aghaidh ar fhostaíocht ag daoine a bhaineann úsáid as na tacaíochtaí seo."*

D'aithin an Grúpa Oibre líon de deacrachtaí leis an fheidhmiú de na tacaíochtaí fhostaíochta an leasa shóisialaigh reatha, ag cur san áireamh caillteanas de shochair tánaisteach ar thógáil suas fostaíocht, agus na hagóidí chun na critéir cáilithe a bhíonn riachtanach d'éilitheoirí nach bhfuil cumasach chun obair a choigeartú, leis an fhíric go bhfuil fostaithe inoibrithe ag mórán éilitheoirí. Ghlac an Grúpa leis an chonclúid go bhfuil líon de bearnaí tábhachtach i bhfeidhmiú an chórais reatha de thacaíochtaí fhostaíochta don ghrúpa seo a bhí riachtanach a iniúchadh, ag cur san áireamh an fíric nach raibh aon sholáthar ann le haghaidh páirt-éagumas (cumas), ní raibh aon measúnú lán de bhrí de fostaíocht inoibrithe, agus bhí easpa conarthaí gníomhach le daoine le fostaíocht inoibrithe, agus níor leanadh de ag deireadh nó ar stopadh den bheart tacaíochta fhostaíochta. Leag an Grúpa Oibre béim freisin ar thábhacht na costais bhreise de mhíchumas ar bhealaí ina mbíonn níos lú spléach ar stádas an lucht saothair a shroich, má dtabharfadh deiseanna rannpháirtíochta san lucht saothair do dhaoine faoi mhíchumas.

Rinne an Grúpa Oibre staidéir ar chomhcheangal de bhearta a bhí riachtanach chun na fadhbanna sin a réiteach:

- Aitheantas na bhfíricí go gciallaíonn cúrsaí leighis nó cúrsaí eile go bhfuil cumas éigin ag daoine obair, ach ní féidir leo obair lán-aimseartha a ghlacadh;

- Cinntiú ar na bearta tacaíochta fhostaíochta a thoghadh nach ngníomhaíonn mar dídhreasacht chun oibre ag daoine faoi mhíchumas nó tinnis fad-téarmach chun a bhfostaíocht inoibrithe agus tuilleamh inoibrithe a uasmhéadú;
- Réimse de tacaíochtaí fostaíochta do grúpaí custaiméir éagsúla a choimeád, agus a chinntiú go dtugtar tagairt do chustaiméirí don rogha is oiriúnaí, maidir le nádúr a dtinnis/mhíchumas, aois, agus cúrsaí sóisialta, agus araile; agus
- Bearta de scéimeanna idirghabhála luaithe a thosú, atá dírithe ar dhaoine a chothaíonn tinnis, gortaithe agus mhíchumas dáiríre a athshlánú ar ais sa lucht saothair, sula n-éiríonn leo spléach ar íocaíochtaí leas shóisialaigh go fad-téarmach.

Mhol an Grúpa ar na bearta ba chóir a iniúchadh de réir na chéad tionscnaimh i dtosach, a mheasann na sochair a bhaineann leis na mbealaí sin, na hacmhainní a bheadh riachtanach a dháileadh agus sábháil inoibrithe lena mbainfeadh.

(ii) Costais na hÍocaíochtaí Míchumais

Chríochnaigh an Grúpa Oibre ar Indéantacht de thosaíocht de Chostas na hÍocaíochtaí Mhíchumais, faoi choimirce an Roinn Sláinte agus Leanaí, páipéar dearcaidh agus anois molann sé scrúdú ar réimse chun bearta tacaíochta mhíchumais a chóimheas agus ar a sruthlíne, agus béim áirithe ar laghdú na costais breise de mhíchumas i leith líon níos mó de dhaoine faoi mhíchumas, go háirithe do dhaoine a mhian gluaiseacht ó stádas de spleáchas iomlán ar an leas shóisialach go stádas ina mbíonn neamh-spleáchas eacnamaíochta níos mó.

Oideachas

(i) Rátaí Rannpháirtíochta Thríú Leibhéal

Taighde níos mó ar bhealach go dtí an tríú leibhéal do dhaoine faoi mhíchumas faoi á ghlacadh faoi láthair. Rinne AHEAD (Ghníomhaíocht um Teach ar Ard Oideachais agus Míchumas) suirbhé d'Údarás um Ard-Oideachas, a léirigh ráta rannpháirtíochta de fochéimithe na chéad bliana de 1.4 faoin gcéad i 1998/99. Foilsíodh an tuarascáil ar an suirbhé i 2004.

(ii) An t-Acht um Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Oideachais Speisialta 2004

Is mar chuspóir den Acht creatlach nua a sholáthar le haghaidh an measúnú de agus soláthar de riachtanaí na leanaí faoi mhíchumas oideachasúil. I measc na príomh-soláthar den Acht ná:

- An Bunú den "Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta" (CNOS) chun soláthar de oideachas speisialta agus an soláthar de Eagraithe Riachtanais Oideachas Speisialta a chomhordú chun a chinntiú go bhfaigheann leanaí le riachtanaí speisialta oideachas oiriúnach, agus cleachtadh maith in oideachas speisialta a chothú;
- Oideachas do leanaí le riachtanaí oideachais speisialta a bhaint amach i suíomh cuimsitheach, chomh oiriúnach agus is féidir a chleachtadh;
- Tá Plean Oideachais Indibhidiúil (POI) ag dul do gach leanbh le riachtanaí speisialta a atá ullmhaithe ag daoine cáilithe cuí;
- Tá an ceart ag tuismitheoirí a bheith bainteach sa mheasúnú den a leanbh agus ullmhúcháin an POI agus measúnú a thógfadh bealach lán-leanbh, sláintiúil;
- Tá an deis ag tuismitheoirí achomharc a dhéanamh in aghaidh cinnidh ag baint lena leanbh agus na cúrsaí seo do Bhord athbhreithniú neamhspleách, má cheapann siad nach bhfuil a ndearcadh á thuiscint go lán, nó san áit ina cheapann siad nach bhfuil an Plean á chur i gcrích.. Tá an cumhacht ag an Bhord

iallach a chur ar eagraíochtaí, na boird sláinte san áireamh gníomhartha áirithe a thógáil chun na cúrsaí roimhe a thabhairt faoin deara; agus

- Comhordú níos fearr idir eagraíochtaí oideachais agus sláinte chun soiléiriú sna rólanna faoi seach a chinntiú.

Beidh an Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) mar pointe teagmhála do thuismitheoirí de gach leanbh le riachtanaí speisialta, chun soláthar an réimse seirbhísí atá ar fáil do leanaí faoi mhíchumas a comhordú, obair in éineacht le tuismitheoirí, leanaí, scoileanna agus eagraíochtaí mar na boird sláinte, an Seirbhís Síceolaíochta Náisiúnta um Oideachas agus an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus tuarascáil a thabhairt don Comhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS) má's gá.

Tá an earcaíocht d'Eagraithe Riachtanaí d'Oideachas Speisialta á ghlacadh faoi láthair agus thosaigh an chéad traenáil EROS i Meán Fómhair 2004.

Bhí 350 post múinteoireachta le haghaidh daltaí le riachtanaí speisialta agus córas nua chun acmhainní a dháileadh le haghaidh riachtanaí speisialta i bhunscoileanna ceadaithe.

(iii) An Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta (CNOS)

Soláthraíonn an tAcht um Oideachas do Dhaoine le Riachtanais Speisialta ar an mbunú de Chomhairle Náisiúnta um Oideachas Speisialta. Bunaíodh an Chomhairle ar an 24 Nollaig, 2003, áfach, leis an cuspóir de líon de fheidhmeanna áirithe a ghlacadh maidir le soláthar seirbhísí oideachasúla do leanaí faoi mhíchumas.

Is iad príomh-fheidhmeanna na Comhairle faoin Acht ná:

- an soláthar de seirbhísí oideachasúil agus tacaíocht do leanaí le riachtanaí oideachasúil speisialta (dul i gcomhairle le scoileanna, boird sláinte agus daoine eile a cheapann an Chomhairle oiriúnach) a phleanáil agus a chomhordú;
- chun an t-imeascadh d'oideachas de leanaí le riachtanaí oideachasúil speisialta leis an t-oideachas de dhaltaí go ginearálta (dul i gcomhairle le scoileanna agus le daoine a cheapann an Chomhairle oiriúnach) a phleanáil;
- eolas a chur ar fáil maidir le cearta agus le cearta a leanaí do thuismitheoirí le riachtanaí oideachasúil speisialta;
- chun leanúnachas de sholáthar seirbhísí oideachasúil speisialta atá curtha ar fáil a chinntiú má's gá maidir le gach shaghas de mhíchumas;
- chun athbhreithniú a dhéanamh ar an soláthar déanta le haghaidh daoine fásta faoi mhíchumas chun ard-oideachas, oideachas leanúnach, athbhunú agus traenáil a fháil agus tuarascáil a fhoilsiú ar na torthaí de na athbhreithnithe sin;
- chun comhairle a thabhairt maidir le haon cúrsa ag baint le hoideachas de leanaí nó daoine eile faoi mhíchumas;

Ní foláir don Chomhairle tuarascáil ar an cur i bhfeidhm a chur le chéile laistigh 12 mhí den bhunú. Imlíneoidh an tuarascáil cur i bhfeidhm na céimeanna a chaithfidh tógáil d'fhonn agus go gcuirfidh na forálacha den Acht i bhfeidhm go hiomlán laistigh tréimhse nach dtéann thar cúig bliana.

Sláinte

(i) Cúram Faoisimh do Lucht Cúram Daoine faoi Mhí-Chumas

Bhí méadú de 255 faoin gcéad (445 daoine breise) a bhfuair cúram faoisimh bunaithe sa tseirbhís idir

2001 agus 2002, an bhliain deireanach ina raibh uimhreacha curtha ar fáil. Sholáthair Buiséad 2004 le haghaidh méadú de €100 sa Deontas Cúram Faoisimh ó €735 go €835 agus go €1,670 do lucht cúram atá ag tabhairt aire do níos mó ná duine amháin

(ii) Tacaíocht don Lucht Cúram

I 2004, sholáthair an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh maoiniú don Chumann an Lucht Cúram i leataobh costas an Paca Eolais a tháirg agus a dháileadh ar thairbhe an lucht cúram, a gclainne, grúpaí tacaíochta agus soláthraithe eolais.

(iii) Athbhreithniú ar Sholáthar Seirbhíse atá ann anois

Tá Athbhreithniú Straitéiseach ar sholáthar seirbhíse atá ann anois do dhaoine faoi-mhí-chumas á ghlacadh. Tá Grúpaí Oibre de Shaineolaithe le linn tuairisciú. Beidh modh de Comhairle Oscailte ag leanúint an ceann sin. Tá athbhreithniú de liostaí feithimh le haghaidh cúram cónaithe á ghlacadh mar chuid den Athbhreithniú Straitéiseach.

Tá nócha dó faoin gcéad de dhaoine ar an mBanc Sonraí Náisiúnta um Mhí-Chumas Intleachtacha (BSNMI) ag fáil seirbhísí i 2003; teastaíonn 82 faoin gcéad de dhaoine ar an BSNMI measúnaithe seirbhísí cónaithe uaibh ag fáil an chéanna, fad is a theastaíonn 97.7 faoin gcéad de dhaoine ar an BSNMI measúnaithe seirbhísí laethúla uaibh ag fáil an chéanna

(iv) Cur i bhfeidhm an Cód Cleachtaidh um Seirbhís Ceirde Fothainiúil

Is cuid amháin de dhá cuid de phríomh-bhearta é an fhorbairt de Cód Cleachtaidh um Seirbhís Ceirde Fothainiúil, a bhí críochnaithe ag an Roinn Sláinte agus Leanaí atá riachtanach chun an stádas de ceardlann fothainiúil reatha do dhaoine faoi mhíchumas a thabhairt chun rialtachta. Is é an beart riachtanach ná an táirgeadh ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta de *"pholasaí creatlach dírithe ar fostaithe fothainiúla inoibrithe a shaibhriú chun deiseanna fostaíochta do dhaoine faoi mhí-chumas a sholáthar" (Feabhas Cothaitheach 13.13).*

Tá sé riachtanach go dtógfaidh an dá bheart sin le chéile chun idir-thréimhse éifeachtach ó shocraithe reatha le haghaidh ceardlanna fothainiúil. Tá polasaí creatlach ar fostaíocht fothainiúil á fhorbairt ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta faoi láthair.

(v) Caighdeán Seirbhíse

Tá sraith de Caighdeáin Náisiúnta do na Seirbhísí Mhíchumas á sholáthar ar an R/S&L á fhorbairt in éineacht leis an Údarás Náisiúnta um Mhíchumas (UDM). Tá an modh comhairleora foirmiúil le haghaidh dréacht caighdeáin críochnaithe. Beidh an Dréacht Caighdeáin ullmhaithe ag bhord an UDM go an Roinn le haghaidh ceadú.

Tá Bunachar Sonraí de Mhíchumas Fisiceach agus Céadfacha a chur i bhfeidhm faoi láthair ar bhonn náisiúnta. Tugann sé cead dóibh seirbhísí a phleanáil ar mhodh éifeachtach.

Teacht ar Sheirbhísí Pobail – Straitéis Náisiúnta um Mhíchumas

Straitéis Náisiúnta um Mhíchumas
Ar an 21 Meán Fómhar 2004, chuir an Rialtas tús ar an Straitéis Náisiúnta um Mhíchumas chun an rannpháirtíocht de dhaoine faoi mhí-chumas sa tsochaí a riaradh. Cuimsíonn an straitéis ceithre cuid:

- An Bille Mhíchumais 2004;
- An Bille Comhairle (Leasú) 2004;
- Sé Pleananna Imlíne Teascógacha; agus

- Geall ar Chlár Infheistíochta le haghaidh Seirbhísí Tacaíochta Mhíchumais ar bhonn ilbhliantúil.

Forbraíonn an Straitéis ar pholasaí agus reachtaíocht atá ann ag cur an Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998, An tAcht um Stádas Comhionann 2000, an tAcht um Chomhionannais 2004 agus an tAcht um Oideachas de Dhaoine le Riachtanaí Oideachasúil Speisialta 2004 san áireamh agus polasaí de soláthar seirbhíse a imlíniú do dhaoine faoi mhíchumas laistigh eagraíochtaí Stáit a sholáthraíonn an seirbhís do shaoránaigh go ginearálta.

Tréithe den Straitéis

Tá an Bille Mhíchumais 2004 beart de ghníomh dearfach ceaptha chun an soláthar de seirbhísí mhíchumais áirithe do dhaoine faoi-mhíchumas a thacú agus bealach do seirbhísí poiblí príomh-líne a chur ar aghaidh do dhaoine faoi mhíchumas. Soláthraíonn an Bille ceart indibhidiúil ar mheasúnú spléach ar riachtanas, go Ráiteas Seirbhíse bainteach agus go sásamh agus feidhmiú neamh spléach. Soláthraíonn sé bonn reachtúla le haghaidh foirgnimh agus seirbhísí poiblí insroichte, sé Phleananna de réir Cuid, gníomh dearfach ar fhostaíocht sa seirbhís poiblí, bac ar an úsáid de eolas géineolaíochta agus an bunú de Ionad le haghaidh Foirfeachta i gCeapadh Uilíoch chun an ceapadh de fhoirgnimh, táirgí,, córais, agus araile, a thacú, a bheadh úsáideach ag gach duine.

Cuireadh tús leis an tuarascáil Comhairle, *Seirbhís Tacaíochta do Dhaoine faoi Mhíchumas a Fhorbairt*, in lúil 2004. Soláthraíonn sé eolas tábhachtach do Chomhairle ar phleanáil don thosaíocht agus forbairt todhchaíochta de sheirbhís tacaíochta oiriúnach do dhaoine faoi-mhíchumas. Cuirfidh sé ar siúl ag Bille Comhairle (Leasú) nua, atá á ullmhú faoi láthair. Soláthróidh an seirbhís nua geallta le haghaidh dáileadh de cosantóir phearsanta don dhuine faoi mhíchumas nach bhfuil in ann nó a bhíonn deacracht aige seirbhís shóisialta a fháil gan cabhair nó tacaíocht ón chosantóir phearsanta. Is é an príomh-fheidhmiú den chosantóir phearsanta ná go gcabhróidh, go dtacóidh, go seasfaidh sé ar son an daoine faoi mhíchumas chun seirbhís shóisialta a iarraidh agus a fháil agus ceart athbhreithnithe a leanadh nó achomharc a dhéanamh ceangailte leis an seirbhís sin.

Faoin Bille Mhíchumais, ní foláir do sé Roinn Pleananna de réir Cuid a tharraingt mar seo a leanas – Sláinte agus Leanaí, Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh, Iompair, Comh shaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Cumarsáide, Mara agus Acmhainní Nádúrtha agus Fiontar, Trádála agus Fostaíochta. Foilsíodh sé phleananna ar fhoirm imlíne ar an 21 Meán Fómhar 2004.

Baineann Clár Infheistíochta Il-bhliantúil le líon de sheirbhísí áirithe mhí-chumais agus beidh se forbartha agus foghraithe mar chuid den modh bhuiséid agus meastacháin i mbliana. Beidh cuid caipitiúil agus ioncam (reatha) ag an Chlár ilbhliantúil ag tosú i 2005.

Bealach ar thimpeallacht tógála

Tá soláthar ar theacht go foirgnimh poiblí ar fáil sa Bhille Mhíchumais. Beidh na Rialacha Tógála á athbhreithniú i 2005 le iarracht mór chun daoine faoi mhíchumas a thabhairt i dtreis sa mhodh athbhreithnithe de chaighdeáin Bealach Mhíchumais.

Ní foláir do dhaoine faoi mhí-chumas cuairt a thabhairt ar thithíocht nua tosaithe ar nó tar éis an 1 Eanáir 2001. Is é an chéad céim I dtreo "Tithíocht Solúbtha Lán-Saoil", ceaptha chun na riachtanaí de theaghlaigh a athraíonn de réir óige agus seanaoise a shroich. Le haghaidh foirgnimh neamh-cónaithe, ní foláir do bhealach mhíchumais a bheith "sách oiriúnach", a mheastar riachtanach bhealach níos cruinne a chur ar.

Tá sé pleanáilte an Bille Smacht Foirgnimh tosaithe ag lár-2005, a éilíonn ar an údarás smachta fhoirgnimh Teastas Bealach Mhíchumas a eisiúint ag daingniú go bhfuil an ceapadh den foirgneamh neamh-tíos nó bloc árasáin geallta nua ag aontú leis na caighdeáin bealach mhí-chumas. Cuirfidh an tosaíocht de na teastais sin i bhfeidhm ceartlár na moltaí den Coimisiúin ar an Stádas de Dhaoine faoi Mhíchumas 1996.

Vótáil Leictreonach

I gcomhthéacs tosaíocht na vótála leictreonacha, tá an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ag scrúdú na hindéantachta de áis a bhunú chun daoine faoi droch-radharcach a chumasú chun an meaisín vótála a úsáid gan chabhair. Lena theannta sin, tá bord lúdrach ceaptha go speisialta á sholáthar ag oifigigh filleadh le haghaidh na meaisíní vótála leictreonacha chun bealach níos éasca ag vótálaithe faoi mhíchumas a chumasú.

Iompar

Is é an príomh fhorbairt sa pholasaí iompaí so-aimsithe le blianta beaga anuas ná an cineadh, ón mbliain 2000 ar aghaidh, go dtabharfaidh aon tionscadal athnuachana mór ag stáisiún traenach nó bus aird do riachtanais daoine le míchumas gluaisteachta nó céadfacha. Faoi an bpolasaí seo beidh gach bus nua a cheannóidh Bus Éireann agus Bus Átha Cliath do sheirbhís chathrach le hurlár íseal agus oiriúnach do chathaoireacha rotha. Mar an gcéanna leis an iarnród tá na carráistí nua go léir i gcomhréir le caighdeáin rochtana. Chomh maith leis sin faigheann foireann bhus agus thraein faoi úinéireacht stáit traenáil maidir le meabhraíocht faoi mhíchumas. Tá an LUAS deartha agus ag obair mar sheirbhís lán so-aimsithe. Tá an leagan maidir le na codanna éagsúla den iompar loingeas poiblí mar seo a leanas:

- Tá an gnáth bus loingeas iomlán i bPort Láirge, Gaillimh, Luimneach agus Corcaigh ar urlár íseal. Lena theannta sin, Tá busanna urláir íseal cathaoir rothaí insroichte ag feidhmiú ar líon de slite tuaithe agus ar chuid de na slite luas sa Limistéar Bhaile Átha Cliath Móire a bhí á fhreastal ag cóiste nach raibh insroichte. Leanann an Chomhlacht ag scrúdú deiseanna chun busanna urláir íseal a chur ar aghaidh ar na slite luas;
- Tá 486 bus urláir íseal ag Bus Átha Cliath faoi láthair, a léiríonn 45 faoin gcéad den loingeas agus tá 50 slite faoi chomhshó go insroichte lán. Lena theannta sin, tá na hionaid a sholáthraíonn áiseanna custaiméara, m.sh oifigí na dticéid, oifigí na mbeart caillte &rl, insroichte go hiomlán. Tá Bus Átha Cliath, i dteannta údarás áitiúla ag cur ar aghaidh líon de stad bus a chabhraíonn le feidhmiúchán bus urláir íseal;
- Tá an seirbhís iarainn Átha Cliath agus fo-bhailteach reatha insroichte ag cathaoir rothaí thar an cuid is mó den ghréasáin;
- Tá gach traein Fiontar Baile Átha Cliath-Béal Feirste insroichte go hiomlán;
- Tá carráistí LUAS insroichte go hiomlán agus tá áiseanna éisteacht/radharcach cosúil leis an DART nua (leictreonach)/Saighead(díosal) carráistí traein fo-bhailteacha;
- Tá dul chun cinn tábhachtach déanta suas chun dáta chun stáisiúin traenach a chur ar aghaidh agus bealach le haghaidh daoine le láigí iompair agus céadfaíodh a chur chun cinn agus tá obair ag leanúint. Bhí iniúchadh insroichte de gach stáisiúin traenach, a bhí maoinithe ag an Roinn Iompair, críochnaithe. Soláthraíonn sé measúnú lán ar na obair atá le déanamh ag gach stáisiúin traenach chun é a bheith insroichte ag daoine le lagí iompair agus céadfaíodh. Tá clár de infheistíocht stáisiúin a chur i bhfeidhm bunaithe ar fíricí den iniúchadh seo; agus

- Bhí dul chun cinn ar insroichte déanta ag líon de stáisiúin bus agus tá obair mhór ag leanúint maidir leis sin.

4.8 LUCHT SIÚIL

Is é an príomh-aidhm faoin PGN/Cuimsitheach ná an taithí saoil den Lucht Siúil a chur ar aghaidh trí sholáthar oideachais, sláinte agus seirbhísí tithíochta oiriúnach agus aon constaicí den rannpháirtíocht lán sa shaol sóisialta agus oibre na tíre fágtha a chur as an tslí. Tá gníomhartha faoi spriocanna éagsúla sa phlean leagtha amach thíos.

(i) Fostaíocht

Seirbhísí FÁS
Léiríonn cuntais FÁS go bhfuil 1,399 den Lucht Siúil cláraithe ag FÁS san iomlán chun dáta, 734 fireann agus 665 baineann; tá 79 cláraithe mar Lucht Siúil faoi mhíchumas curtha san áireamh. Le haghaidh na bliana Eanáir-Nollaig 2003, bhí 342 den Lucht Siúil cláraithe, le 19 á chlárú mar an Lucht Siúil faoi mhíchumas.

Lena theannta leis an cur isteach den Lucht Siúil ar réimse de chláir FÁS, tá líon de thionscnaimh speisialta a d'fhorbairt mar fhreagra ar bhealaí ó ghrúpaí tacaíochta an Lucht Siúil go háitiúil. Chomh maith leis sin, ag aon ama, tá líon den Lucht Siúil ag freastal ar Chláir FÁS nach bhfuil cláraithe mar sin.

Clár EQUAL
Tá FÁS mar ceann amháin de na rannpháirtithe le Pavee Point ar an Clár EQUAL atá ag scrúdú cruthú poist inoibrithe den Geilleagar Lucht Siúil. Is tionscnamh nua é sin agus tá an chéad ceann á úsáid ag Pavee Point, i nGaillimh agus i gCluain Dolcáin. Tá an clár, atá á fheidhmiú ó 2002 agus atá le chríochnú i 2005, a bhaineann oibriú le fir an Lucht Siúil a theastaíonn gnóthaí nua a fhorbairt nó a bhunú go foirmiúil. Tá 10 rannpháirtí ar gach cláir.

(ii) Oideachas

Straitéis Oideachais don Lucht Siúil
Tosaíodh obair sa bhfómhair 2003 chun *Straitéis Oideachais don Lucht Siúil* a fhorbairt. Toghadh saineolaí sheachtrach chun an modh seo a threorú in éineacht le comh ghrúpa oibre tógtha ón Coiste ar Mhí-Bhuntáiste Oideachasúil agus an Coiste Comhairleora ar Oideachas don Lucht Siúil. Tá gach aon dealramh go gcríochnófar an Straitéis sa luath i 2005. Beidh an príomh-béim den chleachtadh den Straitéis Oideachais don Lucht Siúil na gníomhaíochtaí atá ann, an réimse leathan d'ionchur, mianach de thorthaí, agus an taithí de fhoghlaimeoirí an Lucht Siúil laistigh an córas oideachais a athbhreithniú/a mheasúnú. Soláthróidh an Straitéis moltaí ar an bealach ar aghaidh maidir le hoideachas don Lucht Siúil agus a mholfaidh ar phlean a chur i bhfeidhm ag tréimhsí. Rinne an Foireann Chigireachta na Roinne measúnú ar sholáthar ag an leibhéal bunscoile agus measúnú tosaigh ag an iar-bhunscoile mar chuid den chleachtadh na straitéise.

Toghadh oifigigh sinsearach sa Roinn Oideachais agus Eolaíochta chun an ról stiúrtha a ghlacadh chun na bearta agus seirbhísí tacaíochta san áit chun rannpháirtíocht an Lucht Siúil a dhéanamh ag gach leibhéal den chóras oideachais a chomhordú. Foilsíodh tuarascáil measúnú náisiúnta ar N-ionraí don Lucht Siúil.

Ar bhonn náisiúnta, soláthraíonn an Roinn leanúnachas de sholáthar don Lucht Siúil ó naíonraí go dtí oideachas tríú leibhéal, ag cur na mbearta áirithe seo a leanas san áireamh: 52 Naíonraí don Lucht Siúil; 520 Múinteoirí Áise don Lucht Siúil agus deontas caipitlíocha feabhsaithe do dhaltaí an Lucht Siúil cláraithe sna bhunscoileanna; acmhainní múinteoireachta bhreise agus deontas caipitlíocha feabhsaithe don Lucht Siúil cláraithe ag leibhéal iar-bhunscoile; 40 Múinteoir Cuairte don Lucht Siúil a

chuimsíonn gach leibhéal d'oideachas; 4 Ionaid Oideachas Shóisearaigh a fhreastalaíonn ar leanaí an Lucht Siúil ag aois 12 go 15 bliana; Ionaid Sinsearacha Traenála don Lucht Siúil a sholáthraíonn clár d'oideachas ginearálta, traenáil ceirde agus taithí oibre don Lucht Siúil sa ghrúpa aoise 15+; agus Oifigigh Oideachais Náisiúnta don Lucht Siúil go, *inter alia*, n-aithníonn riachtanaí den Lucht Siúil agus iad a chabhrú chun phleanáil an soláthar oideachais.

Ní foláir do scoileanna sa cheapadh agus athdhéanamh Pleananna Scoile grúpaí mionlach mar an Lucht Siúil a dhearbhú. Tá an riachtanach seo curtha in iúl sa leabhrán darbh ainm "Scoileanna agus an t-Acht um Stádas Chomhionann" a chuireadh ar bun i Meán Fómhar 2003. Ullmhaíodh an leabhrán chun cabhair a thabhairt do scoileanna a oibleagáidí a shroich faoin Acht..

Ionad a fháil sna Bunscoileanna
Bhí beagnach 6,000 leanbh an lucht siúil sa bhunscoileanna i 2003. Beidh an Straitéis Oideachas don Lucht Siúil nua ag cur na ceiste d'ionaid oiriúnach do gach baill den Lucht Siúil sa Bhunscoileanna idir lámha.

Ráta aistrithe don Oideachas Iar-bhunscoile
Bhí ionann agus 2000 leanaí den Lucht Siúil ar sprioc an Chláir Críochnú Scoile i 2003 agus tiocfaidh an bealach imeasctha chun fágáil na scoile luaithe i ngleic maidir le leanaí an Lucht Siúil go háirithe.

Bhí an aistriú go dtí an iar-bhunscoileanna 85 faoin gcéad i 2003. Tá ionann agus 1,700 daltaí an Lucht Siúil sa scoileanna lár faoi láthair as líon de 4,000 agus is féidir i.e. 40 faoin gcéad de gach daltaí den Lucht Siúil ag aois na hiar-bhunscoile. Lena theannta sin, tá níos mó ná 900 sa Ionaid Traenála Sinsearacha don Lucht Siúil agus níos mó ná 200 sa *Youthreach*. Fágann an tromlach de leanaí an Lucht Siúil scoil príomh líne sula an Teastas Shóisearaigh a chríochnú.

Rannpháirtíocht san Oideachas Tríú Leibhéal
Taispeánann sonraí deireanach ón Phríomh-Oifig Staidrimh go bhfuil cáilíochtaí tríú leibhéal ag 1.4 faoin gcéad den lucht siúil thar 15 bliana d'aois.

(iii) Sláinte

Laghdú an bearna i Tnúthán Saoil
Bunaíodh Grúpa Staidéir ag cur le chéile baill ón Grúpa Oibre Eitice, Taighde agus Eolas den Lucht Siúil agus baill ó eagraíochtaí reachtúla agus neamh-reachtúla bainteach i dTuaisceart na hÉireann chun Staidéar Sláinte den Lucht Siúil na hÉireann go léir a chur ar aghaidh. Bhí an staidéar ceaptha ag an Institiúid um Sláinte Poiblí na hÉireann i gcomhairle le hionann agus 400 coimeádaí geallta ar fud na tíre. Tá an Roinn Sláinte agus Leanaí faoi láthair ag ullmhú Tairiscint a Lorg le haghaidh an staidéir a bheith ag súil tosú luath i 2005. Soláthróidh an staidéar sonraí náisiúnta maidir leis an sprioc.

Straitéis Sláinte don Lucht Siúil
Ghlac an Roinn Sláinte agus Leanaí, i gcomhairle leis an Grúpa Comhairleach Sláinte den Lucht Siúil, agus/nó chríochnaigh siad na gníomhartha áirithe seo a leanas san Straitéis:

- Tá Pleananna Gníomhaíochtaí Réigiúnacha forbartha chun an Straitéis a chur i bhfeidhm ag an Údarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir/boird sláinte ina limistéar agus tá tosaíocht an cur i bhfeidhm i 2004 aitheanta;
- Comharthaíodh gach Bord Sláinte Comhordaitheoir Réigiúnach Sláinte don Lucht Siúil le freagrachtaí ar shláinte an Lucht Siúil;
- Tá traenáil ar meabhraíocht cultúrtha á sholáthar don fhoireann i ngach boird sláinte;
- Tá tionscnaimh Bun Cúram Sláinte don Lucht Siúil bunaithe i ngach boird sláinte;
- Bunaíodh an Roinn Sláinte agus Leanaí, in

éineacht leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil comh-choiste chun ábhar bainteach leis na Roinne araon a scrúdú;

- Bunaíodh Grúpa Oibre ar Eitic, Taighde, Eolas den Lucht Siúil agus buaileadh le chéile go minic chun iarratais ar thaighde ar sláinte den Lucht Siúil a mheas le haghaidh ceadú eiticiúil;
- Bunaíodh foghrúpa den Grúpa Oibre ar Eitic, Taighde, Eolas den Lucht Siúil chun cur I bhfeidhm an ceist a aithníonn cine ar an Córas Ospidéil um Fiosrú Othar Istigh/Perinatal a chur ar aghaidh sna hospidéil Tamhlacht agus Rotunda; tosaíodh an tionscnamh in Ospidéal Tamhlacht in Iúil 2004;
- Chríochnaigh an Roinn, i gcomhairle leis an Coiste Comhairleach Sláinte den Lucht Siúil, athbhreithniú den fheidhmiúchán den Aonad Sláinte den Lucht Siúil i ngach boird sláinte; agus
- Tá an Lucht Siúil agus eagraíochtaí den Lucht Siúil bainteach chun tosaíochta sláinte a leagadh amach le haghaidh an phobail agus i measc cinnidh ar leathnú na acmhainní tríd ballaíocht na n-Aonad Sláinte den Lucht Siúil sna boird sláinte;

Príomh-Tionscnamh Cúram Sláinte
Ó 1994, tá Pavee Point ag cabhrú in éineacht leis Bord Sláinte an Oirthir bun-tionscnamh cúram sláinte don Lucht Siúil. Is cuid den thionscnamh seo Mná an Lucht Siúil a traenáil chun obair mar oibrithe den cúram sláinte sna pobail féin. Tá grúpaí tacaíochta don Lucht Siúil ag baint úsáide as an modh seo ar fud na tíre. Soláthraíonn an bord Sláinte traenáil agus na teagascóirí agus soláthraíonn FÁS liúntas traenála. I Meitheamh 2003 bhí iomlán de 23 tionscnamh le 183 rannpháirtí san Réamh-Traenáil agus 60 san Traenáil Sláinte. Chríochnaigh na tionscnaimh le hiomlán de 113 rannpháirtithe ag críochnú na traenála, 41 den dream fostaithe anois.

(iv) Tithíocht/Lóistín

Soláthar Lóistín
Ag deireadh 2003 bhí iomlán de 1,369 teaghlaigh breise soláthraithe le, nó cabhair a thabhairt ar sholáthar de, lóistín trí an chláir lóistín don Lucht Siúil cúig bliana an údaráis áitiúil. Bhí 419 teaghlaigh níos lú ar suímh neamh-ceadaithe ná mar a bhí ar na suímh seo ag ús an chláir i 2000. Laghdaíodh an líon de theaghlaigh ar suímh neamh-ceadaithe go 788 ó 1207.

Cuirtear an cuid lóistín don Lucht Siúil den tionscnamh speisialta tithíochta agus lóistín faoi Feabhas Cothaitheach ar aghaidh tríd an athbhreithniú an feidhmiú den Acht Tithíocht (Lóistín don Lucht Siúil) 1998. Chríochnaigh an Coiste Comhairleach Náisiúnta ar Lóistín don Lucht Siúil ar a iarraidh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta, agus Rialtais Áitiúil chun comhairle a lorg ar fheidhmiú an Acht, a athbhreithniú den Acht, le linn na constaicí ar chur i bhfeidhm na cláir lóistín don Lucht Siúil den údarás áitiúil a scrúdú. Tá gach aon dealramh go mbeidh freagraí ar na moltaí curtha san áireamh san tuarascáil á fháil ag dáta luath.

Tá údaráis áitiúla ag ullmhú cláir lóistín don Lucht Siúil a leanann an ceann cúig bliana reatha a bheidh istigh ag deireadh na bliana seo. Clúdóidh na cláir nua seo an tréimhse 2005 go 2008. D'fhonn is béim athnua ar dhul chun cinn de sholáthar lóistín le haghaidh an Lucht Siúil a chabhrú, is gá don údarás áitiúil spriocanna bliantúla a chur san áireamh ar líon agus saghas lóistín le sholáthar le haghaidh gach bliana den chlár. Lena theannta sin, soláthraíonn an scéim tomhas déanaimh a bhí tosaithe le haghaidh an údaráis áitiúil go mbeidh an déanamh oibre de údaráis áitiúil maidir le lóistín don Lucht Siúil á thomhas in aghaidh spriocanna áirithe leagtha amach le haghaidh cur i bhfeidhm an chláir.

Bunaíodh Grúpa ar Leibhéal Ard faoi choimirce an Coiste Comh-Aireachta ar Chuimsitheach Shóisialta, le suim chun a chinntiú go leagann na heagraíochtaí reachtúla bainteach le réimse lán de sheirbhísí don Lucht Siúil béim ar sheachadadh láithreach agus praiticiúil de na seirbhísí sin, ag cur lóistín san áireamh. Tosaíodh an grúpa sin atá faoi chathaoirleach na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí na hábhair bainteach a mheas.

Caiteachas ar lóistín don Lucht Siúil 2003/2004
Tá an Lucht Siúil soláthraithe le lóistín tríd an chláir tithíochta den údarás áitiúil chomh maith le soláthar de lóistín nua agus maisithe áirithe don Lucht Siúil. I 2003, caitheadh iomlán de €29 milliúin ar an soláthar de lóistín áirithe don Lucht Siúil, méadaíodh an t-airgead a dháileadh le trian go €40 milliúin le haghaidh 2004. Tá sé mar aon leis an costais de sholáthar tithíocht caighdeánach a chuirtear ar fáil do theaghlaigh an Lucht Siúil agus atá maoinithe faoin chlár tithíochta an údaráis áitiúil. Tá gach aon dealramh go leanfaidh an soláthar de lóistín méadaithe sna blianta beaga anuas agus an laghdú ar líon de theaghlaigh an Lucht Siúil i fos longfort neamh-ceadaithe.

4.9 PRIOSÚNAIGH AGUS ATH-PHRIOSÚNAIGH

(i) Bainistíocht Dearfacha Breithe

Forbraíodh bainistíocht dearfacha breithe (BDB) mar fhoinse le haghaidh imeascfaidh éifeachtacht agus chun na seirbhísí agus cláir go léir ceaptha chun riachtanaí éagsúla agus casta na ciontóirí a shroich a chomhordú. Is gné thábhachtach é den leathnú an BDB ná an thógáil de chomhaontú agus chomhpháirtíocht leis an phobal go léir agus bealach comhordaithe i leith cóireáil druga, oideachas, traenáil ceirde, agus cláir ilraonach –ag cur san áireamh cláir iompair ciontóra-a sheachadadh. Is ceann é i measc na haidhmeanna corparáideacha de Sheirbhís Phríosúin na hÉireann ná na comh pháirtíochta cuí a fhorbairt le heagraíochtaí sa phobail mór. Cuireann gach phríosúin agus áiteanna coimeádta tascanna agus gníomhaíochtaí ag an am seo sa Plean Gnó áitiúil.

Bunaíodh Grúpa Forleithne ar BDB ag an Seirbhís Phríosúin na hÉireann chun tuarascáil a fhoilsiú, ag cur san áireamh téarmaí tagartha le haghaidh an bunú de BDB, modh measúnú agus aon riachtanaí nua-theicneolaíochta & srl, a ullmhú. Tá an obair seo á dhéanamh in éineacht le heagraíochtaí seirbhíse bainteach laistigh an Córas Breitheamh Coiriúil, eagraíochtaí amuigh an chórais agus príosúnaigh, agus atá ar na céimeanna deireanacha le chríochnú. Baineann na chéad céimeanna eile cur i láthair den tuarascáil an Grúpa Forleithne don Stiúrthóir Ghinearálta den Sheirbhís Phríosúin na hÉireann, an Bord Sealadach d'Údarás Phríosúin agus don Aire.

Bhí tuarascáil den Fóram Náisiúnta Sóisialta agus Eacnamaíochta ar an "Athshlánú de Phríosúnaigh", a fhoilsíodh in Eanáir 2002, ullmhaithe ag an FNSE *"ar inchuranna ar mheasúnú polasaí agus am cur ar aghaidh d'athraithe tábhachtacha atá tosaithe ag an Rialtas in ár gcóras phríosúin, le tagairtí áirithe don Chóras Phríosúin, an Seirbhís Phromhaidh agus Leasa, agus an Bord Parúl"* (sliocht ón Réamhrá den Tuairisc). Tá an béim lárnach den Tuarascáil ar na constaicí ar pholasaí a cur i bhfeidhm agus an riachtanas bainteach le haghaidh foinsí nó modhanna athshlánaithe, sprioctha, agus dírithe níos mó chun a chinntiú go n-athshlánaigh príosúnaigh ar ais ar an tsochaí i slí níos éifeachtaí.

Bunaíodh an Grúpa Comhordaithe ar Athshlánú Ciontóirí (GCAC) agus buaileadh le cheile I Nollaig 2002, faoin chathaoir an Rúnaí Cúnta ón cuid Comhionannas den Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannas, agus Athchóirithe Dlí, chun an athshlánú de chiontóirí a chur ar siúl. Cuimsíonn an

Grúpa d'oifigigh sinsearacha óna Roinne agus eagraíochtaí reachtúla eile aitheanta sa Tuarascáil FNSE mar eagraíochtaí a bhaineann ról amach ar a dul chun cinn an cur i gcrích. Tá an Grúpa ag baint úsáide as an taithí atá ag meithle oibre pobail agus deonacha ag déileáil leis na hábhair ardaithe ag an Tuairisc. Tá Plean Oibre aontaithe le haghaidh gníomhaíochtaí an Grúpa agus an cúig cruinnithe iomláin a thionóladh chun dáta. Chuir an FNSE sásamh in iúl le bunú den Grúpa sin atá ag sroicheadh na téarmaí de mholtaí na Tuairisce maidir le bunú suas an Grúpa náisiúnta Athshlánú.

Bhain an GCAC tionchar amach ar dhul chun cinn líon de mholtaí an FNSE go háirithe ar réimse lóistín iar-scaoileadh na bpríosúnaigh agus an modh a leanann ath-phríosúnaigh chun sochair leasa a baint amach a shruthlíne. Tá na hathraithe dearfacha is suntasaí ná mar atá seo a leanas:

- D'aontaigh an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil go:
    - mbeidh an céad ag príosúnaigh iarratas a chur isteach ar an liosta tithíochta shóisialta an údarás áitiúil naoi mhí tar éis a bhreith a chríochnú nó dátaí scaoileadh cuí;
    - go mbá ghá don údaráis áitiúil riachtanaí tithíochta phríosúnaigh a thuiscint sna athbhreithnithe de na straitéisí tithíochta; agus
    - beidh príosúnaigh ar athchur nó breith ghearr in ann a tionóntacht den údarás áitiúil a choimeád fad is atá siad á choimeád ach a dhaingniú de réir meas an bhainistíocht eastáit.
- Sholáthair an R/GS&T go mbeidh príosúnaigh ar athchur nó ar bhreith ghearr forlíonadh cíos a fháil ar feadh 13 seachtaine ar an uasmhéid. Cabhróidh an athrú sin (a theacht chun fheidhmiú ó 31 Eanáir 2004) chun lóistín príobháideach ar cíos a chaomhnú agus féidearthacht a bheith gan dídean a sheachaint fad is ata siad á choimeád. Lena theannta sin, is féidir an am ar choimeád a chomhaireamh i leataobh an tréimhse cáilithe sé mhí ar an bhealach don fhorlíonadh cíos.

I Meitheamh 2004, chuir an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh treoir eolais d'ath-chiontóirí ar bun darbh ainm *'Cad atá le déanamh – rudaí úsáideacha a chur ar d'eolas roimh agus tar éis do scaoileadh.'* Bailíonn an treoir seo eolas teagmhála tábhachtach ar réimse d'ábhair mar an leasa shóisialach, tithíocht, sláinte, oideachas agus traenáil, ábhair dlí agus bainistíocht airgid le chéile. Leanann an tionscnamh seo ó cheann de na moltaí áirithe den tuarascáil FNSE a d'fheadfadh *'leabhrán iomlán d'eolas ar roghanna príosúnaigh ar an phríosúin a fhágáil a fhoilsiú.'*

(ii) Fostaíocht

Seirbhísí FÁS do príosúnaithe agus iar-phríosúnaithe agus Daoine Óga i mbaol
Comhoibríonn FÁS agus an Seirbhís Phromhaidh agus Leasa ar roinnt tionscnaimh darbh ainm Ceardlanna Ceartas, áit a sholáthraíonn an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannas agus Athchóirithe Dlí maoiniú substaintiúil tríd an Seirbhís Phromhaidh agus Leasa agus go n-íocann FÁS an liúntas traenála. Tá na ceardlanna seo a bunaíodh do dhaoine óga i mbaol, ciontóirí agus iar-chiontóirí, faoi stiúradh agus riartha Coistí Bainistíochta, i gcomhpháirtí leis an Seirbhís Phromhaidh agus Leasa. Is é aidhm na ceardlanna seo ná cosc a chuir ar pianbhreith coimeádach, athshlánú a dhéanamh ar iar-chiontóirí agus deis a thabhairt dóibh teacht ar oideachas agus ar an margadh saothair. Tá 13 tionscadal mar seo á n-eagrú ag an Seirbhís Phromhaidh agus Leasa i gcomhpháirtíocht FÁS agus na Coistí Gairmoideachais. Tá na 41 Ionad Traenála Pobail (ITP) FÁS ar fad oscailte do na hógánaigh i mbaol a ghlacann leis atá curtha faoi bhráid FÁS ag an

Seirbhís Phromhaidh agus Leasa agus iar-phríosúnaithe. Ag am ar beith sna ITP FÁS agus na Ceardlanna Ceartas bheadh uimhir áirithe iar-phríosúnaithe ná mbeadh aitheanta mar seo. Tugann FÁS tacaíocht do 40 Tionscadal Clár Garda Atreorú Ógánaigh in áiteanna áirithe.

Tugann foireann FÁS cuairt ar príosúin roimh scaoileadh príosúnaithe chun labhairt faoi réimse seirbhísí FÁS atá ar fáil don grúpa sin. Tá naisc neamh-fhoirmiúil forbartha idir FÁS agus oifigí Traenála agus Oideachais ón Chláir LINKAGE. Mar thoradh ar seo tá tionscnaimh nua á n-eagrú sna dúichí sin. Faoi láthair tá FÁS agus an tSeirbhís Phromhaidh agus Leasa ag féachaint ar modhanna éagsúla chun na naisc seo a dhaingniú agus na seirbhísí do iar-chiontóirí a fheabhsú roimh agus i ndiaidh iad a scaoileadh ón bpríosúin.

Tá tionscnaimh phíolótach eile don grúpa seo tarlaithe chéanna féin i bpáirt leis an Comhpháirtíocht Réigiúnda, Fórsa Tásca Drugaí agus Seirbhísí Fostaíochta Áitiúla.

(iii) Oideachas/Traenáil/Saothair/Slánú

I rith na bliana 2004 tá súil leis an Seirbhís Príosúin na hÉireann rannpháirtíocht iad san i gcoimeád dleathach oideachas a choimeád comh cóngarach agus is féidir do 50 faoin gcéad. Chun tabhairt faoi leibhéal litearthacht olc na phríosúnaithe, tá Seirbhís Príosúin na hÉireann ag forbairt straitéis SERVICE-WIDE chun moltaí 'Suirbhé Litearthacht Aosach Phríosúin – Torthaí agus Impleachtaí' a chur i gcrích. Léirigh an t-Suirbhé is deireanaí a foilsíodh i mí Meán Fhómhar 2003 go raibh 52 faoin gcéad de líon na phríosúnaithe ag leibhéal litearthacht 1 nó réamh-leibhéal 1. Sé sin le rá, go raibh dhá oiread níos mó príosúnaithe ar an leibhéal is ísle i gcomparáid leis an daonra ginearálta. I mí Aibreáin 2003 fhoilsigh an tSeirbhís Phríosúin na hÉireann Tuarascáil Curriculum Grúpa Léirmheasa agus beidh forbairt á dhéanamh ar moltaí ar conas dul i gcomhairle réimse geallsealbhóirí eile ar an forbairt curriculum.

Tá Regimes Directorate an Seirbhís Phríosúin na hÉireann ag déanamh athbhreithniú inmheánach ar sholáthar Obair/Traenáil na príosúin ionas go mbeadh siad in ann plean ghníomhachtaí a dréachta.

4.10 Áiteanna buailte ag Eisiamh – Bochtaineacht Cathrach agus Míbhuntáisteach Tuaithe

Déanann NAP/Cuimsitheacht tagairt ar an cuspóir chun tabhairt faoi eisiamh sóisialta cathrach trí, *inter alia*, pobail inmharthana buan a thógaint, feabhas a chuir ar shaol daoine ina gcónaí in áiteanna cathrach lochta agus tógáil caipiteal sóisialta agus straitéis úinéireacht phobail. Chun tabhairt faoi bochtaineacht agus eisiamh sóisialta tuaithe caithfear ioncaim leordhóthaineach a sholáthair trí fostaíocht agus seirbhísí tacaíochta, in éineacht le teacht ar sheirbhísí agus bonneagar, agus cumhachtú an phobal áitiúil.

(i) Clár Forbairt Pobail

Sé aidhm an Clár Forbairt Pobail ná dul i gcoinne eisiamh sóisialta trí daoine a thabhairt isteach, go háirithe na daoine atá faoi mhíbhuntáiste, chun athruithe a dhéanamh dá bpobal fhéin a feiceann siad a bhfuil tábhachtach agus a n-úsáideann agus a dhéanann forbairt ar a scileanna, eolas agus taithí féin.

Soláthraíonn an Clár, atá á rith ag an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, maoiniú ar bhunús ilbhliantúil, do gréasán 175 ionadaí forbairt acmhainní agus tionscnaimh i bpobail atá eisiamh sóisialta i bhfeidhm. Clúdaíonn an airgeadú seo príomh chostais ar nós foireann agus forchostais. Tá thart ar €20.6m leagtha amach don gclár sa bhliain 2004.

Soláthraíonn tionscnaimh áiseanna ar nós seomraí cruinnithe, naíolanna, aiseanna oifige agus traenála nó tionscnaimh oideachais chun riachtanais na grúpaí mí-bhuntáisteach atá ina pobail féin a comhlíonadh. Las tigh den Clár tá grúpaí a bhíonn mar acmhainn do obair forbairt pobail le grúpaí áirithe ar nós an lucht siúil, tuismitheoirí aonair, agus daoine le mí-chumas.

Dul chun cinn go dáta

De réir geall Partnership 2000 chun 30 réigiúin tosaíochta a chur sa Clár Forbairt Pobail, tugadh airgeadú do 15 tionscnaimh forbairt pobail nua ó mí Meán Fhómhair 2003. Nuair a bhíodar ag roghnú na tionscnaimh nua a cheart airgeadú, tugadh tosaíocht do na háiteanna ba mhó gá, go háirithe ag déanamh tagairt ar áiteanna RAPID agus CLÁR.

(ii) Pobail Tuaithe – Clár CLÁR

Dhírigh an clár athghiniúna CLÁR ar réigiúin le laghdú daonra áirithe, déanann sé foinsí airgeadais poiblí agus príobháideacha atá ann faoi láthair a chomhordú agus cuireann sé airgeadú spreagthacht breise do sholáthair bonneagair eacnamaíochta ar scála beag agus bonneagar shóisialta. Cabhraíonn sé seo le pobail áitiúla fadhbanna áitiúla a réiteach agus teacht ar réimse seirbhísí riachtanach ar nós soláthar uisce, diúscartha séarachas, ROAD ACCESS, cumarsáid leathanbhanda agus bonneagair eile pobail agus eacnamaíochta.

Tá na réigiúin go ndírigh an clár CLÁR orthu fós ag baint leas ón cabhair a fuaireadar faoi réimse bearta oibrithe.Tá na réigiúin lonnaithe i gContaetha An Chabhán, An Cláir, Corcaigh, Dún na nGall, Gaillimh, Ciarraí, Luimneach, Longfort, An Lú, Maigh-Eo, An Mhí, Muineachán, Ros Comáin, Sligeach, Tiobraid Árann, Port Láirge, An Iarmhí agus ar fud Contae Liatroma ar fad.

Tá cuid mhaith bearta tugtha isteach chun tacaíochta a thabhairt chun fostaíocht a chothú agus b'fhéidir fostaíocht a chruthú. San áireamh tá: Iompú an BSL ó Single Phase go leictreachas 3Phase do comhlachtaí beaga, soláthair leathanbhanda agus Idirlín gan sreang go háiteanna difriúla, agus maoiniú do líonraí snáthoptaic a bheith i bailte áirithe.

Tá maoiniú curtha ar fáil –le cabhair An Roinn Sláinte agus Leanaí agus na Boird Sláinte do thionscnaimh sláinte móra agus beaga chun seirbhísí sláinte a fheabhsú sna réigiúin roghnaithe.

Tá cabhair tugtha ag An Roinn Oideachas agus Eolaíochta chun feabhsú a dhéanamh ar áiseanna imeartha faoin aer sna bunscoileanna, agus airgeadú tugtha ag An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil do sholáthar soilse sábhála geala ómra do scoileanna.

Chun feabhas a chuir ar seirbhísí tithíochta do daoine ina gcónaí faoin dtuath, tá An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil ag maoiniú soláthair uisce níos fearr agus áiseanna ar na eastáit tithíochta údaráis áitiúla. Soláthraíonn CLÁR airgeadú 100 faoin gcéad do road access feabhsaithe do foirgnimh tuatha.

(iii) Fostaíocht

Tacaíocht Fostaíochta do Pobail Tuaithe

Tá An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta ag déanamh fóirdheontas ar costas comhordaitheoir ón gCoiste Forbairt Pobail ar feadh tréimhse bliana ó mí Iúil 2004. Oibreoidh an comhordaitheoir, a bheidh fostaithe ag Clár Comhar LEADER na hÉireann, leis an earnáil táirgeadh bia beaga in aitheantas an féidearthacht atá san earnáil mar fhoinse fostaíochta ag leibhéal áitiúil.

Sa bhliain 2003 cheadaigh an Coimisiúin Forbairt an Iarthar, €5.7 milliúin i bhfoirm iasachtaí nó maoiniú do 27 tionscnaimh. Tá an féidearthacht ann go ndéanfaidh na tionscnaimh ceadaithe sa bhliain

2003 níos mó ná 700 post a chruthú nó a chothú. Tá an leibhéal seo gníomhaireacht le leanúint i 2004/2005.

(iv) Sláinte

Tionscnaimh Cúram Sláinte Príomha a Chur I bhfeidhm

Tá seacht as an deich tionscnaimh cúram sláinte príomha ceadaithe faoin Straitéis Cúram Príomha in áiteanna tuaithe m.sh. Bangor Iorrais/Béal an Mhuirthid Co. Mhaigh Eo; An Chathair, Co. Thiobraid Árann; An Daingean, Co. Chiarraí; Lífear, Co. Dhún na nGall; Cúil an tSúdaire, Co. Laoise; Virginia, Co. An Chabhán; Iarthar Co. Luimnigh. Tá siad seo ag soláthar seirbhís i líne leis an sampla cúram sláinte príomha il-ábharach leagtha síos i Straitéis Cúram Príomha Sláinte: *'Cúram Príomha: Treo Nua*'.

Tógáil Pobail Sláintiúla

Tá dhá Chlár Tógáil Pobail Sláintiúla as trí atá á maoiniú ag An Roinn Sláinte agus Leanaí i 2004 Ionnaithe sna tuatha i.e. Lífear agus An Daingean, áit atá siad comhcheangailte le tionscnaimh cur i bhfeidhm Cúram Sláinte Príomha. Tá fócas faoi leith ag Clár Tógáil Pobail Sláintiúla ar mhodhanna forbairt pobail chun neamhionannais sláinte a laghdú.

Comharchumainn Cleachtadh Ginearálta Lasmuigh de Gnáth Uaireanta Chloig

Tá na Comharchumainn Cleachtadh Ginearálta (CG) Lasmuigh de Gnáth Uaireanta Chloig mar cloch choirnéil an doiciméid Straitéis Cúram Sláinte Príomha. Tá comharchumainn Ionnaithe in áit éigin do 23 contae. D'iarr An Roinn Sláinte agus Leanaí ar na Boird Sláinte tionscnaimh a fhorbairt chun oibriú foirne il-ábharach a chur i bhfeidhm ar bhunús níos leithne. Bhí maoiniú €1.5 milliúin ceadaithe do tionscnaimh i 2003 a dhruideann i dtreo an cuspóir seo. Leanfar leis an gClár chun gréasán comharchumainn CG 24 huair a chloig a leathnú.

(v) Feabhas Áiseanna Iompair don Phobal Tuaithe

Tá Tionscnamh Iompair Tuaithe (TIT) ag gníomhú ón bhliain 2002 chun airgeadú a sholáthar ar bhunús píolóta do eagraíochtaí pobail agus comhpháirtíochta pobail agus chun tabhairt faoi riachtanais iompair a gceantar tuaithe féin trí soláthar gníomhach na seirbhísí iompair sin. Is ADM atá ag bainistiú an TIT ar shon An Roinn Iompair.

Bhí na tríocha ceathair grúpa iompair tuaithe maoinithe faoin TIT ag gníomhú roimh Iúil 2003, faoin am sin bhí 1800 seirbhís iompair ag gníomhú ar timpeall 300 bealach nua, agus bhí thart ar 13,000 duine á n-iompair gach mí. Faoi láthair tá timpeall 2,500 seirbhís iompair á sholáthar ar 380 bealach nua agus thart ar 20,000 duine gach mí ag úsáid an seirbhís TIT.

Cé go raibh €4.4 milliúin curtha in áirithe don TIT sa Phlean Forbartha Náisiúnta, tá €6 milliúin á sholáthar ag An Roinn Iompair don tionscnamh sa tréimhse dhá bhliain dar críoch Nollaig 2003 agus tá soláthair don TIT €3.0 milliúin in airgeadú breise sa bhliain 2004.

Tá soláthair seirbhísí iompair do na seanóirí agus daoine nach bhfuil cumas gluaiste ró-mhaith acu mar príomh ghné an TIT. Tá cuid maith de na seirbhísí doras go dorais á feidhmiú le feithiclí insroichte a oibríonn go maith leis na seirbhísí atá sceidealta chéanna féin. Tá An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh tar éis an Scéim Iompar Saor In Aisce a leathnú go dtí an TIT i mhí Iúil 2003 agus cuireadh €400,000 ar fáil don tionscnamh taisteal saor sa bhliain sin. Tuigtear go mbeidh €500,000 á sholáthar mar chúnamh costas an taisteal saor an TIT a chlúdach i 2004.

Ar dtús bhí an TIT le críochnú ag deireadh 2003 ach tugadh níos faide dó chun a thuilleadh taithí praiticiúil a ghineadh ó sholáthar seirbhísí iompair

tuaithe. Tar éis moltaí athbhreithniú cuimsitheach ar an tionscnamh, fógraíodh síneadh ama an TIT go dtí 2006 le déanaí.

(vi) Teacht ar Seirbhísí ag Cónaithe Tuaithe Forbairt Pobail

Tá soláthair €3.09 milliúin ceadaithe sa meastacháin leasaithe 2004 An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta chun comhordú struchtúir forbartha áitiúla agus pobail a fheabhsú.

Mar chuid don chomh-tionscnamh idir An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, an Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta agus An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus i ndiaidh Cinneadh Rialtais in Eanáir 2004, d'iarraidh ar na Grúpaí Forbairt Pobail moltaí a dhéanamh faoi choimirce na Boird Forbartha Contae/Cathracha (BFC) agus Údarás na Gaeltachta leis an aidhm soláthair seirbhísí áitiúla agus pobail a chomhtháthú níos fearr. Fuair agus scrúdaigh meastóirí neamhspleách moltaí ó 31 BFC. Bhí na moltaí seo an-dhírithe socruithe faoi láthair ar acmhainní, foirne agus clúdach tíreolaíocht. Ceadaíodh maoiniú do mholadh an BFC an Fhionn Geal. Cé go raibh smaointe an-mhaithe eile molta ag BFC eile, d'iarradh orthu fócas níos mó a thabhairt ar socruithe faoi láthair agus a moltaí a chuir isteach arís i mí Meán Fhómhair. Tá súil leis na pleananna úra seo a mheas go tapaigh.

(vii) Sábháilteacht Poiblí agus Cosc Coireachta

Cláir Atreorú Ógánaigh agus Scéimeanna Athbhunú: Clár Garda Atreorú Ógánaigh
Soláthraíonn an Clár Atreorú Ógánaigh deis ciontóirí óga a atreorú ó gníomhartha coiriúla. Feidhmíonn sé faoi maoirseacht agus treorú Oifig Garda Náisiúnta Ógánach, Harcourt Sq i mBaile Átha Cliath agus tá sé curtha i bhfeidhm i ngach Rannóg Garda ag 85 Garda le traenáil speisialta dár teideal Oifigeach Tadhaill Ógánaigh.

Is slí éifeachtach atreorú faoi Clár Garda Atreorú Ógánach le déileáil le ciontóirí óga. De réir sonraí tagartha an Clár seo, siad na príomh chiontaí, in ord ísleacht de réir tarlú, goid, buirgléireachta le damáiste cóiriúil (creachadóireacht), ciontaí bainteach le halcól, ciontaí feithicil agus ciontaí riail poiblí. Go pointe, is iad na ciontaí céanna beagnach a dhéanann ciontóirí óga agus na daoine fásta.

Nuair a braitear ar ciontóirí óga is féidir iad a ionchúiseamh nó atreorú a dhéanamh orthu ón ionchúiseamh faoi Clár Garda Atreorú Ógánach trí rabhadh a thabhairt dóibh nó cinneadh a dhéanamh nach bhfuil a thuilleadh cúis ann dul níos faide leis. Bíonn nach mór dhá chás as trí faoin Clár ag déileáil le rabhadh seachas ionchúiseamh. Bíonn cinneadh ar cheart ionchúiseamh dhéanamh ar bhunús admháil briseadh dlí, an saghas coiriúil a bhí i gceist agus stair coiriúil an Ógánach. Ar an meán, is ionann beagnach 12 faoin gcéad na daoine ionchúisithe agus ciontach agus an figiúir iomlán a ciontaíodh.

Cuireann Cuid 4 Um Acht Leanaí 2001 An Clár Garda Atreorú Ógánach ar bhunús reachtúil agus cuireann sé mar gnéithe nua, rabhadh agus comhdháil ionshláinteach san áireamh. Tá ar a laghad 60 uair a choilg traenáil idirghabháil i gceist do Oifigeach Tadhaill Ógánaigh chun na rabhadh agus comhdháil ionshláinteacha a chur i gcrích. Freisin, faoin Acht, ardaíodh an teorainn aoise rannpháirtíochta an Clár ó 17 go 18 bliana d'aois.

Tionscadail Garda Atreorú Ógánach
Is tionscnaimh ilgníomhaireachta cosc coiriúla le bunús pobail na Tionscadail Garda Atreorú Ógánaigh. Ta seasca ceathair tionscadal ag freastal ar 2,500 rannpháirtithe gach bhliain, maoinithe ag An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí agus atá riartha ag An Rannóg Caidrimh Pobail na Garda Síochána. Roghnaítear na réigiúin agus daoine do na Tionscadail Garda Atreorú Ógánaigh de réir fachtóirí riosca ciontú cáilithe go hidirnáisiúntaithe a

bhfuil tagairtí stádas eacnamaíocht-sóisialta agus gnóthú oideachais.

Is tomhas inláimsithe cosc coiriúla na tionscadail seo agus a léiríonn cur i bhfeidhm na comhpháirtíochta ilgníomhaireachta chun tabhairt faoi coir agus iompair frithshóisialta ag leibhéal pobail. I measc na ndaoine ag reáchtáil na tionscadail tá na Gardaí Síochána, Seirbhís Phromhaidh agus Leasa, eagraíochtaí óige, grúpaí reachtúil agus deonacha agus ionadaithe pobail áitiúla. Tríd meascán de cláir idirghabháil agus bacadh, tá Tionscadail Garda Atreorú Ógánaigh ag iarraidh:

(1) Coir a bhacadh trí comhoibriú pobail agus ilgníomhaireachta agus caighdeán saoil a feabhsú leis an pobal;

(2) Daoine óga a treorú gan bheith páirteach in iompair coiriúil/frithshóisialta;

(3) Ghníomhachtaí oiriúnacha a sholáthar chun forbairt pearsanta ceadú agus freagrachtaí sibhialta a spreagadh ;

(4) Tacaíocht a thabhairt agus Caidrimh Garda/pobail a fheabhsú.

Tá rannpháirtíocht deonach i gceist leis na Tionscadail Garda Atreorú Ógánaigh. Is daoine óga an príomh sprioc ghrúpa, atá mar tromlach na rannpháirtithe an Clár Garda Atreorú Ógánaigh agus atá i mbaol fanacht laistigh den córas dleathach. Sa dara sprioc ghrúpa tá daoine óga nach bhfuil rabhadh oifigiúil faighte acu, ach go bhfuil tar éis aird na Gardaí, an pobail nó gníomhaireachta áitiúla a tharraingt orthu trí a n-iompair agus atá i mbaol dul sa chóras dleathach sna todhchaí. Tá líon na rannpháirtithe i ngach tionscadal éagsúlach de réir cás agus acmhainní. Tá an fócas dírithe ar caighdeán oibre/idirghabháil in ionad líon rannpháirtithe.

Sa bhliain 2001 bhí an Institiúid Teicneolaíochta Baile Átha Cliath údaraithe ag An Roinn chun treoirlíne forleathan do bhunú, bainistíocht agus riaracháin na tionscadail. Seoladh na treoirlíne i mí Bealtaine 2003. Bhunaigh ceann de na moltaí iniata ansin Coiste Comhairleach Náisiúnta. Beidh an Coiste, a bhuail le chéile ar dtús i mí Feabhra 2004, ag déileáil le ceisteanna tugtha faoina bráid ó comhordaitheoirí tionscadail, eagraíochtaí fostaíochta agus ionadaithe pobail atá bainteach sna tionscadail agus a stiúrfaidh treoir polasaí na tionscadail amach anseo.

Seirbhís Phromhaidh agus Leasa
Oibríonn An Seirbhís Phromhaidh agus Leasa ar mhaithe le sábháilteacht poiblí agus bacadh coir trí:

- An riosca tuilleadh ciontaí ó na ciontóirí atá curtha i leith measúnú a thomhas; agus
- Ciontóirí atá faoi maoirseacht i pobail mar smachtbhanna do ciontaí coiriúla, cuma ordaithe ag an cúirt nó tar éis scaoileadh ó choimeád dleathach.

Faightear nach mór 7,000 iarratais ó na cúirteanna gach bliain do tuairiscí, agus déantar 6,000 ordú ciontóirí staonadh ó thuilleadh cóiriúlacht agus na cláir socraithe dóibh a chur i bhfeidhm trí na coinníollacha an ordú cúirte/scaoileadh ó choimeád dleathach a chomhlíonadh. Ag am ar bith, tá thart ar 5,600 duine a bhfuil an Seirbhís ag déileáil leo .

Chun cabhrú na ciontóirí a láimhseáil go sábhála sa phobal, déantar forbairt agus cothú ar caidrimh oibre éifeachtacha idir-gníomhaireachta, ag athrú thar am chun tabhairt faoi dúshláin nua agus riachtanais nua a chomhlíonadh. Tá gréasán 75 tionscadail tógtha le cláir lae, cláir cónaithe agus idirghabháil speisialta (m.sh. mí-úsáid drugaí agus substaintí, coiriúil bainteach le carranna, iompair ionsaitheach agus frithshóisialta agus araile). Bíonn

beagán faoi leath de tionscadail phromhaidh áirithe bunaithe chun cásanna a thógaint ón Seirbhís agus go maoirseacht taca trí sholáthar cláir sprice. Tógann daoine eile REFERRALS ó foinsí difriúla, agus faigheann siad tacaíocht airgeadais faoi leith dá ionchur. Caitear timpeall €16 milliúin, nó, os a chionn 60 faoin gcéad ar bhuiséad gníomhaireachta an tSeirbhís ar tionscadail do chiontóirí.

Laghdaíodh an líon folúntais foirne a bhí gan líonadh, cóngarach do nialas an bhliain seo caite ionas go bhféadfaí aird a thabhairt ar an méadú a tháinig ar iarratais cúirte agus breis a thógaint ag feitheoireacht (léirigh daonáireamh ciontóirí gur pléadh leo, gur tháinig ardú 400 ar a leithéid ina measc 100 ógánach). Tháinig cainteanna i dtaobh roinnt tionscnaimh nua chun críche, rud a mhéadódh an líon idirghabhála ar fáil chun tacaíocht le feitheoireacht ar bhonn pobail. Cuireadh tús le cláir meabhraíocht drugaí a fuair tacaíocht airgid ón bPlean Forbartha Náisiúnta (CFN) i roinnt príosúin agus ionaid coimeádta. Tharla na saothraí tosaigh ó choimeád go feitheoireacht iar-scaoileadh, ordaithe ag an gcúirt faoi Acht um Chiontóirí Gnéis 2001, le linn na bliana agus cuireadh an chéad ordú a bhain leis an seirbhís i bhfeidhm faoin Acht Leanaí 2001 i bhfeidhm freisin. Thug sé seo cumhacht do chúirteanna ó lúil 2004 ar aghaidh, a iarraidh go dtionólfaí Comhdháil Clainne agus go n-ullmhófaí plean gníomhaíochta, d'fhonn a chinntiú go mbeadh céimeanna éifeachtacha i bhfeidhm chun na daoine óga i gceist a choimeád ó choiriúlacht sa todhchaí. Tionólann an Seirbhís Promhaidh agus Leasa Shóisialaigh an Comhdháil Clainne. Stiúrann an chúirt tionól an Chomhdhálacha áit a nglacann an páiste freagracht as a iompar cóiriúil/chóiriúil agus áit a bhfuil sé soiléir don chúirt go mbeadh gá le plean gníomhaíochtaí a ullmhú i gcás ar leith. Má chloítear leis an bplean gníomhaíochtaí seachnóidh an duine sin a chiontú. Beidh na daoine seo a leanas bainteach leis an gComhdháil clainne; Oifigeach Promhaidh, an ciontóir, clann an chiontóra, an t-íobartach agus daoine ar leith eile mar na Gardaí áitiúla.

Táthar ag súil go gcuirfear rannóga eile den Acht Leanaí 2001, a bhaineann leis an Seirbhís seo i bhfeidhm le linn na bliana atá le teacht agus ina dhiaidh. Ceaptar go mbeidh ordaithe comhairleora agus ordaithe feitheoireachta orthu seo i dteannta na gnéithe de phionós coirpigh go ginearálta m.sh. ordaithe promhaidh agus ordaithe seirbhís pobail. Tá méadú ag teacht ar líon na n-ordaithe feitheoireachta iar-scaoileadh, ionas go dtiocfadh ardú ar líon na n-uimhreacha a chríochnaíonn a bpionós príosúin agus a théann ar aghaidh ar a gclár pobail. Tá cainteanna ar siúl i dtaobh comhaontaithe seirbhíse le tionscnaimh a fhaigheann ciste ón Seirbhís agus tá súil le torthaí níos sofaisticiúla ar thuairiscí airgeadais agus feidhmiúlachta. Tabharfaidh oibreacha atá ar siúl i dtaobh soiléiriú ról agus feidhm na Seirbhíse sa todhchaí, ag tarraingt ar thuairisc an Ghrúpa Saineolaithe 1999 agus ar scrúdú an Fhiúntas Airgid 2004 a rinne an Reachtaire agus Ceannasaí Ginearálta, fócas níos géire do obair na Seirbhíse. Ag an am céanna beidh tuairiscí do chúirteanna ar bhunadh níos eolaíochta de thoradh úsáid a bhaint as an uirlis measúnú fiontair comónta, d'fhonn uasmhéid sochar a bhaint as smachtbhannaí pobail, chun aird a thabhairt ar cheisteanna cuí i measc ciontóirí agus laghdú a dhéanamh ar leibhéal na coiriúlachta sna ceantair pobail.

Ag teacht ar riachtanais Teaghlaigh trí sheirbhísí tacaíochta Stáit níos fearr

Tionscnamh dírithe rialtais is ea an Clár RAPID chun díriú ar na ceantair tiubhaithe uirbeach faoi mhí bhuntáiste sa tír. Iarann sé ar Ranna Stáit agus ar Chomhlachtaí Stáit comheagar níos éifeachtaí a chur i bhfeidhm agus dlúth chomhtháthú i dtaobh seachadadh seirbhísí. Tá dhá Dhual den Chlár

RAPID - Dual 1 a dhíríonn ar 25 ceantar uirbeach agus Dual 11 a dhíríonn ar 20 baile mór ar fud na tíre.

I ngach ceantar, bunaíodh Foireann Comhlánaithe Ceantair (FCC) chun plean a ullmhú a leagfadh amach na riachtanais ar leith a bhaineann le gach ceantar. Thug an Fhoireann seo foireann an ghníomhaireacht stáit le chéile (An Bord Sláinte, An t-Údarás Áitiúil, CGO, An Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh agus FÁS), an Comhlacht Áitiúil Páirtíochta, roinnt de mhuintir na háite agus má tá a leithéid i gceist na Tascfhórsaí Drugaí Áitiúla. Ceapadh comhordaitheoir áitiúil i ngach ceantar chun dul ag obair leis an bpobal áitiúil chun iniúchadh a dhéanamh ar riachtanais áitiúla; chun an tslí is fearr a aimsiú chun dul i ngleic leis na fadhbanna agus chun a chinntiú go gcuirtear ar fáil agus do chomhordú seirbhísí agus infheistíocht, go mór mhór an saghas seirbhíse agus áiseanna is mó atá ag teastáil sa cheantar. Cuireadh tairiscintí ó na pleananna ar aghaidh le háireamh chuig na Ranna Rialtais cuí.

Bhí scála na dtairiscintí sna pleananna mór agus éagsúil go leor, bhí roinnt acu níos oiriúnaí do dhul chun cinn ag leibhéal áitiúil seachas Ranna Rialtais. Ag fás as seo tá meicníocht seachadadh nua breise tugtha isteach le tacaíocht tiomnaithe ó chiste €4.5 milliún i 2004 chun na tairiscintí a chur chun cinn. Déanfaidh na ranna cuí nó na gníomhaireachtaí áitiúla comhchistí ar na tairiscintí faoi ranna éagsúla, le leibhéil airgeadais bunúsacha socraithe ag leibhéal náisiúnta. Tá ciste de €5 mhilliún dáilte ar cheantair RAPID chun tacú le forbairt áiteanna súgartha agus le cur le oibreacha in eastáit na n-údaráis áitiúla. Tá ciste de €2 mhilliún breise dáilte ar chlubanna spóirt i gceantair RAPID gur éirigh leo i gClár Caipitil Spóirt 2004 An Roinn Ealaíon Spóirt agus Turasóireachta. Cuireadh é seo anuas ar chiste €10.5 mhilliún, a bronnadh ar thionscnaimh i gceantair RAPID faoi na dáileacháin a rinneadh faoi bhun Chlár Caipitil Spóirt.

Leanfar leis na tionscnaimh is mó ó na pleananna RAPID a áireamh le haghaidh airgead a fháil ó dhuail ó chistí atá bunaithe cheana féin i ngach Roinn. Leanfar le obair ar fheabhsú comhtháthú agus comhordú seirbhís seachadadh ag leibhéal áitiúil mar chuid de phríomh chomhpháirt an chláir RAPID.

4.11 IMIRCIGH AGUS MIONLAIGH EITNAECH

Déanann comhaireamh sa PGN tagairt don ghá atá ann le creatlach iomlán ar imircigh a chlúdódh rialú sní isteach sa stát, chomh maith le ceisteanna comhtháthú, ciníochais agus idir-chultúrtha.

(i) Oideachas

Is í an aidhm ghinearálta atá le polasaí oideachais sa réimse seo ná insroichte i measc imircigh agus mionlaigh eitneach a mhéadú ag gach leibhéal sa chóras oideachais. Seoladh Paimfléad "Scoileanna agus an t-Acht um Stádas Chomhionann" i mí Meán Fómhair 2003. Ullmhaíodh an paimfléad chun tacú le scoileanna chun a ndualgais a chomhlíonadh faoin Acht.

Clár frith chiníochais idir-chultúrtha
Cuirfear clár frith chiníochais idir-chultúrtha i bhfeidhm ag gach leibhéal sa chóras oideachais ag tógaint ar thionscnaimh atá i bhfeidhm i láthair na huaire agus ag díriú ar churaclam, traenáil agus ceisteanna tacaíochta.

Ag cur Frith Chiníochas agus Idir-chultúrtha san Oideachas - Dréacht Mholtaí do Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta a d'fhorbair an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i mí na Samhna 2002. I measc na ngníomhachtaí atá ar bun chun tacú leis an phlean tá: eolas do scoileanna ar chomhtháthú

iarrthóirí tearmainn agus imircigh agus acmhainní breise do scoileanna chun tacú le riachtanais daltaí nach é an Béarla an mháthair theanga acu.

Tá treoirlínte ar oideachas idir-chultúrtha sa churaclam ag leibhéal bunscoile curtha faoi bhráid an Ranna ag an Comhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnú agus tá treoirlínte leibhéal iar bhun oideachais beagnach críochnaithe. Tá sé i gceist na treoirlínte a fhoilsiú do scoileanna bun oideachais sna míonna atá le teacht.

Tá modúil ar idir-chultúrtha forbartha agus ceadaithe le húsáid sa earnáil Tuilleadh Oideachais agus tá tionscnaimh nua do ghrúpaí imircigh forbartha faoin Tionscnamh Ar Ais chun Oideachais (TAACO).

Traenáil Litearthacht agus Teanga
Tá leathnú le déanamh ar thraenáil litearthacht agus teanga do ghrúpaí mionlaigh teangeolaíochta do dhaoine fásta.

Tá leaganacha de Portfolio Theangacha na hEorpa forbartha ag Éire Comhtháite Teanga agus Traenáil (ÉCTT), do fhoghlaimeoirí bunscoile agus iar bhunscoile Béarla mar dara teanga, chomh maith le traenáil a chur ar fáil ar bhonn leanúnach do mhúinteoirí i scoileanna a chuireann tacaíocht ar fáil i dteanga an Bhéarla do neamh náisiúnaigh.

Tá breis agus 3,500 iarrthóirí tearmainn/dídeanaithe ag freastal ar chúrsaí litearthacht anois trí sheirbhís liteartha do dhaoine fásta an CGO; seoladh tuarascáil chun féachaint ar riachtanais litearthacht agus teanga do dhídeanaigh fásta, agus cuireadh traenáil ar fáil do fhoireann múinteoireachta i gcomhar le Aonad Teanga agus Litearthacht Londain.

Rannpháirtíocht Tríú Leibhéil
Níl aon staitisticí ar fáil fós ar an sprioc seo chomh fada agus a bhaineann sé le dídeanaithe.

(ii)Sláinte

Straitéis
Seoladh Straitéis Réigiúnach Sláinte do Mhionlaigh Eitneach d'Údarás Sláinte Réigiún an Oirthir ar an 23ú Meán Fómhair 2004.

Taighde
Bronnadh Caifeachas Bord Taighde Sláinte i dTaighde Seirbhísí Sláinte ar Roinn an Chleachtais Ghinearálta, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, i bhFómhar na bliana 2002. "Seachadadh Seirbhís Sláinte in Éirinn Ilchultúrtha; Tuiscintí ar iarrthóirí tearmainn, Dídeanaithe agus Soláthraithe Bun Chúram Sláinte". Tá súil an obair seo a bheith críochnaithe i bhfómhar na bliana 2005.

Scéim Píolótach Tógaint Pobail Sláintiúla
Tá tionscnamh Gníomhaíochtaí Idir-chultúrtha Tallagh ar cheann de na tionscnaimh atá ag fáil airgid ón Roinn Sláinte agus Leanaí faoi scéim píolóta Tógaint Pobail Sláintiúla An Ghníomhaireacht um Chomhrac na Bochtaine 2004. Is í an aidhm atá leis an tionscnamh ná insroichte chuig seirbhísí sláinte agus sóisialta a fheabhsú do theaghlaigh mionlaigh eitneach agus mná as mionlaigh eitneach a thraenáil chun meabhraíocht traenála a sheachadadh ar fhoireann sláinte.

(iii) Imirce agus Idir-chultúr

Is tionscnamh speisialta faoi Thacaíocht Forchéimniú é Imirce agus Idir-chultúrtha

De bhrí gur cuireadh Imirce agus Idir-chultúrtha ar cheann de na tionscnaimh speisialta faoi chlár Tacaíocht Forchéimniú, léiríonn sé sin an tábhacht a chuireann an Rialtas leis na hábhair seo agus an tionchar atá acu ar fhorbairt sóisialta, cultúrtha agus eacnamaíochta na tíre. Cuireann ainmniú na n-ábhair mar thionscnaimh ar leith deis tráthúil ar fáil chun anailís agus athbhreithniú a dhéanamh ar na bloicíní tógála atá curtha síos le cúpla bliain

agus chun teacht ar bhealach straitéiseach chun na chéad céimeanna eile a aimsiú.

Tá geall sa Tacaíocht Forchéimniú a léiríonn go bhfuil *"An Rialtas agus na Páirtithe Sóisialta ar aon intinn go bhfuil gá le creatlach polasaí cuimsitheach ar imirce (inimirce agus eisimirce)" a fhorbairt.* I measc na n-ábhair a roghnaíodh le haghaidh comhairliú leis na páirtithe sóisialta chun an sprioc seo a chomhlíonadh bhí imirce eacnamaíochta, ceisteanna comhtháthú, ciníochas agus idir-chultúrtha, agus ceisteanna a bhain le eisimircigh Éireannacha. Tá an páipéar scóipiúil ar imirce agus idir-chultúrtha scaipthe ar agus pléite ag na páirtithe sóisialta. Is é an Plean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne ciníochais an príomh seachadadh atá ann.

(iv) Ciníochas agus Idirdhealú Ciníochais

Plean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne Ciníochais

Is éard atá sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais ná mór geallta i dtaobh deireadh a chur le ciníochas, rud a d'fhásfadh as rannpháirtíocht gníomhach na tíre sa Chomhdháil Náisiúnta in aghaidh an Chiníochais, Idirdhealú Ciníochais Xenophobia agus Éadulaingt Ghaolta a bhí ar siúl i Durban, An Aifric Theas, i mí Meán Fómhair 2001. Cuireann forbairt Plean Gníomhaíochta Náisiúnta in aghaidh an Chiníochais deis thábhachtach ar fáil chun tógaint ar agus cur le polasaithe agus straitéis atá i bhfeidhm cheana chun díriú ar chiníochas in Éirinn agus chun tosaíochta agus uaillmhianaigh nua a aithint.

Bunaíodh Grúpa Stiúrtha le ionadaithe thar ceann an Rialtais, grúpaí speisialtóireachta, grúpaí eile agus an sochaí sibhialta chun cabhrú i dtaobh an Plean a fhorbairt. Mar chuid den chéim comhairle de phróiseas ullmhúcháin an phlean bhí comhdháil comhairleach náisiúnta, umhlaíochta scríofa agus seimineáir téama agus réigiúnach. Foilsíodh agus seachadadh go forleathan tuarascáil an phróiseas comhairleach agus struchtúr creatlach an Phlean "Guthanna Éagsúil" i 2003. Mar thoradh ar dul i gcomhairle leis na Páirtithe Sóisialta, An t-Údarás Comhionannais agus Coimisiún Chearta Daonna na hÉireann, cuirfear an Plean faoi bhráid an Rialtais le haghaidh moltaí agus seoladh sna míonna atá le teacht.

Meabhraíocht Frith-Chiníochais san Ionad Oibre

Chríochnaigh an Clár Náisiúnta Meabhraíocht Frith Chiníochais (Ciníochas Aitheanta) a théarma trí bliana (2001-2003). Tá athbhreithniú agus meastóireacht á dhéanamh ar an gclár faoi láthair agus é i gceist na ceachtanna a foghlaimíodh uaidh a shní isteach le gnéithe meabhraíocht den Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta i gcoinne an Chiníochais.

Leanadh le tionscnaimh frith chiníochais san áit oibre a fhorbairt i bpáirtíocht leis an Údarás Comhionannais, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, ICTU, CIF, IBEC, agus Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann. Is comhfhiontar idir an t-Údarás Comhionannais, An Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí, ICTU, CIF, IBEC, agus Coimisiún Comhionannais Thuaisceart Éireann an seachtain frith chiníochais san áit oibre a tharlóidh i mbliana ón 1ú go dtí an 7ú Samhain.

Polasaí Dínite ag Obair agus Polasaí Deiseanna Comhionannais/Éagsúlacht agus Cuspóirí Straitéise don Seirbhís Sláinte

Cuireadh an Polasaí Dínite ag Obair, a seoladh i gcomhcheangal leis an Polasaí Deiseanna Comhionannais/Éagsúlacht agus cuspóirí straitéise don Seirbhís Sláinte i bhfeidhm ar an 1ú Bealtaine 2004. Tagann an polasaí dhoiciméad in áit polasaithe áitiúla atá i bhfeidhm maidir le deighleáil le gearáin ar mhaistíneacht nó ciapadh.

Seachadadh cóipeanna clóbhuailte den pholasaí chuig gach gníomhaireacht tar éis an seoladh agus is féidir teacht ar an bpolasaí ar shuíomh idirlíne Sheirbhís Sláinte Ghníomhaíocht na bhFostóirí (SSGF).

Polasaí ar Imirce
Tá eilimintí de chreatlach forbartha an Bhille Inimirce agus Cónaithe ar a raibh comhairliú forleathan agus athbhreithniú ar chleachtadh is fearr in áiteanna eile mar chuid de, tagtha chun críche. Tá obair ar fhorbairt sainiú an Bhille ag leanúint ar aghaidh.

(v) Dídeanaithe agus Iarratais ar Stádas Teifigh

Bearta do iarrthóirí tearmainn agus Dídeanaithe
Tá cistí Eorpach ar fáil do thionscnaimh, móramh acu bainteach le fáiltiú iarrthóirí tearmainn agus comhtháthú dídeanaithe. I 2004, cuireadh €880,000 ar fáil do sé thionscnamh déag ag obair i limistéir an fháiltiú, comhtháthú agus athdhúichiú deonach.

Tugann an Scéim Deontais Beag cúnamh do ghrúpaí tacaíochta deonacha i réimse gníomhachtaí chun cairdeas a chothú le iarrthóirí tearmainn, chun cuidiú leo socrú síos i bpobail áitiúla agus chun gníomhaíochtaí idirchultúrtha a chur chun cinn idir na iarrthóir tearmainn agus an pobal áitiúil. I 2003, cuireadh suim iomlán de €140,000 ar fáil faoin Scéim seo rud a chuidigh le ós cionn seasca tionscnamh. Tá an scéim ag feidhmiú arís i 2004 agus ceaptar go gcuirfear thart ar €145,000 ar fáil chun tacaíocht a thabhairt do ghrúpaí ag obair le iarrthóirí tearmainn.

Cuireann tionscnamh Cheiliúrtha Duaiseanna Cuimhneacháin fáilte go hÉirinn roimh daoine le stádas teifeach. Bronntar Teastais Chuimhneacháin ar dídeanaithe i bhfianaise a muintir ag searmanas neamh oifigiúil. Deineadh a leithéid den chéad uair i mí na Nollag agus i mí Feabhra agus seoladh é le linn Seachtain na hEorpa i gcoinne Ciníochais i mí Márta 2004.

Próiseáil Éilithintí Dídine
Le blianta beaga anuas tá achmhainní tábhachtacha ceadaithe ag an Rialtas do phróiseas cinnithe dídine. Mar thoradh ar an leibhéal ard infheistíochta tá torthaí an dearfach i dtéarmaí luas próiséala agus líon na n-iarrtaisí ag feitheamh ar chinneadh deiridh.

I rith 2003 lean an Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí le straitéis dídine an Rialtais a chur i bhfeidhm. Ba í an aidhm a bhí leis ná:

- éifeacht próiséala níos fearr a bhaint amach chun cinneadh níos tapúla a sheachadadh maidir le hiarrtaisí do stádas dídeanaí, rud a chinnteodh go mbeadh gach iarrtas dídine críochnaithe amach laistigh de thréimhse sé mhí; agus
- deighleáil le méadú an líon athdhúichithe ag éirí as líon na ndaoine nár cháiligh don stádas dídeanaí.

Ní bhfuaireadh ach 7,900 iarrtas dídine i 2003 i gcomparáid le 11,634 i 2002, ba in Éirinn a bhí an dara titim is airde in iarrtaisí dídine sa CE. Lean an treocht seo i rith an chéad cúig mhí de 2004.

Threisigh an gluaiseacht sna gníomhaireachtaí próiséala dídeánaithe, go príomha Oifig an Choimisinéara Iarratais do Dhídeanaithe (OCID) agus Binse Achomhairc Teifigh (BAT) áit ar tháinig an OCIT ar chinneadh maidir le 8,641 cás agus gur thóg an BAT cinneadh maidir le 5031 cás. Ina theannta san ag deireadh mhí na Nollag bhí 2,896 cás ós cionn sé mhí idir lámha ag an dá ghníomhaireacht i gcomparáid le 6,500 cás ós cionn sé mhí ag deireadh mí Meán Fómhair i 2001.

Maidir le hamanna próiséala, tógann an OCIT cinneadh maidir le cásanna tosaíochta, a sheasann do bhreis is caoga faoin gcéad de na cásanna reatha, sa chéad chás laistigh de sé seachtaine ón uair a cuireadh an t-iarrtas faoina mbráid; déanann an BAT amhlaidh.

(vi) Soláthar Eolais do Imircigh agus Eisimircigh

Tá grúpa oibre ón Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (R/GST) bunaithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar an eolas agus ar sheirbhísí eile a chuirtear ar fáil do inimircigh agus eisimircigh. Cuireann an R/GST ciste airgid ar fáil agus bíonn sé rannpháirteach i seiminéar eolais sa Bhreatain gach bliain i bpáirtíocht le Cónascadh Cumainn na hÉireann (CCÉ) agus cruinniú bhliantúil Comhcheangal Ionaid Eisimirceach i S.A.M. Cotheoidh an R/GST breis teagmhálacha agus é d'aidhm acu teacht ar riachtanais eolais ár n-eisimircigh san Astráil.

I 2003, mhéadaigh an R/GST an tacaíocht airgid do eagraíochtaí deonacha gafa le eolas a sholáthar do eisimircigh ó €127,000 go €427,000 in aghaidh na bliana. Cheadaigh an méadú suntasach sin don R/GST baint agus tacaíocht níos mó a thabhairt do líon níos leithne gníomhaíochtaí gafa le tionscnaimh craobhscaoileadh eolais dírithe ar eisimircigh.

(vii) Tascfhórsa ar Eisimircigh Thar Lear

Bunaíodh Tascfhórsa ar pholasaithe i dtaobh eisimircigh chun tuairiscí agus moltaí a dhéanamh faoi bhealach comhtháite fad téarmach do eisimircigh agus dá riachtanais a fhorbairt. I measc na dtairiscintí a tháinig as bhí moltaí scópúla fairsing agus fad réimseach. Tá gníomhaíocht ar bun chun roinnt acu a chur chun cinn. I measc na bpríomh fhorbairtí tá:

- Bunú an Aonaid Éireannaigh thar lear laistigh den Roinn Ghóthaí Eachtracha chun comhordú a dhéanamh ar sholáthar seirbhísí do eisimircigh Éireannacha;
- Tá seirbhísí cistiú airgeadais do sheirbhísí eisimirceach sa Bhreatain curtha ón Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta go dtí an Roinn Gnóthaí Eachtracha; agus
- Tá méadú shuntasach bainte amach do chistí airgid do sheirbhísí eisimirceach. Tá an ciste airgeadais iomlán ardaithe go €5 mhilliún rud a léiríonn ardú dhá thrian ó 2003 agus tá an chuid is mó de seo á dháileadh ar sheirbhísí sa Bhreatain. Eagraíochtaí in Éirinn, sa Bhreatain, sna Stáit Aontaithe agus san Astráil a chuireann comhairle agus cabhair ar fáil do Éireannaigh agus atá bainteach le seachadadh seirbhísí réamh imeachta, seirbhísí d'Éireannaigh thar lear agus seirbhísí d'eisimircigh atá ag filleadh, faighteoirí na ndeontais.

5.1 SLIOCHT AS AN DTUARASCÁIL COMH-CHUIMSITHEACHTA 2003

Is tráchtaireacht ar chuimsitheacht na hÉireann sa PGN 2003-2005 a cuireadh faoi bhráid an CE in Iúil 2003 an measúnú seo ón dTuarascáil Comh-Chuimsitheachta. Dá bhrí sin ní chuireann sé san áireamh an dul chun cinn atá déanta i limistéar na bpolasaithe ó shin i leith. (Oifig do Chuimsitheacht Shóisialta)

Sliocht as an Tuarascáil Comh Chuimsitheach 2003 - Mion Mheasúnú ar Chomh Chuimsitheacht na hÉireann sa PGN.

1. Staid agus príomh threochtaí

Cé go raibh lagbhrú san eacnamaíocht domhanda rud a chuir le titim ghéar ar rátaí forbartha, lean Éire le buaicphointe a bhaint amach i mborradh eacnamaíochta na tíre. D'fhás GDP ag 6.9% i 2002, sin é an ráta is airde sa CE agus é chun cinn go mór ar an meán ag 1.1%. Ní mhór a shonrú mar sin féin nach raibh d'árdú comhfhreagrach GNP ach 0.1%. Bhí ioncam per capita sa PPS ag 118% de mheán an CE i 2001. Tá an lagbhrú san eacnamaíocht le feiscint san ardú beag a tháinig ar dhífhostaíocht iomlán de 4.4%, agus chomh maith céanna sa ráta dífhostaíochta fad téarmach go 1.3% (i 2002). Tá sé soiléir freisin sa chomhaontú comhpháirtíochta sóisialta is déanaí, nach bhfuil chomh uaillmhianach sa limistéir sóisialta agus a bhí na pleananna a tháinig roimhe.

Léiríonn ainilís ar threochtaí bochtaineacht gur ardaigh an táscaire comónta "baol bochtaineachta" (a shainmhínítear ag 60% den méanach náisiúnta) ó 19% go 21% idir 1998 agus 2001, agus atá anois ag an leibhéal is airde sa CE. Léiríonn an treocht seo difríochtaí leanúnacha ioncaim ag cur isteach ar, dhaoine aosta, teaghlaigh mhóra agus tuismitheoirí aonair go háirithe. Ábhar buartha eile is ea an ráta ard dianseasmhach bochtaineacht ag 13% i 2001, atá ar cheann de na rátaí is airde i measc tíortha an CE. Bíodh sin mar atá, tá an tomhas bochtaineacht "seasmhach" táscaire ilchodach ag comhcheangal ioncam choibhneasta le treochtaí coiméadta, ag titim go leanúnach ó 8.2% i 1998 go 5.2% i 2001. Tháinig ardú 25% ar chaiteachas ar dheontaisí sóisialta idir 1999 agus 2001 ach tá sé fós ar an leibhéal is ísle sa CE mar chéatadáin de GDP.

2. Measúnú ar dhul chun cinn a déanadh ó chuimsitheacht sa PGN 2001

Tá dul chun cinn substaintiúil straitéiseach déanta ag Éirinn le dhá bhliain anuas. Déanadh an straitéis frith bhochtaineacht a athbhreithniú agus bunaíodh spriocanna uaillmhianacha nua chomh maith le socruithe institúideach. D'éirigh go geal le hÉirinn in éascaíocht rannpháirtíocht i bhfostaíocht. Éacht mór is ea an ardú 26% i rannpháirtíocht ban sa lucht oibre idir 1998 agus 2003. Tugadh isteach Próiseas Ard Tacaíochta chun iad siúd a bhí ag fullaingt an mí bhuntáiste is mó a aimsiú agus tacú leo. Cé go bhfuil cláracha dea dhéanta aimsithe ar ghrúpaí leochaileacha ar leith mar an lucht siúil, daoine le míchumais, dídeanaí agus tuismitheoirí aonair, tá na sonraí atá ar fáil do na grúpaí seo uireasach rud a chothaíonn fadhbanna i dtaobh measúnú tionchar polasaithe.

Cé gur tháinig ardú substaintiúil ar chaiteachas in oideachas le blianta beaga anuas, tá Éirinn fós ag infheistiú níos lú den ioncam náisiúnta ar oideachas i gcomparáid le baill stáit eile an CE. Tá eochair spriocanna leagtha síos i limistéar an litearthacht agus i laghdú an líon daoine óga a fhágann scoil luath. Tá torthaí thar a bheith dearfach bainte amach leis an ráta daoine a fhágann scoil luath ag titim ó 18.9% go 14.7% idir 1997 agus 2002 (Eurostat - Suirbhé Lucht Oibre an CE 2002). Tá rannpháirtíocht i gcúrsaí litearthacht do aosaigh

ardaithe, fad a tharraing clár radio agus teilifíse lucht féachana níos mó ná 146,000 i 2002. Anuas air seo tá scéim piolóite ar litearthacht san áit oibre, ar éirigh thar cionn leis, tugtha isteach mar scéim seasmhach.

D'ardaigh caiteachas iomlán 42% idir 2000 agus 2002 ag freagairt do gheallúint a tugadh íocaíochtaí leasa shóisialaigh a ardú. Ardaíodh na híocaíochtaí go léir i bhfíor théarmaí, leis na harduithe is mó á bhronnadh ar phinsinéirithe a aithnítear mar ghrúpa atá i mbaol mór bochtaineacht. Tá spriocanna leagtha síos chun na híocaíochtaí tacaíochta ioncaim is ísle a ardú go EUR150 sa tseachtain faoi 2007 (I dtéarmaí 2002), chun pinsean a ardú go EUR 200 agus a chinntiú go bhfuil tacaíocht ioncaim leanaí ag 33-35% de íoschuid an íocaíocht leasa shóisialaigh a fhaigheann daoine fásta. D'ardaigh caiteachas ar liúntais sochar linbh 129% idir 2000 agus 2002, le íocaíochtaí míosúla ag ardú ó EUR 54.00 go EUR 117.60. Bíodh sin mar atá, laghdaíodh tionchar na n-ardaithe seo de dheasca ráta boilscithe ard i gcomparáid le baill stáit eile, ardaithe i gcáin indíreach agus in aisiúlachtaí agus costaisí seirbhísí eile atá aischéimnitheach go nádúrtha. Dóibh siúd atá i bhfostaíocht ar phá íseal, leagfar an íos phá ag EUR 7 san uair ó mhí Feabhra 2004, is ardú 25% é seo ón uair a tugadh isteach a leithéid i 2000.

Maidir le sláinte, tá fad saoil na mban ar an leibhéal is ísle sa CE agus ar an dara ceann is ísle i measc na bhfear. Tá na figiúirí seo i bhfad níos ísle do dhaonra an lucht siúil, a sheasann do 0.6% den daonra iomlán. Foilsíodh straitéis sláinte náisiúnta i 2001, an eochair sprioc a bhí i gceist ná an bearna i mbásmhaireacht anabaí idir an grúpa soc-eacnamaíochta is ísle agus an grúpa is airde a laghdú 10% do ghalair ar leith faoi 2007. In ainneoin méadaithe fíor mhóra i gcaiteachas ar shláinte níl sé soiléir an mbeadh na hacmhainní ar fáil, nó fiú an mbeadh dóthain ann chun aird a thabhairt ar infrastructúr sláinte agus easnaimh atá sa seirbhís.

Is fadhb ar leith é míbhuntáiste tuaithe in Éirinn go háirithe maidir le teacht ar sheirbhísí. Tá thart ar 1,800 seirbhís iompair nua bunaithe mar thionscnaimh piolóite ach níltear cinnte an mó scéim a choiméadfar ag imeacht ar bhonn seasmhach. Tá roinnt tionscnaimh tugtha isteach chun caighdeán an seirbhís custaméara a fheabhsú agus tá geallúint tugtha chun a chinntiú go ndéanfar forbairt ar "cearta a chur i bhfocail níos foirmiúla thar raon leathan de sheirbhísí pobail", cé go dtéann forbairt caighdeáin rochtain cuid den slí i dtaobh soláthar na mbealaí ceart bunaidh a loirgíodh sa phróiseas comhairliú, ní dhíríonn sé go hiomlán ar an gceist. Tugadh faoi deara leis gur beag spriocanna atá leagtha síos sa limistéir seo.

Cuireann achmhainneacht tithíochta agus easpa dídine as do ghrúpaí ar leith daoine, de bharr costais tithíochta a bheith ag ardú go hard ós cionn Praghas Innéacs an Tomhaltóra. Tá spriocanna leagtha síos sa limistéar seo agus clár tithíochta sóisialta a bhí ag soláthar seachadadh 25,000 teach, 65% dá sprioc ag deireadh 2002. Tá feabhasúcháin déanta maidir le tithíocht don lucht siúil le ardaithe ó 3,850 i 2000 go 4,522 i 2002 sa mhéid ar cuireadh lóistín ar fáil dóibh. Bíodh sin mar atá, tá thart ar 1,000 teaghlach ag cur fúthu ar láthaireacha mí dhleathacha gan áiseanna ar bith. B'fhiú go mór cleachtadh uaillmhianach ar straitéis comhtháite ar easpa dídine dírithe ar phleananna gníomhaíochta áitiúla a ullmhú. Bíodh sin mar atá, ní raibh aon spriocanna ar leith leagtha síos chun easpa dídine a laghdú nó a dhíbirt, mar sin bhí sé deacair teannadh leis na cuspóirí fad théarmacha a thomhas nó a bhaint amach.

Tá forbairt déanta i roinnt cláracha a dearadh chun cabhrú leis na grúpaí is leochaillí. Tá bonn seasmhach tugtha do thionscnaimh piolóite 'Springboard', a bhí dírithe ar tréan tacaíocht a chur ar fáil do theaghlaigh leochaileacha. Tháinig an Seirbhís Comhairle Airgeadais agus Buiséide, a

chabhraíonn le breis is 11,000 custaiméir go bliantúil, ar shocrú scéim piolóite nua chun bealach eile nach bhfuil dlíthiúil a fhorbairt dóibh siúd atá i bhfiacha taighleora ilchodach agus do-ionramhála. Bainfidh mná leas ar leith as an seirbhís seo mar go bhfuilid ar 66% do na custaiméirí. Tá breis caiteachais ar spórt agus caitheamh aimsire á dhíriú ar cheantair atá faoi mhíbhuntáiste sóisialta, rud a léiríonn iarrachtaí níos tréine chun dul i ngleic le fadhbanna cuimsitheacha shóisialta.

3. Bealach Straitéiseach: príomh chuspóirí agus eochair spriocanna

Cuireann an PGN seo bealach straitéiseach atá feabhsaithe go mór, cothrom agus éagsúil i láthair. Tá sé bunaithe ar thuiscint níos sofaisticiúla ar na cúiseanna atá le eisiamh sóisialta agus díríonn sé níos éifeachtaí ar chuspóirí comónta. Tá roinnt mhór spriocanna gur féidir iad a ríomh agus go bhfuil teorainn ama leo.Tá sé níos cothroime maidir le díriú ar cheisteanna uilíocha chomh maith le níos mó grúpaí sainiúla agus tá sé níos cuimsithí ná an plean a tháinig roimhe de bhrí go gclúdaíonn sé réimse níos leithne ábhair, mar teacht ar sheirbhísí dlí, comhionannas, agus rannpháirtíocht san ealaín agus i ngníomhachtaí cultúrtha.Cuireann bunú Fóram Cuimsitheacht Shóisialta ar chumas na ndaoine atá ag fullaingt ó bhochtaineacht agus ó chuimsitheacht shóisialta páirt a ghlacadh i mbealach atá díreach agus gníomhach.Tharla próiseas comhairliú leathan éagsúil agus i gcleachtadh nuaíochta rinne an t-Údarás Comhionannais díonú ar an PGN le rannpháirtíocht grúpaí ó naoi gceantar géarchúise mar atá leagtha amach sa chreatlach comhionannais.Tá sé i gceist an bealach seo a leanúint thar tréimhse saoil an Phlean.

An méid san ráite, tá sé suntasach go mbaineann Éirinn leas as eiseamláir lárnach do fhoirmliú agus cur i bhfeidhm polasaí, rud a chruthaíonn deacrachtaí maidir le straitéisí iomlán de bhunadh áitiúla a chur i bhfeidhm. Tá sé seo soiléir ón dul chun cinn mall le linn don Chlár RAPID a bheith á chur i bhfeidhm, clár atá dírithe ar bhealach iomlán comhtháite a fhorbairt sa chúig cheantar uirbeach is fiche is mó atá faoi mhíbhuntáiste in Éirinn. D'fhéadfadh go gcuirfeadh forbairt gréasán frith bhochtaineacht rialtais áitiúil agus síneadh le "díonacht ar bochtaineacht" i gceantair áitiúla le méadú achmhainní na gcoiméadaithe geallta. Is forbairt dearfach eile é bunú oifigí réigiúnach oideachais. Mar chuid de athbhreithniú a déanadh le déanaí ar mheicníocht comhordú cuimsitheacht shóisialta, cuireadh moltaí eile chun cinn a mbeadh feabhasúcháin ag leibhéil áitiúil agus réigiúnach mar thoradh leo.

Is é an príomh chuspóir ná dul chun cinn eacnamaíochta a deineadh le blianta beaga anuas a comhdhlúthú chun a chinntiú go gcoiméadfar leibhéil ard fostaíochta agus go mbaintear amach sochaí níos cothroime. Cé go bhféachtar ar fhostaíocht mar phríomh bhealach as bhochtaineacht aithnítear freisin nach é an freagra céanna a oireann do gach éinne agus tá roinnt spriocanna leagtha síos i limistéir an tacaíocht ioncaim cuí. Tá laghdú an líon daoine atá bocht ar bhonn seasmhach ó 5.2% i 2001 go 2.0% i 2007 ar an bpríomh sprioc.

4. Príomh bhealaithe polasaithe: láidreachtaí agus laigíochtaí

Tá an PGN dírithe agus tá roinnt mhór spriocanna, i bhfad níos mó ná an iar PGN, mar chuid de. Ba chóir go neartódh bunú Oifig Chuimsitheacht Shóisialta an bealach idir roinne agus idirghníomhaíocht, mar sin féin ní mhór a cheistiú an bhfuil dóthain achmhainní ceadaithe don oifig nua seo don chlár oibre uaillmhianach atá leagtha amach. Tá an Plean láidir go leor maidir le cúrsaí fostaíochta, tacaíochtaí ioncaim agus oideachas.

Bíodh san mar atá, is beag tagairt atá ann do éagothroime réigiúnach agus ní mhór an limistéir seo a threisiú. Ní mór an aird a tugtar ar an éileamh a bhí sa phróiseas comhairliú do bhealach de bhunadh an chearta i bpolasaithe eisiamh sóisialta, seachas i dtéarmaí caighdeán rochtain chuig seirbhísí poiblí ardchaighdeán a fheabhsú. Tá gá ar leith le féachaint ar staid na dídeanaithe agus na iarrthóirí tearmainn de bhrí go bhfuilid i mbaol mór eisiamh sóisialta agus fadhb sonraithe an chiníochais. Oibríonn polasaí "Soláthair dhíreach" áit a gcuirtear lóistín, bia agus íocaíocht bheag in ionad íocaíochtaí leasa shóisialaigh ar fáil le iarrthóirí tearmainn, i gcoinne cuimsitheacht shóisialta agus cuireann sé le treisiú aonarantacht daoine atá difriúil ar bhonn cine agus cultúir ón bpobal ginearálta. In ainneoin sin tá bearta fiúntacha tógtha chun iomlánú a chur chun cinn, ina measc tacaíocht teanga agus ceadú achmhainní múinteoireachta breise do scoileanna. Fiontar tábhachtach eile is ea an clár náisiúnta frith chiníochais atá dírithe ar shochaí cuimsitheach a chothú.

5. Dearcadh Inscne

Tá roinnt cuspóirí agus spriocanna sainiúla a bhaineann le comhionannas inscne ann, go mór mhór i réimse na fostaíochta. Tá dul chun cinn déanta maidir le soláthar agus achmhainneacht cúram leanaí, go speisialta i gceantair faoi mhíbhuntáiste ach tá gá lena thuilleadh. Ar an iomlán tá teorainn leis an ainilís i dtaobh bhuanú inscne agus tá ganntanas spriocanna i mórán limistéir. Tá sé thar a bheith soiléir go bhfuil ionadaíocht na mban in airéana na gcinní ró íseal. Ba chóir an tairiscint chun straitéis náisiúnta ban a fhorbairt a úsáid chun buanú inscne a neartú.

6. Ábhair reatha agus dúshláin sa todhchaí

Cé go bhfuil leibhéal an infheistíocht pobail in Éirinn an ard ag 5%, (beagnach dúbailt an meán sa CE), ní mhór a thabhairt faoi deara go bhfuil infrastructúr agus go leor seirbhísí pobail gan forbairt mar go bhfuil Éirinn ag tosú ó bhonn stairiúil atá chomh íseal. Dá bhrí sin is dúshláin mhóra iad seo a chinntiú go dtabharfar aird ar na heasnaimh infrastructúr agus soláthar sóisialta. Ní mhór go leanfaí le tosaíocht a thabhairt do míbhuntáiste oideachais agus comhtháthú dídeanaithe agus inimircigh. Tá neamhionannas ioncaim ar cheann de na príomh dúshláin ar a bhfuil gá le fócas níos mó agus bheadh leagadh sprioc sa limistéir seo úsáideach. Cuirtear fáilte roimh an geallúint i dtaobh taighde agus monatóireacht ar ioncam choibhneasta bochtaineacht, go mór mhór ós rud é go bhfuil an tomhas "leanúnach" bochtaineacht tar éis laghdaithe drámatúla a chlárú atá á bhréagnú ag an ardú sa táscaire bochtaineachta. Tá tús curtha leis an obair ar fhorbairt straitéis sonraí chun monatóireacht a dhéanamh ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ar na spriocanna a bhí leagtha síos. Tá gá ar leith le sonraí chun polasaithe suas chun dáta maidir le grúpaí leochaileacha mar daoine gan dídean, imircigh agus grúpaí eile nach féidir a aithint go héasca i staitisticí náisiúnta. Freisin, tá sé fíorthábhachtach go neartófaí meicníochtaí chuimsitheacht shóisialta comhordanaithe ag leibhéil áitiúil agus réigiúnach chun a chinntiú go gcinnteoidh an bealach comhtháite go gcuirfear cuspóirí an PGN i bhfeidhm agus go ndéanfar é a sheachadadh go torthúil.

Fiean Ghnomhaíochta Náisiúnta in agatúir Bochtaineachta agus Eisiamh Sóisiúnta An Oifig um Chuimsiú Sóisiúnta An Chead Tuarascáil Bhliantúil

www.socialinclusion.ie